

COGADH NA REANN


H. G. Wells
a scríobh

Leon Ó Broin
a d'aistrigh

Mathew Staunton
a mhaisigh



COGADH NA REANN



Cogadh na Reann

H. G. Wells

a scríobh

Leon Ó Broin

a d'aistrigh

Mathew Staunton

a mhaisigh

Aibhistín Ó Duibh

a chóirigh



evertype

2015

Arna fhoilsiú ag Evertime, 73 Woodgrove, Ballyfin Road, Portlaoise, Co. Laois, Éire. www.evertime.com.

Bunteideal: *The War of the Worlds*, London: William Heinemann, 1898.

Teideal aistriúchán 1934: *Cogadh na Reann .i. The War of the Worlds*. Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais a d'fhoilsigh.

Faoi chóipcheart ag Seiceadóirí Liteartha Eastát H. G. Wells.
Copyright by The Literary Executors of the Estate of H. G. Wells.

An chéad leagan Gaeilge © 1934 eastát Leon Uí Bhroin.

An leagan Gaeilge seo © 2015 Aibhistín Ó Duibh.

An t-eagrán seo © 2015 Michael Everson.

Profléamh agus comhairle teanga: Roibeard Ó Conaing, Jack Ó Drisceoil, Colmcille Ó Monacháin.

An chéad eagrán: Aibreán 2015.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála ná a tharchur ar aon mhodh nó slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Tá taifead catalóige don leabhar seo le fáil ó Leabharlann na Breataine.
A catalogue record for this book is available from the British Library.

ISBN-10 1-78201-099-8

ISBN-13 978-1-78201-099-9

Dearadh agus clóchur: Michael Everson. Warnock Pro Light agus **Armored Science** na clónna.

Maisiúcháin: Mathew Staunton, 2015.

Clúdach: Michael Everson.

Arna chlóbhualadh ag LightningSource.

CLÁR AN ÁBHAIIR

Leabhar I: Teacht na Marsach	1
1 Roimh an gCogadh	3
2 An Réalta a Thit	12
3 Ar an mBán	18
4 Oscailt an tSorcóra	23
5 An Teas-Gha	28
6 An Teas-Gha ar Bhóthar Chobham	35
7 Cé mar a Bhain mé m'Áit Chónaithe Amach	40
8 Oíche Dé hAoine	47
9 Tosú an Chomhraic	51
10 An Stoirm	59
11 Ag an bhFuinneog	67
12 Radharc a Fuair mé ar Weybridge agus Shepperton agus iad á Scríosadh	74
13 Cé mar a Casadh an Séiplíneach orm	87
14 I Londain	94
15 An Rud a Tharla i Surrey	106
16 An Imeacht as Londain	115
17 <i>Leanbh na Toirní</i>	129

Leabhar II: An Domhan faoi Smacht na Marsach	141
1 Sa Taisteal Dúinn	143
2 An Radharc ón bhFothrach Tí	154
3 Seal i nGéibheann	165
4 Bás an tSéiplínigh	172
5 An Ciúnas	178
6 Obair Cúig Lá Dhéag	182
7 An Fear ar an gCnoc	187
8 Londain Marbh	206
9 Réabadh Reilige	217
10 Buille Scoir	224

Cé atá ina chónaí ar na reanna sin ar chor ar bith, má tá aon neach ina chónaí orthu? ...

Cé acu sinne nó iadsan tiarnaí na cruinne? ...

Agus conas a rinneadh an uile ní don duine?

—Kepler (arna lua in *The Anatomy of Melancholy*)

CASINN 1

ROINN LEABHAR I

TEACHT NA MARSACH

CAIBIDIL 1

ROIMH AN GCOGADH

Ní chreidfeadh duine ar bith i mblianta deiridh an naoú céad déag go raibh súil ghéar ghrinn ar imeachtaí an domhain seo ag neacha ar mhó a n-intleacht ná intleacht an duine, ach dá ainneoin sin, a bhí chomh básmhar linn féin. Ní chreidfeadh duine ar bith ach an oiread go raibh dianscrúdú agus géar-iniúchadh á dhéanamh ar an gcine daonna a fhad a bhí siad i mbun a ngnóthaí, go díreach mar a dhéanfadh fear na feithidí bídeacha a fheictear i mbraon uisce a chur faoin micreascóp agus iad a scrúdú de réir mar a bheidís ag imeacht anonn is anall ina dtáinte agus iad ag dul i líonmhaireacht le himeacht aimsire. Lean an cine daonna leo ag imeacht anonn is anall ar fud an domhain, a ngnóthaí beaga féin ar siúl acu, agus gan dada ar domhan ag cur corrabhuaise orthu; iad sásta suaimhneach ó tharla smacht agus forlámhas a bheith acu ar an uile rud beo is marbh. Is dócha gurb é an scéal céanna ag an *infusoria* faoin micreascóp é. Níor chuimhnigh duine ar bith riamh gur bhaol don chine daonna na sean-reanna, nó má chuimhnigh, ceapadh nach raibh ciall ná réasún leis an smaoineamh agus nárbh fhéidir is nár dhócha go mbeadh aon ní beo ar na reanna sin. Is maith is fiú cuid de thuairimí na laethanta úd a thabhairt i gcuimhne arís. Má bhí corrdhuine ann a mheas gurbh fhéidir daoine a bheith ar Mhars bhí siad cinnte gur mheasa is gurbh uiríse iad ná sinn féin agus go mbeadh fáilte acu roimh éinne a chuirfimis ar misean chucu. Ach, thar dhuibheagán an spáis, bhí ag breathnú anuas orainn go santach créatúir a raibh an oiread difríochta idir a meabhair agus ár meabhairne agus atá idir meabhair an duine agus meabhair an

Teacht na Marsach

ainmhí, créatúir a raibh intleacht ábhalmhór fhuar chrua acu, agus bhí siad ag beartú seifteanna go mall lenár mbascadh. Agus go luath san fhichiú céad a thit an drioll ar an dreall ar gach éinne.

Ní call dom a chur in iúl don léitheoir go mbíonn an pláinéad Mars ag casadh timpeall na gréine agus tuairim is 140,000,000 míle amuigh uaithi, agus gur ar éigean a fhaigheann sé leath an mhéid solais is teasa agus a fhaigheann an domhan seo. Ní foláir nó is sine é ná an domhan seo againne, más fíor na tuairiscí atá le fáil againn ó na heolaithe, agus gur thosaigh an bheatha ar a dhromchla i bhfad aimsire sular chruaigh dromchla na reanna seo. Ó tharla nach bhfuil ann ar éigean ach an seachtú cuid de thoirt an domhain is dócha gur tapúla a d'fhuaireadh sé nó go raibh sé chomh fuar is a bhí an chruinne seo nuair a thosaigh an bheatha uirthi. Tá aer agus uisce ann agus gach a bhfuil riachtanach leis an duine a chothú.

Ach tá an cine daonna chomh mustrach sin, agus é chomh dallintinneach dá bhrí sin, nach ndearna aon scríbhneoir dá raibh ann anuas go fiordheireadh an naoú céad déag a chur i dtuiscint gurbh fhéidir beatha mheabhrach thall a bheith méadaithe go mór thar mar atá abhus. Níor dúradh, fiú amháin, go raibh intleacht ar bith ann. Thairis sin ar fad níor thuig ach correolaí go luíonn sé le réasún nach é amháin gur sia Mars ó thús na beatha ach gur gairide dá deireadh é ós rud é gur sine é ná an domhan seo againne agus gan bunáite a cheathrú dá dhromchla aige.


An fuarú sin a bhéarfaidh ar ár bpláinéadna lá éigin, gan teip, tá greim maith aige cheana ar Mhars. Níl mórán eolais le fáil i dtaobh na cuma atá ar a dhromchla, ach is eol dúinn go mbíonn sé nach mór chomh fuar i lár an lae ansiúd, fiú sa chuid de is gaire don ghrian agus a bhíonn sé abhus an lá is fuaire sa gheimhreadh. Tá an t-aer níos tanaí ansin ná mar atá anseo, tá na haigéin ann tar éis dul i laghad go dtí nach gclúdaíonn siad ach trian dá dhromchla, agus de réir mar a thagann athrú ar na séasúir mhalla bailíonn caidhpeanna móra sneachta agus leánn siad timpeall an dá mhol, agus báitear na creasa fionnuara le huisce. Cúis imní do mhuintir Mharsa an réim dheiridh sin den bheatha a bheith buailte leo, bíodh gur ceist í atá chomh fada sin uainne nach féidir a fad uainn a thomhais ná a mheabhrú féin. Ach de bharr an

ghátair is an anró tá an intleacht aibí acu, cumhachtaí móra acu, agus an croí crua iontu. Agus ag féachaint dóibh tríd an spás, le huirlisí is le hintleacht nár taibhríodh féin a leithéidí dúinne, feiceann siad, an uair is gaire dóibh é, ár bpláinéad féin—réalta maidine, réalta dóchais nach bhfuil ach 35,000,000 míle uathu ag féachaint i dtreo na gréine dóibh. Feiceann siad go bhfuil teas ann, go bhfuil sé glas le fásra agus liath le huisce, gur follasach ar an aerbhrat scamallach os a chionn gur tír shaibhir thorthúil í, go bhfuil réimsí talún ann ar a bhfuil a lán daoine ina gcónaí agus farraigí caola atá dubh le longa cabhlaigh.

Agus sinne atá inár gcónaí ar an domhan seo, caithfidh sé go bhfuilimid chomh coimhthíoch agus chomh huiríseal, dar le muintir Mharsa, agus atá na moncaithe agus na léamair dar linne. Admhaímid féin gur síorchomhrac in aghaidh an bháis an bheatha, agus dhealródh an scéal gurb shin an breithiúnas atá ag muintir Mharsa freisin. Tá a ndomhan siúd imithe i bhfad chun tosaigh maidir le fionnuarú an dromchla, agus tá an domhan seo lán de bheatha go fóill, ach lán, dar leosan, d'ainmhithe ísle. Níl dul acu ón mbás is ón mbascadh atá ag teannadh leo ó ghlúin go glúin ach na reanna atá ar thaobh na gréine a ghabháil.

Agus sula dtugaimid breith ró-éagórach orthu cuimhnímis cén t-ár is cén slad a rinne ár gcine féin go neamhthrócaireach, ní hamháin ar ainmhithe mar an bíosún is an dódó—a bhí ann tráth—ach ar na ciníocha ísle féin. Taobh istigh de leathchéad bliain níor fágadh duine beo de na Tasmánaigh, ar a shon go raibh cosúlacht le daonnaithe, as los an chogaidh a chuir lucht imirce ón Eoraip orthu. Ó tharla nach bhfuil cáil na trócaire orainn féin cén fáth a dtógfaimis ar mhuintir Mharsa a leithéid chéanna de chogadh a chur orainne?

Dealraíonn an scéal gur cruinn cliste mar a bheartaigh muintir Mharsa cén chaoi a dtiocfaidís i dtír abhus—de réir gach cosúlachta is mó go mór an t-eolas atá acu ar an matamaitic ná mar atá againne—agus is iontach ar fad an chaoi inar chuir siad na pleananna i bhfeidhm. Dá mbeadh aon rath ar na huirlisí a bhí againne, b'fhéidir linn an trioblóid seo a bhí ag teannadh linn a thabhairt faoi deara i bhfad siar sa naoú céad déag. Rinne fir mar Schiaparelli faire ar an bpláinéad dearg—agus dála an scéil is aisteach



gurb é Mars réalta an chogaidh leis na cianta cairbreacha—ach chinn air aon mheabhair a bhaint as cruthanna athraitheacha na marcanna a bhreac na huirlisí síos chomh maith sin. Ní foláir nó bhí muintir Mharsa ag cur faoi réir an t-am sin go léir.

Sa bhliain 1894, chonacthas solas mór ar an gcuid den dromchla atá soilsithe. Chonacthas i dtosach é ag réadlann Lick. Ansin chonaic Perrotin na hIodáile é, agus eolaithe eile nach é. Chuala na Sasanaigh faoi in eagrán de *Nature* a foilsíodh an 2 Lúnasa. Sílim féin gurbh é an solas sin an gunna ábhalmhór á mhúnlú i logán mór domhain a rinneadh ar a bpláinéad agus ónar chaith siad na chéad urchair linn. Dhá uair ina dhiaidh sin chonacthas marcanna aisteacha, atá gan míniú go fóill, in aice shuíomh an tsolais mhóir sin.

Tá sé roinnt blianta ó shin anois ó phléasc an stoirm orainn. De réir mar a dhruid Mars inár ngaire chuir Lavelle as Iáva eolaithe an domhain seo trína chéile nuair a thug sé an tuairisc iontach uaidh go raibh an-chuid gás lasta tar éis briseadh amach ar an bpláinéad. Tharla sin i dtaca an mheán oíche ar an 12ú lá agus nuair a tharraing Lavelle an speictreascóp chuige chonaic sé go raibh meall mór de ghás lasta—hidrigin is mó a bhí ann—ag gluaiseacht faoi luas mire i dtreo an domhain seo. D'imigh an lasair thine seo as radharc timpeall ceathrú tar éis a dó dhéag. Is é an tsamhail a thug sé uirthi puth ábhalmhor tine a teilgeadh go teann is go tobann ón bpláinéad amach, “amhail a sciurdann gás lasta amach as gunna.”

Cruthaíodh gan mhoill gur chruinn an cur síos é sin. Ach ina ainneoin sin go léir ní raibh aon tuairisc faoi sna nuachtáin lá arna mhárach cé is moite de nóta beag sa *Daily Telegraph*, agus lean an domhan leis agus é aineolach ar cheann de na guaiseanna ba mhó dár bhagair riamh ar an gcine daonna. Is dócha nach gcloisfínn féin aon trácht ar an maidhm murach gur casadh orm Ogilvy, an réalteolaí mórchliú, ag Ottershaw. Bhí sé corraithe go mór ag an nuacht, agus bhí a leithéid sin d'iontas breise air gur thug sé cuireadh dom an oíche sin a chaitheamh leis ag scrúdú an phláinéid dheirg.

In ainneoin gach ar tharla ó shin i leith is maith is cuimhin liom an oíche úd: an réadlann dhorcha chiúin, an laindéar leath-



mhúchta ag caitheamh loinnreach ar an urlár sa chúinne, ticeáil thomhaiste mheicníocht an teileascóip, an scoilt bheag sa díon—duibheagán leathfhada agus na réaltaí beaga breactha air. Ogilvy ag bogadh thart. Gan radharc agam air cé gur fhéad mé é a chloisteáil. Ag féachaint tríd an teileascóp dom chonaic mé ciorcal gorm domhain, agus an pláinéad beag cruinn ar snámh thart faoi mo shúil. Dhealraigh sé beag bídeach dom—go beag geal ciúin—stríoca éadroma anall trasna thar a éadan, agus gan é chomhchruinn ar fad. Ach nach beag a bhí sé! Nach teolaí airgeadúil a d'fhéach sé ansin mar a bheadh ceann bioráin faoi sholas! Bhí sé ag creathadh beagán, dar liom, ach ní hamhlaidh a bhí dáiríre arae ba í meicníocht an teileascóip a bhí ag coinneáil an phláinéid faoi léargas ba chiontach leis an gcreathadh sin.

De réir mar d'fhair mé é, chonacthas dom go ndeachaigh an réalta bheag i méid is i laghad, gur tháinig sí chun tosaigh is go ndeachaigh ar gcúl, ach ba é an tuirse ar mo shúil ba shiocair leis sin. Daichead milliún míle uainn a bhí sí—breis is 40,000,000 míle folúis! Is tearc duine a thuigeann ollmhéid an fholúis ina snámhann deannach na cruinne ábhartha.

Is cuimhin liom go bhfaca mé i réimse radhairc an teileascóip, in aice leis an réalta bheag, trí phointe bheaga solais, trí réalta mhiona a bhí i bhfad amach thar Mhars uaim agus thart timpeall uirthi bhí dorchadas an spáis fholaimh nach bhféadfadh súil duine dearcadh tríd. Tá a fhios agat féin cé mar a bhreathnaíonn an duibhe sin oíche sheaca is na réaltáin sa spéir. Tríd an teileascóp is amhlaidh is doimhne fós an duibhe sin. Agus ar feadh na huaire bhí an Rud sin ag eitilt tríd an aer chugam go lúfar, ag druidim na mílte míle i ngaireacht dom in aghaidh an nóiméid, an Rud sin a bhí á chur acu chugainn, an Rud sin ba thuar báis agus achrainn agus dobróin don domhan. Ach ní fhaca mé é toisc é bheith chomh beag sin agus chomh fada sin i gcéin. Níor chuimhnigh mé fiú amháin air le linn dom bheith ag faire ansiúd; ná níor chuimhnigh éinne ar bith ar an urchar sin na cinniúna ach an oiread.

An oíche sin, ligeadh an gás amach arís ón bpláinéad i gcéin. Chonaic mé féin é. Chonaic mé lasair dhearg ar an imeall, chonaic mé go míghléineach imlíne na lasrach go díreach nuair a bhí an

Teacht na Marsach

crónaiméadar ag bualadh an dó dhéag. Thug mé tuairisc d'Ogilvy ina thaobh agus chuaigh sé i m'ionad. Bhí an oíche go meirbh agus bhí tart orm, agus chuaigh mé anonn sa doircheacht, ag síneadh na gcos go ciotach is ag méirínteacht romham, go dtí an bord beag mar a raibh soitheach an uisce, a fhad a bhí Ogilvy ag cur síos go briotach ar an sruthán gáis a bhí ag teacht anall chugainn.

An oíche sin thosaigh urchar dofheicthe eile ar a thuras ó Mhars go dtí an domhan, buille nó dhó níos túisce ná ceithre huaire fichead an chlog i ndiaidh an chéad cheann. Is cuimhin liom cé mar a bhí mé i mo shuí ar an mbord ansiúd sa dorchadas agus paistí glasa is paistí dearga ag snámh os comhair mo shúl. B'fhada liom an solas uaim ina bhféadfainn tobac a chaitheamh agus ní raibh cuimhne ar bith i mo cheann go raibh aon mhóorthábhacht leis an loinnir bheag a bhí feicthe agam ó chianaibh, ná go dtabharfadh sí an mí-ádh orm gan mórán moille. Bhí Ogilvy ag faire leis go dtí a haon a chlog, agus chuir sé suas de ansin, agus lasamar an laindéar gur shiúlamar anonn go dtí a theach. I bhfad uaim thíos sa dorchadas bhí Ottershaw agus Chertsey, agus na céadta duine iontu ina gcodladh go suaimhneach.

Thug sé scaitheamh maith ag cur síos ar Mhars an oíche sin agus is mó barúil a bhí aige i dtaobh na cuma a bhí air. Rinne sé magadh agus beag is fiú den tuairim a bhí ag eolaithe eile go raibh daoine ag áitiú an phláinéid agus go mbídís ag bagairt orainn. Ba é an tuairim a bhí aige go raibh dreigítí ag titim ina gceathanna móra anuas ar an bpláinéad, nó go raibh pléascadh bolcánach ar siúl ann. Chuir sé i gcéill dom nár dhócha go raibh aon fhás orgánach ar siúl ar dhá phláinéad le hais a chéile san am céanna.

“Chuirfinn milliún in aghaidh an phuint nach bhfuil éinne cosúil leis an duine ar Mhars,” ar seisean.

Chonaic na céadta réalteolaí an lasair an oíche sin, agus an oíche dár gcionn, i dtaca an mheán oíche, agus arís eile an oíche dár gcionn sin féin, agus mar sin go ceann deich n-oíche, lasair in aghaidh gach oíche acu. Maidir le cén fáth ar stad na hurchair tar éis an deichiú ceann, níor thug duine ar bith iarracht ar a mhíniú. B'fhéidir gurb amhlaidh a ghoill na gáis a gineadh as caitheamh na n-urchar ar na Marsaigh. Leath scamail thiubha deataigh nó deannaigh, a bhí infheicthe ón domhan le teileascóp cumhachtach

agus iad mar a bheadh paistí beaga liatha luaineacha ann, leath siad trí ghlaimeacht aerbhrat an phláinéid, agus chlúdaigh na gnéithe sin de is mó a raibh eolas orthu.

Go fiú na nuachtáin laethúla mhúscaíl siad agus foilsíodh aistí anseo is ansiúd i dtaobh na mbolcán ar Mhars. Is cuimhin liom gur bhain an nuachtán leathghreannmhar leathdháiríre úd, *Punch*, feidhm as i gcartún polaitiúil. Agus i ngan fhios do neach beo, bhí na hurchair seo a chaith muintir Mharsa linn, ag teacht de ruathar i ngaireacht don domhan, agus iomad mílte sa soicind de luas fúthu. Uair ar uair, agus lá ar lá, dhruid siad ní ba chóngaraí dúinn tríd an spás folamh. Is iontach liom anois é, agus is ar éigean a thig liom é a chreidiúint, go bhféadfadh daoine dul i mbun a ngnóthaí beaga agus an chinniúint mhear sin ag bagairt orthu. Is cuimhin liom an gliondar a bhí ar Mharkham toisc gur sholáthraigh sé grianghraf nua den phláinéad i gcomhair an nuachtáin phictiúr a raibh sé ina fhear eagair air san am. Is beag an cuimhneamh atá ag daoine sna laethanta deireanacha seo ar raidhse is dásacht na nuachtán a bhí ann sa naoú céad déag. I mo leith féin, bhí mórán ar m'aire ag iarraidh marcaíocht rothair a fhoghlaim, agus ag scríobh sraith aistí i dtaobh na cuma a rachadh smaointe morálta chun cinn, dar liom, de réir mar a leathfadh an tsibhialtacht.

Oíche amháin (ní fhéadfadh an chéad urchar a bheith thar 10,000,000 míle uainn), chuaigh mé ag spaisteoireacht in éindí le mo bhean. Bhí solas na réaltaí ann, agus mhínigh mé comharthaí an Stoidiaca di agus thaispeáin Mars di, agus gan ann ach aibhleog gheal ag éalú léi i dtreo bhuaic na spéire. Is iomaí teileascóp a bhí dírithe air an oíche sin. Oíche the a bhí ann. Ag teacht abhaile dúinn, ghabh lucht aeraíochta tharainn ó Chertsey nó Isleworth is iad ag gabháil fhoinn is ag seinm cheoil. Bhí soilse i bhfuinneoga uachtaracha na dtithe mar a raibh daoine ag tabhairt na leapa orthu féin. Ón stáisiún traenach i gcéin tháinig fuaim na dtraenacha ag bogadh go gliograch dordánach, agus ba gheall le ceol i mo chluasa é. Rinne mo bhean caint liom faoi ghile na soilse comharthaíochta dearg is uaine is buí a bhí ar crochadh as an spéir, mar dhóigh de. Beag an ceapadh a bhí ag éinne go gcuirfí deireadh leis an suaimhneas is leis an tsíocháin gan ró-achar.


CAIBIDIL 2

AN RÉALTA A THIT

D'imigh sin agus tháinig an oíche a thit an réalta. Chonacthas go moch ar maidin í ag ropadh léi soir thar Winchester, ina lasair fhada, go hard sa spéir. Ní foláir nó chonaic na céadta í agus gur mheas siad nach raibh ann ach réalta choitianta ag titim. Sa tuairisc a thug Albin uirthi dúirt sé gur fhág sí rian uaine ina diaidh a lonraigh go ceann tamaillín. Dhearbhaigh Denning—agus is é siúd an t-údar is mó clú i gcúrsaí réalteolaíochta—go raibh sí idir nócha agus céad míle in airde sa spéir nuair a tugadh faoi deara i dtosach í. Chonacthas dó gur thit sí ar an talamh timpeall céad míle soir uaidh.

Bhí mé sa bhaile an t-am sin ag scríobh i mo sheomra staidéir agus ar a shon go raibh aghaidh mo thí ar Ottershaw agus nach raibh an dallóg ar an bhfuinneog fhrancach (mar ba bhreá liom féachaint suas ar an spéir san oíche) ní fhaca mé in aon chor í. Ach pé ar bith scéal é, ní foláir nó thit an rud sin ab aistí ná rud ar bith eile dár thit riamh as na spéartha, le linn dom bheith i mo shuí ansiúd agus d'fheicfinn í dá bhféachainn suas sa spéir agus í ag dul thar bráid. Cuid de na daoine a chonaic í ag gluaiseacht tríd an aer deir siad go raibh siosarnach ag teacht uaithi. Níor chuala mé féin aon siosarnach, beag ná mór. Ní foláir nó chonaic a lán daoine i mBerkshire, i Surrey agus i Middlesex ag titim í, agus gur cheap a bhformhór nach raibh inti ach dreigít eile a bhí tagtha anuas as na spéartha. Dealraíonn an scéal nach ndeachaigh duine ar bith ag tóraíocht na toirte a thit an oíche sin.

Ach go moch ar maidin lá arna mhárach d'éirigh Ogilvy bocht agus rún aige teacht suas léi. Bhí sé tar éis í a fheiceáil ag titim agus




Teacht na Marsach

bhí sé cinnte go bhfaigheadh sé ina luí í i mball éigin ar an mbán idir Horsell, Ottershaw agus Woking. Fuair sé ceart go leor í, go luath tar éis bhreacadh an lae, agus gan í i bhfad ó na poill ghainimh. Bhí poll mór millteach déanta san áit ar thit an t-urchar, agus bhí an gaineamh is an gairbhéal carta amach soir siar ar an bhfraoch agus cairn déanta díobh a bhí le feiceáil míle go leith ón áit. Bhí an fraoch trí lasadh ar an taobh thoir, agus bhí deatach éadrom gorm ag éirí aníos in aghaidh éirí na gréine.

Bhí an Rud féin nach mór clúdaithe ar fad ag an ngaineamh agus thart timpeall air bhí poitreacha de chrann giúise a réab sé ag titim dó. Bhí dealramh mórshorcóra ar an gcuid de nach raibh clúdaithe. Bhí screamh thiubh gainneach dhonn ar an taobh amuigh de. Bhí sé tuairim is tríocha slat ar leithead. Dhruid Ogilvy i gcóngar na toirte agus bhí ionadh air faoina mhéid is faoin gcruth óir bíonn formhór na réaltaí a bheag nó a mhór cruinn ar fad. Bhí sí chomh te sin, ámh, de bharr a mhíre a tháinig sí anuas tríd an aer, nár fhéad sé dul rócháongarach di. Chuala sé corraíl sa sorcóir ach dúirt sé leis féin gurbh é fionnuarú an taoibh amuigh de ba chiontach leis sin; mar níor chuimhnigh sé riamh san am go mb'fhéidir an Rud a bheith cuasach.

D'fhan sé ina sheasamh ar bhruach an logáin a bhí déanta ag an Rud dó féin, é ag féachaint go géar ar a chruth neamhchoitianta, agus ionadh air mar gheall ar a dhéanamh is a dhath aisteach agus lagthuiscint aige, ag an uair sin féin, go raibh cúis éigin lena theacht. Maidin iontach ciúin a bhí ann, agus teas ón ngrian cheana féin de réir mar a bhí a ceann ag gobadh aníos os cionn na gcrann giúise láimh le Weybridge. Níor chuimhin leis ceol na n-éan a chloisteáil an mhaidin sin, ní raibh aon leoithne ghaoithe ann, agus níor chuala sé aon fhuaim seachas an corraí beag a bhí á dhéanamh sa sorcóir. Ní raibh duine ná daonnaí ar an mbán ach é féin.

Ansin thug sé faoi deara go tobann go raibh cuid den scaith ghlas, cuid den chraiceann luaithrigh a bhí ina chlúdach ar an réalta, ag titim d'imeall ciorclach an Ruda. Bhí an screamh ag briseadh de ina lubhóga agus ag titim ina cheathanna ar an ngaineamh. Tháinig píosa mór de go tobann agus thit sé le cling a chuir a chroí ina bhéal.



Teacht na Marsach

Ar feadh nóiméid is ar éigean a thuig sé cén chiall a bhí leis sin, agus ar a shon go raibh an teas thar meán, dhreap sé síos sa logán gar don mheall chun gur léire a d'fheicfeadh sé an Rud. Mheas sé ansin féin gurbh é fionnuarú an choirp ba chiontach, b'fhéidir, ach is éard a chuir an smaoineamh sin ar ceal an luaithreach a bheith ag titim de thóin an tsorcóra amháin.

Agus ansin thug sé faoi deara go raibh barr ciorclach an tsorcóra ag rothlú, go han-mhall. Bhí a leithéid sin de ghluaiseacht mhall faoi nach bhfeicfeadh sé ar chor ar bith é murach gur thug sé faoi deara go raibh marc dubh, a bhí in aice leis cúig nóiméad roimhe sin, anois ar an taobh thall den chiorcal. Ansin féin ní mó ná gur thuig sé céard ba chiall leis sin, nó gur chuala sé fuaim mhúchta dhíoscánach, agus go bhfaca sé an marc dubh á bhrostú ar aghaidh orlach nó dhó. Ansin smaoinigh sé ar an bhfírinne go tobann. Sorcóir cuasach saorga a bhí ann agus ceann air a d'fhéadfaí a scriúáil amach! Bhí rud éigin istigh sa sorcóir a bhí ag baint an cheann de ón taobh istigh!

“A Dhia dá bhfónaim!” arsa Ogilvy. “Tá fear istigh ann—nó fir, b'fhéidir! Iad leathrósta! Agus iad ag iarraidh éalú ón teas.”

Ar an bpointe boise rith sé leis go raibh baint ag an Rud leis an solas ar Mhars.

Bhí a aigne chomh cráite ciaptha sin ag cuimhneamh dó ar an duine bocht i bhfostú sa sorcóir gur dhearmad sé an teas agus chuaigh sé ar aghaidh le cuidiú leis an rothlú. Ach ar ámharaí an tsaoil chosc an soilsíú leathdhubh é sula raibh am aige a lámh a dhó ar an miotal a bhí laomdhearg go fóill. Sheas sé ar feadh tamaillín agus é idir dhá chomhairle. Ansin d'iompaigh sé ar a sháil, dhreap amach as an logán, agus lasc leis i mbarr na bhfáscaí isteach go Woking. Bhí sé i dtaca a sé a chlog ansin. Casadh carraeir air agus thug sé iarracht ar an scéal a chur i dtuiscint dó, ach bhí a leithéid sin de dhealramh fiáin air féin is ar an scéal a bhí le hinsint aige—bhí a hata tar éis titim de sa logán—nach ndearna an carraeir ach tiomáint leis. Ní fearr ná sin a d'éirigh leis óstóir Horsell a mhealladh. Bhí an duine sin ag oscailt na ndoirse agus cheap sé gur ghealt Ogilvy a bhí imithe ó smacht. Thug sé iarracht ar é a chur faoi ghlas i gcúlseomra ach chinn air. Bhí Ogilvy beagán ní ba chiallmhaire ansin, agus nuair a chonaic sé

Henderson, an t-iriseoir ó Londain, ina ghairdín, ghlaoi sé thar an bhfál chuige agus chuir é féin i gcéill.

"Henderson," ar seisean, "an bhfaca tú an réalta sin ag titim aréir?"

"Céard faoi?" arsa Henderson.

"Tá sí amuigh ar bhán Horsell anois."

"A Thiarna!" arsa Henderson. "Réalta tite! Is maith é sin!"

"Ach is tábhachtaí go mór ná réalta é. Sorcóir is ea é—sorcóir saorga, a dhuine! Agus tá rud éigin istigh ann."

Dhírigh Henderson é féin, a lá i lámh leis.

"Céard é sin?" ar seisean. Tá leathchluas leis bodhar.

D'inis Ogilvy dó gach a bhfaca sé. Bhí moill bheag ar Henderson sular thuig sé é. Ansin lig sé don láí titim uaidh, sciob leis a chasóg, agus tháinig amach ar an mbóthar. Dheifrigh an bheirt fhear leo ar ais go dtí an bán agus fuair an sorcóir rompu ina luí san ionad céanna. Ach bhí deireadh leis na fuaimeanna um an dtaca sin, agus bhí ciorcal tanaí de mhiotal geal le feiceáil idir barr agus corp an tsorcóra. Bhí aer ag dul isteach san fhonsa nó ag teacht as go siosarnach.

D'éist siad, bhuail siad maide ar an screamh, agus nuair nár tugadh aon fhreagra orthu, bhí siad araon cinnte go raibh na daoine istigh i bhfanntais nó go raibh siad marbh.

Ar ndóigh, níorbh fhéidir leis an mbeirt acu aon rud a dhéanamh. Gheall siad seo siúd in ard a gcinn i dtreo go gcloisfí iad, agus d'imigh siad ar ais go dtí an baile mór chun cabhair a fháil. Ní deacair duit iad a shamhlú duit féin, iad clúdaithe le gaineamh, uafás agus mí-eagar orthu, ag rith suas an tsráidín faoi sholas geal na gréine, díreach nuair a bhí lucht na siopaí ag baint anuas na gcomhlaí agus daoine eile ag oscailt fhuinneoga a seomraí leapa. Chuaigh Henderson isteach sa stáisiún traenach ar an bpointe chun sreangscéal a chur go Londain le scéala. Bhí na hait sna nuachtáin tar éis an pobal a ullmhú i gcomhair a leithéid sin de thuairisc.

Roimh a hocht a chlog bhí scata buachaillí agus fear díomhaoin ar an mbóthar go dtí an bán cheana féin chun radharc a fháil ar "na fir mharbha ó Mhars". Ba é sin an craiceann a cuireadh ar an scéal. Chuala mé féin trácht air ón ngiolla a dhíoladh an nuachtán liom. Timpeall ceathrú chun a naoi a chuala mé é nuair a chuaigh mé amach chun mo chóip den *Daily Chronicle* a fháil. Baineadh geit asam, ní nach ionadh, agus ba ghearr an mhoill orm imeacht liom trasna Dhroichead Ottershaw i dtreo na bpoll gainimh.


CAIBIDIL 3

AR AN mBÁN

Bhí plód beag daoine, tuairim is fiche duine acu ar fad, mór-thimpeall an phoill ábhalmhóir áit a raibh an sorcóir ina luí. Tá tuairisc tugtha agam cheana féin ar dhealramh na toirte milltí sin a bhí i bhfostú sa talamh. Samhlaíodh dom go raibh an féar is an gairbhéal máguaird dóite amhail a bheidís i ndiaidh pléascadh. Ní dóichí rud ná gur bhain na splancacha tuairt as an talamh nuair a bhuail an sorcóir é. Ní raibh Henderson ná Ogilvy ann. Sílim gur thuig siad nach raibh dada le déanamh go fóill, agus go ndeachaigh siad ag caitheamh bricfeasta tigh Henderson.

Bhí a ceathair nó a cúig de bhuachaillí ina suí ar bhruach an logáin, na cosa ar sileadh leo síos, ag baint spóirt amach dóibh féin—nó gur stop mé iad—ag caitheamh cloch leis an meall mór millteach. Tar éis dom labhairt leo ina thaobh thosaigh siad ag imirt leaisteanna isteach is amach tríd an lucht féachana.

Orthu sin bhí beirt rothaithe, garraíodóir a bhíodh ag giotamáil dom, cailín a raibh leanbh ar a baclainn aici, Gregg an búistéir is a mhaicín, agus beirt nó triúr fámairí is giollaí gailf ar bhéas leo a bheith ag leadaíocht thart in aice an stáisiúin traenach. Is beag caint a bhíodhas a dhéanamh. Ba thearc duine ar an ngnáthphobal i Sasana san am sin a raibh aon eolas fóna aige ar an réalteolaíocht. Bhí a bhformhór ag cur na súl trí bhun an tsorcóra a bhí díreach mar a d'fhág Ogilvy is Henderson é go fóill. Is dóigh liom go raibh díomá ar na daoine toisc nach carn de chorpáin dhóite a fuair siad rompu ach an meall mór sin gan cor gan car as. D'imigh cuid acu leo a fhad a bhí mé ansin agus tháinig tuilleadh daoine. Dhreap mé síos sa logán agus mheas mé gur chuala mé fuaim éadrom faoi mo chosa. Ní raibh an barr ag casadh a thuilleadh, bhí sin soiléir go leor.



Teacht na Marsach

Níor léir dom neamhchoitiantacht an ghléis seo i gceart nó gur dhruid mé isteach ina aice. Ar an gcéad amharc níor corraíodh mé ach an oiread is a dhéanfaí dá leagainn mo shúil ar charráiste a d'iompófaí droim ar ais nó ar chrann a shéidfí trasna an bhóthair. Ar éigean a corraíodh chomh mór sin féin mé. Má bhí cosúlacht aige le rud ar bith is é an tsamhail a thabharfainn air dabhach gáis meirgeach agus a leath faoi chréafóg. Níor mhór méid áirithe eolaíochta a bheith ag duine le tabhairt chun cruinnis nárbh aon ocsaíd chomónta an craiceann glas a bhí ar an Rud agus go raibh dath neamhchoitianta ar an miotal geal buí a bhí ag lonnú sa scoilt idir an caipín is an sorcóir. Bhí formhór an lucht féachana dall ar chiall an fhocail “eachtardhomhandach”.

Ag an am céanna bhí mé cinnte gur ón bpláinéad Mars a tháinig an Rud, bíodh gur chreid mé nach raibh aon duine beo istigh ann. Mheas mé gur uaidh féin a bhí an ceann á bhaint de. In ainneoin Ogilvy, chreid mé go fóill go raibh daoine ina gcónaí ar Mhars. Thosaigh mé ag smaoineamh go mb'fhéidir go mbeadh lámhscríbhinn i dtaisce sa sorcóir, agus ar a dheacra a bheadh sé í a aistriú. Bhí mé ag fiafraí díom féin an bhfaighfí píosaí airgid ann nó samhlacha nó a leithéidí sin. Ach ar chuma ba dheacair dom deimhin a dhéanamh de mo smaointe nuair a bhreathnaínn méid agus fairsinge an Ruda. Bhí mífhoighne orm. B'fhada liom go bhfeicfinn oscailte é. Agus nuair nach raibh aon ní déanta i dtaca a haon déag shiúil mé abhaile go smaointeach. Ach chuaigh sé dian orm mo thuairimí teibí a scagadh is a riar.


Bhí athrú an-mhór ar an mbán tráthnóna. Bhí céadeagráin na nuachtán laethúil tar éis geit a bhaint as muintir Londen, go mór mór ceanteidil leathana mhóra na n-alt:

“TEACHTAIREACHT A FUARTHAS Ó MHARS”

“SCÉAL IONTACH Ó WOKING”

agus mar sin de. Chomh maith leis sin bhí lucht réalteolaíochta na Ríochta Aontaithe múscaillte de bharr an tsreangscéil a chuir Ogilvy ag triall orthu.

Bhí leathdhosaen carranna nó mar sin as Woking ina seasamh ar an mbóthar láimh leis na poill ghainimh. Bhí cóiste ann as Chobham, agus carráiste réasúnta galánta. Ina dteannta sin bhí an-lear rothar ann. Agus chomh maith leo sin, ní foláir nó shiúil a lán daoine as Woking is Chertsey in ainneoin theas is bhruth an lae. Idir seo is siúd bhí plód breá daoine ann agus cúpla bean ghealghléasta orthu.



Teacht na Marsach

Bhí teas thar meán ann, gan scamall sa spéir ná smeámh gaoithe san aer, agus ní raibh foscadh le fáil ach faoi na crainn ghiúise a bhí anseo is ansiúd ar fud an bhaill. Bhí an fraoch a bhí trí thine múchta, ach chomh fada le radharc do shúl bhí an talamh cothrom idir sin agus Ottershaw go dubh dóite agus stiallacha deataigh ag éirí as go fóill. Bhí díoltóir gasta milseán a bhfuil siopa aige ar Bhóthar Chobham tar éis a mhac a chur amach le lán barra d'úlla glasa agus de bheoir shinséir.

Ag dul suas go bruach an logáin dom chonaic mé romham tuairim is leathdhosaen fear ina scata ann—Henderson, Ogilvy, agus fear ard fionn (fuair mé amach ina dhiaidh sin gurbh é seo Stent, réalteolaí an Rí). Bhí roinnt oibrithe in éindí leo agus lánta is píocóidí acu. Bhí Stent ag tabhairt orduithe uaidh de ghlór glan ard. Bhí sé ina sheasamh ar an sorcóir a bhí ní b'fhionnuaire um an dtaca seo de réir dealraimh; aghaidh dhearg air agus an t-allas ina shlaoda anuas leis, agus bhí rud éigin tar éis fearg a chur air, ba chosúil.

Bhí an chréafóg bainte de chuid mhór den sorcóir ach bhí an chuid íochtarach i bhfostú sa talamh go fóill. Chomh luath is a chonaic Ogilvy mé ag breathnú síos ó bhruach an logáin, ghlaoigh sé orm teacht anuas chuige, agus d'fhiafraigh sé díom ar mhiste liom dul chun cainte leis an Tiarna Hilton, an tiarna talún.

Dúirt sé go raibh an slua, agus na buachaillí go mór mór, ag cur as don obair. Theastaigh uaidh go dtógfaí ráille éadrom mór-thimpeall an logáin agus go dtabharfaí cabhair chun na daoine a choinneáil siar ón logán. Dúirt sé gurbh fhurasta corraí beag sa sorcóir a chloisteáil ach gur chinn ar na hoibrithe an caipín a bhaint de toisc nach raibh ar a gcumas greim a bhreith ar aon chuid de. Dhealraigh an cás miotail a bheith iontach tiubh agus b'fhéidir nach raibh sna fuaimeanna laga a chualamar ach macalla an tormáin taobh istigh.

Bhí áthas mór orm rud a dhéanamh air, agus caoi a fháil ar an Rud a scrúdú nuair a chuirfí suas an ráille.

Theip orm an Tiarna Hilton a fheiceáil ag an teach ach dúradh liom go raibh súil leis abhaile ó Londain ar thraein a sé a chlog as Waterloo; agus ó bhí sé ceathrú tar éis a cúig um an dtaca sin, chuaigh mé abhaile, d'ól mé roinnt tae, agus shiúil mé suas chuig an stáisiún chun casadh leis.

CAIBIDIL 4

OSCAILT AN TSORCÓRA

Nuair d'fhill mé go dtí an bán bhí an ghrian ag dul faoi. Bhí scataí daoine ar fud na háite ag deifriú leo ó Woking, agus bhí duine nó beirt ag dul abhaile dóibh féin. Ba mhó ná riamh an plód a bhí timpeall an logáin. Bhí cúpla céad duine ann, b'fhéidir, agus iad go dubh in aghaidh dhath buí-líomóideach na spéire. Bhí a lán cainte ar siúl agus bhí achrann éigin ar bun thart ar an logán, de réir dealraimh. Ghluais smaointe áiféiseacha trí m'intinn. Ag druidim ní ba ghaire dom chuala mé guth Stent:

"Coinnígí siar! Coinnígí siar!"

Tháinig gasúr ag rith i mo threo.

"Tá sé ag bogadh," ar seisean liom agus é ag dul tharam—"tá sé ag casadh is ag casadh leis. Ní maith liom é. Seo mise abhaile liom."

Lean mé orm a fhad leis an slua. Bhí idir dhá chéad is trí chéad duine ann, déarfainn, agus iad ag brú in aghaidh a chéile, agus na mná a bhí ar a measc níorbh iad ba shuaimhní.

"Tá sé tar éis titim isteach sa logán!" arsa duine éigin.

"Coinnígí siar!" arsa cuid acu.

Bhog an slua ar leataobh beagán, agus bhrúigh mé romham isteach. Dhealraigh gach éinne a bheith an-chorraithe. Chuala mé dordán aisteach ón logán.

"Féach!" arsa Ogilvy. "Cabhraigh liom chun na hamadáin seo a choinneáil ar gcúl. Níl a fhios againn beirthe ná beo céard atá sa rud diabhail seo!"

Teacht na Marsach

Chonaic mé ógfhear, cúntóir siopa i Woking a bhí ann creidim, ina sheasamh ar an sorcóir agus é ag iarraidh dreapadh amach as an logán arís. An slua a bhrúigh isteach ann é.

Bhí ceann an tsorcóra á bhaint de ón taobh istigh. Bhí nach mór dhá through de scriú lonrach le feiceáil cheana. Thit duine éigin go ciotach i mo choinne, agus is beag bídeach nár caitheadh i ndiaidh mo chinn mé isteach ar bharr an scriú. D'iompaigh mé, agus le linn dom bheith á dhéanamh tháinig an scriú amach agus thit caipín an tsorcóra amach ar an ngairbhéal go fuaimneach. Thug mé m'uillinn don duine ar mo chúl agus thug mé m'aghaidh ar an Rud arís. Ar feadh nóiméid bhí dath dubh ar fad ar an bhfolús ciorclach sin. Is amhlaidh a bhí an ghrian i mo shúile.

Sílím go raibh coinne ag chuile dhuine go bhfeicfidís fear ag teacht as—rud éigin nach raibh cosúil linn féin ar fad, b'fhéidir—ach fear ina dhiaidh sin is uile. Tá a fhios agam gurb shin é an smaoineamh a bhí agam féin. Ach nuair a dhearc mé ar ball chonaic mé rud éigin ag corraí taobh istigh—corraithe liatha tonnmhara, ceann os cionn a chéile, agus ansin chonaic mé dhá phláta lonracha cosúil le súile. Ansin d'éirigh rud éigin cosúil le nathair nimhe liath aníos as an lár únfairteach, agus shníomh é féin san aer chugam agus d'éirigh ceann eile amach ina dhiaidh. Bhí siad araon chomh tiubh le bata siúil.

Tháinig fuacht tobann orm. Lig bean ar mo chúl scréach ard aisti. D'iompaigh mé thart beagán agus mo shúile ar an sorcóir go fóill óir bhí crúba eile ag teacht as, agus thosaigh mé do mo bhrú féin siar i ndiaidh mo chúil ó bhruach an logáin. Chonaic mé an t-iontas ag imeacht de na daoine agus an t-uafás ag teacht orthu. Chuala mé glórtha dothuigthe ar gach taobh. Thosaigh gach éinne ag cúlú. Chonaic mé an siopadóir ag tiaráil leis go fóill ar bhruach an logáin. Fuair mé mé féin i m'aonar, agus chonaic mé na daoine ar an taobh thall den logán ag greadadh leo, agus Stent ina measc. D'fhéach mé ar an sorcóir arís, agus tháinig scéin mhillteach orm. Bhí mé gan nath gan urlabhra.

Bhí meall mór cruinn liath, é chomh mór le béar, b'fhéidir, ag éirí go mall atuirseach aníos as an sorcóir. De réir mar mhéadaigh sé is gur lonraigh an solas air, spréach sé ar nós leathair fhliuch.


Bhí dhá shúil mhóra dhorcha ag stánadh orm go dian. Bhí sé cruinn agus aghaidh aige, déarfá. Bhí béal faoi na súile agus bhí imeall an bhéil sin—ní raibh bruasa ar bith air—ag crith le saothar, agus seile ag titim de. Bhí an corp ag frithbhuaileadh is ag análu go tréan. Rug crúb fhada thanaí ar bhruach an tsorcóra is d'éirigh ceann eile san aer.

Éinne nach bhfaca Marsach beo riamh is ar éigean a d'fhéadfadh sé a shamhlú dó féin an scéin a tháinig ar dhaoine a chonaic iad. An béal aisteach sin cosúil le “V” agus a bhruas uachtarach point-eáilte, easpa na bhfabhraí, easpa na smige faoi bhun an bhruais íochtaraigh sin ba chosúil le ding, síorchrith an bhéil seo, na scaotha crúb, tréananálú na scámhóg san aer neamhchoitianta, a dheacra is a phianúla a bhí sé siúl a dhéanamh toisc throime aeir an domhain—agus thar gach rud eile, géire iontach a shúl ábhalmhór—níor bheag na comharthaí sóirt sin go léir le masmas a chur ar dhuine. Bhí rud fungasach éigin sa chraiceann donn líliúil acu, rud éigin ina n-imeacht mhall shollúnta arbh uamhnach leat é. Ba é seo an chéad uair a bhuaíl mé leis na Marsaigh, an chéad sracfhéachaint a fuair mé orthu, agus cheana féin bhí déistin is alltacht thar meán orm.

Go tobann, d'imigh an t-arracht as radharc uaim. Is amhlaidh a dhreap sé thar bhruach an tsorcóra gur thit isteach sa logán de thuairt ba chosúil le carn mór leathair ag titim. Chuala mé an glao tiubh aisteach a lig sé as, agus ar an bpointe sin tháinig ceann eile de na créatúir go dtí béal dorcha an tsorcóra.

Leis sin d'imigh an scanradh díom. D'iompaigh mé agus ghread mé liom i mbarr m'anama i dtreo na gcrann a bhí tuairim is céad slat uaim; ach rith mé go cliathánach is go tuisleach mar níor fhéad mé méadan a chasadh ó na rudaí seo.

Stad mé ansin i measc na gcrann óg giúise is na dtom aitinn féachaint cén chéad rud eile a thitfeadh amach. Bhí saothar orm. Bhí an bán thart ar na poill ghainimh breac ballach le daoine a bhí ina seasamh, mar mé féin, faoi alltacht is faoi mhearbhall, ag cur na súl trí na créatúir, nó tríd an ngairbhéal a bhí ina charn ag bruach an logáin ina raibh siad, ba chirte dom a rá. Agus ansin tháinig an scéin orm athuair nuair a bhreathnaigh mé rud cruinn dubh ag gobadh aníos ar bhruach an logáin. Ba é ceann an



tsiopadóra a thit isteach sa logán é, ach in aghaidh spéir the an iarthair ní raibh ann ach spota beag dubh. Gach re tamall d'éirigh leis a ghualainn is a ghlúin a chur in airde ach thiteadh sé siar arís go dtí nach mbíodh le feiceáil de ach a cheann. Chuaigh sé as radharc, agus thabharfainn an leabhar gur tháinig scréach bheag chugam. Bhí fonn orm dul ar ais le cuidiú leis ach sháraigh an eagla orm.

Bhí gach aon ní as radharc ansin, i bhfolach sa logán domhain is ag an gcarn gainimh a cartadh aníos nuair a thit an sorcóir. Éinne a bheadh ag gabháil an bóthar ó Chobham nó Woking bheadh ionadh an domhain air faoin radharc sin—slua daoine a bhí ag dul i laghad i leaba a chéile, tuairim is céad ar fad ann, ina seasamh in aon chiorcal mór mírialta amháin; iad i ndíoga, ar chúl na dtom, taobh thiar de gheataí is de sconsaí gan mórán á rá acu le chéile ach an méid a bhí á rá acu os ard go gearr gonta, agus iad uile go léir ag cur na súl trí roinnt carn gainimh. Bhí bara na beorach sinséir ina sheasamh go huaigheach is go dubh in éadan na spéire deirge, agus sna poill ghainimh bhí scuaidrín de thrucaílí, gan éinne ina mbun, is na capaill ag ithe as málaí nó ag scríobadh na talún.


CAIBIDIL 5

AN TEAS-GHA

Tháinig cineál mearbhaill orm a d'fhág gan brí mé tar éis an radhairc a bhí agam ar na Marsaigh ag teacht as an sorcóir inar tháinig siad anuas ar an domhan óna bpláinéad féin. D'fhan mé i mo sheasamh ansiúd, an fraoch go dtí na glúine orm, is mé ag cur na súl tríd an tulach a d'fholaigh iad. Bhí an eagla is an fhiosracht in árach a chéile istigh i mo chroí.

Ní ligfeadh an eagla dom dul ar ais i dtreo an logáin ach mar sin féin b'fhada liom gan glinniúint isteach ann. Dá bhrí sin thosaigh orm ag siúl thart ag súil go n-aimseoinn ardán feiliúnach éigin. Níor stad mé, ámh, de bheith ag faire ar na cairn ghainimh a d'fholaigh an dream seo a bhí tar éis teacht chun an domhain seo den chéad uair. Uair amháin, sceith scaoth d'fhuipeanna dubha tanaí amach thar luí na gréine, iad cosúil le géaga ochtapais, ach ar áit na mbonn tarraingíodh ar gcúl arís iad. Ina dhiaidh sin d'éirigh slat thanaí aníos, alt i ndiaidh ailt, pláitín ciorclach ar a bharr agus é ag casadh go guagach. Céard a bheadh ar bun istigh sa logán ar chor ar bith?

Bhí formhór den lucht féachana bailithe ina dhá mbuíon—buíon bheag díobh ar thaobh Woking agus gasra eile ar thaobh Chobham. Ba léir go raibh an bhuairt intinne chéanna orthu sin. Ní raibh mórán acu i ngar dom. Chuaigh mé suas chuig duine acu agus chuir mé forrán air. Chonaic mé gur comharsa béal dorais liom féin é ar a shon nach raibh a fhios agam cén t-ainm a bhí air. Ach níor róthráthúil an uair é chun comhrá tuisceanach a dhéanamh.



Teacht na Marsach

“Nach iad na ropairí gránna iad!” ar seisean. “A Dhia na bhfeart! Nach iad na ropairí gránna iad!” Agus dúirt sé é sin arís is arís eile.


“An bhfaca tú fear sa logán?” arsa mise; ach níor thug sé aon fhreagra ar mo cheist. D’fhanamar inár seasamh ansin le hais a chéile agus gan focal asainn. Feictear dom gur thaitin an comhluadar linn beirt. Ansin bhog mé liom anonn go dtí tulach beag a bhí cúpla slat nó breis ar airde, agus nuair a dhearc mé ar ball bhí mo dhuine ag siúlóid i dtreo Woking.

Chuaigh solas na gréine i léig i leaba a chéile go dtí go raibh contráth na hoíche ann. Go nuige sin níor thit aon cheo amach. Chonacthas dom gur mhéadaigh an plód daoine a bhí i bhfad uaim thall ag Woking. Chuala mé iad ag monabhar. An deascán a bhí ar thaobh Chobham, scaip siad. Ar éigean a bhí cor ná car ón logán.

B’fhéidir gurbh é ciúnas an logáin is mó a chuir misneach sna daoine ach ina theannta sin is dóigh gur chuidigh na daoine ba dheireanaí a tháinig lena misneach a mhúscailt athuair. Pé ar bith scéal é, thosaigh fuadar mall ag teacht faoi na daoine a bhí ar na cairn ghainimh de réir mar a dhruid scamaill dhorchá na hoíche isteach agus neartaigh ar an bhfuadar sin i gciúnas an tráthnóna. Ó am go ham, d’éiríodh fíoracha dubha díreacha amach, théidís chun tosaigh, stadaidís, théidís chun tosaigh arís—iad ag scaradh amach ó chéile lena linn sin ina gcorrán tanaí mírialta. Cheapfadh duine ón gcruth a bhí orthu go raibh fúthu fáinne a dhéanamh díobh féin timpeall an logáin. Thosaigh mé féin ag druidim isteach chuig an logán.

Chonaic mé ansin go raibh scata carraeirí agus daoine nach iad tar éis siúl isteach sna poill go dána agus chuala mé gliogram cos capall agus díoscán roth. Chonaic mé ógánach ag brú bara úll roimhe. Agus ansin, i bhfogas tríocha slat don pholl, thug mé scata beag fear faoi deara ag tarraingt ó Horsell agus bratach bhán a chroitheadh san aer ag an bhfear a bhí i dtosach an scata.

Ba é seo an Toscaireacht. Ghlac siad comhairle le chéile go deifreach agus ó bhí intleacht ag na Marsaigh, de réir dealraimh, in ainneoin an chrutha fhorghrána a bhí orthu, beartaíodh gabháil chucu agus a chur in iúl dóibh trí chomharthaí go raibh intleacht againne freisin.



Teacht na Marsach

Siúd an bhratach ag foluain leis an ngaoth deiseal agus tuathal. Bhí an slua rófhada uainn chun duine ar bith a aithint thar a chéile ach d'airigh mé ina dhiaidh sin go raibh Ogilvy, Stent agus Henderson ar an dream a bhí ag lorg cead cainte leis na Marsaigh. Sa siúl dóibh bhuail a lán daoine leo a chuaigh leo agus lean roinnt eile iad ar a shon gur fhan siad tamaillín ar gcúl ar eagla na heagla.

Bhí splanc solais ann de thurraing, agus tháinig mórchuid deatach glas soilseach as an logán. D'éirigh an deatach suas i dtír phuth, ceann acu i ndiaidh a chéile, go díreach san aer ciúin.

Bhí an deatach seo (nó b'fhéidir gur cirte lasair a thabhairt mar ainm air) chomh geal sin gur dhorchaigh an spéir dhúghorm in airde agus réimsí leathana donna an bháin i dtreo Chertsey, dhorchaigh siad go tobann, dar liom, agus d'fhan siad go dorcha nó gur scaip na putha. Ag an am céanna chuala mé siosarnach éadromghlórach.

Taobh thiar den logán bhí an bailiú beag daoine ina seasamh, an bhratach bhán ina dtosach, iad ina stad ag na teagmhais sin, ina ndornán de chruthanna dubha díreacha ar an talamh dubh. De réir mar a d'éirigh an deatach glas, tháinig dath buí-ghlas ar a gceannaithe, agus chuaigh an dath sin i léig arís nuair a scaip an deatach.

Ansin a neartaigh ar an siosarnach go ndearnadh crónán de, go ndearnadh fuaim fhada ard dhordánach de. D'éirigh an cruth dronnach aníos as an logán, agus dhealraigh sé gur sceith sé ga lag solais uaidh.

Ar an toirt léim lasracha tine amach i measc na bhfear fáin agus léim siad ó dhuine go duine orthu. Cheapfá gur theann gob dofheicthe leo agus gur spréadh solas bán as. Chonacthas dom go ndearnadh dóiteán go tobann den uile mhac máthar acu.

Ansin tríd an solas a bhí á dhéanamh acu féin a chonaic mé ag rith go tuisleach iad agus ag titim i mbun a gcos agus thosaigh a lucht leanúna ag teitheadh leo.

Sheas mé ag stánadh uaim ach níor thuig mé go fóill gurbh é an bás a bhí ag léim ó dhuine go duine den bhuíon bheag sin amach uaim. Níor mhothaigh mé ach go raibh radharc aisteach éigin á fheiceáil agam. Splanc solais gan fuaim a dhéanamh, splanc a dhallfadh duine, agus bhí fear tar éis titim i ndiaidh a mhullaigh

gan cor as. Agus de réir mar a ghluais an Teas-Gha sin tharstu siúd na crainn ghiúise trí lasadh agus le haon bhuille trom amháin bhí gach tor aitinn ina chaor. Agus i bhfad uaim i dtreo Knaphill chonaic mé na crainn, na sconsaí is na tithe adhmaid trí thine.

Bhí an lasair mharfach seo ag scuabadh timpeall go tapa is go rialta. Claíomh teasa a bhí ann a ghearr is a mhill an uile rud a tháinig ina bhealach. Thug mé faoi deara go raibh sé ag teacht chugamsa, ar na toir lasta lenar theagmhaigh sé, ach bhí an oiread sin alltacht orm nár fhéad mé lámh ná cos a chorraí. Chuala mé gliogar na tine sna poill ghainimh agus seitreach capaill a stad go tobann. Ansin díríodh méar tríd an bhfraoch a bhí idir mé is na Marsaigh—méar nárbh fhéidir a fheiceáil ach a bhí go róthe ar a shon sin—agus feadh an imill chiorclaigh taobh thall de na poill ghainimh tháinig deatach is gliogarnach ón talamh dorchá. Thit rud éigin de thuairt, i bhfad i gcéin ar an taobh clé mar a bhfuil an bóthar ó stáisiún Woking ag oscailt amach ar an mbán. Leis sin, stad an siosarnach is an dordán, agus chuaigh an rud dubh cruinnmhullaigh síos go mall as radharc sa logán.

Tharla seo go léir lena leithéid sin de luas gur fhan mé i mo sheasamh gan cor gan car asam, ionadh is alltacht orm, agus na lasracha solais do mo dhalladh. Dá scuabadh an bás thart ina chiorcal iomlán ní bheadh aon dul agam uaidh. Ach d'imigh sé i léig gan mé a mharú agus d'fhág sé an oíche go dubh ina dhiaidh ionas nár aithin mé a thuilleadh an dúiche i mo thimpeall.

Bhí an bán mín réidh chomh dubh le pic nach mór, cé is moite de na bóithre a bhí go glas liathbhán faoi spéir dhúghorm na hoíche. Bhí an áit dorchá agus gan duine ná diúlach ann go tobann. Bhí na réaltaí ag teacht amach i ndiaidh a chéile os mo chionn, agus san iarthar bhí dath liathgheal—dath uaine nach mór—ar an spéir. Tháinig barra na gcrann giúise agus díonta Horsell amach go géar dubh in aghaidh luí na gréine san iarthar. Bhí na Marsaigh agus a ngléasanna as radharc ar fad cé is moite den chrann tanaí úd ar a gcorraíodh a scáthán suas síos de shíor. Bhí paistí anseo is ansiúd mar a raibh toim is crainn ag cur loinnreach is deataigh astu, agus bhí na tithe i ngar do stáisiún Woking ag cur stríoca tine suas san aer ciúin an tráthnóna.

Teacht na Marsach

Seachas an méid sin agus an t-iontas mór ní raibh athrú ar rud ar bith. An bailiú beag dubh sin agus a mbratach bhán, scuabadh dá gcós iad agus is ar éigean a briseadh ciúnas an tráthnóna, dar liom.

Rith sé liom go raibh mé ansiúd ar an mbán dubh i m'aonar gan cabhair agam ná cúnamh. Agus go tobann faoi mar a thitfeadh rud éigin anuas tháinig orm—an Eagla.

D'iompaigh mé agus thosaigh mé ag rith go tuisleach tríd an bhfraoch.

Níorbh aon eagla réasúnach a bhí orm ach scéin is alltacht. Ní hamháin gurbh eagal liom na Marsaigh, ach b'eagal liom an dorchadas is an ciúnas go léir máguaird. Bhain sé lúth na ngéag díom is misneach mo chroí ionas go raibh mé ag gol, amhail a dhéanfadh leanbh, a fhad a bhí mé ag rith. Ón uair a thug mé mo chúil ar an áit níor leomh mé féachaint siar.

Is cuimhin liom gur chreid mé i mo chroí go láidir go rabhtas ag déanamh amadáin díom, nach túisce a bheinn ar lámh shábhála ná léimfeadh an bás mistéireach seo—bás a bhí chomh mear le himeacht an tsolais—go léimfeadh sé orm amach as an logán ina raibh an sorcóir, is go leagfadh sé mé.


CAIBIDIL 6

AN TEAS-GHA AR BHÓTHAR CHOBHAM

Is ábhar ionaidh go fóill é cén chaoi ar fhéad na Marsaigh fir a chloígh chomh mear ciúin sin. Ceapann a lán daoine go bhfuil ar a gcumas ar shlí éigin teas ollmhór a ghiniúint i ngléas nach seolann an teas ar éigean. As scáthán líofa parabóileach a scaoileann siad an teas ollmhór seo i nga comhthreomhar in aghaidh rud ar bith is mian leo a ionsaí—faoi mar a scaoileann scáthán parabóileach tí solais ga solais uaidh. Ní fios dúinn céard as a ndéanann siad an scáthán céanna. Ach níor chruthaigh duine ar bith an méid sin ar fad fós. Pé cuma a ndéantar é, is cinnte gur ga teasa is fíorchúis leis. Teas, agus in áit solas a fheictear, solas nach bhfeictear. Pé rud atá indóite lastar é an túisce a luíonn an teas sin air, déantar uisce den luaidh, bogann sé an t-iarann, scoilteann is leánn sé gloine, agus nuair a thiteann sé ar uisce déantar gal den uisce ar an bpointe boise.

An oíche sin bhí beagnach daichead duine ina luí timpeall an logáin faoi na réaltáin, iad chomh dubh dóite sin nach n-aithneodh duine ar bith iad, agus i gcaitheamh na hoíche go léir bhí an bán idir Horsell agus Maybury go geal lasta ach gan duine ná daonnaí air.

Shroich scéala an uafáis Chobham, Woking agus Ottershaw ag an am céanna, is dóigh. I Woking dúnadh na siopaí go léir nuair a tharla an marú, agus chuaigh roinnt daoine, siopadóirí agus a leithéidí, ag siúl trasna Dhroichead Horsell agus feadh an bhóthair atá ag teacht amach ar an mbán. An truascéal a mheall ann iad. Ní deacair duit na daoine óga sin a mheabhrú duit féin; slacht agus snas orthu féin tar éis obair an lae, gan uathu ach a bheith ag siúl



le chéile is ag suirí. Tig leat an siosarnach cainte a bhí ar siúl acu a mheabhrú duit féin freisin a fhad a bhí siad ag cur an bhóthair díobh i gciúnas an tráthnóna....


Is beag duine i Woking a raibh a fhios aige go fóill, ar ndóigh, gur osclaíodh an sorcóir, cé go raibh Henderson bocht tar éis teachtaire a chur ar rothar go dtí oifig an phoist le sreangscéal le haghaidh nuachtáin tráthnóna éigin.

De réir mar a tháinig na daoine seo amach ar an mbán ina mbeirteanna is ina dtriúir fuair siad gasraí beaga daoine ag caint go scéiniúil le chéile, iad ag breathnú ar an scáthán luascach os cionn na bpoll gainimh agus níorbh fhada go raibh an oiread céanna corrabhuaise ar na daoine ba dheireanaí a tháinig.

Ar leathuair tar éis a hocht a adhmhilleadh an Toscaireacht. Roimhe sin bhí suas is anuas le trí mhíle duine san áit, gan an dream a chuaigh ní ba ghaire do na Marsaigh a áireamh orthu. Bhí triúr póilíní ann freisin, duine acu ar mhuin capaill, agus iad ag déanamh a ndíchill leis na daoine a choinneáil ar gcúl agus iad a stopadh ó dhul suas in aice an tsorcóra. Bhí cuid de na daoine ag faireach agus ag cur i gcéill nach róshásta a bhí siad leis na póilíní mar theastaigh uathu greann agus spórt a dhéanamh dóibh féin ó tharla an deis acu.

Chomh luath riamh is a tháinig na Marsaigh as an sorcóir chuir Stent agus Ogilvy sreangscéalta ó Horsell chuig na beairicí ag iarraidh complacht saighdiúirí chun na Marsaigh a chosaint ar eagla go dtabharfadh na daoine fogha fúthu. Tar éis é sin a dhéanamh tháinig siad ar ais go dtí an bán chun na créatúir aisteacha seo a chosaint ar fhoréigean, rud ba mhí-ádhmharach dóibh a dhéanamh. Is cosúil le chéile an tuairisc a thugann na daoine a chonaic á marú iad agus mo thuairisc féin: trí phuth uaine deataigh, an nóta domhain dordánach, agus na lasracha tine.

Ba ródhóbaire don slua sin. Murach gur tháinig cnapán de ghainimh is d'aitinn idir iad agus an chuid íochtarach den Teas-Gha bheadh an uile dhuine acu marbh. Dá mbeadh an scáthán parabóileach cúpla slat ní b'airde ní bheadh fear inste scéil san áit. Chonaic siad na lasracha, agus na fir ag titim, agus las lámh dhofheicthe, mar a déarfá, na toim de réir mar a dheifrigh sí chucu



sa chlapsholas. Ansin d'éirigh an ga os cionn dhordán an logáin agus tháinig sé ag feadaíl chucu, é an-ghar os a gcionn, é ag lasadh bharra na gcrann feá atá ar gach taobh den bhóthar, é ag scoilteadh na mbrící, ag tuairtbhreiseadh na bhfuinneog, ag cur fhrámaí na bhfuinneog trí lasadh, agus ag tarraingt as a chéile cuid de bhinn an tí ba ghaire don choirnéal.

Chualathas an bualadh tobann, agus siosadh na gcrann ar lasadh dóibh. Dalladh na daoine ag an lasair agus is amhlaidh bhí siad idir dhá chomhairle ar feadh cúpla nóiméad. Thosaigh aithinní is duilliúr lasta ag titim anuas ar an mbóthar, agus duilleoga aonair mar phutha tine. Chuaigh hataí is gúnaí trí lasadh. Ansin tháinig glaoch ón mbán. Bhíothas ag liúireach is ag screadach. Go tobann tháinig póilín ar mhuin capaill ar cosa in airde tríd an slua corraithe, a lámha fáiscithe os a chionn aige agus é ag scréachadh.

"Seo chugainn iad!" arsa bean ag screadach, agus ar an bpointe sin d'iompaigh gach éinne agus thosaigh siad ag brú in aghaidh a chéile ag iarraidh bealach a ghlanadh rompu go Woking arís. Caithfidh sé gur theith siad leo amhail a dhéanfadh scata caorach. An áit a bhfuil an bóthar ag dul i gcaoile agus i nduibhe idir an dá phort arda, leagadh beirt bhan agus gasúr beag ansin, gabhadh de chosa iontu, satlaíodh orthu agus fágadh ansiúd iad ag saothrú an bháis sa dorchadas uafásach.

CAIBIDIL 7


CÈ MAR A BHAIN MÈ M'ÀIT CHÓNAITHE AMACH

Maidir liom féin, ní cuimhin liom rud ar bith ach go raibh mé ag imeacht i mo dhall tríd an bhfraoch is mé do mo bhualadh féin corrúair in aghaidh na gcrann. Samhlaíodh dom go raibh na Marsaigh uafásacha sin go léir thart timpeall orm; chonacthas dom go raibh an claíomh neamh-thrócaireach teasa sin á chroitheadh anonn is anall os mo chionn, is á ardú san aer d'fhonn mé a bhualadh agus mé a mharú. Tháinig mé amach ar an mbóthar idir an crosaire agus Horsell, agus rith mé liom chomh fada leis an gcrosaire.

Faoi dheireadh thiar ní raibh mé ábalta rith a thuilleadh; bhí a leithéid sin de laige orm de bharr an fhaitís agus an reatha, gur baineadh tuisle asam agus gur thit mé ar thaobh an bhóthair. Taobh le droichead na canála atá in aice na n-oibreacha gáis a tharla sin. Tar éis titim dom d'fhan mé i mo luí ansiúd gan cor asam.

Caithfidh sé gur thug mé tamall fada mar sin.

Shuigh mé aniar, agus corrabhuais nár ghnách orm. Ar feadh nóiméid, b'fhéidir, níor tuigeadh dom go soiléir cén chaoi ar tharla dom a bheith ansin. Bhí an scéin imithe díom amhail a thitfeadh brat de dhuine. Bhí mo hata imithe agus bhí mo bhóna scaoilte. Cúpla nóiméad roimhe sin níor thuig mé i gceart ach trí ruda—ollmhéid na hoíche, an spáis agus an dúlra, mo laige agus mo chumha féin, agus an bás a bhí i ngar dom. Ach anois samhlaíodh dom gur imigh sin de phreab, agus go raibh a mhalairt de thuairim agam i dtaobh an tsaoil. Níor mhothaigh mé an tseanbharúil ag



Teacht na Marsach

imeacht agus an ceann nua ag teacht. Go tobann bhí mé i mo dhuine coitianta arís den chineál a d'fheicfeá i do shiúl lae. Ba chosúil le brionglóid an bán ciúin, an scéin a bhuail mé go tobann, agus na laomlasracha luaineacha. D'fhiafraigh mé díom féin ar tharla na rudaí sin ar chor ar bith. Níor fhéad mé é a chreidiúint.

D'éirigh mé agus shiúil mé go místaidéarach suas an slíos ard go dtí an droichead. Bhí m'aigne lán den iontas. Ba chosúil go raibh an neart imithe as mo chuislí is m'fhéitheacha. Is dóigh gur thit mé ó thaobh go taobh mar a bheadh meisceoir. Chonaic mé duine chugam. Fear oibre a bhí ann agus ciseán ar iompar aige. Taobh leis bhí gasúr beag ag rith. Chuaigh sé tharam agus ghuigh sé oíche mhaith dom. Bhí fonn orm labhairt leis, ach níor labhair. Thug mé freagra éigin briotach air agus chuaigh thar an droichead anonn.

Os cionn stua Maybury, d'imigh traein ó dheas sna glinte—deatach bán ina phúir fhada aisti, mórfothram ar siúl aici, agus na fuinneoga lasta ag dul thar bráid dóibh: cliotar cleatar, clap clap agus bhí sí imithe. Bhí scata daoine sa bhreacsholas ag caint le chéile ag geata tí ar an mbóthar beag deas úd darb ainm Oriental Terrace. Níor dhóigh leat ar an dá radharc sin go raibh rud ar bith as bealach. Ach an rud sin a bhí ar mo chúl! Bhí sin áiféiseach, mínádúrtha! Níorbh fhéidir a leithéid de rud a bheith fíor, arsa mise liom féin.

B'fhéidir nach mar a chéile mé féin agus an gnáthdhuine. Níl a fhios agam. Uaireanta is amhlaidh a mhothaím an saol i mo thimpeall agus na daoine atá ann gearrtha amach uaim; feictear dom go mbím ag faire ar an saol ón taobh amuigh, ó chúinne éigin i bhfad i gcéin, atá taobh amuigh ar fad de theorainn an ama, taobh amuigh den spás agus gan dréim agam le brón is le dubhachas an tsaoil. Bhí an mothú seo go láidir ionam an oíche áirithe seo. Ba seo taobh eile ar mo bhrionglóid.

Ach ba é donas an scéil an difríocht mhór idir an suaimhneas abhus agus an bás eitleach sin thall i ngaireacht dhá mhíle dúinn. Bhí gleo na hoibre ag teacht ó na hoibreacha gáis agus bhí na lampaí leictreacha go léir lasta. Stad mé os comhair an scata daoine.

"Cén scéal ón mbán é?" arsa mise.

Bhí beirt fhear agus bean ag an ngeata.

"É?" arsa duine de na fir ag iompú i leith chugam.

"Cén scéal ón mbán é?" arsa mise.

"Nach ann a bhí tú féin ó chianaibh?" arsa na fir.

"Dealraíonn an scéal go bhfuiltear ag éirí díchéillí mar gheall ar an mbán sin," arsa an bhean a bhí taobh istigh den gheata. "Céard faoi an chaint go léir?"

"Nár chuala tú mar gheall ar na fir ó Mhars?" arsa mise. "Na créatúir ó Mhars?"

"Ní beag sin," arsa an bhean thar an ngeata liom. "Go raibh maith agat;" agus rinne an triúr acu gáire.

Bhí mé i mo bhaileabhair acu agus bhí fearg orm. Thug mé iarracht ar a raibh feicthe agam a insint dóibh ach chinn orm. Rinne siad gáire arís faoi na habairtí briste a tháinig ó mo bhéal.

"Cloisfidh sibh a thuilleadh faoi amach anseo," arsa mise, agus lean orm abhaile.

Bhain mé geit as mo bhean ag an doras, bhí mé chomh mílíteach caite sin. Chuaigh mé isteach i seomra an bhia, d'ól mé bolgam fíona, agus chomh luath is a bhí mé staidéarach go leor arís thug mé tuairisc di ar gach rud dá bhfaca mé. Bhí an dinnéar—béile fuar a bhí ann—leagtha ar an mbord cheana féin agus d'fhan sé ansiúd gan éinne ag cur suime ann nó gur chríochnaigh mé mo scéal.

"Tá rud amháin ann," arsa mise d'fhonn an eagla a bhí uirthi a chur ar ceal. "Is iad na rudáí is leisciúla iad dá bhfaca mé riamh ag lámhacán. B'fhéidir dóibh cloí leis an logán agus duine ar bith a thagann ina gcóngar a mharú, ach ní thiocfaidh leo teacht as.... Ach is gránna uafásach na bithiúnaigh iad!"


"Ná trácht orthu, a chuid!" arsa mo bhean, tháinig púic uirthi agus leag sí a lámh ar mo lámhsa.

"Ogilvy bocht!" arsa mise. "Nuair a chuimhním gur féidir gur ina luí amuigh ansin atá sé i láthair na huaire!"

Ba chreidte le mo bhean mo scéal ar aon chuma. Nuair a thug mé faoi deara chomh bán agus a bhí sí ina héadan, stad mé go tobann.

"B'fhéidir go dtiocfaidís anseo," ar sise arís is arís eile.

Chuir mé iallach uirthi fíon a ól, agus thug mé iarracht ar mhisneach a thabhairt di.



"Is ar éigean a thig leo na cosa a tharraingt ina ndiaidh," arsa mise.

Thosaigh mé ag tabhairt sólais di féin agus dom féin. D'inis mé di a ndúirt Ogilvy liom i dtaobh a dheacra a bheadh sé do na Marsaigh an domhan seo a chur faoina smacht. Luigh mé go speisialta ar cheist throime an aeir. Ar bharr an domhain tá meáchan an aeir trí huaire níos troime ná mar atá sé ar mhullach Mharsa. Dá bhrí sin bheadh Marsach trí huaire níos troime anseo ná ar Mhars, bíodh nach rachadh aon athrú ar mheáchan a fhéitheacha. Agus mar gheall air sin, bheadh sé an-deacair ar fad do Mharsach a chorp féin a oibriú abhus. B'shin é an bharúil a bhí ag an bpobal. Luigh an *Times* agus an *Daily Telegraph*, cuir i gcás, ar an bpointe sin, maidin lá arna mhárach, ach dhearmad siad dhá phointe, amhail a rinne mé féin, atá in aghaidh na barúla sin.

Tá a fhios againn anois gur mó an méid ocsaigine nó gur lú an méid argóin (pé cuma ar maith leat é rá) ar an domhan seo ná ar Mhars. Ba bhríomhaire gan dabht na Marsaigh de bharr na breise ocsaigine agus rinne sin a lán chun meáchan breise a gcorp a chothromú. Agus ar an dara dul síos, dhearmad siad go bhféadfadh intleacht inneallach den chineál a bhí ag na Marsaigh déanamh gan oibriú na bhféitheacha dá mba ghá sin.

Ach níor chuimhnigh mé ar na pointí sin san am, agus, ar an ábhar sin, chreid mé go daingean nach mbeadh aon dul ag na Marsaigh ar an lámh uachtair a fháil orainn. Nuair a bhí an fíon is an bia caite agam agus mé i mo shuí i mo theach féin agus mé ag iarraidh mo bhean a chiúnú, tháinig an misneach ar ais chugam diaidh ar ndiaidh.

"Tá rud amadánta déanta acu," arsa mise, ag méirínteacht le mo ghloine fíona. "Dream contúirteach is ea iad, mar is dóigh go bhfuil siad ar buile le neart scéin. B'fhéidir nach raibh aon súil acu go bhfaighidís aon bheatha ar an talamh rompu—ar aon chuma, beatha mheabhrach. Maróidh pléascán iad go léir," arsa mise, "ach é a chaitheamh isteach sa logán má chinneann dubh is dath orainn."

Ní foláir nó bhí m'aigne ní ba shoiléire ná riamh an oíche sin de bharr anfa is scanradh na n-eachtraí mar is cuimhin liom an bord sin chomh gléineach is dá mba inniu a bheadh sé ann. Is cuimhin

liom aghaidh dheas imníoch mo chaoinchéile ag glinniúint orm faoi bhun scáil bhándearg an lampa. Is cuimhin liom an brat boird bán, na gréithe airgid is na gréithe gloine agus an fíon gormdhearg i dtóin mo ghloine—mar lena linn sin is iomaí sólaistí beaga a bhíodh fiú amháin ag scríbhneoirí fealsúnachta. Is cuimhin liom iad sin go léir. Nuair a bhí an béile ite agam, d’fhan mé i mo shuí ansin, ag cogaint cnó is ag caitheamh toitín. Bhí aiféala orm i dtaobh cheanndánacht Ogilvy, agus cháin mé na Marsaigh mar gheall ar chomh haineolach eaglach agus bhí siad.

Mar sin is dócha a labhair dódó cneasta éigin in Oileán Mhuirís tráth, agus é go socair sámh ina nead, ag trácht ar an mbád lán de mhairnéalaigh neamhthrócaireacha a tháinig ar lorg bia ainmhithe. “Giobfaimid amárach iad, a chuid, nó go mbeidh siad marbh againn.”

Ní raibh a fhios agam é, ach ba é sin an dinnéar sibhialta deiridh a chaith mé go ceann i bhfad aimsire. Bhí eachtraí uafásacha, eachtraí aisteacha i ndán dom.

CAIBIDIL 8

OÍCHE DÈ HAoine

Is é an rud is aistí ar fad, dar liom, thar aon rud aisteach iontach eile dár tharla ar an Aoine sin, réchúis an phobail agus an t-athrú ábhallmhór ag bagairt orthu a chuirfeadh an saol bun os cionn gan mórán achair. Dá dtarraingeofá péire compás chugat an oíche Aoine sin agus ciorcal a líniú a mbeadh ga cúig mhíle ann ó na logáin gainimh ag Woking, is eagal liom nach bhfaighfeá oiread is duine taobh amuigh de a mbeadh aon chorrabhuais ná imní air mar gheall ar na hionróirí—cé is moite de dhaoine muinteartha na bhfear a maraíodh ar an mbán, .i. Stent, agus an dream beag rothaithe ó Londain. Chuala a lán daoine trácht ar an sorcóir, ar ndóigh, agus chuiridís an scéal trí chéile nuair a bhíodh aga acu, ach ní raibh an oiread imní orthu is a bheadh dá bhfógraítí cogadh ar an nGearmáin.

Nuair a fuarthas i Londain an sreangscéal a chuir Henderson bocht chun bealaigh ceapadh nach raibh ann ach cleas. Chuir lucht stiúrtha an nuachtáin tráthnóna sreangscéal chuige ag fiafraí de arbh fhíor an scéal agus nuair nach bhfuair siad aon fhreagra—is amhlaidh a bhí an fear marbh—bheartaigh siad gan aon eagrán speisialta a chlóbhualadh.


Taobh istigh den chiorcal cúig mhíle sin bhí formhór mór na ndaoine ar nós cuma liom. Thrácht mé cheana ar neamhshuim na bhfear is na mban ar labhair mé féin leo. Ar fud na dúiche go léir bhíothas ag ithe is ag ól; bhí oibrithe ag gabháil dá ngairdíní tar éis obair an lae, bhí páistí á gcur a chodladh, bhí daoine óga ag siúl na mbóithriní ag suirí, bhí mic léinn ag staidéar.

Teacht na Marsach

B'fhéidir go raibh siosarnach sna bailte beaga, ábhar nua cainte sna tithe tábhairne. B'fhéidir go dtagadh teachtaire ó am go ham, nó fiú amháin duine éigin a chonaic an sorcóir lena shúile cinn, a bhaineadh geit astu; ach lean a bhformhór dá ngnáthchúrsaí: ag obair, ag ithe, ag ól, ag codladh amhail a bhí déanta acu leis na cianta—amhail is nach raibh Mars ná pláinéad ar bith eile beo sna spéartha. Ag stáisiún Woking, ag Horsell is ag Chobham féin is mar sin a bhí an scéal.

Ag Gabhal Woking, go dtí go raibh sé go mall san oíche, bhí traenacha ag stopadh is ag gluaiseacht leo arís, bhí paisinéirí ag tuirlingt is ag feitheamh, agus bhí gach aon rud ar siúl mar ba ghnách. Bhí buachaill ón mbaile ag díol nuachtán a raibh nuacht an tráthnóna ann. Bhí cling agus bualadh na dtrucailí i gcoinne a chéile agus fead ghéar na n-inneall á gcóimheascadh le screadach an bhuachalla sin: “Fir as Mars!” Tháinig fir isteach sa stáisiún timpeall a naoi a chlog, iad corraithe, agus scéala dochreidte leo ach ní mó an tsuim a cuireadh iontu ná mar a chuirfí i bhfear ar meisce. Daoine a bhí ag gluaiseacht leo ar an traein go dtí Londain dhearc siad amach sa dorchadas ó fhuinneoga na gcarraistí ach ní fhaca siad ach corraithinne ag léim is ag dul as radharc thall bealach Horsell, loinnir dhearg agus brat tanaí deataigh ag imeacht thar na réaltáin anonn agus cheap na daoine sin gurbh é an fraoch a bhí trí lasadh agus gan ann ach sin. Ní fheicféa aon chorraíl ach thart le himeall an bháin. Bhí leathdhosaen tithe trí lasadh ar theorainn Woking. Bhí soilse sna tithe go léir sna trí bhaile ar thaobh an bháin, agus bhí na daoine ina suí gan codladh ansin ó gheal go geal.

Bhí plód daoine ar na droichid ag Chobham is Horsell, leisce orthu imeacht abhaile, agus fonn mór cabaireachta orthu. Thagadh daoine is d'imíodh daoine ach d'fhanadh an plód ann i gcónaí. Fuarthas amach ina dhiaidh sin go ndeachaigh duine dána nó beirt isteach sa dorchadas agus gur dhruid siad in aice leis na Marsaigh ag lámhacán; ach níor fhill siad riamh, mar anois is arís, scuabadh ga solais ar nós tóirsholas loinge cogaidh, scuabadh sé thar an mbán, agus bhí an Teas-Gha ullamh le dul ina dhiaidh. Murach sin, bhí limistéar mór sin an bháin go ciúin uaigneach agus bhí na coirp dhóite ina luí ar fud an bhaill ar feadh na hoíche



Teacht na Marsach

faoi na réaltáin, agus ar feadh an lae go léir dár gcionn. Chuala a lán daoine fuaime na gcasúr ón logán.

Mar sin a bhí an scéal oíche Dé hAoine. I lár baill, bhí an sorcóir agus é greamaithe, mar a bheadh saighead nimhe, i gcráiceann an tseanphláinéid seo againne. Ach is beag má bhí an nimh ag obair go fóill. Thart timpeall ar an sorcóir bhí an bán agus é á dhó go mall in áiteanna, agus corpáin dhubha éagruthacha le feiceáil ar éigean thall is abhus. Bhí beagán imní ar roinnt daoine ar imeall an bháin ach ní raibh buairt ar bith ar an saol mór lastall díobh sin. Bhí sruth na beatha ag gluaiseacht leis go ciúin faoi mar a bhí leis na cianta cairbreacha. An fiabhras cogaidh sin a chuirfeadh crapall ar ball le cuisle is le féith, a mharódh an misneach is a mhillfeadh an inchinn, ní raibh sé á leathadh féin go fóill.

Ó oíche go maidin bhí na Marsaigh ag bualadh is ag corraí. Codladh ná atuirse níor tháinig orthu ach iad ag gabháil de na meaisíní a bhí le hullmhú acu, agus gach re seal d'éiríodh puth de dheatach glasbhán ina lúb suas sa spéir mar a raibh na réaltáin.

Timpeall a haon déag a chlog tháinig complacht saighdiúirí trí Horsell, agus scaip siad amach soir siar ar imeall an bháin chun go mbeadh fáinne fear mórthimpeall na Marsach. Tamall ina dhiaidh sin ghluais complacht eile trí Chobham leis an taobh thuaidh den bhán a ghardáil. Bhí roinnt oifigeach ó bheairic Inkerman tar éis a bheith ar an mbán i gcaitheamh an lae, agus bhí sé ráite go raibh duine acu, an Maor Eden, ar iarraidh. Tháinig Coirnéal na buíne go dtí droichead Chobham agus bhí sé ag ceistiú na ndaoine ann ar uair an mheán oíche. Bhí tuiscint chruinn ag lucht an airm, gan aon agó, ar chontúirt an scéil go léir. Dúirt nuachtáin na maidine gur chuir complacht husár dhá ghunna Maxim, agus timpeall 400 fear de Reisimint Cardigan, chun bóthair ó Aldershot timpeall a haon déag.

Cúpla buille tar éis an mheán oíche chonaic an plód ar Bhóthar Chertsey, Woking, réalta ag titim ó na flaithis isteach sna coillte giúise ar an taobh thiar thuaidh. Bhí solas uaine aisti ag titim di, agus chuir sí lasair aisti ba gheall le tintreach an tsamhraidh. Ba é an dara sorcóir é.

CAIBIDIL 9

TOSÚ AN CHOMHRAIC

Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an Satharn úd na himní. Lá meirbh a bhí ann, agus chuala mé ina dhiaidh sin go raibh an baraiméadar ag imeacht síos suas. Is beag codladh a bhí déanta agam, ar a shon gur chodail mo bhean go maith, agus d'éirigh mé go moch. Chuaigh mé isteach sa ghairdín roimh an mbricfeasta agus d'fhan mé ag éisteacht ach fuaim ar bith níor tháinig ón mbán seachas ceol fuiseoige.

Tháinig fear an bhainne mar ba ghnách. Chuala mé fothram na trucaile agus chuaigh mé timpeall go dtí an taobhgheata chun an nuacht a chloisteáil. Dúirt sé liom go raibh an t-arm tar éis teacht thart ar na Marsaigh le linn na hoíche, agus go rabhthas ag súil le gunnaí móra. Ansin chuala mé fuaim choitianta a thug croí is misneach dom, traein ag rith i dtreo Woking.

“Ní dhéanfar iad a mharú,” arsa fear an bhainne, “más féidir é a sheachaint ar chor ar bith.”

Chonaic mé mo chomharsa ag garraíodóireacht, rinne mé babhta comhrá leis, agus ansin shiúil mé go mall isteach chun mo bhricfeasta. Maidin mar mhaidin ar bith eile a bhí ann. Ba é an tuairim a bhí ag mo chomharsa go ngabhfaidh an t-arm na Marsaigh nó go ndéanfaidís iad a dhíothú i gcaitheamh an lae.

“Is trua go bhfuil sé chomh deacair sin caidreamh a dhéanamh leo,” ar seisean. “Bheadh sé an-suimiúil a chloisteáil cén chaoi a maireann siad ar phláinéid eile; b’fhéidir go bhfoghlaimeodimis rud nó dhó uathu.”

Tháinig sé anall go dtí an fál chugam, agus sheachaid lán a dhoirn de shútha talún orm. Níor lú a fhéile ná feabhas a

gharraíodóireachta. Ag an am céanna d'inis sé dom gur dódh na coillte giúise móorthimpeall an ghalfhúrsa ag Byfleet.

"Tá sé ráite," ar seisean, "go bhfuil ceann eile de na rudaí beannaithe sin tar éis titim ansiúd—uimhir a dó. Ach ní beag ceann amháin díobh, ba dhóigh leat. Cosnóidh an t-iomlán pingin mhaith do lucht an árachais sula mbeidh cúiteamh déanta sa damáiste go léir." Rinne sé gáire groí mórchroíoch le linn dó bheith á rá sin. Dúirt sé go raibh na coillte trí lasadh go fóill agus thaispeáin sé ceo deataigh dom. "Beidh siad te faoi chois go ceann tamaill mar gheall ar an sraith thiubh de spíonlaigh ghiúise atá ann," ar seisean, agus ansin tháinig gruaim air mar gheall ar "Ogilvy bocht".

Tar éis bricfeasta, in áit dul ag obair, bheartaigh mé ar shiúl síos i dtreo an bháin. Fuair mé deascán saighdiúirí faoi dhroichead an bhóthair iarainn romham—sapair a bhí iontu, dar liom, caipíní beaga timpeallacha is casóga salacha dearga oscailte orthu a raibh a léinte gorma le feiceáil fúthu. Bhí brístí dubha orthu agus bróga a bhí chomh fada suas leis an gcolpa orthu. Dúirt siad liom nach raibh cead ag duine ar bith dul thar an gcanáil agus ag féachaint síos an bóthar dom chun an droichid, chonaic mé duine de na saighdiúirí san airdeall ann. Rinne mé scaitheadh cainte leis na saighdiúirí seo; d'inis mé dóibh cé mar a fuair mé amharc ar na Marsaigh an oíche roimhe sin. Ní fhaca duine ar bith acu féin na Marsaigh, agus ní raibh a fhios acu cén sórt iad i dtreo gurb iomaí ceist a chuir siad orm ina dtaobh. Dúirt siad nárbh eol dóibh cé a d'ordaigh an t-arm dul amach; agus bhí barúil acu gurb amhlaidh a d'éirigh achrann éigin idir Gardaí na nEach. Is fearr go mór an t-oideachas a bhíonn ag an sapar ná mar a bhíonn ag an ngnáthshaighdiúir, agus is cruinn go léir an cur is an cúiteamh a rinne siad i dtaobh an chomhraic a bhí rompu b'fhéidir. Mhínigh mé an Teas-Gha dóibh, agus thosaigh siad ag argóint eatarthu féin.

"Dul ar do bholg suas chucu i bhfoscadh agus ruathar a thabhairt fúthu, sin é a chomhairleoinnse," arsa duine acu.

"Cuir uait!" arsa duine eile. "Cén foscadh atá le fáil ar an talamh anseo? Is éard tá le déanamh againn teacht chomh gar dóibh agus a ligfidh an talamh dúinn agus trínse a rómhar ansin."

“Drochrath ar do thrinsí! Bíonn tusa ag iarraidh trinsí i gcónaí; trua nach i do choinín a rugadh tú, a Snippy.”

“Nach bhfuil muineál ar bith orthu mar sin?” arsa an tríú duine go tur—fear beag dubh smaointeach a bhí ag caitheamh a phíopa.

Thug mé a gcomharthaí sóirt arís dóibh.

“Ochtapais,” ar seisean, “sin é a thabharfainnse mar ainm orthu. Bí ag caint leat ar iascaireacht fear—ag troid in aghaidh éisc a bheimid an babhta seo.”

“Ní haon mhurdar é beithigh den chineál sin a mharú,” arsa an chéad duine a labhair.


“Tuige nach séidfimis na feithidí beaga san aer lom láithreach agus a bheith réidh leo?” arsa an fear beag dubh. “Ní fhéadfá a rá cén fuadar a bheadh fúthu.”

“Cá bhfuil an gléas séidte agat?” arsa an chéad chainteoir. “Níl aon am againn. Sciúird a thabhairt fúthu, sin é mo chomhairlese daoibh, agus é a dhéanamh ar an bpointe boise.”

Mar sin a chuir siad faoi dhíospoireacht é. D’fhág mé iad i gceann scaithimh, agus chuaigh mé ar aghaidh go dtí an stáisiún traenach lena oiread nuachtán maidine a cheannach is a bhí le fáil.

Ach is fearr gan cur síos ar an maidin fhada sin ná ar an tráthnóna a bhí níos faide féin ná sin. Níor éirigh liom oiread is catsúil a fháil ar an mbán arae bhí stua na dteampall féin idir lámha ag lucht an airm. Na saighdiúirí ar labhair mé leo ní raibh a dhath ar eolas acu; bhí na hoifigigh go rúnmhar is go gnóthach. Fuair mé go raibh muintir an bhaile go suaimhneach arís ó tharla an t-arm ina bhfianaise, agus chuala mé den chéad uair ó Mharshall, an tobacadóir, go raibh a mhac i measc na marbh ar an mbán. Bhí na saighdiúirí tar éis iallach a chur ar na daoine ar imeall Horsell na tithe a chur faoi ghlas agus imeacht leo as an áit.

Tháinig mé abhaile chun lóin timpeall a dó. Bhí tuirse mhór orm óir bhí an lá, mar a dúirt mé cheana, go han-mheirbh, agus le faoiseamh beag a thabhairt dom féin bhí folcadh fuar agam sa tráthnóna. Timpeall leathuair tar éis a ceathair chuaigh mé suas go dtí an stáisiún traenach le nuachtán tráthnóna a cheannach óir ní raibh i nuachtáin na maidine ach tuairisc an-neamhchruinn i dtaobh bhás Stent, Henderson, Ogilvy agus an chuid eile acu. Ach is beag a bhí ann nárbh eol dom cheana. Ní raibh amharc ar bith



de na Marsaigh le feiceáil. Bhí siad go griothalánach sa logán, de réir dealraimh, agus bhí fuaime na gcasúr agus síorshruth deataigh ag teacht ón mball. Bhí siad ag ullmhú le haghaidh comhraic, ba chosúil. “Tugadh iarrachtaí eile ar scéal a chur chucu le comharthaí ach theip orthu,” b’shin a raibh de thuairisc sna nuachtáin go léir. Dúirt sapar liom gurb é an chaoi a ndearnadh amhlaidh, fear i ndíog agus bratach ar bharr cuaille fhada aige. Níor thug na Marsaigh aird air ach an oiread is thabharfaimisne ar bhúireach bó.

Caithfidh mé a admháil gur chorraigh an armáil is an t-ullmhúchán seo go léir mé go mór. Bhí m’aighe lán de chúrsaí troda agus chuimhnigh mé ar dhosaen slite ina bhféadfaí na hionróirí a chloí; tháinig a bheag nó a mhór de bhrionglóidí catha is crógachta m’óige ar ais chugam. Ar éigean ba chothrom liom an comhrac san am. Dhealraigh na Marsaigh a bheith i gcruachas sa logán sin acu.

Timpeall a trí a chlog thosaigh gunna ag caitheamh gach re tamall ó Chertsey nó ó Addlestone. Dúradh liom go rabhtas ag ionsaí na coille giúise inar thit an dara sorcóir le súil go millfí é sula n-osclófaí é. Bhí sé nach mór a cúig a chlog, ámh, sular shroich an chéad ghunna mór Chobham le cur i gcion in aghaidh an chéad chipe de na Marsaigh.

Timpeall a sé tráthnóna agus mé ag ól tae le mo bhean sa ghrianán agus mé ag caint go tréan i dtaobh an chatha a bhí ag bagairt orainn, chuala mé pléascadh leathmhúchta ón mbán agus coinscleo gunnaí go díreach ina dhiaidh. Lean madhmadh tréan corrach é, é an-ghar dúinn; chroith an talamh fúinn; agus nuair a rith mé amach ar an bplásóg chonaic mé barra na gcrann thart ar Choláiste an Oirthir ag pléascadh amach trí lasadh dhearg deataigh, agus shleamhnaigh túr an teampaill bhig láimh leis anuas ina fhothrach. Bhí stua an mhosc imithe as radharc, agus bhí a leithéid sin de dhealramh ar dhíon an Choláiste go gceapfa go raibh gunna céad tonna tar éis a bheith ag gabháil dó. Chnag ceann de na simléir againne amhail a bhuailfeadh urchar é, d’imigh sé leis chun bealaigh, agus tháinig píosaí de ag cleatráil anuas ar na sclátaí go ndearna carn de phoitreacha dearga briste ar an gceapach bláthanna faoi fhuinneog mo sheomra staidéir.

Teacht na Marsach

Thit an lug ar an lag orm féin is ar mo bhean. Ansin tuigeadh dom nach foláir nó bhí mullach Chnoc Maybury i raon Theas-Gha na Marsach ón uair a bhí an Coláiste glanta as an mbealach.

Leis sin rug mé ar lámh ar mo bhean, agus tharraing mé amach ar an mbóthar í. Ansin tharraing mé an cailín aimsire amach, á rá léi go rachainn féin suas ag tóraíocht an bhosca sin a bhí ag teastáil uaithi chomh géar sin.

“Ní fhéadfaimid fanacht anseo,” arsa mise; agus ní túisce a labhair mé ná thosaigh an caitheamh arís ar an mbán.

“Ach cén áit a rachaimid?” arsa mo bhean agus scéin inti.

Rinne mé machnamh, gan a fhios agam céard ab fhearr a dhéanamh. Ansin chuimhnigh mé ar a daoine muinteartha i Leatherhead.

“Leatherhead!” arsa mise go hard os cionn an ghleo thobainn.

Dhearc sí uaim síos an cnoc. Bhí na daoine ag teacht as na tithe agus alltacht orthu.

“Cén chaoi a n-éireoidh linn dul chomh fada le Leatherhead?” ar sise.

Achar beag síos an cnoc chonaic mé gasra husár ag marcaíocht isteach faoi dhroichead an bhóthair iarainn; chuaigh triúr acu ar cosa in airde trí gheataí oscailte Choláiste an Oirthir; thuirling beirt eile dá gcapaill, agus thosaigh siad ag rith ó theach go teach. Bhí dath na fola ar an ngrian a bhí ag lonrú tríd an deatach os cionn bharra na gcrann agus bhí solas dearg neamhchoitianta ar gach rud.

“Fan anseo,” arsa mise; “ní baol duit anseo;” agus thug mé m’aghaidh lom díreach ar an Spotted Dog arae bhí a fhios agam go raibh capall agus carr ag an óstóir. Rith mé liom, mar thuig mé nárbh fhada go mbeadh gach éinne ar an gcnoc sin ag teitheadh ón áit. Fuair mé an t-óstóir i seomra an óil, agus é dall ar fad ar an obair a bhí ar siúl ar chúl a thí. Bhí fear ina sheasamh ann ag caint leis.

“Caithfidh mé punt a fháil,” arsa an t-óstóir, “agus níl éinne agam a thiomáinfeadh é.”

“Tabharfaidh mise dhá phunt duit,” arsa mise, isteach thar ghualainn an strainséara.

“Cé lena aghaidh?”

“Agus tabharfaidh mé ar ais roimh mheán oíche é,” arsa mise.

“A Thiarna!” arsa an t-óstóir, “cén deifir atá ort? Ag díol ceathrú muice atá mé. Dhá phunt agus é a thabhairt ar ais? Cén chiall é sin?”

Mhínigh mé dó faoi dheifir go raibh orm imeacht as an mbaile agus fuair mé an carr uaidh. Ag an am sin ní fhacthas dom go raibh oiread práinne leis an óstóir a bhaile féin a fhágáil. D’fhéach mé chuige go bhfuair mé an carr láithreach bonn baill agus thiomáin mé síos an bóthar ansin. D’fhág mé mo bhean is an cailín aimsire i mbun an chapaill, rith mé isteach sa teach agus rinne mé roinnt rudaí luachmhara agus an oiread pláta airgid is óir is a bhí againn a chur i dtoll a chéile. Bhí na crainn bheithe á ndó a fhad a bhí an gnó seo ar siúl agam, agus bhí loinnir dhearg ar an bpáil suas an bóthar. A fhad is a bhí mé istigh tháinig duine de na husáir ag rith leis síos an bóthar. Bhí sé ag dul ó theach go teach ag rá leis na daoine imeacht leo. Bhí sé ag cur de nuair a tháinig mé amach doras an halla, agus na rudaí fillte i mbrat boird faoi m’ascaill agam. Ghlaoigh mé amach ina dhiaidh:

“Cén scéal é?”

D’iompaigh sé ar a sháil, stán orm agus do ghlaoigh amach in ard a chinn is a ghutha go raibh “rud éigin ag gabháil amach ar a bholg i rud ba chosúil le cumhdach méise,” agus rith leis ar aghaidh go dtí an teach ar mhullach an chnoic. Scuab guairne de Dheatach Dubh trasna an bhóthair agus bhí sé as mo radharc ar feadh nóiméidín. Rith mé go doras theach mo chomharsan, agus bhuail mé ar an doras chun deimhin a dhéanamh, rud ab eol dom cheana, go raibh a bhean imithe go Londain in éindí leis, agus go raibh an teach curtha faoi ghlas acu. Chuaigh mé isteach arís, mar a gheall mé, le bosca an chailín aimsire a fháil, tharraing i mo dhiaidh amach é, sháigh suas ar an gcarr taobh thiar di é, rug ar an srian agus léim isteach i gcrannóg an tiománaí le hais mo mhná céile. Nóiméad eile agus bhí an deatach is an fothram inár ndiaidh agus sinn ag lascadh le fána Chnoc Maybury i dtreo Old Woking.

Bhí an tír go ciúin grianmhar os ár gcomhair amach, gort cruithneachta ar gach taobh den bhóthar agus Óstán an Maybury lena chomhartha luascach. Chonaic mé carr an dochtúra amach

Teacht na Marsach

romham. Ag bun an chnoic d'iompaigh mé thart ag féachaint ar an dúiche a bhí fágtha i mo dhiaidh agam. Bhí píireanna tiubha de Dheatach Dubh is snáitheanna de thine dhearg ag preabadh suas sa spéir chiúin, agus scáileanna dorcha á gcaitheamh acu ar bharra glasa na gcrann thoir. Bhí an deatach leata go mór cheana thoir is thiar—chomh fada leis na coillte giúise i mByfleet thoir, agus chomh fada le Woking ar an taobh thiar. Bhí an bóthar breac le daoine ag rith chugainn. Agus go héadrom ach go soiléir in aer ciúin te an tráthnóna chuala mé siansán meaisínghunna a stopadh ar ball, agus cnagaireacht raidhfíli ó am go ham. Bhí na Marsaigh, de réir dealraimh, ag cur gach ní trí thine dár tháinig i raon an Teas-Gha.

Ní sárthiománaí mé, agus b'éigean dom aire a thabhairt don chapall lom láithreach. Nuair a dhearc mé siar athuair bhí an Deatach Dubh i bhfolach laistiar den dara cnoc. Tharraing mé stiall ar an gcapall leis an bhfuip, agus lig mé an srian leis nó go raibh Woking agus Send idir sinn agus an rírá buile sin. Tháinig mé suas leis an dochtúir agus scoith amach thairis idir Woking agus Send.

CAIBIDIL 10

AN STOIRM

Tá Leatherhead timpeall dhá mhíle dhéag ó Chnoc Maybury. Bhí boladh an fhéir san aer ó na móinéir thorthúla taobh thall de Phyrford, agus bhí na sconsaí ar gach taobh go cumhra milis is cuimse feirdhriseacha ag fás orthu. An tréanchaitheamh a bhris amach le linn dúinn bheith ag tiomáint le fána Chnoc Maybury stop sé chomh tobann is a thosaigh sé, agus d'fhág sé an tráthnóna go ciúin suaimhneach ina dhiaidh. Shroicheamar Leatherhead gan mhíthapa timpeall a naoi a chlog, agus bhí scíth uair an chloig ag an gcapall le linn dom a bheith ag caitheamh suipéir le mo dhaoine muinteartha agus ag moladh dóibh aire a thabhairt do mo bhean.

B'aisteach a chiúine a bhí mo bhean ar an turas. Chonacthas dom go raibh sí faoi ualach bróin agus buartha. Labhair mé léi go breá réidh chun misneach a thabhairt di, chuir mé in iúl di nach bhféadfadh na Marsaigh an logán a fhágáil toisc a dtroime féin, agus, ar an gcuid is mó de, ní fhéadfaidís ach dul ag lámhacán beagán slí amach as. Ach níor thug sí ach “sea” nó “ní hea” mar fhreagra orm. Murach an gealltanais a thug mé don óstóir chuirfeadh sí iallach orm, is dóigh liom, an oíche a chaitheamh i Leatherhead. Nach mairg nár chaith! Bhí a haghaidh an-bhán, is cuimhin liom, nuair a scar mé léi.

Maidir liom féin bhí mé an-chorraithe ar feadh an lae sin go léir. Bhí rud éigin cosúil leis an bhfiabhras cogaidh, a bhuaileann pobal sibhialta uaireanta, i mo chuislí, agus ní raibh aon bhrón orm faoi rá is go mbeinn ag dul ar ais go Maybury an oíche sin. B'éagal liom go deimhin gurbh é deireadh na Marsach an ruathar urchar

Teacht na Marsach

deiridh sin dár chuala mé. Is é an míniú is fearr a thig liom a thabhairt ar staid m'intinne gur theastaigh uaim a bheith i láthair nuair a bheadh an buille deiridh á chur i gcion.

Bhí sé beagnach a haon déag nuair a bhuail mé bóthar abhaile. Bhí an oíche níos dorchá ná mar a bhí coinne againn; chonacthas domsa go raibh sé an-dubh agus mé ag siúl amach as teach soilsithe mo chol ceathrair, agus bhí sé chomh te meirbh agus a bhí sé i lár an lae. Bhí na scamaill os ár gcionn á scuabadh trasna na spéire, ar a shon nár chorráigh smeámh gaoithe an duilliúr inár dtimpeall. Las seirbhíseach mo chol ceathrair an dá lampa. Bhí seaneolas agam ar an mbóthar ar ámharaí an tsaoil. Bhí mo bhean ina seasamh sa solas ar leac an dorais, agus í ag breathnú orm nó gur léim mé suas isteach sa charr. Ansin d'iompaigh sí uainn go tobann, gur fhág sí mo dhaoine muinteartha le hais a chéile ag cur slán liom.

Bhí beagán lionn dubh orm i dtosach nuair a chuimhnigh mé ar eagla mo mhná, ach níorbh fhada gur ar na Marsaigh a bhí mé ag smaoineamh arís. Ag an am sin bhí mé dall ar chúrsa troda an tráthnóna. Níorbh eol dom fiú amháin cén chaoi ar thángthas in árach a chéile. Ag teacht trí Ockham dom (mar b'shin é an bealach a chuaigh mé ar ais agus ní trí Send agus Old Woking) chonaic mé le himeall na spéire san iarthar loinnir ar dhath na fola agus í ag éalú go mall suas sa spéir de réir mar dhruid mé ina haraicis. Bhí scamaill na stoirme toirní a bhí ag teacht á meascadh ansin le meallta dubha is dearga deataigh.

Ní raibh duine ná deoraí i Sráid Ripley, agus seachas solas a bhí le feiceáil i bhfuinneog nó dhó ní cheapfá go raibh éinne beo sa tsráid; ach is beag bídeach nár bhain timpiste dom ag coirnéal an bhóthair go Pyrford, mar a raibh scata daoine agus a gcúl acu liom. Ní dúirt siad aon rud liom nuair a bhí mé ag gabháil tharstu. Níl a fhios agam cén t-eolas a bhí acu ar na rudaí a bhí ag titim amach taobh thall den chnoc, ná níl a fhios agam an raibh daoine ina sámhchodladh sna tithe a ndeachaigh mé tharstu ar mo bhealach, nó an amhlaidh a bhí siad tréigthe folamh, nó a mbunadh faoi alltacht is scéin iontu ag faire is ag éisteacht i gciúnas na hoíche.

Bhí mé i ngleann an Wey ó Ripley siar chomh fada le Pyrford, agus bhí an loinnir dhearg i bhfolach uaim. Agus mé ag dul in


éadan an chnoic bhig taobh thall de Theampall Pyrford tháinig an loinnir i léargas dom arís, agus chrith na crainn i mo thimpeall ag tabhairt scéala dom go raibh an stoirm buailte liom. Ansin chuala mé uair an mheán oíche ag bualadh ó Theampall Pyrford ar mo chúl, agus chonaic mé ansin Cnoc Maybury go dubh os mo choinn agus barra na gcrann is na ndíonta go dubh géar in aghaidh na deirge.

Le linn an radharc seo a bheith romham las loinnir ghlé ghlas an bóthar i mo thimpeall, agus nochta na coillte i gcéin in aice Addlestone dom. Mhothaigh mé an srian á tharraingt. Chonaic mé go ndeachaigh mar a bheadh snáithe de ghlas-tine trí na scamail scuabacha gur thit anuas sna páirceanna ar mo lámh chlé. Ba é sin an tríú réalta a thit!

Agus go grod i ndiaidh na taibhse sin agus go dearg-ghorm i gcomórtas lena ghlaise sin, léim an chéad splanc tintrí amach ag rince, agus phléasc an toirneach mar a dhéanfadh roicéad os mo chionn. Thóg an capall an bhéalbhach idir a chuid fiacla agus d'imigh sé ó smacht orm.

Tá fánán beag síos go bun Chnoc Maybury, agus lascamar leis síos. An túisce a thosaigh an tintreach lean uirthi agus ní fhaca mé riamh a thapúla is a tháinig na splancacha i ndiaidh a chéile. Lean na bladhmanna toirní a chéile chomh tapa sin agus a leithéid sin de chnagarnach aisteach ag gabháil leo gur chosúla iad le meaisín mór millteach leictreach ag obair ná an pléascadh a chloistear de ghnáth. Dhallfadh an solas preabach duine is chuirfeadh sé mearbhall air, agus shéid clocha sneachta go teann i m'éadan de réir mar a bhí mé ag tiomáint síos le fána.

I dtosach is beag aird a thug mé ar aon ní seachas an bóthar romham, ach go tobann ansin thug mé faoi deara rud éigin ag gluaiseacht faoi luas anuas na leacan eile de Chnoc Maybury. I dtosach shíl mé gur ceann fliuch tí a bhí ann ach nuair a lean splanc splanc eile chonaic mé go raibh siúl mear luascach faoi. Ní raibh ann ach amharc móiminte—an dorchadas do mo dhalladh tráth, agus ansin splanc ba ghile ná solas an lae—chonaic mé os mo chomhair go glan soilseach foirgnimh dhearga na Díleachtlainne in aice mhullach an chnoic, barra glasa na gcrann giúise, agus an Rud aisteach seo.



Agus an Rud seo a chonaic mé! Cén chaoi a gcuirfidh mé síos air? Inneall ábhalmhor trichosach ab airde ná mórán tithe, ag tabhairt abhóg thar na crainn ghiúise, agus á gcnagbhriseadh is á mbrú sa siúl dó; inneall siúil de mhiotal lonrach, ag tabhairt abhóg trasna an fhraoigh; rópaí cruaihe ar sileadh anuas leis, agus tormán torannach a choiscéimeanna á meascadh le ruaille buaille na toirní. Tháinig splanc agus chonaic mé go gléineach é, ag tabhairt leathscód agus dhá chos san aer aige, go ndeachaigh as radharc is gur láithrigh ar an bpointe boise nach mór, chonacthas dom, leis an gcéad splanc eile, céad slat ní ba ghair dom. An bhféadfá stóilín beag a mheabhrú duit féin á unfairt is á theilgean go fórsúil feadh an bhóthair? Ba é sin an smaoineamh a chuir na splancacha sin i m'aighe. Ach i leaba stóilín bhig cuir meall mór meaisín ar sheastán trichosach i gcás duit féin.

Go tobann ansin brúdh na crainn i gcoill na giúise ar leataobh romham, faoi mar a bhrúfadh fear ar leataobh giolcacha sobhriste a mbeadh sé ag imeacht tríothu go mear; sracadh aníos agus caitheadh amach i ndiaidh a gcinn iad, agus tháinig an dara hinneall ollmhór i láthair is é ag lascadh leis glan díreach i mo choinne, dar liom féin. Agus mise ag imeacht sa charr i mbarr na bhfáscaí ina choinne sin! Nuair a leag mé mo shúil ar an dara harracht thréig mo mhisneach mé ar fad. Gan breathnú arís air, tharraing mé ceann an chapail go tréan chun deisil, agus ar ala na huaire thiontaigh an carr amach ar an gcapall; bhris na leathlaithe go fothramach, agus caitheadh mise amach ar mo thaobh agus thit mé de phlimp i linn thanaí uisce.

D'éalaigh mé amach as lom láithreach ar mo bholg, agus d'fhan mé ar mo chromada faoi thom aitinn is mo chosa san uisce go fóill. Bhí an capall sínte gan mhothú gan arann (a mhuineál a bhí briste, an beithíoch bocht!) agus chonaic mé, le splancacha na tintrí, meall dubh an chairr iompaithe ar a bhéal faoi, agus an roth ag rothlú go mall. I gceann nóiméid bhí an meaisín ollmhór ag imeacht d'abhóga tharam go ndeachaigh sé suas an cnoc i dtreo Pyrford.

Níl léamh ná insint scéil ar aisteachas an Ruda sin i do chongar mar níorbh aon mheaisín gan chéill é ag tiomáint leis. Meaisín a bhí ann gan dabht, agus siúl fuaimintiúil miotalach faoi, agus

Teacht na Marsach

crúba fada soilseacha solúbtha (ceann acu i ngreim i gcrann óg giúise) ag luascadh is ag cnagarnach anuas lena chorp aisteach. Ag imeacht dó bhreathnaigh sé an áit a leagfadh sé a chosa agus ba léir ar an gcuma a raibh an húda práis ag bogadh ó thaobh go taobh go raibh ceann istigh ann. Taobh thiar den phríomhchorp bhí rud ollmhór bán miotalach mar a bheadh ciseán a bheadh ag fathach d'iascaire, agus sciurd putha glasa deataigh amach as ailt na ngéag nuair a bhí an t-arracht ag gabháil tharam. Le tiontú an tsoip bhí sé imithe.

Ní fhaca mé ach an méid sin, agus is ar éigean a chonaic arae bhí sé anois ina ghlésholas dalltach anois ina dhúdhorchacht ag na splancanna tintrí.

Ag dul tharam dó thosaigh sé ag búireach go maíte agus chomh hard sin gur bádh torann na toirní, gach “Alú! Alú!” as. I gceann nóiméid eile bhí sé i gcuideachta a chompánaigh leathmhíle slí uaim agus é ag cromadh os cionn rud éigin sa pháirc. Níl aon amhras orm ach gurbh é an Rud sa pháirc an tríú ceann de na deich sorcóir a chaith siad linn ó Mhars.

D'fhan mé i mo luí ansin faoin mbáisteach sa dorchadas is mé ag faire go ceann tamaillín. Ní raibh de sholas agam ach na splancacha tintrí. D'fhair mé na rudaí ollmhóra miotail ag bogadh anonn is anall i gcéin os cionn bharr na bhfál. Bhí clocha sneachta ag titim go bog anois, agus de réir mar a thagadh is a d'imíodh na ceathanna, bhíodh a gcruthanna doiléir tamall agus soiléir tamall eile. Anois agus arís bhíodh bearna idir dhá splanc agus ní fheicinn iad ar chor ar bith.

Bhí mé i mo líbín báite ag na clocha sneachta is uisce an phluda faoi mo chosa san am céanna. Níor chuir mé an mearbhall glan díom go ceann tamaill; ansin d'éalaigh mé suas an port go dtí ionad a bhí ní ba thirime agus chuimhnigh mé ar an gcontúirt ina raibh mé.

Bhí bothán adhmaid feirmeora i lár paiste bhig de gharraí prátaí is gan é i bhfad uaim. D'éirigh mé ar mo chosa faoi dheireadh agus idir chromadh agus luí dom d'éirigh liom é a bhaint amach. Bhuaile mé go teann ar an doras, ach níor fhéad mé na daoine a mhúscailt (má bhí duine ar bith ann) agus i gceann tamaill chuir mé suas de, go ndeachaigh mé ag lámhacán, gan na meaisíní uamhnacha do

mo thabhairt faoi deara, isteach sa choill ghiúise a bhí láimh le Maybury.

Chuir mé díom go fliuch creathánach tríd an gcoill chun mo thí. I measc na gcrann a bhí mé ag siúl is mé ag lorg an chosáin. Bhí sé an-dorcha ar fad sa choill, mar b'fhada ó chéile gach dhá splanc um an dtaca sin, agus bhí na clocha sneachta ag clagarnach anuas agus ag titim ina gcolún trí bhearnaí sa duilliúr trom.

Dá dtuiginn go hiomlán brí na rudaí a bhí feicthe agam dhéanfainn mo bhealach thart le Byfleet go Street Cobham agus mar sin ar ais go dtí mo bhean chéile i Leatherhead. Ach chosc aduaine na rudaí i mo thimpeall agus fuacht is tinneas mo choirp orm é sin a dhéanamh, óir bhí mé briste brúite báite tuirseach, agus dall is bodhar ina theannta sin ag an stoirm.

Bhí cineál rúin agam dul ar aghaidh go dtí mo theach féin, ach b'shin a raibh de rún agam. Chuaigh mé go tuisleach trí na crainn. Thit mé isteach i ndíog agus ghortaigh mé mo ghlúine ar phlanc, agus ar deireadh thiar thall tháinig mé ag lapadaíl amach ar an lána atá ag dul anuas ón *College Arms*. "Lapadaíl" an focal is fearr, mar bhí uisce na stoirme ag scuabadh an ghainimh anuas an cnoc ina thuile lathaí. Ansiúd sa dorchadas bhuail fear i mo choinne agus theilg siar mé i ndiaidh mo chúil.

Lig sé glao scéiniúil as, léim ar leataobh, agus rop leis chun cinn sular fhéad mé mo mheabhair a chruinniú chun cainte leis. Le déine na stoirme san áit sin chuaigh sé rite liom mo bhealach a dhéanamh suas in éadan an chnoic. Chuaigh mé gar isteach don fhál ar thaobh na láimhe clé agus rinne mé mo bhealach suas feadh an fháil.

In aice an mhullaigh bhain rud bog éigin tuisle asam, agus le splanc tintrí, chonaic mé carn d'éadach dubh agus péire bróg idir mo chosa. Sular fhéad mé a dhéanamh amach cén chaoi a raibh an fear ina luí, bhí an léas beag solais imithe. Sheas mé os a chionn ag fanacht leis an gcéad splanc eile. Nuair a tháinig sé, chonaic mé gur fear ligthe déanta a bhí ann, éadaí saora air ach iad go maith; bhí a cheann lúbtha isteach faoina chorp agus é ina luí gar don fhál ina chnap, amhail is dá gcaithfí de thurraing ina choinne é.

Níor leag mé mo lámh ar chorpán riamh roimhe sin agus ba lag liom é a dhéanamh ach chrom mé agus thiontaigh mé anonn é

Teacht na Marsach

chun go mothóinn a chroí. Bhí sé fuar marbh. A mhuineál a bhí briste, de réir dealraimh. Tháinig an tríú splanc tintrí, agus chonaic mé a aghaidh. Phreab mé i mo sheasamh. Óstóir an *Spotted Dog* a bhí ann, an té a thug tamall dá charr dom.

Shiúil mé thairis go cúramach agus chuir díom suas an cnoc. Chuaigh mé thar bheairic na bpóilíní agus an *College Arms* i dtreo mo thí féin. Ní raibh aon ní á dhó ar leaca an chnoic bíodh go raibh loinnir dhearg ón mbán agus tormán de dheatach dearg ag bualadh suas in éadan na gcloch sneachta. Chomh fada agus a d'fhéad mé a fheiceáil leis na splancacha bhí formhór na dtithe i mo thimpeall slán. Láimh leis an *College Arms* bhí carn dubh ina luí ar an mbóthar.

Chuala mé glórtha agus fuaim na gcos aníos an bóthar ó Dhroichead Maybury chugam, ach ní raibh sé de mhisneach ionam glaoch amach nó dul chucu. D'oscail mé an doras le m'eochair, is chuir faoi ghlas is faoi bholta i mo dhiaidh é. Ghabh mé anonn go tuisleach go dtí an staighre gur bhuail mé fúm. Bhí m'intinn lán de na harrachtaí fadchosacha miotalacha úd agus den chorpán a bhí ina luí go brúite briste le hais an fháil.

Shuigh mé ar mo chromada ag bun an staighre, mo dhruim leis an mballa, is mé ag ballchrith go tréan.

CAIBIDIL 11

AG AN BHFUINNEOG

Dúirt mé cheana gur minic a shíothlaíonn na rachtanna tréana sin a thagann orm, gur minic a shíothlaíonn siad astu féin. I gceann scaithimh mhothaigh mé go raibh mé fuar fliuch, agus go raibh locháin bheaga uisce ar bhrat an staighre i mo thimpeall. D'éirigh mé i mo sheasamh i ngan fhios dom féin beagnach, chuaigh mé isteach i seomra an bhia, agus d'ól mé roinnt fuisce. Ghluais mé ansin chun mo chuid éadaigh a athrú.

Nuair a bhí sin déanta agam chuaigh mé suas an staighre go dtí mo sheomra staidéir, ach má rinne féin níl a fhios agam cén fáth. Tá radharc le fáil ó fhuinneog an tseomra staidéir amach thar na crainn agus thar an mbóthar iarainn ar Bhán Horsell. Bhí oiread sin deifir orainn ag imeacht ón teach an chéad uair gur fágadh an fhuinneog seo ar oscailt. Bhí an pasáiste dorchá, agus i gcomórtas leis an bpictiúr a bhí á dhéanamh ag comhla na fuinneoige bhí an taobh sin den seomra chomh dubh le pic. Bhain stad dom go tobann ar an tairseach.

Bhí deireadh leis an toirneach. Bhí túir Choláiste an Oirthir agus na crainn ghiúise máguaird imithe ó léargas. I bhfad i gcéin uaim, ámh, bhí an bán mórthimpeall na bpoll gainimh le feiceáil agus loinnir sárdhearg á lasadh. Bhí scáileanna dubha ábhalmhóra arbh aisteach liom a gcruth is a gcosúlacht ag imeacht go saothrach anonn is anall tríd an solas.

Mheasfadh duine go deimhin go raibh an dúiche sin go léir trí lasadh—leaca leathana cnoic agus mionlasracha tine anseo is ansiúd ann, agus iad ag bogadh is ag lúbarnaíl faoi shaighneáin na stoirme a bhí ag maolú; scáil dhearg á caitheamh acu ar mheall na scamall in airde sa spéir. Anois agus arís ghluaiséadh deatach ó thine éigin ba ghairé dom thar an bhfuinneog agus dhéanadh sé


Teacht na Marsach

claochlú ar scáileanna na Marsach. Níor fhéad mé a fheiceáil cén fuadar a bhí fúthu, ná a gcruth ceart a dhéanamh amach, ná na rudaí dubha a aithint a raibh oiread sin saothair orthu ag gabháil dóibh. Níor fhéad mé ach an oiread an tine ba ghaire dom a fheiceáil cé go raibh scáileanna uaithi ag rince ar an mballa agus ar shíleáil an tseomra staidéir. Bhí boladh géar roisíneach san aer.

Dhún mé an doras gan fothram agus d'éalaigh mé anonn ar mo ghlúine chuig an bhfuinneog. Le linn dom bheith á dhéanamh sin, mhéadaigh ar an radharc nó go bhfaca mé na tithe thart ar Woking ar thaobh amháin, agus na crainn sheargtha dhóite ghiúise ag Byfleet ar an taobh eile. Bhí solas taobh thíos den chnoc, ar an mbóthar iarainn, le hais an stua, agus bhí roinnt de na tithe ar Bhóthar Maybury agus ar na sráideanna le hais an stáisiúin ina ngríosach. Chuir an solas úd ón mbóthar iarainn mearbhall orm i dtosach; carn dubh a bhí ann agus loinnir ghléigeal, agus ar a dheis sin scuaidrín de bhoscaí buí. Ansin thuig mé gur traein réabtha iad sin, a tosach briste agus trí lasadh, agus na carráistí deiridh ina seasamh ar na ráillí go fóill.

Bhí limistéir de tír dhubh istigh idir na trí phríomháit seo a bhí ar lasadh, .i. na tithe, an traein, agus an dúiche dhóite i dtreo Chobham. Chonaic mé paistí talún thall is abhus a bhí á ndó go fóill agus deatach ag éirí astu aníos. Ba é an radharc ab aistí dá bhfaca neach beo riamh é, an ceantar dubh sin agus na lasracha ag gobadh aníos as. Is é a chuir sé i gcuimhne dom, thar aon ní eile, dúiche na gcriadóirí de shiúl oíche. Duine ná deoraí, ná fiú cosúlacht duine, ní fhaca mé i dtosach, cé gur bhreathnaigh mé an áit go géar le súil go bhfeicfinn. Ach níos faide anonn san oíche chonaic mé scata fíoracha dubha faoi sholas stáisiún Woking agus iad ag deifriú i ndiaidh a chéile trasna na líne.

Agus ba é seo an domhan beag inar chónaigh mé go suaimhneach leis na blianta, an chíor thuathail dhearg seo! Pé ar bith rud a tharla i gcaitheamh na seacht n-uaireanta an chloig roimhe sin níorbh fheasach mé go fóill é, ná níorbh fheasach mé, cé go raibh mé ag tosú ar dhul amach air, cén gaol a bhí idir na fathaigh seo d'innill agus na leibidí móra a chonaic mé á sá amach as an sorcóir. D'imigh an scáth díom. D'iompaign mé mo chathaoir isteach chun na fuinneoige, bhuail mé fúm, agus chuir mé na súile tríd an dúiche dhubh dhortha sin, agus go háirithe, trí na trí rudaí dubha sin a raibh méid fathaigh iontu, agus a bhí ag dul anonn is anall sa solas mór a bhí thart timpeall na bpoll.



Teacht na Marsach

Chonacthas dom go raibh cruóg an tsaoil orthu. Thosaigh mé ag fiafraí díom féin céard iad ar chor ar bith. An meaisíní meabhracha a bhí iontu? Mheas mé nárbh fhéidir a leithéid a bheith fíor. Nó an amhlaidh a bhí Marsach ina shuí istigh i ngach ceann díobh, á rialú, á stiúradh is ag baint feidhme as amhail mar bhíonn an inchinn ina suí i gcorp an duine á rialú? Thosaigh mé ag déanamh comórtais idir iad agus meaisíní an duine, agus á fhiafraí díom féin den chéad uair le mo bheo cén bharúil a bheadh ag ainmhi ar bheagán meabhrach de long iarainn nó d'inneall gaile.

Bhí an spéir go geal i ndiaidh na stoirme, agus bhí Mars mar a bheadh ceann bioráin ag titim i léig in iarthar na spéire amuigh os cionn dheatach na talún dóite, nuair a tháinig an saighdiúir isteach sa ghairdín. Chuala mé scríobadh beag ag an bhfál. Chroith mé díom an mharbhántacht a bhí orm. Dhearc mé síos go bhfaca mé ar éigean é ag gabháil isteach thar an bhfál chugam. Nuair a chonaic mé gur duine daonnaí é d'imigh an mharbhántacht díom, agus shín mé amach go cíocrach chuige.

"Fuist!" arsa mise de chogar.

Bhí cos leis isteach thar an bhfál nuair a labhair mé agus bhain stad dó. Ansin tháinig sé anall thairis agus trasna na plásóige leis go dtí binn an tí.

"Cé sin?" ar seisean de chogar, agus é ina sheasamh faoin bhfuinneog ag breathnú aníos.

"Cá bhfuil tú ag dul?" a d'fhiafraigh mé de.

"Ag Dia atá a fhios sin."

"An ag iarraidh dul i bhfolach atá tú?"

"Sea."

"Tar isteach sa teach," arsa mise.

Chuaigh mé síos, bhain an glas den doras agus lig isteach é, agus ansin chuir mé an glas ar an doras arís. Níor fhéad mé a aghaidh a fheiceáil. Ní raibh aon hata air, agus bhí a chóta oscailte.

"A Thiarna Dia!" ar seisean agus mé á tharraingt isteach.

"Céard a tharla?" arsa mise.

"Céard nár tharla?" Thug mé faoi deara sa bhreacsholas an gotha éadóchasach a chuir sé de. "Dhíothaigh siad sinn—sin é a rinne siad," ar seisean arís agus arís eile.

Lean sé mé isteach i seomra an bhia ach is beag má bhí fhios aige céard a bhí sé a dhéanamh.

“Ól braon fuisce,” arsa mise agus dhoirt mé deoch mhaith mhór amach dó.

D’ól sé é. Ansin shuigh sé go tobann os comhair an bhoird, leag a cheann anuas ar a lámha, gur thosaigh ag smeacharnach is ag caoineadh mar a dhéanfadh buachaill beag. Idir an dá linn bhí mé i mo sheasamh ina aice—dearmad á dhéanamh agam ar an éadóchas a bhí orm féin ó chianaibh—agus iontas orm faoin sár-racht seo a bhí air.

B’fhada an t-achar sula raibh sé in ann smacht a chur air féin agus mo cheisteanna a fhreagairt agus fiú ansin féin is é a bhí briste buartha. Tiománaí i ndíorma airtléire a bhí ann agus ní dheachaigh sé isteach sa ghleo go raibh sé timpeall a seacht a chlog. Ag an am sin bhíothas ag caitheamh trasna an bháin, agus ceapadh go raibh an chéad bhuíon de na Marsaigh ag lámhacán go mall faoi chlúdach scéithe miotail i dtreo an dara sorcóir a bhí acu.

Ina dhiaidh sin d’éirigh an sciath seo go guagach ar thrí chos go ndearnadh de an chéad cheann de na Meaisíní Troda a chonaic mé féin. Scaoileadh na capaill den ghunna a bhí á thiomáint ag an bhfear in aice Horsell, le go mbeadh na poill ghainimh i raon aige, agus ba é tháinig as teacht an ghunna luas a chur leis an gcath. Le linn do na gunnadóirí a bheith ag dul ar chúl an ghunna, chuir a chapall cos leis isteach i bpoll coinín gur thit agus gur chaith é féin isteach i log sa talamh. San am céanna phléasc an gunna taobh thiar de, loisceadh an púdar, bhí lasracha ina thimpeall agus is é an chaoi a bhfuair sé é féin ina luí faoi charn de chorpáin dhóite agus de chapail mhharbha.

“D’fhan mé i mo luí gan cor asam,” ar seisean, “gan léas céille i mo cheann le neart faitís, agus ceathrú tosaigh capaill anuas sa mhullach orm. Bhíomar scriosta. Agus an boladh—uch, a Dhia na nGrást! Mar a bheadh feoil dhóite! Bhí mo dhroim gortaithe áit ar thit an capall air, agus b’éigean dom bheith i mo luí ansin nó gur tháinig faoiseamh orm. Nóiméidín amháin roimhe sin bhí sé mar a bheimis ar paráid—ansin an barrthuisle, an pléascadh, an lascadh!

“Tá deireadh linn!” ar seisean.

Is amhlaidh a luigh sé i bhfolach faoin gcapall marbh ar feadh i bhfad, agus é ag glinniúint amach gach re babhta thar an mbán. Thug na fir as Cardigan ruathar faoin bpoll gainimh, agus iad sínte amach ó chéile in eagar catha, ach maraíodh gach mac máthar acu. Ansin is ea a d’éirigh an t-arracht ar a chosa, gur thosaigh ag

Teacht na Marsach

siúl ar a shocracht anonn is anall ar an mbán i measc na seachránaithe, a húda mar a bheadh cloigeann ag casadh ó thaobh taobh díreach mar a bheadh ceann manaigh. I lámh leis bhí cas casta miotalach faoi ghathanna glaslonracha, agus is amach as an gcás sin a sceitheadh an Teas-Gha.

I gceann cúpla nóiméad, chomh fada agus a d'fhéad an saighdiúir a fheiceáil, ní raibh duine beo fágtha ar an mbán, agus chuile sceach is crann nach raibh dubh dóite cheana bhí sé trí lasadh. Taobh thall den ardán a bhí na husáir agus ní fhaca sé a dhath díobh. Chuala sé na meaisínghunnaí ag cnagadh ar feadh tamaill ach thit siad dá dtost ansin. Is ar stáisiún Woking agus na tithe máguaird a thug an fathach a aghaidh ar deireadh thiar; ansin ar thiontú an tsoip díríodh an Teas-Gha orthu, agus níor fágadh den bhaile mór ach luaithreach is lasracha. Ansin chuir an Rud cosc leis an Teas-Gha, thug a chúl le fear na hairtléire agus thosaigh ag imeacht go tútach i dtreo na gcoillte giúise áit a raibh an dara sorcóir i bhfolach. Lena linn sin, d'ardaigh an dara fathach soilseach é féin aníos as an log.

Lean an dara harracht an chéad cheann, agus leis sin thosaigh fear na hairtléire á shníomh féin go hairdeallach trasna an fhraoigh the i dtreo Horsell. D'éirigh leis an díog le taobh an bhóthair a shroicheadh gan chiotrainn agus as sin d'éalaigh sé leis go Woking. As sin níor fhéad sé a scéal a insint go ciallmhar. Níorbh fhéidir dul tríd an áit. Is cosúil go raibh beagán daoine beo ann, a bhformhór as a gciall, agus mórán acu dóite scallta. B'éigean dó imeacht ón tine agus chuaigh sé i bhfolach i measc carn cloch, áit ar thit balla nuair a d'fhill ceann de na fathaigh. Chonaic sé an ceann seo ag leanúint fir agus á thógáil suas i gceann dá chrúba cruach, gur bhuail a chloigeann in aghaidh bun crainn ghiúise. Ar deireadh thiar thall, le titim na hoíche bhain fear na hairtléire as go beo agus d'éirigh leis na cosa a thabhairt slán thar an mbóthar iarainn.

Ó shin i leith is é an chaoi a raibh sé ag éalú leis i dtreo Maybury, le súil go bhféadfadh sé dul ón gcontúirt dá mbeadh sé ní ba ghaire do Londain. Bhí daoine ar a gcoimeád i dtrinsí agus i siléir, agus bhí mórán den mhuintir a bhí beo ag teitheadh leo i dtreo shráidbhaile Woking agus Send. Bhí sé spallta leis an tart nó gur tháinig sé trasna ar cheann de phríomhlíonra an uisce in aice an droichid iarnróid agus é briste agus an t-uisce ag brúchtadh amach ar an mbóthar mar a bheadh fuarán ann.

Is é sin an scéal a mheall mé uaidh i leaba a chéile ina bheagán is ina bheagán. D'éirigh sé ní ba shocra le linn dó bheith á insint agus é ag iarraidh na rudaí a chonaic sé a chur ar mo shúile dom. Dúirt sé liom nuair nach raibh mórán den scéal inste aige nár ith sé aon bhia ó mheán lae agus sholáthraigh mé roinnt caoireola agus aráin sa chistin agus thug mé isteach sa seomra é. Níor lasamar aon lampa, ar eagla na Marsaigh a tharraingt orainn, agus is mion minic a theagmhaigh ár lámha le chéile agus sinn ag lorg na feola is an aráin. De réir mar a bhí sé ag caint bhí na toim a satlaíodh faoi chois agus na crainn róis bhriste ag dul i léire lasmuigh. Cheapfadh duine go raibh scata fear nó ainmhithe tar éis an phlásóg a chur díobh anall de ruathar. Thosaigh mé ar a aghaidh a fheiceáil, í dubh caite, agus is dócha go raibh m'aghaidh féin chuile orlach chomh dona.

Nuair a bhí deireadh ite againn chuamar go ciúin socair suas an staighre go dtí an seomra staidéir, agus d'fhéach mé amach an fhuinneog oscailte arís. In aon oíche amháin bhí gleann luaithrigh déanta den ghleann. Bhí na tinte ag dul in éag um an dtaca sin. An áit a raibh lasracha cheana ní raibh ann anois ach púireanna deataigh; ach na fothracha as cuimse de thithe réabtha ruaigthe agus de chrainn dhubha fheoite a ceileadh san oíche, bhí siad go léir anois ansiúd ina n-uafás mór i solas neamhthrócaireach mhaidneachan an lae. Ach anseo is ansiúd bhí rud éigin a raibh an t-ád air is a tháinig slán—cuaille bán bóthair iarainn anseo, binn grianáin ansiúd, agus iad go bán úr i lár na trachlaise. Ní dhearnadh riamh roimhe i stair an chogaidh millteanas ba fhorleithne ná ba neamhchúramaí. Agus, mórthimpeall an logáin, agus iad ag lonrú le solas an oirthir, bhí trí cinn de na fathaigh mhíotalacha ina seasamh, a gcochaill ag casadh timpeall mar a bheidís ag féachaint ar an léirscrios a bhí déanta acu.

Chonacthas dom go rabhthas tar éis an logán a mhéadú agus riamh is choíche bhí putha de ghal ghlé ghlas ag éirí aníos as chun fáinniú an lae—ag éirí as, ag casadh, ag briseadh, is ag dul as radharc.

Ar an taobh thall bhí na béilteacha tine mórthimpeall Chobham. Rinneadh púireanna deataigh díobh le bánú an lae—púireanna deataigh agus rian na fola iontu.

CAIBIDIL 12

RADHARC A FUAIR MÉ AR WEYBRIDGE AGUS SHEPPERTON AGUS IAD Á SCRÍOSADH

De réir mar chuaigh an mhaidin i ngile chúlaíomar ón bhfuinneog trínar fhéachamar ar na Marsaigh agus chuamar go han-chiúin síos an staighre.

D'aontaigh fear na hairtléire nár shlán dúinn fanacht sa teach. Bhí faoi, dúirt sé, a bhealach a dhéanamh go Londain, agus gabháil as sin go dtí a bhataire—an dara díorma déag d'Airtléire na nEach. Is é an plean a bhí agam féin dul ar ais ar an bpointe go dtí Leatherhead. Bhí cumhacht na Marsach chomh mór sin ina luí ar m'aigne go raibh rún agam mo bhean a thabhairt go dtí Newhaven agus imeacht as an tír léi lom láithreach. Mar thuig mé go maith go gcaithfí cogadh millteach a dhéanamh sa dúiche thart ar Londain sula bhféadfaí na harrachtaí seo a chur dá gcosa.

Idir sinn is Leatherhead, ámh, bhí an tríú sorcóir ina luí is a fhathaigh á fhaire. Dá mbeinnse i m'aonar, sílim go rachainn sa seans leo agus go dtabharfainn do na cosa trasna na tíre é. Ach chuir fear na hairtléire a mhalairt de chomhairle orm: "Níl sé ceart ná cóir baintreach a dhéanamh de do bhean más í an cineál deas í"; agus i ndeireadh na dála d'aontaigh mé go rachainn ina theannta ó thuaidh chomh fada le Street Cobham, faoi scáth na gcoillte, sula scarfainn leis. As sin ghabhfainn an mórthimpeall trí Epsom nó go mbainfinn Leatherhead amach.

Dá mbeinn ar mo chomhairle féin is amhlaidh a bhuailfinn bóthar ar an toirt, ach bhí cleachtadh ag mo chompánach ar an gcogadh, agus bhí a mhalairt de chiall aige. Chuir sé iallach orm an teach a chuardach ó bhun go barr nó gur aimsigh mé buidéal dó. Líon sé le fuisce é; agus líonamar an uile phóca le paicéid bhrioscaí

Radharc a Fuair mé ar Weybridge agus Shepperton

agus le slisní feola. Ansin d'éalaíomar amach as an teach, agus ritheamar chomh tapa agus a d'fhéadamar síos an bóthar drochdhéanta sin a ghabh mé an oíche roimhe. Bhí de chosúlacht ar na tithe nach raibh críostaí mhic an luain iontu. Bhí trí chorpán dhóite ina luí le hais a chéile ar an mbóthar—an Teas-Gha a bhuail marbh iad; agus anseo is ansiúd bhí rudaí a thit ó dhaoine—clog, slipéar, spúnóg airgid, agus earraí eile den sórt sin. Ag an gcoirnéal ar an mbealach go dtí oifig an phoist bhí cairt bheag gan chapall agus í lán de bhoscaí is de bhaill troscáin, is í ina luí amach ar a taobh ar roth briste. Bhí taisceadán ansin a briseadh faoi dheifir agus é caite ansiúd faoin mbruscar.

Cé is moite den teaichín ag geata na Dilleachtlainne, a bhí trí lasadh go fóill, is beag an dochar a rinneadh do theach ar bith ansin. Is amhlaidh a scoith an Teas-Gha thar bharr na simléar. Ach, ar a shon sin, chonacthas dúinn nach raibh neach beo ar Chnoc Maybury seachas an bheirt againn. Is dócha gur éalaigh formhór mhuintir na háite leo bóthar Old Woking soir—ba é sin an bóthar a ghabh mé féin nuair a thiomáin mé go dtí Leatherhead—nó go raibh siad imithe i bhfolach.

Chuamar síos an bóithrín, thar an gcorpán a bhí ann—bhí a chuid éadaigh báite anois de bharr bháisteach na hoíche—agus bhrúmar romhainn isteach sna coillte a bhí ag bun an chnoic. Leanamar orainn i dtreo an bhóthair iarainn gan duine ná deoraí a chasadh orainn. Na coillte seo taobh thall den líne ní raibh iontu ach conablaigh dhubha dhóite; bhí formhór na gcrann tite, ach bhí roinnt díobh ina seasamh go fóill, ar a shon nach raibh iontu ach stumpaí duaiseacha glasa agus duilliúr donn dubh orthu in ionad an duilliúir ghlais ba dhual dóibh.

Ar ár dtaobhna tíre ní raibh déanta ag an dóiteán ach na crainn ba ghaire don líne a scoladh; chinn air dul i ngreim sa choill. In áit amháin a raibh na coillteoirí ag obair ann Dé Sathairn bhí na crainn leagtha is gléasta go córach, iad ina luí i réiteach, cairn de mhin sáibh in aice leis an meaisín sábhadóireachta agus inneall an mheaisín. Buailte leis an áit bhí bothán sealadach agus é tréigthe. Ní raibh smeámh gaoithe ann an mhaidin sin agus b'aisteach ar fad an ciúnas a bhí ar an uile rud. Bhí fiú na héin ina dtost, agus de réir mar a dheifrigh mé féin is fear na hairtléire linn bhíomar ag cogarnach le chéile, nuair a bhí gá le caint a dhéanamh, agus dhearcaimis thar ár nguaillí ó am go ham. Uair nó dhó stadamar chun bheith ag éisteacht.

I gceann tamaill dhruideamar i ngar don bhóthar agus lena linn sin chualamar gliogram capall agus chonaiceamar triúr marcach airm ag tiomáint go mall i dtreo Woking. Chuireamar forrán orthu agus bhain stad dóibh a fhad a bhíomarna ag rith chucu. Leifteanant agus beirt de shaighdiúirí singile den 8ú Husár a bhí iontu. Bhí seastán acu ba chosúil le teodailít ach dúirt fear na hairtléire liom ina dhiaidh gur héileagraf a bhí ann.

"Sibhse na chéad daoine a chonaic mé ag gabháil an bealach seo ar maidin," arsa an leifteanant. "Céard atá ar bun?"

Bhí an cíocras ina ghlór is ina cheannaithe. Dhearc na fir eile go fiafraitheach orainn. Léim fear na hairtléire síos an port agus rinne sé cúirtéis don oifigeach.

"Scríosadh gunna aréir, a dhuine uasail. Bhí mé i bhfolach. Ag iarraidh teacht suas leis an mbataire, a dhuine uasail. Má leanann tú ort timpeall leathmhíle síos an bóthar tá mé ag ceapadh go bhfaighidh tú radharc ar na Marsaigh."

"Cén sórt iad ar aon chuma?" arsa an leifteanant.

"Fathaigh faoi éide cogaidh. Céad troigh ar airde. Trí chos fúthu agus corp orthu mar a bheadh alúmanam, agus ceann ábhalmhór faoi chochall orthu, a dhuine uasail."

"Díth céille!" arsa an leifteanant. "A leithéid de raiméis!"

"Feicfidh tú nach raiméis é, a dhuine uasail. Bíonn cineál bosca ar iompar acu, a dhuine chóir, a chaitheann tine amach agus a mharaíonn duine ar an bpointe."

"Céard atá i gceist agat—gunna, an ea?"

"Ní hea, a dhuine uasail," agus thosaigh fear na hairtléire ar mhiontuairisc a thabhairt ar an Teas-Gha. Nuair a bhí a leath inste aige chuir an leifteanant cosc leis agus dhearc sé suas ormsa. Bhí mé fós i mo sheasamh ar an bport le himeall an bhóthair.


"An bhfaca tusa é?" arsa an leifteanant.

"Is fíor an uile fhocal de," arsa mise.

"Tá go maith," arsa an leifteanant. "Is dócha gurb é mo ghnósa é a fheiceáil freisin. Féach"—le fear na hairtléire—"tá de dhualgas orainne anseo na daoine a ghlanadh amach as a dtithe. B'fhearr duit dul ar aghaidh agus cuntas a thabhairt ort féin don Bhriogáidire-Ghinearál Marvin, agus a bhfuil ar eolas agat a insint dó. I Weybridge atá sé. 'Bhfuil eolas na slí agat?"

"Tá agamsa," arsa mise; agus chas sé ceann a chapail ó dheas arís.

"Leathmhíle slí a dúirt tú?" ar seisean.



Teacht na Marsach

“Ar an gcuid is mó de,” arsa mise, agus phointeáil mé thar bharr na gcrann ó dheas. Ghabh sé buíochas liom agus thiomáin leis. Ní fhacamar arís iad.

Achar eile síos an bóthar thángamar suas le triúr ban agus beirt pháistí ar an mbóthar agus iad go gnóthach ag glanadh botháin sclábhaí amach. Bhí trucail bheag láimhe acu agus bearta salacha agus troscán mídhealraitheach á gcarnadh acu air. Bhí an iomarca fuadair fúthu le labhairt linne ag dul tharstu dúinn.

Thángamar amach ó fhoscadh na gcrann giúise láimh le stáisiún Byfleet agus thugamar faoi deara go raibh an tuath ciúin socair faoi sholas gréine na maidine. Bhíomar i bhfad amach ó raon an Teas-Gha ansin, agus murach cuid de na tithe a bheith go ciúin tostach folamh, agus an fothram a bhí á dhéanamh i gcuid eile acu le linn dá muintir a bheith ag cur bagáiste i dtoll a chéile; murach sin agus an scata saighdiúirí ina seasamh ar an droichead os cionn an bhóthair iarainn agus iad ag stánadh ar an iarnród i dtreo Woking, cheapfadh duine gurbh ionann é is Domhnach ar bith eile.

Bhí roinnt vaigíní agus cairteacha feirme ag gluaiseacht go díoscánach suas an bóthar chuig Addlestone, agus go tobann trí gheata páirce chonaiceamar sé ghunna dhá phunt déag, iad ina seasamh comhfhad ó chéile i bpáirc íseal agus iad dírithe ar Woking. Bhí na gunnadóirí ina seasamh le hais na ngunnaí ag fanacht, agus na vaigíní armlóin i bhfogas dóibh. Bhí na fir ina seasamh mar a bheifí ag déanamh cigireachta orthu.

“Is maith é sin!” arsa mise. “Éireoidh leo an t-aon urchar amháin a chaitheamh, pé scéal é.”

Bhí fear na hairtléire go himníoch.

“Cuirfidh mise díom ar aghaidh,” ar seisean.

De réir mar a theannamar rud beag eile i dtreo Weybridge, taobh thall den droichead go díreach bhí deascán fear agus cotaí bána giotamála orthu ag caitheamh suas rampar fada. Bhí tuilleadh gunnaí taobh thiar díobh.

“Is é fearacht na mboghanna is na saighead in aghaidh na tintrí é, ar mh’anam,” arsa fear na hairtléire. “Ní fhaca siad an ga tine sin go fóill.”

Na hoiffigigh nach raibh aon obair faoi leith acu bhí siad ag féachaint siar ó dheas thar bharr na gcrann, agus bhreathnaíodh na fir an treo céanna gach uair a stadaidís de bheith ag rómhar.

Bhí Byfleet ina ruaille buaille, daoine ag pacáil, agus scór husár—cuid acu ar a gcapaill is cuid acu ag siúl—á saighdeadh. Bhí trí nó ceithre cinn de vaigíní rialtais á líonadh ar an tsráid. Vaigíní dubha a bhí iontu agus crosta greanta orthu i lár ciorcail bháin. Bhí na sluaite daoine ann agus oiread sin ómóis ag a bhformhór don Domhnach go raibh a gculaith Dhomhnaigh á caitheamh acu. Bhí a ndóthain dá dhua á fháil ag na saighdiúirí ag iarraidh contúirt an scéil a chur i dtuiscint dóibh. Chonaiceamar seandúine críonna craptha amháin a raibh bosca mór agus breis is fiche pota bláthanna ina raibh magairlí aige, chonaiceamar é ag bagairt go feargach ar cheannaire a bhí á bhfágáil ina dhiaidh. Stad mé gur rug mé ar uilleann air.

“Bhfuil fhios agat céard atá thall ansin?” arsa mise agus phointeáil mé chuig barra na gcrann a raibh na Marsaigh folaithe acu.

“É?” ar seisean ag casadh chugam. “Bhí mé ag cur i gcéill dó gur luachmhar iad seo.”

“An bás!” arsa mise go hard. “Tá an bás ag teacht! An bás!” agus d’fhág mé i mo dhiaidh é á mheabhrú sin agus dheifrigh liom i ndiaidh fhear na hairtléire. Nuair a shroich mé an coirnéal d’fhéach mé siar. Bhí an saighdiúir tar éis é a fhágáil. Bhí sé ansin go fóill le hais an bhosca, potaí na magairlí ar a bharr sin, agus é ag féachaint go grinn thar na crainn.

Níor fhéad duine ar bith i Weybridge a rá linn cén áit a raibh príomhoifig an airm suite; bhí an áit go léir trína chéile ar dhóigh nach raibh baile ar bith eile dá bhfaca mé riamh. Cairteacha is carráistí ar fud an bhaill, an cnuasach is aistí de chapail is de chórracha iompair ar domhan. Muintir mhacánta na háite idir fhir gona n-éadaí gailf nó bádóireachta agus a gcuid ban dea-ghléasta ag pacáil, fámairí na habhann ag cuidiú leo go tréan, páistí corraithe ach a bhformhór go lúcháireach toisc caitheamh aimsire a bheith acu nár ghnách Dé Domhnaigh. I lár an ghleo go léir bhí an séiplíneach cneasta ag comóradh seirbhíse—agus ba mhisniúil uaidh é a dhéanamh—agus bhí a chlog á bhualadh go fothramach os cionn an rírá.

Shuigh an bheirt againn ar chéim an fhuaráin agus d’itheamar béile réasúnta den bhia a bhí tugtha againn linn. Bhí scataí saighdiúirí—nórbh iad na husáir feasta iad ach gránadóirí—ag fógairt ar na daoine bogadh leo as an áit nó dul faoi fhoscadh sna siléir an tuisce a thosódh an caitheamh. Ag dul thar dhroichead an bhóthair iarainn dúinn chonaiceamar go raibh slua daoine, agus é

ag dul i méid diaidh ar ndiaidh, bailithe sa stáisiún nó taobh amuigh de. Bhí boscaí is pacáistí ina gcairn ar an ardán. Tuigtear dom gur coisceadh na gnáth-thraenacha chun cead gluaiste a thabhairt do na trúpaí is na gunnaí a bhí ag dul go Chertsey, agus chuala mé ó shin go raibh brú agus tarraingt ann agus muintir an bhaile ar lorg ionad sa traein faoi leith a soláthraíodh dóibh níos déanaí.

D'fhanamar i Weybridge go dtí meán lae, agus um an dtaca sin bhíomar ag an áit in aice loc Shepperton mar a bhfuil an Wey agus an Tamais ag teacht le chéile. Chaitheamar cuid den am ag cuidiú le beirt seanbhan a bhí ag cur earraí i gcairt bheag. Tá trí bhéal ar an Wey, agus báid le fáil ar cíos ag an mball seo, agus bhí báid eile ag tabhairt daoine anonn is anall ar íocaíocht. Bhí teach tábhairne ar thaobh Shepperton agus plásóg ar a aghaidh amach agus taobh thiar de sin bhí túr Theampall Shepperton ag bagairt a chinn os cionn na gcrann.

Casadh slua corraithe ardghlórach de na teifigh ansiúd orainn. Ní raibh an t-anfa orthu go fóillín ach bhí breis daoine ann cheana féin ná mar a bhí de bháid ann faoina gcomhair, in ainneoin a ndícheall a dhéanamh ag imeacht anonn is anall gan stad. Daoine ag teacht i gcónaí le hualaigh throma. Saothar orthu. Bhí fear áirithe ann is a bhean agus céard a bhí siad a iompar ach doras beag agus cuid d'earraí an tí ina charn anuas air. Dúirt fear amháin linn go raibh rún aige iarracht a dhéanamh ar imeacht ó stáisiún Shepperton.

Bhí mórchuid béicthe, agus bhí fiú fear amháin ag déanamh grinn. Is é an tuairim a bhí ag an bpobal, de réir cosúlachta, gur dhaonnaithe cumasacha iad na Marsaigh a dhéanfadh an baile a ionsaí is a chreachadh, b'fhéidir, ach go sárófaí orthu i ndeireadh na dála. Gach re tamall thugadh na daoine sracfhéachaint eaglach trasna na habhann, ar na bánta i dtreo Chertsey, ach bhí chuile shórt ciúin ansiúd.

Bhí an ciúnas céanna ar an taobh thall den Tamais ach amháin san áit a rabhthas ag dul i dtír; níorbh ionann go deimhin is taobh Surrey de. Na daoine a chuaigh i dtír ansin ó na báid d'imigh siad leo ag siúl go mear síos an bóithrín. Bhí an bád mór tar éis turas a dhéanamh. Bhí triúr nó ceathrar saighdiúirí ina seasamh ar phlásóg an tí tábhairne, ag féachaint ar na teifigh is ag magadh fúthu, ach cabhair ná cúnamh níor thairg siad d'éinne. Bhí an



Teacht na Marsach

teach tábhairne dúnta mar níor cheadmhach biotáille a dhíol an tráth sin den lá.

“Céard é sin?” arsa bádóir, agus “Dún do chlab, a phleidhce!” arsa fear i m’áice le madra a bhí ag tafann. Ansin tháinig an fhuaim arís, ó Chertsey an babhta seo, buille múchta—fuaime gunna.

Bhí an troid ag tosú. Lom láithreach nach mór tháinig a mhacalla sin ó na batairí a bhí folaithe taobh thall den abhainn ar ár ndeis, iad ag caitheamh go teann, ceann i ndiaidh a chéile. Lig bean scréach aisti. Sheas gach duine againn agus gan cor ná car asainn. Bhí an cath á riar go tobann i ngar dúinn ach gan é le feiceáil go fóill againn. Ní raibh dada le tabhairt faoi deara, seachas na bánta isle, na ba ag iníor go neamhchásamhar; agus saileacha barrscoite airgeadúla gan cor astu i solas buí na gréine.

“Cuirfidh na saighdiúirí stop leo,” arsa bean go hamhrasach le m’ais. D’éirigh ceo os cionn bharra na gcrann.

Ansin go tobann chonaiceamar púir deataigh i bhfad suas an abhainn, puth deataigh a léim san aer agus a d’fhan ar crochadh ann, agus ar an toirt chrith an talamh, chorraigh pléascadh láidir an t-aer, briseadh dhá fhuinneog nó trí sna tithe láimh linn agus fágadh faoi alltacht sinne.

“Seo chugainn iad!” arsa fear a raibh geansaí gorm air in ard a chinn. “Thall ansin! Nach bhfeiceann sibh iad? Thall ansin!”

Siúd duine, beirt, triúr, ceathrar Marsach armtha ag siúl go mear i ndiaidh a chéile, i bhfad uainn thar na crainn bheaga is thar na bánta leathana, agus iad ag baint as go beo i dtreo na habhann. Ba chosúil i dtosach iad le daoine beaga, is cochaill orthu, iad ag imeacht ó thaobh taobh chomh tapa le héin ag eitilt.

Ansin tháinig an cúigiú ceann agus é ag déanamh orainne go caol díreach. Lonraigh a gcoirp armtha sa ghrian ag gluaiseacht dóibh go luathchosach anuas ar na gunnaí, agus chuaigh siad i méid go tiubh de réir mar a theann siad linn. An ceann amuigh ar ár gclé ar fad, is é sin le rá an ceann ab fhaide uainn, d’ardaigh sé cás ábhalmhór go hard san aer agus bhuail an Teas-Gha taibhseach uafásach sin a chonaic mé oíche Dé hAoine, bhuail sé baile mór Chertsey.

Nuair a chonaic na daoine ar bhruach na habhann na créatúir aisteacha uafásacha meara seo bhuail an scéin iad. Scréachach ná béicíl ní dhearnadh ach an uile dhuine ina thost. Ansin thosaigh monabhar slóchtach agus gliogram cos agus plobarnach ón uisce. Fear a raibh an iomarca scanraidh air leis an bportmanta a bhí ar

Radharc a Fuair mé ar Weybridge agus Shepperton

a ghualainn a scaoileadh uaidh chas sé timpeall agus bhuail buille den mhála orm a chuir tamall ó bhaile mé. Bhrúigh bean ar leataobh mé agus rith amach tharam. D'iompaigh mé féin freisin leis an mbrú daoine ach bhí mo mheabhair chinn agam in ainneoin an scanraidh a bhí orm. Bhí an Teas-Gha uafásach i mo chuimhne. Dul faoi uisce! B'shin é é!

"Isteach faoin uisce libh!" arsa mise i seanard mo ghlóir ach níor thug éinne aird orm.

D'iompaigh mé thart arís, agus thug mé sciúird i dtreo na Marsach—síos an cladach gairbhéil liom agus isteach san uisce i ndiaidh mo chinn. Rinne daoine eile an rud céanna. Ag rith thart dom tháinig bád lán de dhaoine ar ais arís agus léim siad go léir amach. Bhí na clocha faoi mo chosa go sleamhain salach, agus bhí an abhainn chomh híseal sin gur rith mé fiche troigh agus an t-uisce le mo chabhail ar éigean. Ach nuair d'éirigh an Marsach os mo chionn, agus gan é thar chúpla céad slat uaim chaith mé mé féin amach faoin tonn. Ba gheall le toirneach i mo chluasa plobarnach na ndaoine ag léimneach isteach san abhainn as na báid dóibh. Bhí daoine ag dul i dtír go tapa ar dhá thaobh na habhann. Ach ní mó an aird a thug an meaisín Marsach ar dhaoine ag rith mar seo is mar siúd ná mar a thabharfadh fear ar na seangáin a chorródh amach as an nead a mbuailfeadh sé a chos ina coinne. Bhí mé leathphlúchta nuair a d'ardaigh mé mo cheann ón uisce. Bhí cochall an Mharsaigh dírithe ar na gunnaí a bhí ag caitheamh trasna na habhann go fóill agus ag dul chun tosaigh dó scaoil sé uaidh gléas giniúna an Teas-Gha ní foláir.

Bhí an Rud ar an bport i gceann nóiméid, agus leath slí trasna tríd an uisce in aon abhóg amháin. Lúb glúine na gcos tosaigh ag an bport thall, agus i gceann nóiméid eile d'ardaigh sé a chorp chomh fada agus a d'fhéad sé láimh le baile beag Shepperton. Ar an bpointe boise chaith na sé ghunna a bhí i bhfolach ar chúl an bhaile bhig i ngan fhios do dhuine ar bith, chaith siad leis i dteannta a chéile. Na pléascanna tobanna i ngar dom, an ceann deiridh go mear i ndiaidh an chéad cheann, chuir siad mo chroí ag léimneach. Bhí an cás a ghineadh an Teas-Gha á ardú cheana féin ag an arracht, nuair a phléasc an chéad sliogán sé slata os cionn an chochail.

Chuir mé glao asam le neart iontais. Ní fhaca mé agus ba róchuma liom na ceithre arracht eile ó Mhars: bhí mo shuim go léir san eachtra ba ghaire dom. Lena linn sin phléasc dhá phléascán eile san aer in aice na cabhlach agus chas an chochall

Teacht na Marsach

thart in am trátha don cheathrú pléascán. Níor fhéad sé é a sheachaint.

Phléasc an sliogán go díreach i mbéal an Ruda. Bholg is lonraigh an cochall agus mearscaoileadh ina bhlúirí de dheargfheoil agus de mhíotal shoilseach é.

"Tá sé buailte!" arsa mise go hard, de leathscréach is de leathgháir.

Chuala mé na daoine san uisce i mo thimpeall do m'fhreagairt. Is beag nár léim mé as an uisce le neart gliondair.

Chuaigh an colasas gan cheann ag fuaidreamh mar a dhéanfadh fathach ar meisce; ach níor thit sé. Gan aird ar bith aige feasta ar a choiscéimeanna, agus cás teilgte an Teas-Gha ardaithé go righin aige, bhrostaigh sé go tapa i dtreo Shepperton. An intleacht bheo, an Marsach a bhí taobh istigh den chochall bhí sé marbh agus a chuid fola imithe leis an ngaoth, agus ní raibh sa rud anois ach gléas casta miotail ag imeacht gan stiúir chun a bhasctha. Rop sé leis caol díreach ar aghaidh gur bhuail sé túr Theampall Shepperton agus gur leag é amhail a dhéanfadh reithe cogaidh. Ghabh sé ar leataobh ansin, lean leis go dallta, gur thit de phlimp uafásach isteach san abhainn as mo radharc.

Bhí dianphléascadh ann a chrith an spéir agus léim steall uisce, gaile is lathaigh i bhfad suas san aer in airde. Is amhlaidh a rinneadh gal den uisce nuair a bhuail cás teilgte an Teas-Gha é. I gceann nóiméidín ina dhiaidh sin tháinig tonn ábhalmhór mar a bheadh tonn tuile ann ag scuabadh leis aníos thar an gcasadh a bhí sa sruth. Chonaic mé daoine ag cur díobh isteach chun cladaigh agus chuala mé ag scréachach is ag liúireach iad ar a shon gur mín a bhí a nglórtha i gcomórtas le fiuchadh is búireach an Mharsaigh ag titim as a chéile dhó.

Ba neamhní liom an teas ar feadh tamaillín is níor chuimhnigh mé ar aire a thabhairt dom féin. Chuaigh mé ag plobáil tríd an uisce coipthe. Bhrúigh mé fear a raibh éadaí dubha air ar leataobh uaim nó go raibh radharc agam ar an gcasadh san abhainn. Bhí leathdhosaen de bháid gan éinne iontu ag éirí suas síos go héidreorach ar na tonnta mire. Leag mé mo shúile ar an Marsach. Bhí sé ina lúf trasna na habhann san áit ar thit sé agus é beagnach faoi uisce.

Bhí néalta tiubha gaile ag éirí as a raibh fágtha de agus anois is arís chonaic mé mar a bheadh na géaga fathaigh a bhí air ag sracadh an uisce agus cúr is lathach á gcur in airde acu. Bhí na crúba ag bogadh is ag bualadh mar a bheadh géaga beoga ann,

Radharc a Fuair mé ar Weybridge agus Shepperton

agus murach neamhthairbhe is díth céille an fhuadair sin go léir ba dhóigh leat gurbh é a bhí ann rud gonta éigin ag déanamh spairne leis an mbás i lár na dtionta. Bhí méid mhór de leacht deargdhonn ag spré aníos go fothramach as an meaisín.

Bhí mé ag breathnú ar an radharc nuair a chuala mé béicíl mhór amhail an rud a dtugtar bonnán air i mbailte na monarchan. Fear agus é go glúine san uisce in aice le cosán an chladaigh a bhí ag bagairt orm agus ag pointeáil. Níor fhéad mé brí a chuid focal a dhéanamh amach. D'fhéach mé thar mo ghualainn agus chonaic mé na Marsaigh eile ag gabháil aníos an port, de choiscéimeanna móra millteacha, ó thaobh Chertsey. Phléasc gunnaí Shepperton arís ach b'shin a raibh dá bharr acu.

Leis sin, thum mé ar an toirt faoin uisce agus choinnigh mé m'anáil go dtí gur mhór an crá dom cor a chur díom. Lean mé orm faoin uisce chomh fada agus ab fhéidir liom. Bhí an t-uisce an-chorraithe os mo chionn agus é ag dul i dteocht go tapa.

Nuair a d'ardaigh mé mo cheann ar feadh nóiméid le hanáil a tharraingt agus leis an uisce is mo chuid gruaige a chur amach as mo shúile, bhí an ghal ag éirí ina ceo bán scuabach a cheil na Marsaigh ar fad orm i dtosach. Bhodhródh an gleo duine. Ansin chonaic mé go doiléir iad: rudaí glasa agus méid thar insint scéil iontu agus mhéadaigh an ceo a dtoirt. Bhí siad gafa tharam, agus bhí beirt acu ag cromadh os cionn a raibh fágtha dá gcomrádaí.

Bhí an dá cheann eile ina seasamh taobh leis san uisce, ceann acu i bhfogas dhá cheád slat dom nó faoina thuairim sin, agus an ceann eile ar an taobh thall de in aice Laleham. Bhí gléasanna giniúna na dTeas-Ghathanna in airde, agus na gathanna á scaipeadh soir siar acu le neart is fíochmhaire.

Bhí an spéir lán de ghleo, de ghlórtha éagsúla arna gcóimh-eascadh, a chuirfeadh mearú ar dhuine: ding mhillteach na Marsach, pléascadh is bualadh ag na tithe ag titim; plimp ag crainn is sconsaí is cróite ag dul trí lasadh dóibh, agus cnagarnach is búireach na lasrach. Bhí Deatach Dubh tiubh ag preabadh aníos agus á mheascadh leis an ngal ón abhainn, agus de réir mar a ghluais an Teas-Gha anonn is anall os cionn Weybridge léiríodh splancacha gealbhruthacha an áit a mbuaileadh sé buille agus i ndiaidh na splancacha d'fheictí na lasracha dearga ag rince sa deatach. Na tithe ba ghaire dom bhí siad slán go fóill, aghaidh acu leis an oidhe a bhí i ndán dóibh—iad fann glasbhán scáileach sa ghal agus an dóiteán taobh thiar díobh ag imeacht mar seo is mar siúd.

Teacht na Marsach

Is dóigh go raibh mé nóiméad ansin i mo sheasamh, an t-uisce agus é ar fiuchadh nach mór go cliabh orm. Bhí mé i mo bhaileabhair agus gan súil ar bith agam go n-éalóinn as an ngátar ina raibh mé. D'fhéad mé na daoine a bhí liom san abhainn ó chianaibh a fheiceáil tríd an deatach á dtarraingt féin amach as an uisce tríd an luachair, mar a bheadh froganna beaga ag imeacht faoi dheifir tríd an bhféar roimh fhear, nó ag rith anonn is anall ar chosán an chladaigh agus iad as a gciall le teann anfaise.

Ach go tobann tháinig splancacha bána an Teas-Gha ag léimneach chugam. Thit na tithe as a chéile nuair a theagmhaigh sé leo. D'éirigh na lasracha amach astu ar an toirt. Rinne dóiteán de na crainn. Ghluais an Ga síos suas cosán an chladaigh ag marú na ndaoine anseo is ansiúd dóibh, agus tháinig sé anuas go bruach an uisce i bhfogas leathchéad slat don áit a raibh mé i mo sheasamh. Scuab sé trasna na habhann go dtí Shepperton, agus d'éirigh na fáganna ina dhiaidh ina cúrán fiuchta agus an ghal in uachtar. D'iompaigh mé chun an chladaigh.

Nóiméad eile agus bhí an tonn mhór mhillteach anuas orm de sciúird, agus í ar lánfhiuchadh nach mór. Scall sí mé. Dhall sí mé. Chráigh sí mé. Lig mé scréach asam in ard mo chinn is mo ghutha is chuaigh mé ar fuaidreamh tríd an uisce coipthe siosach i dtreo an chladaigh. Dá mbaineadh barrthuisle dom bhí mo sheal tugtha. Thit mé i mbun mo chos os comhair na Marsach amach ar an bpaiste lom leathan gairbhéalach sin is lárphointe idir an Wey agus an Tamais. Shíl mé go raibh an bás agam.

Is leathchuimhin liom cos Marsaigh ag teacht i bhfoisceacht fiche slat do mo cheann agus ag dul díreach síos sa ghairbhéal bog, á chaitheamh mar seo is mar siúd, agus á hardú arís; is leathchuimhin liom an phian a d'fhulaing mé ag fanacht léi agus ansin an ceathrar acu ag iompar a gcompánaigh leo. Uaireanta d'fheicinn go soiléir iad agus uaireanta eile is ar éigean a d'fheicinn ar aon chor tríd an deatach iad ach is ag imeacht uaim gan stad i gcónaí a bhí siad; chonacthas sin dom thar réimsí móra abhann is páirce. Agus ansin rith sé chugam go han-mhall go raibh liom trí dheonú Dé.

CAIBIDIL 13

CÉ MAR A CASADH AN SÉIPLÍNEACH ORM

Tar éis dóibh an ceacht tobann seo ar chumhacht uirlisí an domhain seo a fhoghlaim, chúlaigh na Marsaigh go dtí a mbunáit ar Bhán Horsell agus bhí oiread sin deifre orthu agus smionagar a gcompánaigh bhriste bhrúite ina ualach orthu gur dhearmad siad, is dóigh, mórán daoine suaracha fánacha mar mé féin. Dá mbeadh sé de chiall acu a gcomrádaí a fhágáil ina ndiaidh agus leanúint orthu ar aghaidh ní raibh an uair sin idir iad agus Londain ach roinnt gunnaí dhá phunt déag agus níl aon amhras ach go mbainfidís an phríomhchathair amach sula mbeadh aon choinne leo. Ní bheadh samhail le tabhairt ar mhíre, is ar uafás is ar mhillteanas a dteachta ach an crith talún a mhill Liospóin céad bliain ó shin.

Ach ní raibh aon deifir orthu. Lean sorcóir sorcóir eile ar eitilt anuas trí na spéartha chucu; méadaíodh a líon le gach ceithre huaire fichead an chloig. Agus idir an dá linn bhí tuiscint iomlán ag lucht airm is cabhlaigh ar chumhacht ollmhór a namhad agus bhí siad ag obair go tréan ag cur i gcóir dóibh. Gach nóiméad cuireadh gunna ina ionad féin agus roimh choineascar na hoíche bhí béal dubh gunna i bhfoscadh ar chúl chuile chabraí is sraithe tithe dá raibh ar an tuath thart ar Kingston is Richmond. Agus tríd an gceantar dóite millte—é tuairim fiche míle cearnach ar fad—thart timpeall ar champa na Marsach ar Bhán Horsell, bhí na scabhthaí cróga ag gabháil ar a mbolg, na héileagraif leo, trí shráideanna dóite creachta, trí fhothracha dubha agus iad réidh le rabhadh a thabhairt do na gunnadóirí dá bhfeicidís na Marsaigh ag teacht. Ach thuig na Marsaigh cén neart a bhí san artléire seo

Teacht na Marsach


againne, agus dá bhrí sin an té a mbeadh sé de mhisneach ann dul i bhfogas míle do shorcóir bheadh deireadh leis.

Dhealródh an scéal gur thug na fathaigh seo an chéad chuid den tráthnóna ag imeacht anonn is anall is ag aistriú chuile rud ón dara is ón treas sorcóir—bhí an dara ceann i ngalfchúrsa Addlestone agus an tríú ceann i bPyrford—go dtí a mbunlog ar Bhán Horsell. Os a chionn sin, bhí ceann acu ag faire go hairdeallach ar an bhfraoch dubh agus ar na fothraigh a bhí scaipthe ar fud an bhaill. Thréig an chuid eile acu a meaisíní móra troda is ghabh siad isteach sa log. Bhí siad ag obair go dian ansiúd go dtí go raibh sé deireanach san oíche agus bhí radharc le fáil ó na cnoic thart timpeall Merrow ar an bpúir aird de dheatach uaine a bhí ag éirí aníos as an log. Go deimhin féin, is amhlaidh a dúradh go bhféadfaí an deatach a fheiceáil ó Bhanstead is ó Epsom féin.

Agus a fhad a bhí na Marsaigh ar mo chúl ag ullmhú mar sin don chéad iarracht eile agus an cine daonna ar m'aghaidh ag bailiú chun comhraic, ghluais mé liom, le dócúl is le géarbhroid, ó dhóiteáin is ó dheatach Weybridge chun London.

Chonaic mé bád an-bheag an-sean ag imeacht le sruth agus gan éinne ann. Bhain mé díom an chuid is mó de na héadaí fliucha a bhí orm, chuaigh i ndiaidh an bháid, rug uirthi, agus is mar sin a d'éalaigh mé ón gcosair chró. Ní raibh aon mhaidí rámha inti ach d'éirigh liom í a oibriú, an méid a ligfeadh mo lámha scallta dom a dhéanamh, síos an abhainn chun Halliford is Walton. Ba mhall an siúl a bhí fúm. B'éigean dom féachaint i ndiaidh mo chúil gach re seal. Chloígh mé leis an abhainn arae mheas mé gurbh fhearr an seans a bheadh agam éalú liom ar an uisce dá bhfilleadh na fathaigh sin.

Ghluais an t-uisce te le sruth liom ón áit ar smíochtadh an Marsach sa chaoi gur bheag de dhá phort na habhann a d'fhéad mé a fheiceáil i gcaitheamh an chuid ba mhó de mhíle slí. Uair amháin, ámh, chonaic mé tríd an ngal scuaidríní d'fhigiúirí dubha ag deifriú trasna na mbán ó Weybridge. Bhí an uile dhuine de mhuintir Halliford tar éis an baile a thréigean, ba chosúil, agus bhí roinnt de na tithe ar aghaidh na habhann trí thine. B'aisteach an radharc é: an áit chomh ciúin sin, chomh folamh sin faoin spéir the ghorm, agus an deatach is snáitheanna beaga lasrach ag dul



Teacht na Marsach

suas go díreach isteach i dteas an tráthnóna. Ní fhaca mé riamh roimhe sin tithe thrí thine gan slua daoine a bheith bailithe ina dtimpeall. Tamaillín beag ón áit sin bhí giolcacha tirime ar an bport ag cur deataigh astu agus loinnir dhearg iontu, agus istigh faoin tuath beagán bhí barr deireanach féir á lasadh diaidh ar ndiaidh.

Ghluais mé le mallsruth ar feadh i bhfad, bhí mé chomh tinn tuirseach sin tar éis a ndeachaigh mé tríd agus de dheasca mhórtheas an uisce. Ansin fuair an scanradh an lámh uachtair orm arís, agus lean mé ar an lapadaíl agus mo dhroim lomnocht á scalladh ag an ngrian. Faoi dheireadh thiar, nuair a bhí droichead Walton ag teacht i mo léargas sháraigh an fiabhras agus an anbhainne ar an eagla, agus chuaigh mé i dtír ar phort Middlesex den abhainn. Luigh mé síos ansin go tinn treainneach ar an bhféar ard. Is dóigh liom go raibh sé timpeall a ceathair nó a cúig a chlog san am sin. D'éirigh mé ar ball, shiúil mé timpeall leathmhíle slí gan duine ná deoraí a fheiceáil, agus luigh mé síos arís ansin faoi fhál. Feictear dom gur cuimhin liom a bheith ag caint go rámhailleach liom féin le linn dom a bheith ag siúl thart. Bhí tart mór orm freisin, agus aiféala an domhain orm nár ól mé tuilleadh uisce. Is aisteach an rud é freisin go raibh fearg orm le mo bhean; ní fhéadfainn cúis ar bith a thabhairt air, ach ba mhór ar fad an bhuaire a bhí orm toisc gur theip orm Leatherhead a aimsiú.

Ní maith is cuimhin liom teacht an tséiplínigh. Is dócha gurb amhlaidh a tháinig néal codlata orm. Ach, nuair a dhúisigh mé luigh mo shuíl ar dhuine a bhí ina shuí os mo chomhair, gan casóg air, agus smúit deataigh ar mhuinchillí a léine. Aghaidh ghlanbhearrtha air agus é ag stánadh ar sholas lag tanaí a bhí ag rince sa spéir ós ár gcionn. "Spéir ronnach" a thugtar ar an sórt spéire a bhí ann: na scamail ina sraitheanna i ndiaidh a chéile agus samhail clúmhaigh bhoig orthu, is loinnir bheag lag iontu ón ngrian a bhí ag dul faoi.

D'éirigh mé aniar agus ar chorraí dom dhearc sé orm go mear.

"An bhfuil aon uisce agat?" arsa mise leis go pras.

Chroith sé a cheann.

"Ag iarraidh uisce atá tú le huair an chloig," ar seisean.

Ar feadh nóiméidín bhíomar inár dtost, agus sinn ag cur na súl trína chéile. Tá mé ag ceapadh gurbh ait leis mé óir ní raibh folach na fríde orm seachas mo bhríste is mo stocaí fliucha. Bhí mo chraiceann scallta, agus m'aghaidh is mo ghuaillí dubh ón deatach. Bhí aghaidh mheatha air, a smig ag dul siar, agus a chuid gruaige ina fáinní gliobacha fionna anuas ar a chlár éadain íseal; bhí a shúile réasúnta mór, gealghorm, agus bhreathnaídis orm gan tuiscint ar bith iontu. Labhair sé go tobann, agus é ag breathnú i bhfad amach uaim.

"Cén chiall atá leis?" ar seisean. "Cén chiall atá leis na rudaí úd?" Stán mé air gan freagra a thabhairt.

Bhagair sé lámh gheal thanaí orthu agus labhair go casaoideach liom.

"Cén fáth a gceadaítear na rudaí sin? Céard iad na peacaí atá déanta againn? Bhí deireadh le seirbhís na maidine, bhí mé ag siúlóid ar na bóithre d'fhonn mo mheabhair a chruinniú i gcomhair an tráthnóna, agus ansin—tine, crith talún, an bás! Amhail a bhain do Shodam is Gomóra! Ár gcuid oibre go léir ar neamhní, ár gcuid oibre go léir. "Cé hiad na Marsaigh seo?"

"Cé hiad sinn féin?" arsa mise agus bhain mé an slócht de mo scornach.

Rug sé ar a ghlúine, thiontaigh timpeall arís gur dhearc orm. D'imigh leathnóiméad, b'fhéidir, sular labhair sé.

"Bhí mé ag siúl ar na bóithre ag cur eagair ar mo smaointe," ar seisean. "Agus siúd anuas orainn tine, crith talún, agus an bás!"

Thit sé dá thost, a smig leagtha anuas ar a ghlúine nach mór.

Ach thosaigh sé ar ball ar a lámha a bhagairt san aer:

"An obair go léir—na scoileanna Domhnáigh go léir. Céard atá déanta againn. Céard atá déanta ag muintir Weybridge? Chuile rud imithe—chuile rud millte. An teampall! Níl ach trí bliana ann ó d'atógamar é. Imithe!—gach cloch de scriosta as radharc! Cad chuige sin?"

Tost eile, agus bhris sé amach arís mar a bheadh gealt ann.

"Éiríonn a deatach uaidh feadh na síoraíochta!" Agus bhéic sé.

Bhí loinnir ina shúile, agus bhagair sé méar thanaí i dtreo Weybridge.

Um an dtaca sin bhí mé ag tosú ar é a thuiscint. An tubaiste uafásach a bhuaile Weybridge—b'fhollas gurbh as an mbaile sin é—is beag nár bhain sé a chiall ar fad de.

“An fada an t-achar é go Sunbury?” arsa mise go staidéarach.

“Céard a dhéanfaimid?” ar seisean. “An bhfuil na créatúir seo san uile áit? Ar tugadh an domhan suas dóibh?”

“An fada an t-achar é go Sunbury?”

“Ar maidin inniu thug mé an chéad seirbhís—”

“Tá athrú ar an saol,” arsa mise go ciúin. “Cuir smacht ort féin. Tá an dóchas ann go fóill.”

“Dóchas!”

“Sea; dóchas maith—thar ceann an mhillteannais seo go léir!”

Thosaigh mé ar an mbarúil a bhí agam féin den scéal a chur in iúl dó. D'éist sé liom ar dtús, ach de réir mar a bhain mé amach sa chaint d'athraigh gné na súl aige. Dhearc sé ar leataobh uaim faoi mar nach mbeadh sé ag éisteacht liom ar chor ar bith.

“Ní foláir nó is é seo tús an deiridh,” ar seisean, ag cur isteach orm. “An deireadh! Lá mór feirge an Tiarna! An lá a déarfaidh daoine leis na sléibhte agus leis na carraigeacha titim orthu agus iad a fholú ó ghnúis an Té atá ina shuí sa chathaoir!”

Thosaigh mé ar an gcás a thuiscint. Chuir mé an argóint uaim, d'éirigh mé agus leag mé mo lámh ar a ghualainn.

“Bíodh misneach agat,” arsa mise. “Tá do chiall imithe uait le corp eagla. Cén mhaith an creideamh má thréigeann sé thú in uair na hainnise? Cuimhnigh ar an anró a thug creatheanna talún agus tuilte agus cogais is bolcáin ar an gcine daonna cheana féin. An é a mheas tú gur dhearmad Dia Weybridge? ... Ní fear árachais É, a dhuine.”

Bhí sé ina shuí ansiúd ina bhalbhán ar feadh scaithimh.

“Ach cén chaoi a dtabharfaimid na cosa linn slán? ar seisean go tobann. “Ní féidir iad a chloí, níl trua ná taise ina gcroí acu...”

“Ní mar sin é, ná mar siúd,” arsa mise leis. “Agus dá chumhachtaí iad sin, is ea is mó ba cheart dúinne a bheith ciallmhar airdeallach. Maraíodh duine acu thall níl trí huaire an chloig ó shin ann.”

“Maraíodh...!” ar seisean ag stánadh ina timpeall. “Cén chaoi arbh fhéidir duine de mhinistí Dé a mharú?”

“Chonaic mé féin á mharú é,” arsa mise leis. “Bhíomarna, ar chuma éigin, san áit ba mheasa,” arsa mise.

“Céard é an solas sin sa spéir?” ar seisean go tobann.

D’inis mé dó gurbh é an héileagraf é, ag comharthaíocht—gur chomhartha é sa spéir go raibh an cine daonna ag bailiú a nirt.

“Táimid istigh ina lár,” arsa mise, “dá chiúine atá sé. Ciallaíonn an solas sin go bhfuil an stoirm ag teannadh linn. Siúd thall, dar liom, na Marsaigh, agus ansiúd ar thaobh London, mar a bhfuil na cnoic timpeall Richmond agus Kingston agus mar a bhfuil foscadh na gcrann, tá trinsí á ndéanamh agus gunnaí á gcur i bhfearas. Beidh na Marsaigh ag gabháil an bealach seo arís ar ball....”

Ní raibh an focal as mo bhéal nuair a léim sé ina sheasamh agus bhagair sé orm bheith i mo thost.

“Éist!” ar seisean....

Tháinig chugainn thar na cnoic ísle a bhí taobh thall den sruth dord dúr gunnaí i gcéin agus caoineadh fada uaigneach. Ansin bhí gach rud ina chiúnas. Tháinig cearnamhán anall thar an bhfál go crónánach agus ghluais tharainn. Go hard in iarthar na spéire bhí leathré bhán crochta os cionn an deataigh ó Weybridge is Shepperton, agus os cionn ghlóir chiúin theasaí na gréine a bhí ag dul faoi.

“B’fhearr dúinn an cosán seo a leanúint ó thuaidh,” arsa mise.

CAIBIDIL 14

I LONDAIN

Bhí mo dheartháir óg i Londain nuair a thit na Marsaigh ag Woking. Ábhar dochtúra a bhí ann agus scrúdú le cur de aige gan mórán achair, agus níor chuala sé a dhath faoina dteacht go dtí maidin Dé Sathairn. Bhí aistí fada speisialta ar nuachtáin na maidine sin i dtaobh an phláinéid Mars, i dtaobh na beatha sna pláinéid, agus mar sin de, ach ina dteannta sin go léir bhí teileagram gearr doiléir agus níor lúide an tsuim a cuireadh ann a ghontacht.

De réir an scéil a bhí ann is é an chaoi ar ghabh imeagla na Marsaigh nuair a dhruid an slua daoine chucu agus gur mharaigh siad roinnt acu le meaisínghunna mear a bhí leo. Ba é an deireadh a bhí leis an teileagram ná na focail seo: "Dá chumhachtaí iad de réir dealraimh, níor bhog siad ón logán inar thit siad agus dealraíonn an scéal nach bhfuil ar a gcumas é sin a dhéanamh. Is é is cúis leis sin, is dócha, ná an neart atá sa domhan chun iad a ghreamú." Ba shólásach le heagarthóirí na nuachtán an dá abairt sin agus is iomaí colún a líon siad ag cur síos orthu.

Gan dabht, bhí spéis thar meán ag chuile mhac léinn a bhí sa rang bitheolaíochta le mo dheartháir sa scéal, ach ní raibh comhartha ar bith sna sráideanna gur ábhar imní don phobal é. Chuir nuachtáin an tráthnóna fuilleach bheag nuachta isteach faoi cheannlínte móra. Ach ní raibh dada le hinsint acu ach amháin i dtaobh imeacht na saighdiúirí timpeall an bháin, agus i dtaobh dhó na gcoillte giúise idir Woking agus Weybridge nó go raibh sé a hocht a chlog. Ansin d'eisigh an *St James's Gazette* eagrán nua róspeisialta, agus gan ann ach an scéal lom go raibh na sreanga teileagraif briste amuigh faoin tuath. Cheap siad gurbh iad na crainn ghiúise á ndó is ag titim trasna na líne ba chiontach. Ní

raibh aon eolas i dtaobh na troda acu an oíche sin, an oíche a thiomáin mé go Leatherhead agus ar ais arís.

Ní raibh imní ar bith ar mo dheartháir inár dtaobh, mar bhí a fhios aige ón gcur síos ar an nuachtán go raibh an sorcóir breis is dhá mhíle ó mo theach. Ghlac sé rún go dtabharfadh sé cuairt orm an oíche sin chun go bhfeicfeadh sé, mar a deir sé féin, na rudaí sula marófaí iad. Chuir sé teileagram chun bealaigh, nár shroich riamh mé, timpeall a ceathair a chlog, agus chaith sé an tráthnóna i halla ceoil.

Bhí toirneach i Londain freisin, oíche Dé Sathairn agus chuaigh mo dheartháir i gcab go dtí Waterloo. Ar an ardán ar gnách le traein an mheán oíche imeacht uaidh chuala sé, tar éis bheith ag fanacht tamaillín, nach bhféadfadh traein ar bith Woking a shroicheadh an oíche sin siocair timpiste a tharla ar an líne. Níor fhéad sé cúis na timpiste a dhéanamh amach, go deimhin féin, ní rómhaith a thuig údarais na mbóithre iarainn féin an scéal san am. Ní mórán a chorrigh éinne sa stáisiún mar is amhlaidh a bhí na hoifigigh tar éis na traenacha i gcomhair lucht na hamharclainne a théadh de ghnáth trí Woking a chur ag rith thart bealach eile. Cheap na hoifigigh nach raibh ar bun ach stopadh éigin idir Byfleet agus Gabhal Woking. Bhí saothar orthu ag ullmhú chun gach athrú riachtanach a dhéanamh i gcomhair na sluaite a bheadh ag imeacht ar an Domhnach ag féachaint ar na foirne peile ag iomaidh le haghaidh chraobh Southampton agus Portsmouth. Tuairisceoir nuachtáin agus é á chuimhneamh gurbh é mo dheartháir bainisteoir an tráchta—tá beagán cosúlachta eatarthu—chuir sé spéic air agus thug iarracht ar chomhrá a dhéanamh leis. Ba thearc duine, cé is moite d'oifigigh na mbóithre iarainn, a mheas go raibh baint ag stopadh na traenach leis na Marsaigh.

Léigh mé cuntas eile ar na himeachtaí seo a dúirt “gur chuir an scéala ó Woking sceitimíní ar mhuintir London uile” an mhaidin Domhnaigh sin. Déanta na fírinne, ní raibh bunús ar bith leis an abairt áibhéalach sin. Is iomaí duine i Londain nár chuala trácht ar na Marsaigh go dtí gur scanraíodh an pobal go léir maidin Dé Luain. An méid díobh a chuala an scéal b'fhada an t-achar gur thuig siad brí na sreangscéalta úd a cuireadh le chéile faoi ghiodar. Ní léann formhór mhuintir London na nuachtáin Domhnaigh.

Tá aigne mhuintir na cathrach úd suite chomh daingean sin i síocháin agus i suaimhneas agus oiread sin taithí acu ar chlaonadh

Teacht na Marsach

na nuachtán chun scéalta uafáis a fhoilsiú gurbh fhéidir leo na tuairiscí seo a léamh gan scáth gan eagla: “Timpeall a seacht a chlog aréir tháinig na Marsaigh amach as an sorcóir agus, ag imeacht leo faoi scáth scéithe miotalaí, chreach siad stáisiún Woking agus na tithe ina chongar thar fóir, agus dhíothaigh siad Reisimint Cardigan. Níl aon mhionfhaisnéis ar an scéal le fáil. Ní raibh aon bhrí, beag ná mór, sna gunnaí Maxim in éadan éide catha na Marsach; chuir siad na gunnaí páirce ar neamhbhrí. Tá na husáir ag teitheadh isteach i Chertsey i mbarr na bhfáscaí. De réir dealraimh, tá na Marsaigh ag bogadh leo go mall i dtreo Chertsey nó Windsor. Tá imní mhór ar chuile dhuine i Surrey thiar, agus tá trinsí á gcaitheamh suas d’fhonn iad a gcosc ó dhul níos gaire do Londain.” Is mar sin a chuir an *Sunday Sun* caoi air agus is é an tsamhail thug an *Referee* air in aiste chliste a scríobhadh le mórluas ach scaoth d’ainmhithe allta a scaoilfí chun fáin go tobann i mbaile beag éigin.

Ní raibh a fhios ag duine ar bith i Londain go cruinn cén dealramh a bhí ar na Marsaigh armtha, ach bhí barúil láidir ag an bpobal nach foláir nó ba chruimheanna nó nathracha nimhe de shaghas éigin iad: “ag snámhaíocht ar a mbéal,” “ag lámhacán go hangarach”—focail den sórt sin a bhí sna chéad tuairiscí a d’fhoilsigh na nuachtáin. Níorbh fhéidir gur duine ar bith a chonaic na Marsaigh ag teacht ar aghaidh a scríobh ceann ar bith de na teileagraim. Cuir nuachtáin an Domhnaigh amach eagráin speisialta de réir mar a tháinig scéala nua chucu, agus rinne cuid eile acu amhlaidh gan nuacht ar bith a thabhairt. Ach is ar éigean a bhí a thuilleadh le hinsint don phobal go dtí go raibh sé deireanach sa tráthnóna. Ansin thug lucht an údaráis pé eolas a bhí acu do na nuachtáin. Dúradh go raibh muintir Walton agus Weybridge agus na ndúichí máguaird ag teitheadh leo ar na bóithre chuig Londain. B’shin a ndúradh.

Chuaigh mo dheartháir chuig an teampall in Ospidéal na Leanaí Tréigthe ar maidin, agus bhí sé aineolach go fóill ar gach ar tharla an oíche roimhe sin. Ansin dó chuala sé trácht ar an dainséar agus dúradh paidir faoi leith ar son na síochána. Cheannaigh sé cóip den *Referee* ag teacht amach dó. Ghlac sé imní mhór ar léamh an scéala ansin dó agus chuaigh sé arís go dtí stáisiún Waterloo féachaint an raibh na traenacha ag rith athuair. Níor dhóigh leis go raibh aon bheann ag an saol mór ar an nuacht aisteach a bhí á

scaipeadh ag giollaí na nuachtán nuair a bhreathnaigh sé na busanna, na cabanna, na rothaithe, agus na sluaite as cuimse is a gculaith Dhomhnaigh orthu ag imeacht leo mar ba ghnách. Bhí spéis ag na daoine sa scéal, ach má bhí imní ar bith orthu, is mar gheall ar mhuintir cheantair an chogaidh a bhí. Chuala sé ag an stáisiún den chéad uair go raibh na línte go Byfleet is Chertsey toirmisce. Dúirt na giollaí leis go bhfuarthas ar maidin roinnt teileagram aisteach ó stáisiún Byfleet is Chertsey ach gur stad siad de theacht go tobann. Ba bheag le rá an méid cruinneola is a fuair mo dheartháir uathu.

“Tá cath á fhearadh thart ar Weybridge,” b’shin bun agus barr an scéil, má b’fhíor dóibh.

Bhí clár na dtraenach um an dtaca seo as eagar go mór. Bhí gasra maith daoine, a raibh súil acu le cairde a bhí ag teacht ó bhailte i ndeisceart na tíre, ina seasamh anseo is ansiúd sa stáisiún. Tháinig seandúine liath amháin i bhfianaise mo dhearthár agus thug sé an-drochíde do Chomhlacht Bhóithre Iarainn an Deiscirt is an Iarthair. “Caithfear scéal mór a dhéanamh de,” ar seisean.

Tháinig traein nó dhó isteach ó Richmond, Putney is Kingston agus daoine orthu a chuaigh amach ag bádóireacht ar maidin ach a fuair na loic uisce dúnta rompu agus scéin ar an uile dhuine a casadh ina dtreo. Labhair fear a raibh casóigín bán is gorm air le mo dheartháir. Bhí scéal iontach le haithris aige.

“Tá na sluaite ag tiomáint isteach go Kingston i gcarranna, i gcairteacha agus a leithéidí, boscaí lán d’earraí luachmhara agus mar sin de acu,” ar seisean. “As Molesey is Weybridge is Walton iad, agus deir siad gur chualathas gunnaí ag Chertsey, gunnaí móra ag tréanchaitheamh, agus gur tháinig saighdiúirí capall á rá leo cur chun bóthair ar an bpointe boise mar go raibh na Marsaigh ag teacht. Chualamar gunnaí ag caitheamh ag stáisiún Hampton Court, ach cheapamar gur toirneach a bhí ann. Cén chiall atá leis in ainm an riabhaigh? Ní thig leis na Marsaigh teacht aníos as a logán, nó an féidir?”

Níor fhéad mo dheartháir a insint dó.

Ina dhiaidh sin fuair sé amach go raibh an scéin dhothuigte sin ag leathadh agus go raibh na daoine a thaistealaíodh ar an traein faoi thalamh corraithe freisin. Na daoine a chuaigh ar na turais Dhomhnaigh go spásanna oscailte an iardheiscirt—Barnes, Wimbledon, Richmond Park, Kew, agus áiteanna mar sin—



thosaigh siad ag filleadh abhaile níos luaithe i bhfad ná mar ba dhual dóibh a dheanamh; ach ní raibh ag duine ná deoraí acu ach “dúirt bean liom go ndúirt bean léi”. Bhí dealramh drochmhúinte míbhéasach ar gach éinne dár bhain leis an mórstáisiún.

Timpeall a cúig a chlog corraíodh an slua a bhí ag méadú i ndiaidh a chéile mar osclaíodh an líne a bhíonn dúnta de ghnáth, idir stáisiún an Oirdheiscirt agus stáisiún an Iardheiscirt, agus chonacthas trucailí ar a raibh gunnaí ábhalmhóra, agus carráistí lán de shaighdiúirí ag teacht. B'iad sin na gunnaí a tugadh isteach as Woolwich is Chatham le Kingston a chosaint. Chaith na saighdiúirí agus na daoine a bhí ar an ardán greann le chéile: “Íosfar sibh!” “Déanfaimidne na beithígh a cheansú!” agus mar sin de. Tamaillín ina dhiaidh sin tháinig scata póilíní isteach sa stáisiún, agus thosaigh siad ar na daoine a ghlanadh amach as na hardáin, agus chuaigh mo dheartháir amach ar an tsráid arís.

Bhí cloig na dteampall ag fógairt na heaspartan agus ghluais scata cailíní a bhain le hArm an tSlánaithe anuas Bóthar Waterloo ag gabháil fhoinn. Bhí roinnt fámairí ar an droichead ag breathnú go hiontasach ar screamh aisteach dhonn a bhí ag teacht ina phaistí chucu leis an sruth. Bhí an ghrian ag dul faoi, agus bhí Túr an Chloig agus Tithe na Parlaiminte le feiceáil in éadan spéire nach bhféadfá a sárú a fháil ar a shuaimhneasáí a bhí sí, spéir órdhatha agus stráicí fada de scamall dearg-chorcra trasna uirthi. Bhí ráfla ag dul thart go bhfacthas corpán san abhainn. Dúirt duine de na fir a bhí ar an droichead—saighdiúir cúltaca a bhí ann má b'fhíor dó—dúirt sé le mo dheartháir go bhfaca sé an héileagraf ag lonrú san iarthar.

I Sráid Wellington casadh beirt gheocach scafánta ar mo dheartháir. Bhí siad ag teacht amach as Fleet Street faoi dheifir, iad ag iompar nuachtán nach raibh an cló triomaithe go fóill orthu agus póstaer a raibh cló mór dubh orthu. “Tubaiste uafásach!” a ghlaigh siad amach in ard a gcinn ag imeacht síos Sráid Wellington dóibh agus iad ag iarraidh buachan ar a chéile le hairde glóir. “Troid ag Weybridge! Tuairisc iomlán! Na Marsaigh ag cúlú! Londain i mbaol a basctha, deirtear!” B'éigean dó trí pingine a thabhairt ar chóip den nuachtán sin.

Is ansin agus ní go dtí sin a tuigeadh dó lánchumhacht agus uamhan na n-arrachtaí sin. B'fhollasach dó nach dornán de chréatúir bheaga leibideacha iad ach go raibh inchinn ag stiúradh

Teacht na Marsach

corp ábhalmhór meicniúil iontu, agus go bhféadfadh na coirp sin gluaiseacht go mear agus a leithéid sin de bhuillí cumhachtacha a bhualadh nach raibh na gunnaí ba threise in ann iad a shárú.

Is iad na comharthaí sóirt a tugadh orthu: “innill ábhalmhóra mar a bheadh damháin alla ann, iad nach mór céad troigh ar airde, luas na traenach is mire fúthu, agus é ar a gcumas Teas-Gha millteach a chaitheamh astu.” Bhíothas tar éis gunnaí móra a chur i gcóir faoi cheilt ar an tuath timpeall Bhán Horsell, agus go mór mór idir ceantar Woking agus Londain. Gunnaí páirce is mó a bhí iontu. Chonacthas cúig cinn de na meaisíní ag gluaiseacht i dtreo na Tamaise agus milleadh ceann acu, ar ámharaí an tsaoil. Ach chlis ar na pléascáin na cinn eile a bhualadh, agus rinne an Teas-Gha na gunnaí a loit ar an bpointe boise. Rinneadh tagairt do na mílte saighdiúir a maraíodh, ach bhí rian an dóchais sa tuairisc.

Bhíothas tar éis na Marsaigh a chur ar gcúl; d'fhéadfaí buachan orthu. Bhí siad tar éis cúlú arís go dtí na trí shorcóir a bhí suite sa chiorcal sin timpeall Woking. Bhí comharthóirí maille lena gcuid héileagraf á leanúint ar gach taobh. Bhí gunnaí á gcur chun bóthair ina ndiaidh ar an dá luas ó Windsor, Portsmouth, Aldershot, Woolwich—fiú ón tuaisceart; agus orthu sin bhí gunnaí fada sreinge ó Woolwich a raibh meáchan cúig thonna is nócha iontu. Idir gach uile rud bhí sé ghunna dhéag is céad i gcóir cheana nó á gcur i gcóir go haibéil agus is ag cosaint London a bhí a mbunáite. Níor cnuasaíodh riamh roimhe sin i Sasana oiread sin de ghléasra cogaidh.

Bhí súil go bhféadfaí pé sorcóirí a thitfeadh feasta a mhilleadh lom láithreach le tréanphléascáin a bhí á ndéanamh is á scaipeadh go mear. Gan dabht, a dúirt an tuairisc, ba dheacair míniú a dhéanamh ar an gcás ach impíodh ar an bpobal an scanradh a shéanadh is a chur ar ceal. B'fhíor go raibh na Marsaigh go haisteach is go huafásach amach is amach ach ar an gcuid ba mhó de níorbh fhéidir thar fiche ceann acu a bheith ann in éadan na milliún seo againne.

Cheap lucht an údaráis ar mhéid na sorcóirí nach bhféadfadh thar chúigear a bheith i ngach sorcóir—b'shin cúig cinn déag le chéile. Agus bhí ceann acu curtha dá chosa cheana—agus b'fhéidir tuilleadh. Thabharfaí fógra i dtráth don phobal nuair a bheadh an chontúirt ag teannadh leo, agus bhí gach dícheall á dhéanamh na daoine a bhí ina gcónaí ar an taobh thiar theas den chathair a

chaomhnú. Agus is mar sin a cuireadh deireadh leis an bhfógairt seo, á dhearbhuí nár bhaol do Londain agus go raibh lucht an údaráis lánsásta go mbeidís in ann an scéal a shocrú.

Clóbhuailleadh an fógra i gceannlitreacha móra; bhí an cló chomh húr sin go raibh sé go fliuch ar an bpáipéar go fóill, agus ní raibh d'uain ag an lucht eagair oiread is focal tráchta a chur leis. Dúirt mo dheartháir gurbh aisteach an chuma ar gearradh amach scéala eile an nuachtáin le háit a thabhairt don fhógra sin.

Le fad Shráid Wellington síos bhíothas ag oscailt na nduilleog is ag léamh, agus líonadh an Strand go tobann de ghlórtha slua giollaí a tháinig de rith reatha i ndiaidh na beirte. Tháinig fir anuas de na busanna de sciúird le cóipeanna den nuachtán a cheannach. Ba léir gur chorraigh an scéala na daoine go mór, pé neamhshuim a bhí acu ann cheana. Bhí na comhlaí á mbaint anuas de shiopa léarscáileanna sa Strand, a dúirt mo dheartháir, agus bhí fear le feiceáil taobh istigh den fhuinneog, a chulaith Dhomhnaigh is a lámhainní líomóidbhuí air, is é ag greamú léarscáileanna de Surrey den ghloine go mear.

Ag dul síos an Strand chomh fada le Trafalgar Square dó, agus an nuachtán ina lámh aige, chonaic mo dheartháir cuid de na daoine a theith ó West Surrey. Bhí fear ann ag tiomáint cairt den sórt a bhíonn ag lucht glasraí a dhíol, agus a bhean is beirt ghasúr agus roinnt bhall troscáin istigh ann. Bhí sé ag tiomáint isteach ó Dhroichead Westminster, agus go gairid ina dhiaidh tháinig trucail tuí is cúigear nó seisear de dhaoine macánta istigh ann, agus roinnt boscaí is beart. Bhí cuma chaite ar na daoine sin, agus ba mhór an difríocht a bhí idir iad agus na daoine ar na busanna a raibh dealramh is deise an Domhnaigh orthu. Ghlinnigh daoine dea-ghléasta as a gcuid cab amach orthu. Stad siad ag an gCearnóg amhail is dá mbeidís idir dhá chomhairle cé acu slí a rachaidís ach ar deireadh thiar chas siad soir síos an Strand. Tamaillín slí ina ndiaidh sin tháinig fear, a ghnáthchulaith oibre á caitheamh aige, agus é ag marcaíocht ar cheann de na rothair sheanfhaiseanta úd a mbíodh roth tosaigh beag orthu. Bhí sé salach agus éadan bán air.

Chas mo dheartháir síos chun Victoria agus bhuail cuid mhaith dá leithéidí sin de dhaoine leis. Bhí sórt barúil aige go mb'fhéidir go bhfeicfeadh sé mise i mball éigin. Thug sé faoi deara gur líonmhaire ná de ghnáth uimhir na bpóilíní a bhí ag riar na gcarranna. Bhí cuid de na teifigh ag cur is ag cúiteamh leis na

Teacht na Marsach

daoine ar na busanna. Bhí duine acu ag dearbhú, má b'fhíor dó, go bhfaca sé féin na Marsaigh. "Innill ar mhaidí croise is ea iad, deirim leat, agus iad ag siúl leo mar a bheadh daoine ann." Bhí a bhformhór corraithe scanraithe de bharr a ndeachaigh siad tríd.

Ar an taobh thall de Victoria bhí airgead á charnadh ag lucht na dtithe tábhairne. Ag cúinne gach sráide bhí miondreamanna daoine bailithe ag léamh nuachtán, ag caint le chéile, nó ag cur na súl trí na strainséirí nár ghnách lena leithéidí cuairt a thabhairt ar an gcathair Dé Domhnaigh. De réir mar a thit an oíche mhéadaigh ar an mbuíon go dtí go raibh na bóithre, dúirt mo dheartháir, cosúil le Sráid Mhór Epsom lá an Derby. Chuir mo dheartháir caint ar chuid díobh ach ba neamhshásúil na freagraí a thug a bhformhór air.

Níor fhéad siad aon scéal a thabhairt dó i dtaobh Woking, cé is moite de dhuine amháin a thug a mhóid is a mhionn dó gur milleadh Woking ar fad an oíche roimhe sin.

"As Byfleet mé féin," ar seisean; "tháinig fear ar rothar tríd an mbaile go moch ar maidin, agus rith sé ó dhoras go doras ag fógairt orainn teitheadh linn. Ansin tháinig na saighdiúirí. Chuamar amach ag féachaint, agus b'shiúd na scamail deataigh ar an taobh ó dheas—ní raibh rud ar bith ann ach deatach, agus gan duine ná deoraí ag gabháil an bóthar chugainn. Ansin chualamar na gunnaí ag Chertsey, agus daoine ag teacht ó Weybridge. Dhún mé mo theach, chuir mé an glas air is bhuail mé an bóthar."

Ag an am sin bhí tuairim láidir ag an bpobal gur thógtha ar lucht an údaráis é nach raibh ar a gcumas na hionróirí a dhíbirt gan cur as dóibh féin.

Timpeall a hocht a chlog bhí fuaim na gunnaí móra le cloisteáil go soiléir i ngach ceard de dheisceart Londain. Níor fhéad mo dheartháir í a chloisteáil thar ghlór na dtrucaílí sna príomh-shráideanna, ach nuair a shiúil sé na cúlsráideanna ciúine le hais na habhann bhí sé in ann í dhéanamh amach gan aon agó.

Shiúil sé ar ais ó Westminster go dtí a theach in aice le Regent's Park timpeall a dó. Bhí imní mhór air um an dtaca seo fúmsa, mar thuig sé méid na trioblóide a bhí á tuar. Dála mé féin cúrsaí airm is mó a bhí ar a aigne Dé Sathairn. Chuimhnigh sé ar na gunnaí ciúine sin go léir ag fanacht go hairdeallach leis an namhaid, ar na teifigh sa tuath; rinne sé iarracht ar "innill ar mhaidí croise" céad troigh ar airde a shamhlú dó féin.

Bhí lán cairr nó dhó de na teifigh ag gabháil Sráid Oxford síos, agus tuilleadh acu ar Bhóthar Marylebone, ach bhí an scéala á leathadh chomh mall sin go raibh Sráid Regent is Bóthar Portland lán den lucht spaisteoireachta mar ba ghnách gach oíche Dhomhnaigh, ar a shon go raibh siad ag cogarnach le chéile ina scataí. Agus mórtimpeall Regent's Park bhí an oiread de lucht suirí ag siúl faoi na lampaí gáis anseo is ansiúd agus a bhí riamh. Bhí an oíche ciúin te, agus beagáinín meirbh, chualathas fuaim na bpiléar gach re tamall, agus tar éis uair an mheán oíche bhí tintreach, ba chosúil, sa deisceart.

Léigh sé an nuachtán is d'athléigh agus eagla an domhain air go bhfeicfeadh sé ann gur maraíodh mise. Ní fhéadfadh sé fanacht istigh agus tar éis an suipéar a ithe chuaigh sé amach ag siúl gan a fhios aige cén treo a dtabharfadh sé a aghaidh air. D'fhill sé go dtí an teach agus thug sé iarracht ar mheabhair a bhaint as na nótaí a bhí aige le haghaidh an scrúdaithe ach bhí sé fánach aige. Thug sé an leaba air féin tamaillín tar éis an mheán oíche, agus músclaíodh as a thromchodladh é go moch maidin Dé Luain. Chuala sé fuaim cnagairí doras á mbualadh, gliogram cos ar an tsráid, drumadóireacht i gcéin, agus ruaille buaille clog. Bhí scáileanna dearga ag rince ar an tsiléail. Ar feadh nóiméidín na huaire d'fhan sé ina luí ansiúd agus alltacht air, gan a fhios aige cé acu ina lá a bhí sé nó an imithe as a chiall a bhí an domhan mór. Ansin léim sé as an leaba agus rith go dtí an fhuinneog.

Seomra i mbarr tí a bhí aige, agus nuair a sháigh sé a cheann amach, chuala sé na fuinneoga eile á n-oscailt agus chonaic sé cloigne daoine sna fuinneoga is gach saghas éadaigh oíche orthu. Bhí ceisteanna á gcur ag daoine in ard a gcinn. "Tá siad ag teacht!" arsa póilín de ghlaio, agus é ag bualadh a dhoirn ar an doras go láidir; "tá na Marsaigh ag teacht!" agus ar aghaidh leis gan mhoill go dtí an chéad doras eile.

Tháinig fuaim na ndrúmaí is glór na dtrumpaí ó Bheairic Shráid Albany, agus bhí gach teampall i bhfogas don áit ag obair go dícheallach ag múscailt daoine le gleadhradh míriartha clog. Chualathas doirse á n-oscailt agus lonraíodh fuinneog i ndiaidh fuinneoge le solas buí in áit nach raibh ach dorchadas cheana.

Tháinig cóiste dúnta sna glinnteacha aníos an tsráid; ba mhór é an fothram a rinne sé ar theacht timpeall an choirnéil dó, mhéadaigh ar an rírá ar dhul faoin bhfuinneog dó, agus chuaigh i

Teacht na Marsach

léig go mall i gcéin. Gar dá éis sin tháinig cúpla carbad agus ba ghearr an mhoill gur lean slua fada trucaílí iad sin—a bhformhór ag déanamh ar stáisiún Chalk Farm mar a raibh traenacha speisialta Chomhlacht an Iardheiscirt á ngléasadh in áit dul síos le fána chomh fada le Euston.

Bhí mo dheartháir ag féachaint amach an fhuinneog ar feadh i bhfad aimsire agus iontas an domhain air; ag féachaint ar na póilíní ag greadadh ar dhoras i ndiaidh dorais, agus iad ag insint a dteachtaireachta dothuigthe. Ansin osclaíodh an doras taobh thiar de agus siúd isteach chuige an lóistéir a bhí ina chónaí ar an urlár céanna. Ní raibh air ach a léine, a bhríste, agus a shlipéir. Bhí a ghealasacha scortha timpeall a bhásta, agus a chuid gruaige in aimhréidh.

“Céard é féin in ainm na tubaiste?” ar seisean. “Dóiteán, an ea? Céard faoi an raic go léir?”

Shín siad araon amach an fhuinneog, ag iarraidh a raibh á ghlaoch amach ag na póilíní a chloistéal. Bhí daoine as na cúlsráideanna ina seasamh ina mbuíonta ag na coirnéil ag caint.

“Céard é féin in ainm an mhí-áidh?” arsa comhlóistéir mo dhearthár.

Thug mo dheartháir sórt freagra air is thosaigh á ghléasadh féin, é ag rith go dtí an fhuinneog fad is a bhí gach ball éadaigh á chur air ar eagla go rachadh aon chuid den chorraíl a bhí ag méadú sna sráideanna amú air. Agus ar ball tháinig giollaí isteach sa tsráid ag béiceadh os ard agus ag díol eagráin an-mhoch de nuachtáin na maidine: “Londain i mbaol a plúchta! Dúnta Kingston agus Richmond réabtha! Slad uafásach i nGleann na Tamaise!”

Agus mórthimpeall air—sna seomraí thíos, sna tithe ar gach taobh de agus ar a aghaidh amach, agus ar a chúl in ardáin na páirce agus sna céadta sráid eile atá sa taobh sin de Mharylebone, agus de cheantar Westbourne Park agus St Pancras, agus thiar is thuaidh i Kilburn agus St John’s Wood agus Hampstead, agus thoir i Shoreditch agus Highbury agus Haggerston agus Hoxton, agus, dá ndeirinn é, trí ollmhéid Londan go léir ó Ealing go West Ham—bhí daoine ag cuimilt na súl is ag oscailt fuinneog, ag sá a gceann amach is ag cur ceisteanna gan chéill, agus á ngléasadh féin go deifreach nuair a shéid an chéad anáil de stoirm na hEagla trí na sráideanna. Ba é maidin lá an scanraidh mhóir é. Na daoine sin i Londain a chuaigh a chodladh go réchúiseach oíche Dé

Domhnaigh músclaíodh iad go moch maidin Dé Luain agus tuiscint mhaith acu ar an mbaol a bhí rompu amach.

Nuair nár fhéad sé a dhéanamh amach ón bhfuinneog céard a bhí ar bun, chuaigh mo dheartháir síos amach sa tsráid, le linn dath bándearg a dhul ar an spéir idir díonta na dtithe le fáinniú an lae. Bhí an lucht siúil is muintir na dtrucaill ag dul i líonmhaireacht gach nóiméad. “Deatach Dubh!” chuala sé na daoine a rá agus ansin arís “Deatach Dubh!” Luigh sé le réasún go mbeadh galar na heagla sin tógálach. Bhain stad do mo dheartháir ar leac an dorais, agus nuair a rinne, chonaic sé anall chuige giolla nuachtán is cheannaigh sé cóip ar scilling lom láithreach. Rith an giolla leis: an eagla is an tsaint á shaighdeadh san am céanna.

Agus is sa nuachtán sin a léigh mo dheartháir fógra doilíosach Ardcheannasaí an Airm: “Tá na Marsaigh in ann scamail ollmhóra de ghal dhubh nimhneach a spréigh amach as roicéid. Tá ár ngunnaí plúchta is Richmond, Kingston agus Wimbledon creachta acu. Tá siad ag déanamh ar Londain go mall is ag creachadh gach aon ní a thagann rompu. Ní féidir iad a stopadh. Níl dul ón Deatach Dubh ach teitheadh lom láithreach.”

B’shin an méid ach níor bheag sin. Bhí pobal iomlán na cathrach móire sin—sé mhilliún duine—ag corraí, ag sleamhnú, ag rith; bheadh an pobal sin ag cur de ó thuaidh ar ball *en masse*.

“Deatach Dubh!” arsa na glórtha. “Tine!”

Rinne cloig na dteampall raic is rírá; capall a tiomáineadh gan aird bhuail sé i gcoinne umair sa tsráid agus chualathas scréacha is mallachtaí. Chuaigh soilse tanaí buí anonn is anall sna tithe, agus nocht cuid de na cabanna a chuaigh thar bráid a lampaí lasta go dána. Agus os a chionn sin go léir bhí an spéir ag dul i ngile, i nglaine is i léire.

Chuala sé na coiscéimeanna ag rith anonn is anall sna seomraí agus síos suas an staighre ar a chúl. Tháinig bean an tí chuig an doras, gúna is seál fáiscithe isteach uirthi go ciotach; agus lean a fear céile í is é trína chéile.

Nuair thosaigh mo dheartháir ar thábhacht na rudaí seo go léir a thuiscint, d’iompáigh sé ar a sháil go tapa, chuir a raibh d’airgead ar fáil aige isteach ina phócaí—bhí tuairim is deich bpunt ar fad ann—agus chuaigh amach sna sráideanna arís.

CAIBIDIL 15

AN RUD A THARLA I SURREY

Le linn don séiplíneach a bheith ina shuí faoin bhfál sna bánta míne réidhe úd in aice Halliford is é ag caint go fuaiscneach liom agus le linn do mo dheartháir a bheith ag féachaint ar na teifigh ag teacht thar Dhroichead Westminster anall is ea a lean na Marsaigh dá n-ionsaí. De réir mar is féidir a dheimhniú ó na tuairiscí éagsúla a foilsíodh is amhlaidh a d'fhan a bhformhór sa log i Horsell go dtí a naoi a chlog san oíche: saothar orthu ag gabháil do ghnó éigin a chuireadh suas púireanna móra de dheatach uaine.

Ach tháinig triúr acu amach, gan bréag ar bith, timpeall a hocht a chlog agus lean siad ar aghaidh go mall airdeallach trí Bhyfleet is Pyrford i dtreo Ripley agus Weybridge, ionas gur tháinig na scaotha gunnaí idir iad agus solas na gréine a bhí ag dul faoi. Ní le hais a chéile a ghluais na Marsaigh seo chun cinn, ach i líne, agus tuairim is míle go leith slí idir gach ceann díobh. Chuiridís scéala chun a chéile le huailleacha amhail a dhéanfadh adharc a shéidfí, agus ritheadh na huailleacha sin suas síos an scála ó nóta go chéile.

B'iad an uallfartach sin agus lámhach na ngunnaí ag Ripley is ag St George's Hill a chualamarna ag Halliford Uachtair. Gunnadóirí Ripley—óglaigh artléire gan taithí nár chóir a gcur riamh ina leithéid sin d'ionad—scaoil siad aon chith amháin urchar go fiáin is go faillitheach sular tháinig an namhaid i raon urchair dóibh agus ansin thug siad do na boinn é nó ar mhuin capall tríd an mbaile beag tréigthe. Shiúil an Marsach thar a ngunnaí go socair gan feidhm a bhaint as an Teas-Gha, ghabh sé go hairdeallach tríothu, shiúil leis ar aghaidh agus ar an gcuma sin tháinig anuas ar na gunnaí i bPáirc Painshill gan choinne agus scrios iad.

B'fhéarr an treorú a rinneadh ar na saighdiúirí i St George's Hill, ámh, agus ba láidre an mianach a bhí iontu. Bhí siad sin i bhfolach i gcoill ghiúise agus is cosúil nach raibh aon súil leo ag an Marsach



Teacht na Marsach

ba ghaire dóibh. Chóirigh siad na gunnaí díreach mar a dhéanfaidís ar pháirc na beairice agus chaith urchar nuair a bhí an namhaid i bhfogas míle slat dóibh.

Lonraigh na pléascáin mórtimpeall an Mharsaigh agus chonaic siad é ag cur cúpla slat de go tuisleach sular thit sé. Lig an uile dhuine liú as i dteannta a chéile, agus cóiríodh na gunnaí athuair faoi dheifir bhuile. Thosaigh an Marsach, agus é sínte, ar olagón fada a chur de, agus ar thiontú an tsoip thug Marsach eile freagra air is chonacthas thar na crainn é ag teacht aneas. Dhealródh an scéal gur bhris pléascán ceann de na trí chos. Chuaigh an dara teilgean ar iomrall ón Marsach ar an talamh, agus san am céanna dhírigh a bheirt chomrádaithe a dTeas-Gha ar lucht na ngunnaí. Phléasc an stóras cogaidh, las na crainn ghiúise go léir máguaird, agus níor éalaigh ó pháirc an áir ach duine nó beirt de na fir a bhí ag rith thar bharr an chnoic cheana féin.

Dhealródh an scéal gur ghlac an triúr comhairle le chéile ina dhiaidh sin, gur stad siad; agus dúirt na fir faire a bhí ag cur croin iontu gur sheas siad gan cor gan car astu ar feadh leathuair an chloig. An Marsach a leagadh, tháinig sé ag lámhacán amach as a húda—duine beag donn a bhí ann arbh é an tsamhail a thabharfá air i bhfad uait mionbhlúire meirge—is ghabh sé air, ba chosúil, ag deasú na coise. Bhí deireadh déanta aige timpeall a naoi a chlog mar chonaic mé a chochall arís os cionn na gcrann an uair úd.

Bhí sé roinnt nóiméad tar éis a naoi a chlog an oíche sin nuair a tháinig ceathrar Marsach eile suas leis an triúr agus feadán dubh teann ar iompar ag gach duine acu. Tugadh feadáin den chineál céanna don triúr, agus thosaigh an mórshéisear díobh ar dhruidim amach ó chéile go dtí go raibh siad in aon chuarlíne amháin; agus iad comhfhad ó chéile idir St George's Hill, Weybridge, agus baile beag Send atá ar an taobh thiar theas de Ripley.

Scinn suas le dosaeen roicéad ó na cnoic rompu an túsce a chuir siad chun siúil á fhógairt do lucht na ngunnaí timpeall Ditton is Esher go rabhthas chucu. Lena linn sin ghabh ceithre cinn dá Meaisíní Troda anonn thar an abhainn, agus tháinig péire acu i léargas dom féin is don séiplíneach a fhad a bhíomar ag cur dinn go hatuirseach léanmhar ar an mbóthar ó thuaidh ó Halliford. Chonacthas dúinn gur ar scamall a bhí siad ag gluaiseacht mar bhí ceo bán anuas ar na páirceanna agus é ina dtimpeall go dtí a thrian dá n-airde orthu.

Nuair a chonaic an séiplíneach an radharc sin chuir sé glao beag lag as, agus thosaigh sé ag rith, ach bhí a fhios agamsa nárbh aon

chabhair do dhuine a bheith ag rith ó Mharsach, ionas gur chas mé ar leataobh agus chuaigh ag lámhacán trí neantóga is driseacha a raibh an drúcht orthu isteach i ndíog leathan ar thaobh an bhóthair. Dhearc sé ar gcúl. Chonaic sé céard a bhí ar bun agam agus rinne sé féin amhlaidh.

Stad an bheirt Mharsach, an duine ba ghaire dúinn ina sheasamh agus a aghaidh ar Sunbury, an duine ba shia uainn mar a bheadh rud liath doiléir éigin in aice réalta an tráthnóna, ag féachaint uaidh amach ar Staines.

Bhí deireadh leis an uallfartach a dhéanadh na Marsaigh roimhe sin; chuaigh siad go léir isteach ina n-ionad féin mórthimpeall na sorcóirí gan torann ar bith astu. Cuma leathré a bhí ar an líne a bhí déanta acu, leathré mhór mhillteach is dhá mhíle dhéag de leithead idir a dhá adharc. Ón uair a ceapadh púdar gunnaí ní raibh tús catha riamh chomh ciúin sin. Is ionann an bharúil a bheadh ag duine i Ripley faoi agus a bhí againne—dhealraigh na Marsaigh a bheith faoi lánréim an oíche dhorcha sin nuair nach raibh de sholas ann ach an ghealach chaol, na réaltaí, iar-sholas an lae, agus an loinnir dhearg ó St George's Hill agus ó na coillte i bPainshill.

Ach bhí na gunnaí faoi réir is in eagar san uile áit a raibh foscadh dóibh ar aghaidh na leathré sin amach: bhí siad i Staines, i Hounslow, i nDitton, in Esher, agus in Ockham; ar chúl na gcnoc is na gcoillte ar an taobh theas den abhainn agus trasna na mbánta réidhe féarmhara ar an taobh thuaidh di. Bhí na bladhmanna ag pléascadh sa spéir i gcaitheamh na hoíche go léir—na spréacha á scaipeadh uathu ar fud an bhaill go dtéidís i léig roimh shroicheadh na talún dóibh agus bhorr meanma lucht faire na mbatairí nó go raibh siad ar tinneall le hionchas. An túisce a théadh na Marsaigh i raon urchair dóibh chorraíodh na figiúirí dubha sin d'fhir a bhí gan mhothú gan áran go nuige sin agus phléascadh na gunnaí úd a chonacthas ag spréacharnach chomh dorcha sin i dtús oíche, phléascadís amach in aon rírá buile amháin.

Níl aon agó ach gurbh é an smaoineamh céanna a bhí ag déanamh imní dom féin agus do na mílte eile, .i. cén tuiscint a bhí ag na Marsaigh orainn? Arbh fhollas dóibh go raibh na milliúin againne ann agus sinn in eagar, agus faoi smacht, agus ag obair as lámh a chéile? Nó an mar a chéile an bharúil a bhí acu de na splancacha fánacha tine, den gha tobann a chuireadh ár ngunnaí iontu, den chuma ar leanamar de bheith ag tabhairt fúthu agus a bheadh againn féin den ghleo is den ruathar buile a dhéanfadh beacha a gcorrófaí an choirceog orthu? Ar mheas siad go mbeadh

ar a gcumas an uile dhuine againn a chur den saol? (Ag an am sin níorbh eol do dhuine ar bith cén bia a bheadh de dhíth orthu.) Bhí na céadta ceist den sórt sin trína chéile i m'aigne le linn dom bheith ag breathnú ar an mórgharda sin. Agus san am céanna níor dhearmad mé na sluaite anaithnide a bhí i bhfolach idir iad agus Londain. An amhlaidh a bhí gaistí á n-ullmhú acu sin? An raibh na muilte púdair ag Hounslow ullamh ina gcomhair? An mbeadh sé de chroí is de mhisneach i muintir London a gcathair ollmhór a chur trí thine faoi mar a rinne muintir Mhoscó?

I gceann tamaill fhada aimsire—sin mar a chonacthas dúinne é ar chuma ar bith agus sinn ar ár gcromada ag glinniúint amach tríd an gclaí—tháinig fuaim chugainn ba chosúil le gunna á scaoileadh i gcéin. Chualamar ceann eile ansin ní ba ghaire dúinn, agus ceann eile arís. Agus ansin d'ardaigh an Marsach inár n-aice a fheadán in airde agus scaoil é mar a dhéanfaí le gunna. Tháinig fuaim mhór agus chrith an talamh fúinn. Rinne an Marsach a bhí i leith Staines mar an gcéanna. Splanc ní raibh ann ná deatach—dada ach amháin fuaim an urchair.

Bhí mé chomh corraithe ag na gunnaí móra úd ag leanúint a chéile gach nóiméad go raibh oiread den díth céille ionam is go ndeachaigh mé ag lámhacán suas isteach sa chlaí gur dhearc mé go dian i dtreo Sunbury. Rinne mé dearmad ar mo lámha scallta. Rinne mé dearmad gur bhaol dom féin ansin. Lena linn sin chuala mé an dara hurchar agus ling piléar mór éigin tríd an aer os mo chionn i dtreo Hounslow. Bhí súil agam deatach nó tine nó rian éigin eile dá chuid oibre a fheiceáil ar a laghad. Ach ní fhaca mé ach an spéir dhúghorm in airde, aon réalta aonraic amháin á lasadh, agus an ceo bán á leathadh i bhfad is i gcóngar thíos fúithi. Agus níor airíomar pléascadh ar bith, ná urchar ar bith á fhreagairt.

“Céard a tharla?” arsa an séiplíneach agus d'éirigh sé ina sheasamh láimh liom.

“Ag Dia amháin atá a fhios!” arsa mise.

D'imigh sciathán leathair thart go ndeachaigh as radharc. Thosaigh béicíl mhór mhillteach i gcéin gur stad ansin. D'fhéach mé ar an Marsach arís agus chonaic mé go raibh sé ag bogadh leis soir feadh na habhann, de ghluaiseacht mhear.

Bhí coinne agam go mbuailfeadh an tine é nóiméad ar bith feasta ó ghunnaí éigin i bhfolach roimhe; ach níor briseadh ciúnas an tráthnóna. Chuaigh cruth an Mharsaigh i laghad de réir mar a dhruid sé uainn agus i ndiaidh a chéile shlog an ceo agus scamail dhorcha na hoíche suas iontu féin é. Dhreapamar in airde ar an

gcláí d'aon iarracht. Bhí cruth dubh thall in aice Sunbury faoi mar a bheadh cnoc i riocht cruach tar éis teacht do láthair ansin agus chuaigh an cruth sin idir sinn agus an radharc ar an tír romhainn amach; agus ansin, níos sia uainn ar an taobh thall den abhainn, os cionn Walton, chonaiceamar beann eile den sórt céanna. Chuaigh na cruthanna sin ba dhealraitheach le cnoic i leithne is in ísle os comhair ár súl diaidh ar ndiaidh.

Bhuail smaoineamh mé ansin go tobann. D'fhéach mé ó thuaidh agus céard a d'fheicfinn ansin ach an tríú ceann de na beanna dubha ceocha sin a bhí tar éis éirí amach.

Bhí gach rud ciúin socair de phreab. I bhfad uainn ar an taobh thoir theas, chualamar na Marsaigh ag búireach chun a chéile agus ansin an t-aer á chreathadh de bharr bhualadh a ngunnaí i gcéin. Ach níor thug an airtléire talún aon fhreagra orthu.

Ach cheana, níor fhéadamarna na himeachtaí sin a thuiscint san am sin; i bhfad ina dhiaidh sin is ea a léiríodh dom brí na gcnoc tuarúil úd a tháinig i gceann a chéile le titim na hoíche. Is amhlaidh a scaoil gach ceann de na Marsaigh, ón leathré mhór úd a mhínigh mé cheana féin, faoi pé cnoc nó cabrach nó sraith tithe nó pé áit eile a thabharfadh foscadh do ghunnaí a tharla a bheith ina bhfianaise. Cuid acu níor chaith siad ach aon urchar amháin, cuid eile acu dhá urchar, amhail an ceann bhí ar ár n-aghaidhne amach; agus deirtear gur scaoil an ceann ag Ripley cúig cinn ar a laghad an t-am sin. Bhris na pléascáin seo ar bhualadh an talamh dóibh—ní pléascadh a rinne siad—agus nuair a bhris d'éirigh púir ábhalmhór de ghal thiubh dhubh uathu. Lúb is chas an ghal agus d'éirigh sí suas ina scamall mór millteach dorcha a thit agus a leath ar fud na dúiche go mall. Ba leor puth amháin den ghal nimhneach sin chun aon chréatúr beo a mharú.

Bhí an ghal sin go trom. Níos troime ná an deatach is tibhe, ionas, tar éis di éirí is leathnú, gur thit sí tríd an aer is dhoirt amach os cionn na talún ar chuma a ndéanfadh an t-uisce. Ghluais sí mar a bheadh sruth isteach sna gleannta, sna sconsaí agus sna haibhneacha amhail mar a dhéanann an t-aigéad carbónach, a sceitheann as na scoilteacha bolcánacha, más fíor a ndeirtear liom. Agus áit ar tháinig sé ar uisce tharla imoibriú ceimiceach éigin, agus clúdaíodh barr an uisce láithreach bonn baill le cúr púdrach a chuaigh faoi go mall agus a rinne bealach dá thuilleadh. Níorbh fhéidir ar aon chaoi an cúr sin a thuaslagadh, agus is aisteach an rud é agus a nimhní a bhí an gás, go bhféadfadh duine an t-uisce céanna a ól gan mhíthapa ach é a scagadh. Níor scaip an ghal

amhail a dhéanfadh fíorghás. Chloígh sí dá chéile ina meallta, ghluais sí go mall siléigeach ar aghaidh ar dhromchla na talún, bhog sí léi go neamhthoilteanach roimh an ngaoth agus mheasc sí go fóirmhall le ceo is le fliuchras an aeir gur thit ar an talamh i riocht deannaigh. An dúil atá ann, ní heol dúinn mar gheall uirthi ach go gcuireann sí ceithre líne i ngoirme an speictrim.

An tuisce a bhí a leathnú thart, chloígh an Deatach Dubh go tiubh leis an talamh, fiú sular thit sé. Chloígh sé chomh tiubh sin leis an talamh go bhféadfaí an nimh a sheachaint ar fad caoga troigh os cionn chothrom na talún faoi mar a léiríodh do dhaoine a d'fhan ar bharra tithe móra nó crann ard i Street Cobham agus i nDitton.

An fear a d'éalaigh ón gcéad áit díobh sin tá scéal iontach le haithris aige i dtaobh aiteas shruth lúbach na gaile, agus cé mar a dhearc sé anuas ó stua teampaill go bhfaca tithe an bhaile bhig ag éirí mar a bheadh taibhsí as an duibheagán dubh. D'fhan sé ansiúd ar feadh lá go leith, tuirse air, é stiúghtha leis an ocras agus scallta ag an ngrian, an domhan mór a fhad leis na cnoic i gcéin mar a bheadh farraige leathan dhubhlonrach agus díonta dearga, crainn ghlasa, agus ina dhiaidh sin, duilliúr faoi bhrat dubh agus geataí, sciobóil, cróite is ballaí ag éirí amach anseo is ansiúd faoi sholas na gréine.

Ach b'shin mar a bhí i Street Cobham áit ar ligeadh don ghal dhubh fanacht nó gur thit sí dá deoin féin isteach sa talamh. De ghnáth, dhéanadh na Marsaigh an t-aer a ghlanadh arís chomh luath is a bhíodh a gnó déanta ag an ngal. Shiúlaidís isteach inti agus dhírídís sruth de cheo uisce uirthi.

Sin é a rinne siad leis na meallta gaile a bhí in aice linne amhail mar a chonaiceamar le solas na réaltaí ó fhuinneog an tí in Halliford Uachtair nuair a d'fhillamar ann. Ón áit sin bhí radharc againn ar na soilse cuardaigh ar Chnoc Richmond agus ar Chnoc Kingston agus iad ag imeacht anonn is anall. Chrith an fhuinneog timpeall a haon déag is chualamar torann na ngunnaí móra léigir a cuireadh ina suí ansin. Lean siad seo de bheith ag caitheamh ó am go ham le súil is go mbuailfeadh corr-urchar na Marsaigh ag Hampton agus ag Ditton cé nach raibh siad le feiceáil, agus ansin múchadh gathanna liathbhána an tsolais leictrigh agus tháinig loinnir gheal dhearg ina leaba.

Thit an ceathrú sorcóir ansin—dreige ghlasuaine—agus i mBushy Park a thit sé, dúradh liom ina dhiaidh sin. Sular thosaigh na gunnaí ar chúl na gcnoc ag Richmond is Kingston chualamar

torann sa taobh thiar theas. Is amhlaidh a caitheadh urchair amhraisi ansiúd, deirtear liom, sular fhéad an Deatach Dubh na gunnadóirí a phlúchadh.

Is mar sin a scaip na Marsaigh an ghal aisteach phlúchtach thar an dúiche go léir i dtreo Londan agus a chuir siad chun an gnó sin a dhéanamh chomh modhúil is a dhéanfaidh fear deatach a thabhairt do choirceog beach ghabhair. Scar adharca na leathré go mall ó chéile nó go ndearnadh líne díobh ó Hanwell go Coombe is Malden. Ar feadh na hoíche go léir bhí na píobáin mhillteacha ag dul chun cinn. Ón uair a leagadh an Marsach ag St George's Hill níor thug siad caoi dá laghad do na gunnaí móra tabhairt fúthu. Pé áit arbh eagal leo gunnaí bheith i bhfolach rompu ann, scaoilidís tuilleadh den Deatach Dubh amach agus pé áit a mbíodh na gunnaí ar an talamh cothrom rompu chuirte an Teas-Gha i gcion.

Roimh an meán oíche bhí na crainn ar shleasa Pháirc Richmond ina gcaor thine agus bhí Cnoc Kingston amhlaidh freisin. Nocht an solas an Deatach Dubh a bhí sínte amach chomh fada le do sheanradharc ionas nach raibh Gleann na Tamaise le feiceáil. Agus bhí dhá Mharsach ag siúl tríd an deatach go mall agus iad ag caitheamh ceo uisce anseo is ansiúd uathu.

Rinne na Marsaigh an Teas-Gha a choigilt an oíche úd toisc gan acu d'ábhar a dhéanta ach an beagán nó toisc nárbh áil leo an tír a mhilleadh ach na daoine a d'éirigh amach ina n-éadan a chloígh agus imeagla a chur orthu. D'éirigh leo iad a chloígh agus imeagla a chur orthu gan aon bhréag. Ó oíche Dé Domhnaigh amach b'fhollas nach bhféadfaí cur ina n-aghaidh. Go fiú foirne na mbád toirpéad agus na scriostóirí a thug na gunnaí mearchaithimh aníos an Tamais, ní fhanfaidís ann. Rinne siad ceannairc agus síos an Tamais leo arís. Is é an t-aon ghníomh ionsaithe a rinneadh i ndiaidh na hoíche sin ná mianaigh a chur i dtalamh agus luíochán a dhéanamh agus fiú an méid sin féin is go scéiniúil éidreorach a rinneadh é.

Is deacair do dhuine oidhe na ndíormaí airtléire úd ag Esher a shamhlú dó féin. Iad ag fanacht go cróga is anfa orthu sa bhreacsholas. Duine díobh níor fágadh beo. Samhlaigh duit féin na hóglaigh úd ag fanacht leis an namhaid, na hoifigigh go bríomhar airdeallach, na gunnadóirí faoi réir, an t-armhlón ina chairn taobh leo, na tiománaithe is a gcuid capall is truailí, na scataí sibhialtach ina seasamh chomh cóngarach dóibh is ba cheadmhach, ciúnas an tráthnóna; na hotharchairr is cábáin an ospidéil ina raibh na fir leonta is dóite ó Weybridge; ansin tormán múchta na n-urchar a

chaith na Marsaigh agus an gléas mór ciotach ag imeacht go fuadrach os cionn tithe is crann, agus ag lascadh leis trí pháirceanna na comharsanachta.

Tig le duine a shamhlú dó féin freisin cén t-athrú a tháinig ar an radharc sin: an dorchadas ag teacht chun tosaigh go tréan ina lúba is ina bholgáin, ag éirí suas chun na spéire, ag cur deiridh leis an gclapsholas; namhaid aisteach uamhnach gaile ag siúl i dtreo a chuid íospartach. Ar éigean a fheictear na fir is na capaill in aice leis. Ritheann siad leo ag scréachadh. Titeann siad i ndiaidh a gcinn. Glaonn siad go hard is go truamhéalach. Tréigtear na gunnaí. Tá fir ina luí ar an talamh. Iad ag tachtadh is ag únfairt. Agus siúd an deatach ag leathadh ina dtimpeall gan trua gan taise. Tagann an oíche ansin agus an fíordhorchadas—agus níl ann ach corpáin ar fud an bhaill agus an ghal thiubh á gclúdach.

Roimh bhreacadh an lae bhí an ghal dhubh ag doirteadh trí shráideanna Richmond, agus bhí an rialtas—an méid de a bhí ann go fóill—ag gríosadh pobal Londen chun teitheadh.


CAIBIDIL 16

AN IMEACHT AS LONDAIN

Tuigtear duit mar sin cén tonn eagla a bhuaíl an chathair is mó dá bhfuil ar an domhan le breacadh an lae Dé Luain—daoine ag teitheadh leo go mear, iad ina dtáinte mórthimpeall na stáisiún traenach is le hais na long ar an Tamais, agus ag deifriú leo ar gach bóthar soir is ó thuaidh. Faoina deich a chlog bhí na póilíní trína chéile. D'imigh a n-éifeachtúlacht is a smacht ar ceal. Chaill siad a misneach agus i ndeireadh na dála theith siad maraon leis na sluaite imeaglacha. Faoi uair an mheán lae bhí lucht stiúrtha is lucht oibre na mbóithre iarainn ar an gcuma chéanna.

Tugadh fógra roimh mheán oíche Dé Domhnaigh do na hiarnróid uile ar an taobh thuaidh den Tamais agus do mhuintir Bhóthar Iarainn an Deiscirt is an Oirthir ag Sráid Cannon, agus bhí traenacha á líonadh, agus daoine ag troid go fíochmhar le chéile ag iarraidh cead seasaimh sna carráistí ar a dó a chlog féin. Faoina trí a chlog bhí daoine á mbrú is á satailt i Sráid Bishopsgate fiú amháin; cúpla céad slat nó mar sin ó Shráid Liverpool caitheadh urchair as gunnáin is sceanadh daoine. Na póilíní a cuireadh ann chun gnóthaí a riar bhris ar an bhfoighne acu, tháinig fearg orthu, agus i leaba a bheith ag cosaint na ndaoine is é an chaoi a raibh siad ag scoilteadh a gcloigeann lena mbataí.

Agus tar éis tamaill dhiúltaigh tiománaithe na n-inneall is a ngiollaí fillleadh go Londain, thiomáin líonmhaireacht an tslua an pobal ó na stáisiúin agus thug siad a n-aghaidh ar an tuaisceart. Chonacthas Marsach ag Barnes faoi mheán lae, agus bhí scamall den ghal mhall dhubh feadh na Tamaise ó thuaidh agus trasna mhánna Lambeth ionas nach bhféadfaí imeacht thar na droichid



anonn. Thiomáin meall eile di leis thar Ealing, agus luigh mórthimpeall oileán beag daoine a bhí ar Castle Hill. Bhí siad siúd ina mbeatha ach níorbh fhéidir leo cúlú ná dul chun cinn.

Tar éis iarracht a dhéanamh ar dhul suas ar thraein de chuid an Tuaiscirt is an Iarthair ag Chalk Farm, rud a bhí fuar aige—thiomáin na hinnill traenach a lastáladh i gclós na n-earraí ansin, thiomáin siad trí shlua daoine a bhí ag screadaíl agus rinne dháréag fear calma an slua a throid d'fhonn iad a choinneáil ón tiománaí a bhrú in aghaidh na foirnéise—tháinig mo dheartháir amach ar Bhóthar Chalk Farm, rith leis isteach trí na trucailí, agus bhí sé d'ádhdh air a bheith ar an gcéad dream a thug fogha faoi shiopa rothar. Roth tosaigh an mheaisín a fuair sé bhí sé pollta de dheasca é a tharraingt amach tríd an bhfuinneog, ach chuaigh sé suas air agus siúd leis agus gan dá dheasca air ach rí ghearrtha. Níorbh fhéidir gluaiseacht trí bhun Chnoc Haverstock toisc oiread sin capall a bheith sínte ann, agus ar an ábhar sin bhuail mo dheartháir amach ar Bhóthar Belsize.

Is mar sin a d'éalaigh sé ón slua buile agus tar éis dul thart le Bóthar Edgware bhain sé Edgware amach timpeall a seacht. Bhí ocras is tuirse air ach bhí sé chun tosaigh go maith ar an slua. Feadh an bhóthair suas bhí daoine ina seasamh agus iontas is caidéis orthu. Scoith cuid mhaith rothaithe, marcach agus dhá ghluasteán amach thairis. Míle ó Edgware bhris imeall an rotha tosaigh agus níorbh fhéidir an meaisín a thiomáint a thuilleadh. D'fhág sé le hais an bhóthair é agus shiúil sé isteach sa bhaile beag. Bhí siopaí ar leathoscailt ar an tsráid mhór, agus bhí na sluaite daoine ar an gcosán agus i mbéal na ndoirse agus ag na fuinneoga, ag breathnú ar an scuaidrín iontach de lucht fáin a bhí ag teacht ar an mbaile chucu. D'éirigh leis roinnt bia a fháil i dteach tábhairne ann.

Chaith sé tamall in Edgware, agus gan a fhios aige cén chéad rud eile ab fhearr dó a dhéanamh. Bhí na teifigh ag dul i líonmhaireacht. Bhí fonn ar chuid acu, fearacht mo dhearthár, fanacht san áit. Ní raibh aon eolas nua acu i dtaobh na n-ionróirí ó Mhars.

Ag an am sin bhí na sluaite ar na bóithre ach b'fhada go fóill go mbeidís plódaithe thar fóir. Bhí formhór na dteifeach ag

rothaíocht ach ní fada go raibh roinnt gluaisteán ann freisin, agus hansaim is carráistí is iad ag imeacht leo faoi ghiodar. Agus bhí an deannach ina scamall tiubh ar an mbóthar go St Albans.

Shocraigh mo dheartháir faoi dheireadh bualadh leis soir ar bhóithrín agus a bhealach a dhéanamh chomh fada le Chelmsford áit a raibh roinnt cairde leis ina gcónaí. Casadh dreapa leis, chuaigh sé anonn thairis, agus shiúil leis soir ó thuaidh ar an gcosán. D'fhág sé roinnt tithe feirme ina dhiaidh agus bailte beaga nár chuala sé riamh cén t-ainm a bhí orthu. Is beag teifeach a chonaic sé nó gur casadh beirt bhan uasal leis ar bhóithrín féarmhar in aice le High Barnett, agus shiúil siad lena chois. Tháinig sé suas leo tráthúil go leor chun iad a chosaint.

Is amhlaidh a chuala sé na scréacha agus nuair a rith sé timpeall an choirnéil chonaic sé beirt fhear ag iarraidh iad a shracadh amach as carr beag a fhad a bhí an tríú duine ag iarraidh an capaillín a cheansú agus a dhóthain dá dhua á fháil aige. Bhí duine de na mná—bean bheag is feisteas bán uirthi—ag scréachadh; bhí an bhean eile—duine seang dubh—agus greim ag fear ar lámh uirthi agus í á lascadh le fuip a bhí sa lámh eile aice.

Thuig mo dheartháir an cás ar an bpointe. Lig sé béic as agus thug sé a aghaidh ar an gcomhrac. Thug duine de na fir aghaidh air. Nuair a chonaic mo dheartháir ar éadan a theagmhálaí nach raibh dul ón troid thug sé amas faoi, agus ós togha dornálaí é, ba ghearr gur leag sé in aghaidh roth an chairr é.

Níorbh é uain na ridireachta é agus bhuail mo dheartháir cic air a d'fhág ina phleist é. Rug sé ansin ar bhóna ar an bhfear a bhí i ngreim i lámh na mná seinge. Chuala sé gliogram na gcrúb, tarraingíodh stiall den fhuip trasna an éadain air, bhuail an tríú duine idir an dá shúil é, agus an fear a raibh sé i ngreim ann shrac sé é féin uaidh agus as go brách leis síos an bóithrín sa treo ónar tháinig sé féin.

Bhí a bheag nó a mhór de mhearú air, agus fuair sé é féin aghaidh ar aghaidh leis an duine a raibh greim aige ar an gcapall go nuige sin. Chuala sé an carr ag imeacht uaidh síos an bóithrín, é ag luascadh ó thaobh go taobh, agus na mná ann ag breathnú aniar air. Thug an tuairgnín d'fhear os a choinne iarraidh ar ghreim a bhreith air ach bhuail sé buille san éadan air a chuir

crapall leis. Ach nuair a tuigeadh dó ansin go raibh sé ina aonar, rith sé thart leis an bhfear agus síos an bóithrín leis i ndiaidh an chairr, agus an tuairgnín d'fhear ina dhiaidh agus achar maith ina dhiaidh sin an duine a theith ar dtús.

Baineadh barrthuisle as go tobann, ámh, agus thit sé: an namhaid ab fhoisce dó thit seisean amach thairis ar mhullach a chinn, agus nuair a d'éirigh mo dheartháir ba seo beirt ag tabhairt faoi arís. Is beag an rath a dhéanfadh sé ina n-éadan murach gur stop an bhean sheang an carr, agus go raibh sé de mhisneach aici teacht ar ais de chabhair air. Dealraíonn an scéal go raibh gunnán aici ar feadh an achair ach is amhlaidh a bhí sé faoin suíochán nuair a tugadh ionsaí uirthi féin is a compánach. Scaoil sí urchar nuair a bhí sí i ngaireacht sé slata dóibh agus is beag bídeach nár bhuail sí mo dheartháir. Rith an duine ba lú misneach de na gadaithe, agus lean a chompánach é, ag tabhairt a mhíle mallacht air mar chladhaire meata. Stad siad araon ina fhianaise ar an mbóithrín an áit a raibh an tríú fear ina luí gan cor ná car as.

"Tóg é seo!" arsa an bhean chaol, agus thug sí a gunnán dó.

"Téigh siar go dtí an carr," arsa mo dheartháir, agus ghlan sé an fhuil dá bhruas scoilte.

D'iompaign sí gan focal a rá—bhí saothar ar an mbeirt acu—agus ar ais leis go dtí an áit a raibh bean an ghúna bháin ag iarraidh greim a choinneáil ar an gcapaillín scanraithe.

B'fhollas go raibh a sáith troda déanta ag na gadaithe. Nuair a dhearc mo dheartháir siar arís bhí siad ag cúlú leo.

"Suífidh mise anseo," arsa mo dheartháir, "mura miste leat;" agus chuaigh sé in airde sa suíochán díomhaoin i dtosach an chairr. D'fhéach an bhean siar thar a gualainn.

"Tabhair dom an srian," ar sise, agus tharraing sí stiall den fhuip ar an gcapaillín. Nóiméad eile agus bhí an triúr fear as radharc taobh thall de choirnéal sa mbóthar.

Agus is mar sin, gan coinne ar bith, a tharla mo dheartháir ag tiomáint ar bhóithrín nach raibh aon eolas aige air, beirt bhan ina chuideachta, a bhéal gearrtha, a ghiall leonta agus rian na fola ar ailt a dhá lámh.

Bean chéile dochtúra ó Stanmore agus deirfiúr óg leis a bhí iontu. Bhí an dochtúir tar éis a bheith ag freastal ar dhuine a bhí i

Teacht na Marsach

mbéala báis agus nuair a tháinig sé abhaile i lár na hoíche thug sé leis ón stáisiún traenach scéala go raibh na Marsaigh ag déanamh ceann ar aghaidh. Mhúscaíl sé na mná—chuir sé roinnt lóin i dtoll a chéile, sháigh a ghunnán faoin suíochán—bhí an t-ádh ar mo dheartháir go ndearna sé amhlaidh—agus dúirt sé leo tiomáint go dtí Edgware le súil is go bhfaighidís traenín ansin. D’fhan sé féin sa bhaile le rabhadh a thabhairt do na comharsana. Thiocfadh sé suas leo, dúirt sé, timpeall leathuair tar éis a ceathair ar maidin, agus, anois bhí sé a naoi a chlog nach mór agus gan tasc ná tuairisc air go fóill. Níor fhéad siad fanacht in Edgware toisc an slua san áit a bheith ag dul i líonmhaireacht, agus dá bhrí sin tháinig siad isteach sa bhóithrín iargúlta sin.

Ba é sin an scéal a d’inis siad do mo dheartháir de réir a chéile nuair a stop siad ar ball arís ní ba ghairde do New Barnet. Gheall sé go bhfanfadh sé ina dteannta nó go mbeartóidís plean éigin, ar a laghad, nó go dtiocfadh an fear a bhí ar iarraidh. Lig sé air go raibh urchar thar na bearta aige—ar a shon nach ndearna sé taithí riamh de ghunnán—d’fhonn misneach a thabhairt dóibh.

Rinne siad cineál campa le hais an bhóthair, agus bhí an capaillín an sásta ag iníor ar an sconsa. D’inis sé dóibh cé mar a d’éalaigh sé féin as Londain agus pé tuairisc a bhí aige i dtaobh na Marsach is a gcúrsaí thug sé sin dóibh. Chuaigh an ghrian suas sa spéir, agus i gceann tamaill tháinig díth cainte orthu agus thosaigh siad ag éirí inníoch. Tháinig roinnt daoine an treo agus fuair mo dheartháir an oiread nuachta uathu is a d’fhéad sé. Is amhlaidh a méadaíodh ar an inní aige mar is mó a thuig sé cén riachtanas a bhí ann leanúint den teitheadh, le gach freagra briste a tugadh air. Chuir sé an scéal faoina gcomhairle.

“Tá airgead againn,” arsa an bhean chaol, agus stop sí.

Chonaic sí súile mo dheartháir agus b’shin deireadh leis an gcorrabhuais aici.

“Agus agamsa freisin,” arsa mo dheartháir.

Dúirt sí go raibh oiread agus tríocha punt in ór acu agus nóta cúig phunt ina theannta sin, agus cheap siad go mb’fhéidir dul ar an traenín ag St Alban’s nó New Barnet leis an méid sin. Níorbh aon mhaith é sin mar phlean, dar le mo dheartháir óir bhí a fhios aige cén bhuile a bhuail muintir Londain ag iarraidh traenacha.

Chomhairligh sé dóibh bualadh trasna Sussex chomh fada le Harwich agus imeacht amach as an tír ar fad mar sin.

Ní éistfeadh Mrs Elphinstone—b'shin ainm na mná pósta—le ciall ar bith, agus lean uirthi ag glaoch ar “Sheoirse”; ach b'iontach chomh ciúin staidéarach is a bhí deirfiúr a céile, agus d'aontaigh sí le comhairle mo dhearthár i ndeireadh na dála. D'imigh siad leo mar sin i dtreo Barnet, agus rún acu dul trasna Bhóthar Mór an Tuaiscirt, mo dheartháir ag treorú an chapail lena shábháil an oiread is ab fhéidir. De réir mar a d'éirigh an ghrian suas sa spéir neartaigh ar an teas, agus dhall is dhóigh gaineamh tiubh bán an bhóthair iad, i gcás gur mhall an siúl a bhí fúthu. Bhí na sconsaí liath ag an deannach. Agus de réir mar a theann siad le Barnet, neartaigh ar an monabhar mór.

Bhí ní ba mhó daoine ar na bóithre—a bhformhór ag breathnú amach rompu, ceisteanna dothuigthe á gcur acu ar a chéile go briotach, iad trom tuirseach salach. Chuaigh fear thart de shiúl a chos, culaith thráthnóna air, is a shúile dírithe ar an talamh. Chuala siad a ghlór, agus nuair a dhearc siad siar air, chonaic siad go raibh lámh leis i ngreim ina chuid gruaige, agus é ag bualadh an aeir leis an lámh eile. Nuair a d'imigh an racht buile de, lean sé leis gan féachaint siar.

Ag dul ar aghaidh dóibh i dtreo an chrosaire atá ar an taobh theas de Bharnet, chonaic siad bean ag teannadh leo trasna na bpáirceanna ar thaobh na láimhe clé, páiste ina baclainn aice agus beirt pháistí eile ag siúl lena cois, agus ina ndiaidh sin fear a raibh culaith dhubh, shalach air, maide teann i lámh leis agus portmanta beag sa lámh eile. Ansin tháinig capaillín dubh agus cairt bheag timpeall an choirnéil chucu, amach as bóithrín. Allas leis an gcapall agus geocach buí-leicneach, a raibh babhlaer air agus an deannach go liath air, á thiomáint. Bhí triúr cailíní agus cúpla páiste beag ar mhullach a chéile sa chairt.

“Tabharfaidh seo thar Edgware timpeall sinn, nach dtabharfaidh?” arsa an tiománaí, fiántas ina shúile agus éadan bán air; agus nuair a dúirt mo dheartháir go dtabharfadh chas sé do thaobh na láimhe clé, thug an fhuip don chapall, agus d'imigh leis gan fiú buíochas a ghabháil.

Thug mo dheartháir faoi deara ceo nó deatach éadrom liath ag éirí os cionn na dtithe a bhí ar a n-aghaidh amach, agus é ag clúdach thosach bán an ardáin, taobh thall den bhóthar a bhí ar chúl na dtithe. Ghlaoigh Mrs Elphinstone amach go tobann ar fheiceáil na dteangacha dearga lasta deataigh di ag éirí os cionn na dtithe ar a n-aghaidh amach is i gcoinne na spéire goirme teo. Ní torann mór a bhí ann feasta ach iomad glórtha á meascadh go mícheolmhar ina chéile, meilt iomad roth, díoscán trucaílí agus buillí meara crúb capall. Bhí coirnéal sa bhóithrín rompu agus gan an crosaire leathchéad slat chun tosaigh.

"A Thiarna!" arsa Mrs Elphinstone. "Cén áit a bhfuil tú dár dtiomáint?"

Stop mo dheartháir.

Mar bhí sruth buile daoine ar an mbóthar mór, tuile daonnaithe ag lascadh leo ó thuaidh, gach duine ag baint na sál dá chéile. Bhí gach aon ní glas doiléir ag scamall mór deannaigh, a bhí go lonrach bán faoi scalladh na gréine, agus bhí an scamall sin á athnuachan de shíor ag cosa deifreacha an phlóid mhóir sin de lucht siúil, idir fhir is mhná, agus ag rothaí na dtrucaílí éagsúla.

"Fág an bealach!" an glao a bhí acu go léir. "Fág an bealach!"

Chun teacht go dtí an áit ar tháinig an bóithrín amach ar an mbóthar b'ionann é agus dul isteach i ndeatach tine; bhí an slua ag búireach mar a bheadh tine, agus bhí an deannach te míchumhra. Agus mar bharr ar an olc bhí teach beag trí lasadh tamaillín slí suas an bóthar agus meallta móra de Dheatach Dubh ag teacht as agus ag imeacht trasna an bhóthair.

Chuaigh beirt fhear tharstu. Ansin tháinig bean shalach chaointeach agus beart trom aici. Rith gadhar fáin ina dtimpeall, a theanga amach as a bhéal, é go cráite céasta ach ghlan sé leis nuair a bhagair mo dheartháir air.

Bhí an bóthar i dtreo Londen le feiceáil acu idir na tithe ar deiseal agus é lán de dhaoine salacha deifreacha agus iad dingthe isteach ar a chéile idir na tithe ar gach taobh; chuaigh na cloigne dubha, na daoine pulctha, i soiléireacht de réir mar a lasc siad leo i dtreo an choirnéil. Chuaigh siad thar bráid agus cailleadh arís iad i measc na sluaite a bhí ag imeacht as láthair sa scamall ceo.

"Ar aghaidh! Ar aghaidh!" arsa na glórtha. "Fág an bealach! Fág an bealach!"

Bhí gach duine ag brú ar an duine a bhí amach roimhe. Bhí mo dheartháir ina sheasamh ag ceann an chapaillín. Mheall an slua chun cinn é agus siúd leis go mall réidh, síos an bóithrín.

Bhí Edgware trína chéile, bhí Chalk Farm ina ruaille buaille, ach anseo bhí an pobal go léir ag bogadh leis. Is deacair an slua sin a shamhlú duit féin. Ní raibh aon ghné faoi leith air. Ghluais na daoine ina ndreamanna thar an gcoirnéal agus ar aghaidh leo go ndeachaigh siad as radharc, a gcúl leis an scata beag a bhí ar an mbóithrín. Le taobh an bhóthair a bhí na daoine a bhí ag coisíocht, iad ag siúl sna claiseanna, ar eagla na dtrucailí, agus ag titim ar a chéile.

Bhí na carranna is na carráistí pultha go teann ar a chéile, gan mórán slí do na trucailí meara a théadh chun cinn ó am go ham de rith reatha nuair a tharlaíodh an deis ag a dtiománaithe ró-ímníoch. Nuair a dhéanadh, scaipidís na daoine soir siar in aghaidh na sconsaí nó in aghaidh gheataí na dtithe.

"Ar aghaidh!" an glao a bhí acu. "Ar aghaidh! Tá siad ag teacht!"

Bhí dall i gcairt amháin agus culaith Arm an tSlánaithe air, é ag bagairt méire caime agus ag béiceadh in ard a chinn, "An tSíoraíocht! An tSíoraíocht!" Glór slóchtach ard aige, i dtreo gur fhéad mo dheartháir é a chloisteáil i bhfad tar éis é bheith imithe ó dheas sa deannach. Cuid de na daoine a bhí burláilte isteach ar a chéile bhí siad ag gabháil go díchéillí den fhuip ar a gcuid capall agus ag bruíon le tiománaithe eile. Bhí cuid acu ina suí gan cor astu, súile truamhéalacha acu nach bhfeiceadh aon ní, cuid acu ag cogaint a lámh le neart tarta nó ina luí sínte i dtóin na dtrucailí. Bhí béalbhacha na gcapall faoi chúir, agus dath na fola ina súile.

Bhí ann caib, carráistí, cairteacha siopaí agus vaigíní thar áireamh; carr poist, cairt glantóra sráideanna a raibh "Beistrí St Pancras," breactha air, vaigín mór millteach i gcomhair adhmaid agus é lán de gheocaigh gharbha. Ghluais drae grúdaire thart go tormánach agus fuil úr ar an dá roth ba chóngraraí dóibh.

"Fág an bealach!" arsa na glórtha. "Fág an bealach!"

"An tsíor-aíocht! An tsíor-aíocht!" arsa an macalla ón mbóthar thíos.

Teacht na Marsach

Bhí mná caite brónacha ag imeacht thart. Iad dea-ghléasta agus leanaí ina dteannta ag caoineadh is ag titim i mbun a gcos. Deannach ar a gcuid éadaigh agus na deora lena leicne. In éindí lena bhformhór sin bhí fir: cuid acu garúil, cuid eile acu go bagarthach garbh. Uaireanta chonacthas striapach thnáite éigin is í ag troid taobh le taobh leo, giobail chaite dhubha uirthi is í go leathansúileach, mórghlórach drochchainteach. Bhí oibrithe scafánta ann ag brú rompu, fir chráite fhiáine ar chosúil le cléirigh nó siopadóirí ar a gcuid éadaigh iad, iad ag dréim leis an slua ó am go ham. Thug mo dheartháir faoi deara, freisin, fir a raibh éadaí giollaí bóthar iarainn orthu, agus duine dearóil amháin nach raibh air ach léine oíche agus casóg caite anuas air.

Ach dá éagsúla an slua bhí cosúlacht amháin idir na daoine sin go léir. Bhí an eagla is an phian san aghaidh iontu, agus bhí an eagla sna sála acu. Bhí rírá ar siúl soir an bóthar, daoine ag bruíon ag iarraidh ionaid i dtrucail agus nuair a thosaigh sé chuaigh an slua go léir ní ba mhíre ar aghaidh; go fiú duine a bhí chomh gearrtha gonta sin go raibh na glúine ag lúbadh faoi, d'éirigh sé beo bríomhar ar feadh scaithimhín. Bhí an teas is an deannach tar éis bheith ag obair cheana féin ar an mórshlua sin gur fhág cneas tirim orthu agus beola dubha. Tuirse is tart orthu go léir agus bonnbhualadh ar a gcosa. Agus i measc na nglanna éagsúla chloistí glóirtha feirge ó am go ham, daoine ag scoladh a chéile, agus cneadanna tuirse is traochta. Agus chualathas os a chionn go léir an glór mór tréan:

“Fág an bealach! Fág an bealach! Tá na Marsaigh ag teacht!”

Stop beagán díobh is tháinig i leataobh as an tuile sin. Bhí an bóithrín ag dul amach ar an mbóthar mór go fiar agus béal caol air, agus ba dhóigh le duine air gur ó Londain a bhí sé ag teacht. Mar sin féin thiomáin roinnt daoine isteach ann ón mbóthar mór—lagracháin a sádh amach ón sruth, ach ní dhearna a bhformhór ach a scíth a ligean agus iad féin a thumadh isteach ann arís. Tamaillín slí síos an bóithrín bhí fear ina luí agus beirt charad ag cromadh os a chionn. Bhí cos leis nocht, agus ceirteacha fuilteacha fillte uirthi. Bhí an t-ád air is cairde a bheith aige.

Tháinig fear ag bacadaíl chucu is bhuail sé faoi le hais an chairr gur bhain de a bhróg. Seandúine beag a bhí ann, croiméal liath

saighdiúra agus casóg eireabail dhubb shalach air. Bhí rian na fola ar a stoca. Chroith sé cloichín amach as a bhróg agus ar aghaidh leis go bacach arís; agus ansin chaith girseach bheag a bhí timpeall a hocht nó a naoi mbliana d'aois, chaith sí í féin faoin gclaí i bhfogas do mo dheartháir. Bhí sí ina haonar agus í ag gol.

“Ní thig liom dul ar aghaidh! Ní thig liom dul ar aghaidh!”

Mhúscaíl mo dheartháir ón iontas a bhí air is d'ardaigh sé aníos í. Labhair sé go caoin léi agus d'iompair í anall chuig Miss Elphinstone. Chomh luath is a leag sé lámh uirthi d'éirigh sí an-chiúin amhail is dá mbeadh faitíos uirthi.

“A Ellen!” arsa an bhean sa slua ag scréachadh, agus tocht goil uirthi. “A Ellen!” Agus rith an páiste go tobann ó mo dheartháir agus í ag glaoch amach: “A mháthair!”

“Tá siad ag teacht,” arsa fear ar mhuin capaill agus mharcaigh sé leis suas an bóithrín.

“Amach as mo bhealach ansin!” arsa cóisteoir, go hard ar a chrannóg; agus chonaic mo dheartháir carráiste dúnta ag casadh isteach sa bhóithrín.

Bhrúigh na daoine siar ar mhullach a chéile d'fhonn an capall a sheachaint. Thiomáin mo dheartháir an capaillín is an carr isteach sa chlaí, agus ghluais an fear thar bráid, gur stad ag an lúb a bhí sa bhóthar. Carráiste a bhí ann a raibh cuaille ann le haghaidh péire capall ach ní raibh faoi ach an t-aon chapall amháin. Chonaic mo dheartháir tríd an deannach go raibh beirt fhear tar éis rud éigin ar shínteán bán a thógáil amach as a gcarr agus leag siad síos go mín é faoin gclaí.

Rith duine de na fir anall chuig mo dheartháir.

“Cén áit a bhfuil uisce le fáil?” ar seisean. “Tá sé ag síothlú go tapa, agus tá an-tart air. Is é an Tiarna Garrick é.”

“An Tiarna Garrick!” arsa mo dheartháir, “an Príomh-Bhreitheamh, an ea?”

“An t-uisce?” ar seisean.

“B'fhéidir go bhfuil buacaire,” arsa mo dheartháir, “i gceann de na tithe. Níl aon uisce againne. Ní leomhfainn imeacht ó na daoine seo.”

Bhrúigh an fear roimhe tríd an slua go dtí geata theach an choirnéil.

Teacht na Marsach

“Lean ort!” arsa na daoine, á bhrú rompu. “Tá siad chugainn! Lean ort!”

Ansin leag mo dheartháir súil ar dhuine féasógach, a raibh aghaidh iolair air. Bhí mála beag láimhe ar iompar aige agus ní luaithse a chonaic mo dheartháir é ná gur phléasc an mála is scaipeadh ualach sabhran ar fud an bhaill. Rith siad anseo is ansiúd faoi chosa na bhfear is na gcapall. Stop an fear is d’fhéach sé go hamadánta ar an gcarn, agus bhuail leathlaí carbaid sa ghualainn air gur cuireadh i ndiaidh a chinn é. Lig sé scréach as, thug sciúird ar ais, agus ba dhóbar go mbuailfeadh roth trucaile é.

“Fág an bealach!” arsa na daoine thart timpeall air. “Fág an bealach!”

Chomh luath is chuaigh an carbad thart, chaith sé é féin, is a dhá lámh ar oscailt aige, amach ar an gcarn sabhran—agus thosaigh ar lán a mháma díobh a shacadh isteach ina phócaí. Siúd capall anuas air, d’éirigh an duine leath bealaigh, agus ar an bpointe boise sin leagadh é faoi chrúba an chapail.

“Stop!” arsa mo dheartháir de scréach, agus sháigh sé bean as a bhealach, gur fhéach le breith ar bhéalbhach an chapail.

Sular fhéad sé greim a bhreith air, chuala sé an scréach thíos faoi na rothaí, agus chonaic sé, tríd an deannach, an roth ag dul thar dhroim an duine bhoicht mhí-ámharaigh. Tharraing tiománaí na trucaile stiall den fhuip ar mo dheartháir nuair a rith sé timpeall le cúl na trucaile. Bhí bulla báisín air ag an ngleo is an gleadhradh. Bhí an fear ag únfairt sa deannach i measc a chuid airgid, gan ann éirí, mar is é an chaoi ar bhris an roth a dhroim, agus bhí na géaga ísle gan lúth gan tapa. Sheas mo dheartháir agus do ghlaoigh ar an gcéad tiománaí eile stopadh, agus tháinig fear ar chapall dubh i gcabhair air.

“Tógaimis amach ón mbóthar é,” ar seisean. Rug sé greim ar bhóna an fhir leis an lámh a bhí díomhaoin aige, agus tharraing mo dheartháir ar leataobh é. Ach bhí greim docht daingean aige ar a chuid airgid go fóill, agus d’fhéach sé ar mo dheartháir go fíochmhar, agus bhuail sé dorn a bhí lán d’ór ar uillinn air. “Lean ort! Lean ort!” arsa na glórtha feargacha ar a gcúl.

“Fág an bealach! Fág an bealach!”

Bhí réabadh ann tráth a bhuail cuaille carráiste in éadan na trucaile ar stop an fear ar mhuin capaill í. Dhearc mo dheartháir suas, agus d'iompaigh fear an óir a cheann thart gur bhain sclamh as an rí a bhí i ngreim ina bhóna. Bhí tormán ann, agus tháinig an capall dubh ar leataobh go tuisleach, agus capall na trucaile in éindí leis. Is beag bídeach nár aimsigh crúb capaill é. Bhog sé a ghreim den fhear leonta agus thug léim ar gcúl. D'imigh an fhearg as aghaidh an duine bhoicht ar an talamh agus tháinig an scanradh ann ina áit. Nóiméad eile agus bhí sé i bhfolach agus scuabadh mo dheartháir siar gur iompraíodh é amach thar cheann an bhóithrín, agus b'éigean dó troid dhian a dhéanamh lena bhealach a dhéanamh ar ais ann.

Chonaic sé Miss Elphinstone agus a lámha lena súile aici, agus chonaic sé páiste beag—agus easpa comhbhróin air mar is dual do pháiste—agus na súile á leathadh air is é ag breathnú ar rud dubh salach éigin a bhí ina luí gan mhothú gan áránn ar an talamh, na rothaí roithleánacha á mionbhriseadh. “Téimis siar!” ar seisean, agus thosaigh air ag casadh an chapaillín timpeall, “ní féidir linn dul tríd an—tríd an ifreann seo;” agus chuaigh siad siar céad slat an bealach a tháinig siad, nó go raibh an slua buile as radharc. Ag dul thar an lúb sa bhóithrín dóibh, chonaic mo dheartháir éadan an fhir a bhí ag saothrú an bháis faoin gclaí—éadan bán tarraingthe is an t-allas go soilseach leis. Ní raibh gíog as an mbeirt bhan. Iad ag cromadh síos ar na suíocháin agus ballchrith orthu.

Stop mo dheartháir arís taobh thall den lúb. Bhí aghaidh bhán ar Miss Elphinstone, agus bhí bean chéile a dearthár ag caoineadh; í chomh cráite nár fhéad sí glaoch ar “Sheoirse” fiú amháin. Bhí mearbhall agus alltacht ar mo dheartháir. Chomh luath is a bhí an cúlú déanta aige thuig sé a riachtanaí is a thábhachtaí is a bhí sé dul trasna an bhóthair mhóir. D'iompaigh sé chuig Miss Elphinstone go tobann is rún daingean ina chroí.

“Caithfidid dul an bealach sin,” ar seisean, agus chas sé an capaillín thart arís.

Chruthaigh an cailín don dara huair an lá sin cén mianach a bhí inti. Le brú roimhe tríd an tuile daoine sin léim mo dheartháir isteach i measc na gcarranna gur choinnigh capall caib siar a fhad a thiomáin sise an capaillín trasna thairis amach. Greamaíodh an

carr de rothaí trucaile ar feadh nóiméidín agus réabadh scolb fada amach as an gcarr. Nóiméidín eile agus bhí siad i measc an tsrutha daoine is iad á scuabadh chun cinn. Léim mo dheartháir isteach sa charr chomh maith is a d'fhéad sé agus ghlac an srian uaithi. Bhí rian dearg na fuipe trasna a éadain.

“Dírigh an gunnán ar an bhfear sin atá dár leanúint,” ar seisean agus thug sé di é, “má bhrúnn sé ródhian inár ndiaidh. Ní hea!—ach dírighe ar a chapall é.”

Ansin thosaigh siad ag faire féachaint an bhfaighidís faill ar dhul deiseal trasna an bhóthair. Ach ón uair a bhí sé sa sruth, theip air a thoil a chur i bhfeidhm, is ní raibh iontu triúr ach cuid bheag den daoscarshlua úd ag teitheadh i mbarr a n-anama. Scuab siad leo trí Chipping Barnet leis an tuile; bhí siad nach mór míle taobh thall de lár an bhaile sular éirigh leo a mbealach a dhéanamh anonn go dtí an taobh eile den bhóthar. Níl léamh ná insint scéil ar an ruaille buaille is an rirá; ach istigh sa bhaile féin agus taobh thall de bhí iomad bóithriní ag imeacht soir siar agus ba lúide an brú daoine dá mbarr sin.

Bhuail siad soir trí Hadley, agus ar an dá thaobh den bhóthar ansin, agus in áit eile níos sia soir, tháinig siad ar mhórshlua daoine ag ól uisce ag an sruthán, agus cuid acu ag troid ag iarraidh an t-uisce a aimsiú. Agus níos sia soir fós fuair siad radharc, ó mhullach cnoic in aice East Barnet, ar dhá thraein ag rith go mall i ndiaidh a chéile gan chomhartha gan eagar, dhá thraein lom lán de dhaoine, cuid acu i measc an ghuail ar chúl na n-inneall—ag dul ó thuaidh a bhí siad ar Mhór-Iarnród an Tuaiscirt. Ceapann mo dheartháir gur lasmuigh de Londain a luchtáodh iad mar ag an am sin bhí a leithéid de scéin bhuile ar na daoine nach bhfaigheadh aon traein na stadanna i lár na cathrach a shroicheadh.

Lig siad a scíth san áit sin go deireadh an tráthnóna mar bhí an triúr acu tugtha traochta de bharr shaothar an lae. Thosaigh an t-ocras á gciapadh, bhí an oíche fuar, agus ní ligfeadh an eagla d'éinne acu codladh a dhéanamh. Agus sa tráthnóna tháinig a lán daoine an bóthar gar don áit a raibh siad ag ceapadh a suaimhnis ann, deifir orthu, agus iad ag teitheadh ón gcontúirt anaithnid a bhí rompu agus a n-aghaidh tugtha acu ar an treo ónar tháinig mo dheartháir.

CAIBIDIL 17

LEANBH NA TOIRNÍ

Mura dteastódh ó na Marsaigh ach scrios a dhéanamh, d'fhéadfaidís muintir uile London a dhíothú Dé Luain, agus iad ag teitheadh leo amach tríd an dúiche máguaird. Ní hamháin gur theith siad go fiáin feadh an bhóthair trí Bharnet ach ghluais siad ina dtáinte soir go Southend agus Shoeburyness, agus ar an taobh theas den Tamais go Deal is Broadstairs. Dá bhféadadh duine a bheith i mbalún thuas sa spéir ghorm os cionn London an mhaidin Mheithimh úd d'fheicfeadh sé gach bóthar soir is ó thuaidh is gach sráid is lána breac ballach leis na teifigh, duine beophianta scanraithe an uile dhúradán de. Chuir mé síos go hiomlán an tuairisc a thug mo dheartháir dom ar an mbóthar atá ag dul trí Chipping Barnet, chun go dtuigfidh mo léitheoirí cé mar a samhlaíodh an cnuasach sin de dhúradáin dhubha do dhuine a bhí ina measc. Níor ghluais riamh roimhe in aon drong amháin ó thús ré is aimsire a leithéid sin de mhórbhuíon daonnaithe. Ní bheadh i sluaite na nGotach is na Hunach ná sna hairm is mó dá bhfacthas san Áise riamh, airm a bhfuil trácht orthu in annála na cianaimsire, ní bheadh iontu sin ach braon san fharraige mhór i gcomórtas leis an slua sin. Agus níorbh aon ghluaiseacht é seo faoi ord is eagar; is éard a bhí ann ruathar—ruathar ábhalmhór uafásach—gan riar orthu, gan ceann scríbe rompu. Sé mhilliún duine, gan airm gan lón ag imeacht leo i ndiaidh a gcinn le fán. B'é tosach na dishibhialtachta é, tosach dhíothú an chine dhaonna.

Go díreach taobh thíos de d'fheicfeadh fear an bhalúin na sráideanna fite fuaite ina chéile is iad go forleathan. D'fheicfeadh

Teacht na Marsach

sé tithe, teampaill, cearnóga, ardáin, is gairdíní—iad folamh cheana féin—leata amach roimhe mar a bheadh léarscáil mhór mhillteach agus smál dorcha dúigh ar an taobh theas di. Os cionn Ealing, Richmond, agus Wimbledon shamhlófaí dó gur caitheadh dúch ó pheann fathaigh éigin amach ar an léarscáil. Bhí gach ball dubh ag fás is ag leathadh, gan sos gan staonadh, adharca á gcaitheamh amach mar seo is mar siúd, uaireanta é á charnadh in aghaidh ardáin, agus ansin á dhoirteadh féin go tapa thar an mullach isteach i ngleann éigin, go díreach mar a leathfadh an dúch ar pháipéar súite.

Agus os cionn na gcnoc gorm i gcéin ar an taobh theas den abhainn bhí na Marsaigh shoilseacha ag imeacht anonn is anall go ciúin is go rialta ag leathadh a scamail nimhe ar an bpaiste tíre seo abhus, agus ansin ar an bpaiste eile sin thall, is á spraeáil ina dhiaidh sin lena bpíopaí ceo-uisce nuair a bhí a ghnó déanta is an dúiche faoina smacht acu. Ní díothú na ndaoine a bhí beartaithe acu de réir dealraimh ach drochmhisneach a chur orthu agus deireadh a chur le héinne a d'éireodh amach ina n-éadan. Shéid siad gach stór púdair a bhuail leo, ghearr siad gach sreang teileagraif, agus scrios siad na bóithre iarainn anseo is ansiúd. Bhí laincísí á gcur acu ar an gcine daonna. Níor dhealraitheach go raibh aon deifir orthu páirc an áir a leathnú, agus ní dheachaigh siad thar lár Londan ar feadh an lae sin go léir. Is féidir gur chloigh a lán daoine i Londain lena dtithe ar feadh na maidine Dé Luain. Is cinnte gur cailleadh mórán ag baile, gur phlúch an Deatach Dubh iad.

B'iontach an radharc é an Pool go taca an mheán lae. Bhí galtáin is loingeas den uile chineál ann, na suimeanna móra airgid a thairg teifigh dóibh a mheall iad, agus tá sé ráite gur sádh amach le crúcaí mórán de na daoine a shnámh amach go dtí na báid is gur bádhdh iad. Timpeall a haon a chlog tráthnóna chonacthas iarmhairt de scamall den ghail dhubh idir stuanna Dhroichead Blackfriars. Agus ar an ala ní raibh ord ná eagar ar an bPool, ach gach aon ní trína chéile—daoine ag bruíon, báid ag bualadh in aghaidh a chéile. Bhí scata mór bád pultha i gceann a chéile uair amháin faoin stua thuaidh de Dhroichead an Túir agus b'éigean do na mairnéalaigh troid dhian a dhéanamh leis na daoine a léimeadh

ina sluaite aníos chucu ón bport. Bhí daoine ann fiú amháin a bhí ag dreapadh anuas ó bharr an droichid chucu....

Uair an chloig ina dhiaidh sin nuair a tháinig Marsach ag siúl síos tríd an abhainn ní raibh ach an trachlais ar snámh ar an uisce thart le Limehouse.

Cuirfidh mé síos ar ball ar thitim an chúigiú sorcóir. Thit an séú réalta ag Wimbledon. Bhí mo dheartháir ag faire a fhad a bhí na mná ina gcodladh sa charr agus chonaic sé an loinnir uaine taobh thiar de na cnoic. Ghluais siad tríd an tuath Dé Máirt i dtreo Colchester agus rún acu go fóill an fharraige a bhaint amach. Fíoraíodh an ráfla go raibh Londain go léir ina seilbh ag na Marsaigh. Bhíothas tar éis iad a fheiceáil ag Highgate agus ag Neasdon fiú amháin, má b'fhíor an scéal. Ach níor leag mo dheartháir súil orthu go dtí an lá arna mhárach.

Thosaigh na sluaite fána á thuiscint an lá sin go raibh géarghá le lón acu. De réir mar tháinig an t-ocras orthu ba bheag leo ceartas na gcomharsan. Bhí na feirmeoirí ar intinn cróite na mbeithíoch, na sciobóil agus na barra aibí a chosaint agus bhí na gunnaí faoi réir acu. Bhí cuid mhaith daoine ag dul soir um an dtaca sin, faoi mar a bhí mo dheartháir, agus bhí roinnt acu chomh hocrach sin gur iompaigh siad ar ais go Londain féin d'fhonn bia a fháil. Daoine ó cheantair thuaidh na cathrach ab ea a bhformhór sin, nach raibh d'eolas acu ar an Deatach Dubh ach na ráflaí a chuala siad ina thaobh. Chuala sé go raibh tuairim is leath de bhaill an Rialtais bailithe i mBirmingham, agus go raibh lear mór pléascán á ullmhú le cur i mianaigh a phléascfadh uathu féin i gcontaetha lár na tíre.

Dúradh le mo dheartháir freisin go raibh giollaí fostaithe ag Comhlacht Iarnróid Lár Tíre i leaba na bhfear a d'imigh an chéad lá, go raibh an gnó ar bun arís, agus go raibh traenacha ag imeacht as St Albans ó thuaidh d'fhonn an brú daoine a mhaolú sna contaetha timpeall na príomhchathrach. Bhí fógra mór i Chipping Ongar á rá go raibh a lán plúir le fáil i mbailte an tuaiscirt agus go roinnfí arán, taobh istigh de cheithre huaire fichead an chloig, ar na daoine ocracha sa chomharsanacht úd. Ach níor chuir an scéala seo as a aigne an plean a bhí beartaithe aige chun éalú, agus cé go raibh an triúr acu ag greadadh leo soir ar feadh an lae go léir


Teacht na Marsach

ní fhaca siad de leithdháileadh an bhia ach an gealltanas seo. Ná ní fhaca éinne eile ach an oiread leis an bhfírinne a dhéanamh. An oíche sin thit an seachtú réalta anuas ar Phrimrose Hill a fhad a bhí Miss Elphinstone ag faire, mar dhéanadh sí uainíocht ar mo dheartháir. Chonaic sí í.

Dé Céadaoin shroich an triúr acu Chelmsford tar éis an oíche a chaitheamh i ngort de chruithneacht ghlas agus sa bhaile sin ghabh drong de mhuintir na háite a thug Coiste Soláthair don Phobal mar ainm orthu féin, ghabh siad an capaillín mar lón, agus ní thabharfaidís in éiric air ach an gealltanas go bhfaigheadh an triúr cuid de le hithe an lá arna mhárach. Bhí ráflaí anseo go raibh na Marsaigh ag Epping, agus an nuacht gur milleadh na muilte púdair ag Waltham Abbey tar éis iarracht neamhthairbheach a dhéanamh ar cheann de na hionsaitheoirí a shéideadh san aer.

Bhíothas ag faire don namhaid ó thúir na dteampall. B'fherr le mo dheartháir dul ar aghaidh gan mhoill i dtreo an chósta ná fanacht i gcomhair bia, bíodh go raibh ardocras ar an triúr acu. Ba mhaith an mhaise dó go ndearna. Roimh an meán lae bhí Tillingham fágtha ina ndiaidh acu agus bhí an baile sin ciúin tréigthe agus gan ann ach roinnt creachadóirí a bhí ag tóraíocht bia. In aice le Chillingham tháinig an fharraige i léargas dóibh go tobann agus an bailiú loingeas ab aistí dá bhfaca neach beo riamh ag snámh uirthi.

Mar nuair nár fhéad na mairnéalaigh gabháil suas an Tamais a thuilleadh tháinig siad ar aghaidh go dtí cósta Essex, go dtí Harwich, Walton agus Clacton, agus ina dhiaidh sin go dtí Foulness is Shoebury chun na daoine a thabhairt chun siúil. Bhí siad ina luí i gcorcal mór ba chosúil le corrán agus bhí deireadh an chorráin as radharc faoin gceo i dtreo an Naze. Bhí an-chuid púcán gar isteach don chladach, idir phúcáin Shasanacha, Albanacha, Fhrancacha, Ollannacha agus Shualannacha; bhí galtáin ann ón Tamais, báid seoil is báid aibhléise; agus lasmuigh díobh sin bhí mórchuid de bháid lofa guail, báid earraí, báid eallaigh, báid paisinéirí, báid iompartha peitрил, galtáin fáin, fiú seanlong iompair bhán, agus longa néata bána is liatha ó Southampton is Hamburg; agus le fad an chladaigh ghoirm bhí mo dheartháir in ann slua tiubh bád a dhéanamh amach tríd an



Teacht na Marsach

gceo is iad á luchtú le daoine ón gcladach, agus bhí na báid sin in aon líne fhada amháin ón mBlackwater chomh fada suas le Maldon beagnach.

Tuairim is cúpla míle amach ar an bhfarraige bhí long chatha ina luí go híseal ar an uisce, i riocht is gur samhlaíodh do mo dheartháir tamall go raibh sí báite. Ba é ainm na loinge sin *Leanbh na Toirní*. B'í an t-aon long chatha amháin í a bhí le feiceáil aige, ach i bhfad amach thar bharr mín an uisce de thaobh na láimhe clé—mar bhí an lá sin iontach ciúin—bhí an Deatach Dubh mar a bheadh ollphéist ann á chur i gcéill gur ansin a bhí tuilleadh de loingeas na cabhlach. Bhí an chabhlach sínte amach ina líne, faoi réir don chath, trasna bhéal na Tamaise a fhad a bhí na Marsaigh ag milleadh leo, agus na mairnéalaigh san airdeall ach gan ar a gcumas aon cheo a dhéanamh chun an millteanas a stopadh.

Ar fheiceáil na farraige di tháinig scéin ar bhean an dochtúra in ainneoin dhícheall a deirféar. Níor fhág sí Sasana riamh roimhe sin, b'fhearr léi an bás ná dul i muinín tíre iasachta nach mbeadh cara ná compánach aici ann, agus mar sin de. Cheap an bhean bhocht go mb'fhéidir na Francaigh is na Marsaigh a bheith an-chosúil le chéile. Bhí ag méadú ar an eagla, ar an dobrón is ar an imní aice le dhá lá. Is é an rún mór a bhí aice dul ar ais go Stanmore. Bheadh Seoirse rompu ag Stanmore.

Is beag nár sháraigh sé a ndícheall í a mhealladh síos ar an gcladach ach nuair a bhí siad ann ar deireadh d'éirigh le mo dheartháir comhartha a dhéanamh le roinnt fear a bhí i ngaltán a bhí ag teacht ón Tamais. Chuir siad bád chucu agus rinneadh margadh—sé phunt is tríocha le haghaidh an triúir acu. Bhí an galtán ag imeacht go hOstend, a dúirt na fir.

Bhí sé i dtaca a dó a chlog nuair a bhí mo dheartháir slán sábháilte ar bord na loinge tar éis dó na táillí a íoc ag an dréimire. Bhí bia le fáil ar bord ar a shon gur daor an luach a bhí air agus d'éirigh leis an triúr acu béile a ithe ar cheann de na suíocháin i dtosach an bháid.

Bhí cúpla scór paisinéirí ar bord cheana féin, agus cuid acu tar éis an phingin deiridh a chaitheamh ar an aistear ach d'fhan an captaen taobh amuigh den Bhlackwater go dtí a cúig sa tráthnóna, ag tógáil paisinéirí ar bord, nó go raibh an bád luchtaithe thar fóir

agus contúirt ann. Is dócha nach n-imeodh sé an t-am sin féin murach gur chualathas fuaim na ngunnaí sa taobh theas. Mar fhreagra air sin chaith an long chatha urchar as gunna beag agus chroch sraith bratach san aer. D'éirigh púir dheataigh amach as ceann dá simléir.

Mheas cuid de na paisinéirí gur ó Shoeburyness a tháinig fuaim na ngunnaí, go dtí gur tugadh faoi deara go raibh sé ag dul i méid. San am céanna, i bhfad amach san fharraige sa taobh thoir theas, d'éirigh barra trí long chatha amach i ndiaidh a chéile, agus scamail deataigh ina dtimpeall. Ach níorbh fhada gur ag éisteacht leis na gunnaí ag caitheamh sa deisceart a bhí mo dheartháir arís. Cheap sé go bhfaca sé colún deataigh ag éirí amach as an gceo liath i gcéin.

Bhí an galtán beag ag cur de ar a bhealach soir cheana féin, agus bhí cladach íseal Essex ag éirí gorm cecho, nuair a tháinig Marsach i léargas. É go beag doiléir in imigéin, ag teacht ar aghaidh feadh an chladaigh shalaigh ó Foulness. Nuair a chonaic an captaen é thosaigh sé ag tabhairt na mallachtaí in ard a ghutha le neart feirge is eagla mar gheall ar an moill a bhí déanta aige féin, agus ba dhóigh leat gur ghlac scéin rothaí na loinge freisin. Bhí gach duine dá raibh ar bord ina seasamh le taobh na loinge nó ar na suíocháin, agus iad ag stánadh ar an bhfíor sin i gcéin, a bhí ag éirí os cionn crann is túr teampall agus í ag teacht ar aghaidh ina dtreo de choiscéimeanna fada a chuirfeadh i d'aighe gurb amhlaidh a bhí aithris á déanamh aige ar dhuine a bheadh ag siúl go leisciúil.

Ba é seo an chéad Mharsach dá bhfaca mo dheartháir agus sheas sé—agus ba mhó an t-ionadh a bhí air ná an sceimhle—ag breathnú ar an bhfathach seo ag teacht ar aghaidh gan sos gan stad i dtreo na long, é ag gabháil amach tríd an uisce chucu nó gur imigh an cósta i ndoiléire laistiar de. Ansin, i bhfad amach taobh thall den Crouch, tháinig ceann eile d'abhóga fada anall thar na crainn chucu, agus ceann eile fós níos faide thiar, ag gabháil tríd an talamh puiteach soilseach a dhealraigh a bheith leathchrochta idir an fharraige is an spéir. Bhí siad go léir ag gluaiseacht amach chun farraige, chun nach n-éalódh an cuimse long úd idir Foulness is an Naze uathu. In ainneoin dhícheall innill an bháid bhig rotha, in

Teacht na Marsach


ainneoin an chúir bháin a chaith na rothaí amach ina ndiaidh, tháinig na Marsaigh suas léi de réir a chéile.

Ag féachaint siar ó thuaidh dó chonaic mo dheartháir go raibh an corrán mór de loingeas sin ag lúbadh is ag únfairt cheana féin le neart scéine roimh na harrachtaí a bhí ag druidim leo; long amháin ag teacht chun tosaigh ar a chéile, ceann eile ag athrú cúrsa, galtáin ag feadaíl is ag scaoileadh meallta móra gaile san aer, seolta á scaoileadh, báid ag sciúrdadh anonn is anall. Bhí sé meallta chomh mór sin ag an radharc seo is ag an gcontúirt amuigh uaidh sin ar thaobh na láimhe clé nach raibh aga aige breathnú amach chun farraige. Agus ansin baineadh corraí mear as an ngaltán (is amhlaidh a tháinig sé timpeall go tobann chun nach mbuailfeadh bád eile é) agus caitheadh i ndiaidh a chinn anuas é ón suíochán a raibh sé ina sheasamh air. Bhíothas ag béiceadh thart timpeall air, bhí cosa ag greadadh ar chlár, agus cuireadh gáir suas agus tugadh freagra tréithlag ar an ngáir sin, ba dhóigh leis. D'imigh an galtán ar leathscód agus teilgeadh mo dheartháir síos ar an deic ar a bhéal faoi.

Léim sé ina sheasamh agus chonaic sé bád ag luascadh ar thaobh an deasbhoird, is gan í céad slat ón áit a raibh siad féin. Bád ábhalmhór a bhí inti. Í cosúil le soc céachta ag ropadh tríd an uisce, ag teilgean tonnta móra cúir suas ar gach taobh uirthi. Bhí na tonnta sin ag léimneach i dtreo an ghaltáin, is iad ag caitheamh a cuid rothaí suas san aer agus ansin ag sú dheic an ghaltáin anuas chomh fada le clár na farraige.

Dalladh mo dheartháir ar feadh nóiméidín ag an sprae farraige. Nuair a bhí a shúile glan arís, chonaic sé go raibh an bád eile imithe thart is í ag ropadh léi go tréan i dtreo na tíre. Bhí túiríní móra iarainn ar uachtar an bháid, agus aníos astu sin bhí dhá shimpléar in airde, agus as na simléir bhí tréandeatach á dhoirteadh amach san aer. An long toirpéad sin—*Leanbh na Toirní* a bhí ann—ag teacht faoi luas na gaoithe de chabhair ar na longa a bhí i mbaol a mbasctha.

Bhain mó dheartháir cothrom a dhá chos amach ar na cláir a bhí ag éirí is ag titim faoi agus dhearc sé amach thar an mbád cogaidh seo arís i dtreo na Marsach. Chonaic sé na trí cinn acu. Bhí siad gar dá chéile um an dtaca sin, agus iad ina seasamh chomh fada



Teacht na Marsach

sin amach san fharraige gur beag nach raibh na seastáin thríchósacha faoi uisce ar fad. Toisc iad a bheith mar sin faoi uisce, agus iad go beag le féachaint orthu i gcéin, ba dhóigh le duine gur chumhachtaí go mór an long chatha ná iad. Ba dhóigh leat go raibh siad ag féachaint ar an trodaí nua seo is iontas orthu. Dar leo sin, b'fhéidir gur fathach eile a bhí ann ba chosúil leo féin. Níor chaith *Leanbh na Toirní* aon urchar. Ní dhearna sí ach ropadh léi anonn chucu. Is dócha gurb é an fáth ar éirigh léi teacht chomh cóngarach sin dóibh toisc nár chaith sí aon urchar. Ní raibh a fhios acu céard a bhí ann ar chor ar bith. Aon urchar amháin, agus bheadh sí curtha go tóin poill acu leis an Teas-Gha.

Bhí a leithéid sin de luas fúithi gur dhealraigh sí i gceann nóiméid a bheith leath slí idir an galtán is na Marsaigh—í mar a bheadh meall dubh ag dul i laghad in éadan chósta Essex.

Go tobann, d'ísligh an Marsach tosaigh a phíob, gur theilg steall den ghal dhubh leis an long chatha. Bhuaile an ghal ar an taobh clé í, agus sciort sí ar leataobh ina sruth dubhach a d'imigh amach chun farraige. Leath an sruth go ndearna tuile de agus chas an long chatha chun an tuile sin a sheachaint. De réir mar ab fhéidir leis na daoine a bhí ag faire ar bhord an ghaltáin a fheiceáil, bhí an long chatha cheana féin nach mór i measc na Marsach.

Chonaic siad na fíoracha móra fada ag scaradh ó chéile agus ag éirí aníos as an uisce ar dhul i dtreo an chladaigh dóibh ar gcúl, agus d'ardaigh ceann acu cás teilgte an Teas-Gha. Choinnigh sé dírithe ar fiar uaidh síos é, agus léim scamall gaile ón uisce nuair a theagmhaigh sé leis. Caithfidh sé go ndeachaigh sé trí iarann thaobh na loinge mar a rachadh iarann deargthe trí pháipéar.

D'imigh lasair suas i measc na gaile, agus ansin luasc an Marsach agus chuaigh sé ar fuaidreamh. Nóiméad eile agus bhí an long chatha tar éis é a leagan, agus d'éirigh meall mór uisce is gaile suas san aer go hard. Chualathas gunnaí *Leanbh na Toirní* tríd an gceo, ceann acu á scaoileadh i ndiaidh a chéile, agus chuaigh steall uisce suas ón áit ar bhuaile urchar amháin an fharraige gar isteach don ghaltán, agus sciort an t-urchar ar leataobh go ndeachaigh sé i measc na long san aird ó thuaidh is go ndearnadh poitreacha de bhád seoil.

Ach is beag an tsuim a chuir duine ar bith sa mhéid sin. Nuair a chonaic siad an Marsach á leagan, lig an captaen ag an ndroichead glao amhlabhach as, agus na paisinéirí a bhí bailithe ar thaobh na loinge thosaigh siad ag béiceadh i dteannta a chéile. Ansin chuir siad liú eile astu. Mar bhí an Rud fada dubh ag únfairt i lár an chúir bháin is lasracha tine ag teacht amach as a lár, as na simléir agus as na poill aeir a bhí ann.

Bhí *Leanbh na Toirní* beo go fóill; bhí an gléasra stiúrtha, de réir dealraimh, i gceart agus na hinnill ag obair fós. D'imigh sí ceann ar aghaidh i dtreo an dara Marsach agus bhí sí i bhfogas céad slat dó nuair a cuireadh an Teas-Gha i gcion arís. Ansin buaileadh buille, bhí lasair ann a dhallfadh duine, is léim barr na loinge idir dheiceanna is simléir suas in airde. Chrith an Marsach le neart an phléasctha, agus le casadh an tsoip bhí trachlais na loinge, agus í ar bharr lasrach, ag imeacht de theilgean ina threo gur bhuail é is gur leag é mar a leagfaí blúire páipéir. Lig mo dheartháir béic as i ngan fhios dó féin. Agus chuaigh chuile rud as radharc arís faoin ngal fhiuchta.

"Dhá cheann!" arsa an captaen de bhéic.

Bhí gach éinne ag liúireach; ó cheann ceann an ghaltáin bhí an uile dhuine ag gárthach, agus d'imigh na gártha ó long go long nó go raibh an fharraige go léir trí chéile in aon rírá áthais amháin.

Chloígh an ghal leis an uisce ar feadh roinnt nóiméad gur fholaigh sí an tríú Marsach is an cósta ar fad. Agus lena linn seo go léir bhí an bád ag treabhadh léi go dian chun farraige agus amach ó láthair na troda; agus nuair a scaip an deatach ar deireadh, tháinig meall den cheo dubh idir iad agus an radharc, agus níorbh fhéidir tasc ná tuairisc a fháil ar *Leanbh na Toirní*, ná ar an tríú Marsach. Ach bhí an loingeas catha a bhí amuigh chun farraige gar dóibh anois, agus iad idir an galtán agus an cósta.

Lean an long bheag roimpi amach chun farraige, agus chuaigh an loingeas catha go mall as radharc ar thaobh na tíre. Bhí an tír go fóill as radharc ar chúl an mhill cheo sin; ceo a raibh an ghal is an Deatach Dubh á meascadh ina chéile ann go han-aisteach ar fad. Bhí an loingeas teifeach ag scaipeadh sa taobh thoir thuaidh; bhí roinnt púcán ag seoltóireacht istigh idir an loingeas catha is an galtán. I gceann tamaill, sular shroich siad an meall ceo a bhí ag

Teacht na Marsach

Ísliú, d'iompaigh an loingeas catha ó thuaidh, agus ansin de phreab chas siad thart timpeall go ndeachaigh as radharc ó dheas i gceo tiubh an tráthnóna. Chuaigh an cósta i ndoiléire go dtí i ndeireadh báire nárbh fhéidir é a aithint i measc na scamall íseal a bhí ag bailiú thart ar an ngrian a bhí ag dul faoi.

Ansin tháinig go tobann as ceo órga na gréine fuaim na ngunnaí, agus chonacthas scáileanna dubha ag bogadh leo. Rith gach éinne go ráille an ghaltáin agus dhearc go grinn amach ar an iarthar órga, ach níorbh fhéidir aon ní a aithint go soiléir. Bhí scamall deataigh ag éirí aníos go cliathánach agus chlúdaigh sé aghaidh na gréine. Lean an gáltán leis go fothramach agus eagla i gcroí gach duine ar bord.

Chuaigh an ghrian faoi i measc na scamall liath. Lasadh an spéir agus ansin dorcháíodh í. Tháinig réalta an tráthnóna amach go creathánach. Bhí an clapsolas go domhain ann nuair a lig an captaen glao as gur phointeáil amach uaidh. Dhearc mo dheartháir sa treo sin chomh grinn is a d'fhéad sé. D'éirigh rud éigin suas sa spéir as an mbreacsholas de rith reatha, é ag imeacht go luath tapa suas os cionn na scamall áit a raibh solas geal san iarthar. Rud mór leathan cothrom a bhí ann a ghluais mórthimpeall i bhfáinne ollmhór, a chuaigh i laghad, a tháinig anuas go mall go ndeachaigh as radharc arís i ndoimhneacht dhiamhair na hoíche. Agus san eitilt dó, chaith sé na ceathanna dubha dorchadais anuas ar an talamh.

LEABHAR II

An Domhan Faoi Smacht na Marsach

CAIBIDIL 1

SA TAISTEAL DÚINN

Táim tar éis dul go mór ar fán sa dá chaibidil dheireanacha den chéad leabhar d'fhonn eachtraí mo dhearthár a insint, agus dá bhrí sin leanfaidh mé de mo scéal mar ar stop mé, .i. an taca a bhí mé féin is an séiplíneach ar ár gcaomhnú sa teach folamh sin i Halliford mar a ndeachamar i bhfolach ón Deatach Dubh. Thugamar oíche Dé Domhnaigh ansin is an lá go léir dár gcionn—b'shin lá na scéine—agus paiste beag de sholas an lae mórthimpeall orainn is an Deatach Dubh ina theorainn idir sinn is an chuid eile den domhan. Níor fhéadamar aon ní a dhéanamh ach fanacht inár gcónaí ansin, faoi mhórimní le linn an dá lá fhada sin.

Bhí buairt aigne orm mar gheall ar mo bhean. Bhí mé ag ceapadh go mbeadh sí i Leatherhead i gcónaí, scanradh uirthi faoin gcontúirt ina raibh sí, agus í do mo chaoineadh mar mharbhán. Shiúlainn suas síos an seomra agus ghlaoinn amach os ard nuair a chuimhnínn go raibh mé deighilte uaithe agus nárbh fhios cén chontúirt a bhéarfadh uirthi de m'uireasa. B'eol dom go mbeadh mo chol ceathrair cróga go leor in aon ghá ach níorbh é an cineál duine é a thuigfeadh go tapa cén chontúirt a bhí ann ná a dhéanfaidh an gníomh ceart ar an bpointe. Ní crógacht a bhí ag teastáil feasta ach tuiscint. Agus ní raibh de shólás agam ach gur i dtreo London agus ón treo ina raibh mo bhean a bhí na Marsaigh ag gluaiseacht. Is iontach mar a chiaptar aigne duine le smaointe dorchá doiléire den sórt sin. D'éirigh mé an-tuirseach de na paidreacha a bhí á síor-rá ag an séiplíneach. Tháinig fearg orm chuige. Ba lú liom ná an donas an t-éadóchas suarach a bhí air.

An Domhan faoi Smacht na Marsach

Thug mé iarracht ar é a chur ar bhóthar a leasa ach níorbh aon mhaith dom é. Ina dhiaidh sin, choinnigh mé amach uaidh, agus chuaigh mé chun cónaithe i seomra mar a raibh cruinneoga, binsí agus cóipleabhair. Seomra scoile i gcomhair páistí a bhí ann tráth, ní foláir. Nuair a lean an séiplíneach isteach ansin mé faoi dheireadh thug mé an t-áiléar i mbarr an tí orm féin. Chuir mé an glas ar an doras ionas go mbeinn i m'aonar agus gan de chomhlúadar agam ach na smaointe a bhí do mo chrá i m'intinn.

Bhí an Deatach Dubh ina theorainn láidir idir sinn is an saol mór ar feadh an lae sin go léir agus maidin lá arna mhárach. Bhí comharthaí le fáil againn go raibh daoine sa chéad teach eile tráthnóna Dé Domhnaigh—aghaidh ag an bhfuinneog agus solas fánach, agus doras á bhualadh ina dhiaidh sin. Ach níl a fhios agam cérbh iad na daoine sin ná céard a d'éirigh dóibh. Ní fhacamar aon phioc díobh lá arna mhárach. Bhog an Deatach Dubh go mall i dtreo na habhann maidin Dé Luain go léir, é ag teannadh chugainne diaidh ar ndiaidh, gur thiomáin sé leis ar ball siar thar an mbóthar ar aghaidh an tí ina rabhamarna.

Ghabh Marsach trasna na bpáirceanna i dtaca an mheán lae agus scaip sé an stuif le píobán de ghal rótheasaí a rinne siosarnach in éadan na mballaí agus a bhris gach fuinneog dár theagmhaigh léi agus a scall lámh an tséiplínigh le linn dó a bheith ag teitheadh as an seomra tosaigh. Faoi dheireadh nuair a d'éalaíomar ar ais isteach sna seomraí báite, bhí an dúiche ó thuaidh faoi mar a bheadh stoirm de shneachta dubh tar éis dul thairis. Ag féachaint chun na habhann dúinn, b'ionadh linn deirge á meascadh le duibhe na mbánta loiscthe. Níorbh fhéidir linn an deirge sin a mhíniú.

Níor thuigear ar dtús cén t-athrú a bhí anois ar an scéal ach níorbh eagal linn a thuilleadh an Deatach Dubh. Ba léir domsa ar ball nach rabhamar sáinnithe ní ba shia agus go bhféadfaimis cur chun siúil feasta. An túisce a tuigeadh dom go raibh bealach againn ar éalú, bheartaigh mé ar ghníomh arís. Ach bhí an séiplíneach lagbhríoch ceanndána.


“Ní baol dúinn anseo,” ar seisean—“ní baol dúinn anseo.”

Bheartaigh mé ar é a fhágáil ansin ina aonar—is mairg nach ndearna! Lorg mé bia agus deoch mar ní raibh comhairle an

ghunnadóra dearmadta agam. Bhí íle agus ceirteacha le haghaidh mo chréachta aimsithe agam cheana agus rug mé liom freisin hata, agus léine flainnín a fuair mé i gceann de na seomraí codlata. Nuair b'fhollas dó go raibh rún agam imeacht i m'aonar, agus nár mhiste liom imeacht i m'aonar, ghríosaigh sé é féin de phreab chun teacht i mo theannta. Agus ó tharla an tráthnóna fada ciúin chuireamar chun bóthair timpeall a cúig i dtreo Sunbury.

I Sunbury féin, agus anseo is ansiúd feadh an bhóthair bhí corpáin ina luí—capaill agus daonnaithe—trucaílí agus bagáiste droim ar ais agus deannach dubh go tiubh orthu. Chuir an brat púdair sin i gcuimhne dom ar léigh mé i dtaobh mhilleadh Pompeii. Bhaineamar Hampton Court amach gan chiotrainn ar a shon go bhfacamar an iomad rud iontach ar an tslí dúinn agus ag Hampton Court ba mhór an gar dár súile paiste beag de thalamh glas a fheiceáil a tháinig slán ón gceo múchta. Chuamar trí Bhushy Park mar a raibh na fianna go fóill ag rith faoi scáth na gcrann cnó capaill. Chonaiceamar ansin i bhfad uainn fir agus mná ag deifriú leo go Hampton. B'iad sin na chéad daoine ar leagamar súil orthu. Thángamar a fhad le Twickenham.

Ar an taobh thall den bhóthar i gcéin bhí na coillte laistiar de Ham agus de Phetersham trí lasracha go fóill. Ní raibh dochar ar bith déanta do Twickenham ag an Teas-Gha ná ag an Deatach Dubh, agus bhí tuilleadh daoine mórthimpeall ansin cé nár fhéad siad aon bharr nuachta a thabhairt dúinn. Bhí a bhformhór ag aistriú leo ó tharla an deis acu, ar ár nós féin. Is cuimhin liom go raibh go leor de na tithe go fóill agus a mbunadh iontu arae ní ligfeadh an eagla dóibh teitheadh. Bhí rian an imruathair go gléineach feadh an bhóthair ansin freisin. Is cuimhin liom go han-mhaith trí rothar bhriste a fheiceáil ina gcarn ar an mbóthar, mionbhruscar déanta díobh ag rothaí na gcarr a shiúil orthu. Chuamar thar Dhroichead Richmond timpeall leathuair tar éis a hocht. Ghabhamar thar an droichead gan mhoill, ar ndóigh, ach mar sin féin thug mé faoi deara scata de mheallta dearga ag snámh leis an sruth, cuid acu mórán troithe ar leithead. Ní raibh a fhios agam cérbh iad iad—ní raibh d'uain agam iad a scrúdú—agus bhain mé ciall ba mheasa ná a thuill siad astu. Anseo, arís, ar thaobh Surrey den abhainn bhí an deannach dubh ina dheatach



tráth, agus bhí corpáin ann freisin—carn díobh in aice an stáisiúin—ach radharc ní bhfuairamar ar na Marsaigh go dtí go raibh tamall den bhóthar go Barnes siúlta againn.

Chonaiceamar amach uainn triúr ag rith síos cúlsráid i dtreo na habhann ach gan an triúr sin a áireamh ní raibh éinne le feiceáil ar fud an bhaill. Ar an gcnoc bhí baile Richmond á dhó go tréan; taobh amuigh den bhaile sin ní raibh aon rian den Deatach Dubh.

Ansin go tapa ag druidim in aice Kew dúinn tháinig gasra daoine ag rith, agus chonaiceamar an Meaisín Troda uainn os cionn bharra na dtithe. Ní raibh sé céad slat uainn. Thit an drioll ar an dreall againn nuair a chonaiceamar an chontúirt ina rabhamar agus ba é deonadh Dé nach bhfacthas sinn nó mharófaí sinn lom láithreach. Bhí a leithéid sin de scéin ionainn nach raibh sé de mhisneach againn dul ar aghaidh; is amhlaidh a chasamar isteach i ngairdín a bhí ar thaobh an bhóthair agus chuamar i bhfolach i stábla a bhí ann. Chrom an séiplíneach síos ann is é ag gol go ciúin agus ní bhogfadh sé leis in ainneoin mo dhíchill.

Ach bhí mé láncheaptha ar Leatherhead a shroicheadh is níor fhéad mé mo shuaimhneas a cheapadh. Dá bhrí sin ghluais mé liom arís le hidirsholas. Chuaigh mé trí scobarnach agus feadh an phásaiste síos láimh le teach mór a bhí suite i lár páirce agus tháinig mé amach ar bhóthar Kew. D'fhág mé an séiplíneach sa stábla i mo dhiaidh, ach tháinig sé ag deifriú amach i mo dhiaidh ar ball.

Ba é an dara gluaiseacht sin an rud ba dhíchéillí dá ndearna mé riamh arae b'fhollas dom go raibh na Marsaigh inár dtimpeall. Ar éigean a bhí sé suas liom nuair a chonaiceamar an Meaisín Troda céanna nó ceann eile díobh—é i bhfad uainn ar an taobh thall de na bánta gar do Kew Lodge. Bhí a ceathair nó a cúig d'fhíoracha beaga ag deifriú leo roimhe trasna na páirce glaise, agus i gceann nóiméid ba léir dúinn go raibh an Meaisín ar a dtí. Trí choiscéim agus bhí sé ina measc agus rith siad i ngach aon treo uaidh. Níor bhain sé feidhm as Teas-Gha chun iad a mhilleadh, ach d'ardaigh chuige féin iad ina nduine is ina nduine. De réir dealraimh chaith sé iad isteach sa chiseán mór miotalach a bhí crochta ar a dhroim mar a d'fheicfeá ciseán ar a dhroim ag fear oibre.




Ba é seo an chéad uair a rith sé chugam go mb'fhéidir cuspóir eile bheith ag na Marsaigh seachas an cine daonna a scriosadh. Sheasamar ansin gan mhothú gan áránn ar feadh scaithimhín agus ansin chasamar gur theitheadar trí gheata a bhí ar ár gcúl isteach i ngairdín a raibh balla ina thimpeall. Thiteamar isteach i ndíog a bhí láimh linn, tráthúil go leor, agus d'fhanamar inár luí ansiúd gur tháinig na réaltáin amach sa spéir. Ar éigean a bhí sé de dhánacht ionainn cogarnach a dhéanamh idir an dá linn.

Is dóigh go raibh sé beagnach a haon déag a chlog sula raibh sé de mhisneach againn cur chun bóthair arís. Ach ní ligfeadh an eagla dúinn dul amach ar an mbóthar—is éard a rinneamar éalú linn le claí agus faoi scáth na bhfáschoillte agus súil in airde againn ar feadh na huaire. D'fhair an séiplíneach taobh na láimhe deise agus d'fhair mé féin taobh na ciotóige arae bhí na Marsaigh ar gach aon taobh dinn de réir cosúlachta. In aon áit amháin bhí an limistéar dubh dóite, an talamh ina ghríosach fuar agus cuid mhaith corpán fear scaipthe thairis, an ceann is an chabhail dóite go millteach acu, ach a gcosa is a mbróga slán ar a bhformhór. Bhí ann, freisin, capaill mharbha agus iad tuairim is leathchéad troigh taobh thiar de cheithre ollghunnaí réabtha agus de ghunna-charráistí mionbhriste.

Bhí Sheen slán, de réir dealraimh, ach bhí an áit ciúin agus gan aon duine ann. Níor bhuail aon chorpáin linn ansin ar a shon go raibh an oíche ródhorcha le breathnú isteach i gcúlhbhóithre na háite. Dúirt mo chompánach liom i Sheen go raibh an lagachar is an tart ag cur as dó, agus chinneamar ar chuairt a thabhairt ar cheann de na tithe.

An chéad teach a ndeachamar isteach ann, tar éis an fhuinneog moill a chur orainn, is éard a bhí ann villa beag ach ní bhfuair mé a dhath le hithe ann seachas roinnt cáis lofa. Bhí uisce inólta ann, ámh, agus thug mé tua chun siúil liom a bheadh feiliúnach an chéad uair eile a bheimis ag briseadh isteach i dteach.

Chuamar trasna an bhóthair go dtí áit mar a bhfuil casadh sa bhóthar i dtreo Mortlake. Bhí teach bán i ngairdín ann, agus balla ina thimpeall, agus fuaireamar sa landair ansin cuimse bia—dhá bhollóg aráin in oigheann, stéig nár friochadh go fóill, agus leathcheathrú muiceola. Is é an chúis a n-áirim na rudaí sin go



beacht mar nach raibh de bhia againn ach iad go ceann coicíse. Bhí beoir i mbuidéil ar sheilf ann, agus dhá mhála pónairí agus roinnt leitís bhog. Bhí bealach ón landair isteach i bhforchistin agus fuaireamar broсна ansin, agus istigh i gcupard ann bhí nach mór dosaen buidéal d'fhíon burgúine, anraith is bradán stánaithe agus dhá channa brioscaí.

Shuíomar sa chistin sa dorchadas—mar b'eagal linn solas a lasadh—agus d'itheamar arán is muiceoil agus d'ólamar beoir as buidéal amháin. Bíodh go raibh an séiplíneach scáfar corrrthónach go fóillín b'ait liom anois é á mholadh dom leanúint ar aghaidh, agus bhí mé á chur ina luí air a thábhachtaí a bhí sé a neart a chothú le bia nuair a tharla an rud a choinnigh faoi ghlas sinn.

"Ní féidir go bhfuil sé ina mheán oíche fós," arsa mise, agus leis sin siúd isteach orainn splanc ghlas a dhallfadh duine. Lonraíodh gach ní dá raibh sa chistin. B'fhéidir iad a fheiceáil go soiléir faoi dhathanna glasa is dubha; agus ansin d'imigh an solas i léig arís. Ach ní túisce a d'imigh ná mar a chuala mé torann uafásach—torann nár chuala mé a leithéid riamh roimhe sin ná ó shin i leith. Agus i ndiaidh an torainn sin d'airigh mé tuairt taobh thiar díom, fuaim gloine á briseadh, fothram agus gliogarnach balla tí á leagan inár dtimpeall, agus thit plástar na síleála anuas sa mhullach orainn ina chnapóga. Síneadh ar an urlár mé, bhuaill mé mo cheann in aghaidh chnaipe an oighinn gur baineadh an mheabhair díom. Bhí mé i mo luí ansiúd gan mhothú gan árann ar feadh i bhfad aimsire, de réir mar dúirt an séiplíneach liom, agus nuair a tháinig mé chugam féin bhíomar sa dorchadas arís agus bhí seisean ag caitheamh uisce orm. Maidir leis féin, bhí gearradh ar a bhaithis agus bhí a aghaidh go léir fliuch ón bhfuil a bhí ag síleadh uaidh.

Níor fhéad mé a mheabhrú dom féin go ceann tamaill céard a d'éirigh dúinn. Ach i ndiaidh a chéile tháinig tuiscint dom ar mo chás. D'at cnapán ar mo bhaithis.

"An bhfuil biseach ort?" arsa an séiplíneach liom de chogar.

Thug mé freagra air faoi dheireadh. Agus shuigh mé aniar.

"Ná corraigh," ar seisean. "Tá an t-urlár clúdaithe leis na gréithe briste. Ní féidir corraí gan fothram a dhéanamh, agus tá barúil agam go bhfuil siad siúd sa taobh amuigh."

An Domhan faoi Smacht na Marsach

Bhíomar inár suí ansiúd inár dtost ionas gur ar éigean a d'fhéadar a chéile a chloisteáil ag anáil. Dhealraigh gach aon ní a bheith go socair suaimhneach ach uair amháin shleamhnaigh roinnt plástair nó brící briste anuas go glórach. Taobh amuigh den teach agus an-chóngarach dúinn chloisimis creathadh miotalach ó am go ham.

"Sin é é!" arsa an séiplíneach, nuair a chualamar an creathadh sin arís.

"Sea," arsa mise, "ach céard é féin?"

"Marsach!" arsa an séiplíneach.

D'éist mé arís.

"Níor chosúil leis an Teas-Gha é," arsa mise, agus ar feadh tamaill bhí mé ag ceapadh gurb é a bhí ann ceann de na Meaisíní móra Troda a bhuail go tuisleach in éadan an tí, amhail mar a chonaic mé ceann acu ag titim i gcoinne theampall Shepperton.

Bhíomar ina leithéid sin de chás aisteach dothuigthe nár chorraíomar ar éigean ar feadh a trí nó a ceathair d'uaireanta an chloig nó gur tháinig fáinniú an lae. Agus ansin ghlinn an solas isteach. Ní tríd an bhfuinneog a tháinig sé mar d'fhan an fhuinneog dubh dorcha i gcónaí, ach trí scoilt thriantánach idir sail agus carn de bhrící briste sa bhalla ar ár gcúl. Chonaiceamar an taobh istigh den chistin, faoi bhreacsholas, den chéad uair.

Is amhlaidh a rinne carn créafóige ón ngairdín an fhuinneog a bhriseadh agus bhí an chréafóg seo istigh ar an mbord ar a rabhamar inár suí tamall agus bhí sí thart ar ár gcosa freisin. Taobh amuigh bhí an chréafóg ina carn ard in éadan an tí. Ag barr fhráma na fuinneoige bhí radharc againn ar dhraeinphíobán a tarraingíodh as a ionad. Bhí an t-urlár ina thrachlais ag na gréithe briste; bhí poll i mballa na cistine ar an taobh ba ghaire don teach, agus b'fhollas go raibh an chuid is mó den teach tite as a chéile mar is isteach tríd an bpoll sin a bhí an solas ag teacht. I mbeochodarsnacht leis an gcreach go léir bhí an driosúr néata, dath bánghlas air mar ba nós san am, agus roinnt árthaí copair is stáin taobh thíos de, an páipéar balla ag déanamh aithrise ar leacáin bhána is ghorma, agus cúpla pictiúr daite ar foluain ó na ballaí taobh thuas de shorn na cistine.

De réir mar a chuaigh an mhaidin i ngile chonaiceamar, tríd an mbearnán sa bhalla, Marsach ina sheasamh os cionn sorcóir a bhí ag lonrú go fóill go teasaí. Ag faire a bhí sé, ní foláir. Arna fheiceáil sin dúinn d'éalaíomar chomh ciúin agus ab fhéidir linn amach as leathsholas na cistine agus isteach i ndorchadas na forchistine.

Agus ar ala na huaire thuig mé an scéal go léir i gceart.

"An cúigiú sorcóir," arsa mise ag cogarnach, "an cúigiú hurchar ó Mhars. Is é an chaoi ar bhuail sé an teach seo agus táimidne i bhfolach faoin bhfothrach!"

Bhí an séiplíneach ina thost ar feadh scaithimh agus ansin chuir sé cogar i mo chluas:

"Go ndéana Dia trócaire orainn!"

Chuala mé dá éis sin é ag bog-ghol dó féin.

Murach an chaint sin bhíomar inár suí san fhorchistin gan gíog ná míog asainn. Maidir liom féin ní ligfeadh an eagla dom m'anáil a tharraingt. Shuigh mé ansin agus mo dhá shúil dírithe ar lagsholas dhoras na cistine. D'fhéad mé aghaidh an tséiplínigh a fheiceáil, agus a bhóna is a mhuinchillí, ach is ar éigean é. Thosaigh an bualadh miotalach amuigh arís agus ina dhiaidh sin chualamar tréanghlamaíl agus, tar éis tamaill chiúin, siosarnach, mar a bheadh siosarnach innill ann. Chloisimis na fuaimeanna sin ó am go ham agus iad á méadú leis an aimsir. Ansin thosaigh bualadh trom tomhaiste agus creathán a chuir gach aon ní inár dtimpeall ag bogadh agus a chuir na hárthaí san fhorchistin ag rince go ceolmhar. Uair amháin múchadh an solas ar fad agus bhí béal dorais taibhseach na cistine dorcha ar fad. Ní foláir nó bhíomar ar ár gcromada ansin ar feadh leath an lae, sinn inár dtost agus gan cor asainn, nó gur tháinig tuirse orainn faoi dheireadh thiar....

Nuair a mhúscaíl mé athuair bhí an-ocras orm. Tá mé ag ceapadh gur chaitheamar an chuid ba mhó den lá inár gcodladh. Bhí a leithéid sin d'ocras orm gurbh éigean dom gníomh éigin a dhéanamh in aghaidh mo thola. Dúirt mé leis an séiplíneach go raibh mé ag imeacht ar lorg bia agus chuaigh mé ag méirínteacht romham i dtreo an landair. Freagra níor thug sé orm ach ní túsce a thosaigh mé ag ithe ná ghríosaigh an fhuaim bheag sin é féin chun gnímh, agus d'airigh mé é ag lámhacán i mo dhiaidh.

CAIBIDIL 2

AN RADHARC ÓN BHFOTHRACH TÍ

Tar éis an bhéile bia sin chuamar ag lapadáil ar ais go dtí an fhorchistin. Ní foláir nó gur tháinig míogarnach orm ansiúd mar bhí mé i m'aonar nuair a dhúisigh mé. Bhí an creathán is an bualadh ar siúl go fóill gan stad gan staonadh. Thug mé iarracht ar an séiplíneach a mhealladh chugam le cogar ach nuair nach bhfuair mé aon fhreagra uaidh rinne mé mo bhealach anonn go dtí doras na cistine. Bhí solas an lae ann go fóill agus chonaic mé an séiplíneach ar an taobh thall den seomra agus súil aige le poll triantánach a thug radharc dó ar na Marsaigh. Bhí dronn ar a ghuaillí i dtreo nár fhéad mé a cheann a fheiceáil.

D'fhéad mé a lán fuaimeanna a chloisteáil—na fuaimeanna céanna a chloisfeá i dteach inneall agus bhí an talamh fúm is an teach i mo thimpeall ag luascadh leis an mbualadh creathánach úd. Bhí radharc agam tríd an bpoll sa bhalla ar bharr crainn agus ar spéir chiúin an tráthnóna. Níor chorraigh mé go ceann nóiméid nó dhó ach mé ag féachaint ar an séiplíneach ar feadh an ama. Ansin bhog mé anonn chuige ar mo chromada agus d'fhair mé gach coiscéim ar fhaitíos go ndéanfainn gleo agus a raibh de ghréithe briste scaipthe ar fud an urláir.

Leag mé mo lámh ar chos an tséiplínigh agus thug sé léim chomh mór sin as a chorp go ndeachaigh meall mór plástair ag sleamhnú leis síos taobh amuigh go torannach trom. Rug mé ar uillinn air ar eagla go gcuirfeadh sé béic as agus ar feadh tamaill fhada luíomar ansiúd gan cor ná car asainn. Ansin d'iompaigh mé thart féachaint cé mhéad den rampar a bhí fágtha. Bhí scoilt anois sa smionagar áit ar thit an plástar de agus nuair a d'ardaigh mé mé féin go cúramach thar sail amach bhí radharc agam ón mbioma

sin ar an rud ba bhóthar ciúin baile tuaithe an oíche roimhe sin. B'áibhéil an t-athrú a bhí anois air, ámh.

Caithfidh sé gurb amhlaidh a thit an cúigiú sorcóir anuas ar an gcéad teach dar thugamar cuairt air, agus go ndeachaigh sé díreach trína lár. Bhí an teach féin imithe ar fad agus gan de thuairisc air ach an púdar a rinneadh de. Bhí an sorcóir ina luí i bpoll a bhí i bhfad thíos faoi bhunsraith an tí agus ba mhó go mór an poll sin cheana féin ná an logán úd a chonaic mé i Woking. Cartadh an chréafóg suas ar gach aon taobh nuair a bhuaile an sorcóir an teach agus bhí sin ina chairn idir sinn agus na tithe eile a bhí inár ngaobhar. Is é an chaoi ar scaip an teach amhail a dhéanfadh an phuitech a bhuaillí go tréan le casúr. Thit ár dteachna as a chéile siar i ndiaidh a chúil; scriosadh a thosach ar fad—go fiú urlár na talún—agus ní raibh ann ach an t-ádh gur saoradh an chistin is an fhorchistin, agus maidir leis an dá sheomra sin féin bhí siad dúnta isteach ar gach taobh le cairn mhóra créafóige cé is moite de thaobh an tsorcóra. Dá bhrí sin bhíomar crochta ar imeall an logáin mhóir chiorclaigh a bhí á dhéanamh ag na Marsaigh. Bhí an bualadh trom ar siúl taobh thiar dinn de réir dealraimh, agus ó am go ham d'éiríodh gal gheal uaine suas ina brat trasna an phoill faire againn.

Bhí an sorcóir oscailte cheana féin i lár an logáin, agus ar an imeall thall den logán i measc bláthanna scriosta, bhí ceann de na Meaisíní Troda ina sheasamh go righin is go hard i gcoinne na spéire ach ní raibh a stiúrthóir istigh ann. Is ar éigean ar dtús a thug mé an logán ná an sorcóir chun cruinnis, cé gurbh áisiúil dom cur síos orthu i dtosach anseo, mar gheall ar na meaisíní soilseacha iontacha a chonaic mé ag rómhar is ag cartadh na créafóige aníos agus na créatúir aisteacha a bhí ag lámhacán go mall míthapa thar an gcarn a bhí in aice leo.

Na meaisíní a rug greim ar m'intinn ar dtús. Ceann de na hinnill chasta úd a bhí ann dár gaireadh ó shin Meaisíní Láimhseála, agus is iontach an dul chun cinn atá déanta ag lucht fionnachtana an domhain seo ó cuireadh eolas orthu sin. Nuair a leag mé súil i dtosach air ba chosúil é le damhán alla miotalach de shórt éigin, cúig cinn de chosa meara altacha faoi, agus cuimse mhór de luamháin, de bharraí agus de chrúba lúbacha ar fud a choirp. Bhí formhór a chuid géag aistarraingthe, ach le trí cinn de na crúba fada sin bhí sé ag tarraingt amach a lán de na slata, na plátaí is na



barraí a bhí mar chraiceann is mar thaca do bhallaí an tsorcóra. De réir mar a tarraingíodh na huirlisí seo amach bhí siad á leagan ar phaiste cothrom créafóige taobh thiar de.

Bhí a leithéid sin de luas faoi obair an Mheaisín nach ina mheaisín a mheabhraigh mé ar dtús é in ainneoin na loinnreach miotalaí a bhí ag teacht uaidh. Bhí beocht agus beatha thar meán sna Meaisíní Troda ach níorbh fhéidir iad a chur i gcomórtas leis an inneall seo. Daoine nach bhfaca riamh na gléasanna seo agus nach bhfuil d'fhianaise acu orthu ach drochphictiúir ealaíontóirí nó an tuairisc neamhchruinn a thug mo leithéidse dóibh is beag má thuigeann siad i gceart chomh láidir is a bhí cáilíocht na beatha iontu.

Is maith is cuimhin liom pictiúr sa chéad phaimfléad a foilsíodh mar gheall ar an gcogadh. Dhealródh an scéal go ndearna an t-ealaíontóir staidéar beag ar cheann de na Meaisíní Troda agus gurbh shin tús agus deireadh a chuid eolais. Léirigh sé iad mar ghléasanna tríchosacha gan gaois gan solúbthacht iontu, agus ba dhóigh le héinne ar an bpictiúr gur mar a chéile an uile chuid díobh. Bhí glaoch mór ar an bpaimfléad ina raibh na pictiúir sin, agus is é an fáth a ndéanaim tagairt dóibh anseo d'fhonn a chomhairliú don léitheoir gan iad a chreidiúint. Is mó an chosúlacht atá ag bábóg le duine ná mar a bhí ag na pictiúir leis na Marsaigh a chonaic mé féin sa ghleo. I mo thuairimse, b'fhearr go mór an paimfléad gan na pictiúir ann.

Ach mar a dúirt mé cheana, ní mar mheaisín a mheabhraigh mé an Meaisín Láimhseála ach mar ghléas ba chosúla le portán. An Marsach a chuireadh siúl faoin Meaisín, ba chosúil é le cuid cheirbreach portáin. Ach ansin thug mé faoi deara an chosúlacht a bhí ag a chraiceann glasdonn soilseach leathair le craiceann na rudaí móra liopasta eile sin taobh thiar, agus thuig mé cén sórt oibrí aclaí a bhí ann. Leis sin thosaigh mé ag cur suime sna créatúir eile, sna fíor-Mharsaigh. Bhí aithne shúl agam orthu cheana féin, ach anois ó bhí deireadh leis an masmas a tháinig orm nuair a chonaic mé an chéad uair iad, d'fhéad mé iad a scrúdú. Chomh maith leis sin, bhí mé as a radharc agus gan cor asam, agus gan aon chall agam le deifir.

Chonaic mé an méid seo: gurbh iad na créatúir is míshaolta iad dá bhféadfadh duine cuimhneamh orthu. Is éard a bhí iontu coirp ábhalmhóra chruinne—nó cloigne ba chóir dom a rá arae cloigne is mó a bhí orthu—iad timpeall ceithre troithe ar leithead, agus



aghaidh ar thosach an choirp. Ní raibh polláirí ar bith ar an aghaidh—go deimhin féin is cosúil nach raibh céadfa an bholaidh ag na Marsaigh ar chor ar bith—ach bhí dhá shúil dhubha an-mhór ann, agus gob feolmhar taobh thíos díobh. I gcúl an choirp nó an chinn seo—ní fios dom cén t-ainm is fearr a thabhairt air—bhí an fás tiompánach ba chluas (faoi mar is eol do lucht anatamaíochta anois) ar a shon gur bheag an mhaith í, má bhí aon mhaith in aon chor inti, san aer tiubh seo againne. Mórthimpeall an bhéil le hais a chéile bhí sé chrúb déag, ocht gcinn acu os cionn na n-ocht gceann eile. Lámha iad sin de réir mar a fuair amach an t-anatamaí clúiteach sin, an tOllamh Howes, ó shin. Fiú ansin agus mé ag féachaint ar na Marsaigh sin chonacthas dom go raibh siad ag iarraidh iad féin a ardú ar na lámha, rud nárbh fhéidir dóibh a dhéanamh, ar ndóigh; toisc mheáchan an aeir sna bólaí seo. Ceaptar, agus tá cúis leis an tuairim, go mbídís ag imeacht thart ar na lámha sin réidh go leor ar Mhars.

Ní miste dom a lua anseo go raibh taobh istigh an choirp an-simplí freisin, de réir mar a léiríodh nuair a dioscadh na corpáin. An inchinn an chuid ba mhó den chorp, agus bhí néaróga móra millteacha ag rith ón inchinn go dtí na súile, go dtí an chluas agus go dtí na crúba mothaitheacha. Láimh leis seo bhí na scamhóga coimpléascacha, an croí agus soithí an chroí. Bhí bealach isteach chuig na scamhóga ón mbéal. Maidir le corraitheacht na scamhóg arbh é atmaisféar níos dlúithe agus fórsa níos láidre imtharraingteach an domhain ba chúis léi, ba róléir í ar na gothaí cráite a dhéanadh an craiceann taobh amuigh.

Agus b'shin a raibh de bhaill bheatha ag na Marsaigh. Dá aistí le daonnaí é, bhí an gléas díleáite sin a thógann suas an spás is mó sa duine in easnamh ar na Marsaigh. Ní raibh iontu ach cinn. Ní raibh aon ionathar acu. Ní ithidís, gan trácht ar bhia a dhíleá. I leaba bia a ithe, is éard a dhéanaidís fuil créatúr beo eile a ghlacadh is í a thiomáint isteach ina gcuislí féin. Chonaic mé féin é sin á dhéanamh, agus cuirfidh mé síos air ina áit féin. Ach, dá neirbhísí mé amhail mar ba dhóigh le duine, níl sé de mhisneach ionam trácht a dhéanamh ar rud nach leomhfainn leanúint orm ag breathnú air. Ní déarfaidh mé ach an méid seo: go dtógtáí fuil ó ainmhí beo éigin—ó dhaonnaithe is mó a thógtáí í—agus ligtí di rith díreach, trí phíopa beag, ón daonnaí isteach i gcuisle an Mharsaigh....

An Domhan faoi Smacht na Marsach

Is róghrána linn go léir fiú smaoineamh ar an obair sin, ach ná ligimis ar dearmad cén masmas a bheadh ar choinín meabhrach dá bhfeiceadh sé sinn ag ithe ainmhithe.

Ní féidir buntáistí fiseolaíocha an ghléis insteallta sin a bhréagnú go mór mór má chuimhníonn duine ar an méid ama agus fuinnimh daonna a chuirtear amú ag ithe agus ag díleá an bhia. Tá leath ár gcoirp faoi fhaireoga, faoi fheadáin is faoi orgáin agus gan de ghnó acu ach fuil a dhéanamh den uile shaghas bia. Baineann an gléas díleáite dár neart agus claochlaíonn sé ár n-intinn. Bíonn fir sásta nó míshásta de réir mar a bhíonn an t-ae go sláintiúil nó go míshláintiúil acu, nó de réir na staide ina mbíonn faireoga an bhoilg iontu. Ach ní raibh ciotaí ar bith ar na Marsaigh sna bealaí sin.

Is fíor gur rogha leo daonnaithe mar ábhar cothaithe agus is é an chúis a bhí leis sin an chuma a raibh na híospartaigh a bhí tugtha acu leo mar bhia ó Mhars. De réir mar is féidir a mheas ón méid díobh a fuair eolaithe, créatúir dhéchosacha a bhí iontu a raibh cnámharlaigh sheanga bhoga orthu (is beag nár chosúil iad le spúinsí) agus féitheacha laga iontu. Bhí siad tuairim is sé troithe ar airde, bhí cloigne cruinne arda orthu agus súile móra i loig shúile crua acu. Tugadh dhá cheann nó trí díobh sin, is cosúil, i ngach sorcóir, agus maraíodh iad go léir sular baineadh an talamh amach. B'amhlaidh ab fhearr dóibh é, mar bhrisfí gach cnámh ina gcorp dá dtugaidís fiú iarracht ar sheasamh suas go díreach ar an bpláinéad seo againne.

Agus a fhad atá an míniú seo á dhéanamh agam orthu ní miste dom mionfhaisnéis eile a thabhairt anseo, mionfhaisnéis nár léir dúinne san am ach a chabhróidh leis an léitheoir, nach raibh aithne ar bith aige orthu, chun pictiúr níos léire a shamhlú dó féin de na créatúir ghránna sin.

Níorbh ionann iad agus sinne ar thrí bhealach eile. Ní dhéanaidís aon chodladh, ach oiread agus a dhéanann croí an duine codladh. Ó tharla nár ghá dóibh scíth a thabhairt d'fhéith ar bith, níorbh eol dóibh an codladh tréimhsiúil. Is beag má bhíodh aon tuirse orthu riamh, de réir dealraimh. Ar an domhan seo dóibh bhíodh sé dian orthu fiú coiscéim a thabhairt ach mar sin féin b'fhéidir leo leanúint den obair siar go dtí an deireadh gan scíth. Dhéanaidís obair ceithre huaire an chloig fichid gach lá faoi mar a dhéanann na seangáin ar an domhan seo, b'fhéidir.

Ar an dara dul síos, dá iontaí linn é sa saol seo an dá inscne, ní raibh inscne ar bith ag na Marsaigh, agus dá bhrí sin bhí siad saor ón mothú millteach sin a bhíonn sa chine daonna de bharr na difríochta. Níl aon amhras ach gur rugadh Marsach óg ar an saol seo le linn an chogaidh, agus fuarthas é agus é greamaithe dá thuismitheoir, é á sceitheadh uaidh amhail a sceitheann an bláth ón ngas, nó mar a sceitheann na hainmhithe óga san uisce úr.

Tá an nós síolrúcháin sin dulta ar ceal i measc na ndaonnaithe agus i measc ainmhithe uile eile an domhain seo; ach is cinnte gurbh é an chéad nós síolrúcháin é dá raibh riamh ar bith. I measc na n-ainmhithe ísle, chomh fada aníos le col ceathracha úd na veirteabrach, na túinicigh, bhí an dá nós ann taobh le taobh, ach i ndeireadh na dála bhuaigh nós na hinscne ar an nós eile amach is amach. A mhalairt ar fad de scéal a tharla ar Mhars de réir dealraimh.

Is fiú a lua anseo go ndearna scríbhneoir fáistineach áirithe a raibh clú air mar shórt eolaí, rinne sé tairngreacht i bhfad sular ghlac na Marsaigh forlámhas ar an domhan go mbeadh déanamh ar an duine, sula rachadh an domhan i ndisc ar fad, a bheadh an-chosúil le déanamh na Marsach. Is cuimhin liom gur foilsíodh an tairngireacht sin i Samhain nó faoi Nollaig na bliana 1893, i bhfoilseachán atá imithe le fada an lá, .i. an *Pall Mall Budget*, agus tugaim chun cuimhne caracatúr ar an ábhar céanna a fheiceáil i dtréimhseachán dá ngairtí *Punch*, tréimhseachán a bhíodh le fáil sular tháinig na Marsaigh. Ba sheafóideach an nós scríbhneoireachta a bhí aige ach chuir sé síos san aiste go mbuafadh feabhas na ngléasanna meicniúla ar na géaga faoi dheireadh thiar, nár bhaill riachtanacha den duine ní ba shia an ghruaig, an tsrón lasmuigh, fiacra, cluasa, smig, agus go dtiocfadh dó, de dhroim phróiseas an roghnaithe nádúrtha, go gcuirfí na baill sin as feidhm i leaba a chéile ó aois go haois. An inchinn amháin a bhí fíor-riachtanach. Ní raibh cúis láidir ag ball ar bith eile a mhaireachtáil beo seachas an lámh—"múinteoir agus ionadaí na hinchinne". A fhad a bheadh an chuid eile den chorp ag dul as feidhm, bheadh na lámha ag dul i méid.

Is iomaí focal fíor a scríobhtar mar mhagadh, agus i gcás na Marsach de tá cruthú iomlán againn ar an gcuma ar féidir an taobh ainmhíoch den chorp a chur faoi smacht na hintleachta. Is furasta agus is rófhurasta domsa a chreidiúint gur shíolraigh na

An Domhan faoi Smacht na Marsach

Marsaigh ónár leithéidí-ne de dhaoine, go ndeachaigh an inchinn is na lámha ar aghaidh de réir a chéile (go dtí go raibh dá thriopall crúb ann ar deireadh in ionad an dá lámh a bhí ann i dtosach) agus go ndeachaigh baill eile de bhaill bheatha an choirp chun deiridh ag an am céanna. Gan an corp, ar ndóigh, dhéanfaí intleacht níos leithlí den inchinn, gan aon phioc d'fhostratam mothúcháinach an daonnaí a bheith le fáil.

An difear tábhachtach deiridh atá idir déanamh na Marsach agus ár ndéanamhna, is difear é a d'fhéadfaí a mheas a bheith beagthábhachtach—miocrorgánaigh. Is léir nach raibh aon mhíocrorgánaigh ar Mhars riamh nó má bhí, gur mharaigh lucht na sláintíochta ar Mhars fadó iad. Dá bhrí sin tá na galair agus na pianta éagsúla atá ag crá an domhain ó thosach ré is aimsire in easnamh orthu. Níl aon taithí acu ar na céadta galar a bhíonn de shíor dár scriosadh, mar atá, na fiabhrais agus na plánna go léir, eitinn, ailse, siadaí agus a leithéidí sin. Agus ó tharla dom a bheith ag cur síos ar an difríocht idir an saol ar an domhan agus an saol ar Mhars, níor mhiste dom an Lus Dearg a lua.

De réir dealraimh, ní glas an príomhdhath atá ar na glasraí ar Mhars ach dearg ar dhath na fola. Ar aon nós, na síolta a thug na Marsaigh leo, is cuma cé acu dá ndeoin nó dá n-ainneoin a rinne siad amhlaidh, d'fhás plandaí dearga uathu. Chinn ar chuile cheann, seachas an Lus Dearg, maireachtáil anseo i measc phlandaí an domhain. Planda sealadach ab ea an Lus Dearg, agus is beag duine a chonaic ag fás é. Ar feadh tamaill, ámh, b'iontach a mhíre is a fhluirsí a d'fhás sé. Leath sé ar gach taobh den logán agus suas lena shleasa roimh an treas lá nó an ceathrú lá dúinn i ngéibheann, agus bhí a chraobhacha a bhí ar dhéanamh an chactais ina líne trasna chomh fada suas le himeall na fuinneoge triantánaí sin againne. Agus ina dhiaidh sin fuair mé leata go flúirseach trasna na dúiche é agus go mór mór in áit ar bith a raibh sruth uisce.

De réir dealraimh bhí orgán cloisteála ag na Marsaigh, drumma cruinn aonraic, ar chúl an cheannchoirp, agus bhí súile acu nár mhór an difríocht a bhí idir iad agus ár súile féin, ach amháin gur dubh leo an dath gorm nó an dath corcairghorm, de réir Philips. Ceaptar go dtuigidís a chéile le fuaimeanna is le bagairt na gcrúb, sin é a deirtear, cuir i gcás, sa phaimfléad cliste dár thagair mé cheana (paimfléad a bhfuil rian na deifre air agus a scríobh duine éigin nach bhfaca na himeachtaí sin le súile a chinn féin is léir)

agus is é an paimfléad sin is mó a thugann eolas dúinn i dtaobh na Marsach. Anois ní fhaca éinne beo oiread d'obair na Marsach ar siúl agus a chonaic mé féin. Ní haon chreidiúint dom go bhfaca mé an oiread sin mar is trí chiotrainn a tharla. Agus deirim go daingean gur fhair mé go cúramach iad go mion is go minic, agus go bhfaca mé ceathrar, agus cúigear agus (aon uair amháin) seisear acu agus bearta fíorchasta oibre ar siúl acu; ach oiread is fuaim ná comhartha amháin ní dhearna siad. An bhúireach aisteach sin is roimh bhia a dhéanadís é; ní théadh an bhúireach in airde ná in ísle glóir, agus dar liom nach mar chomhartha chun a chéile a dhéantaí é. Is dóigh liom nach raibh ann ach an t-aer á scaoileadh roimh thosú ar an súchán. Tá beagán, ar a laghad, de bhuneolas na síceolaíochta agam, agus táim deimhneach den mhéid seo—chomh deimhneach is atáim de rud ar bith—go gcuireadh na Marsaigh a smaointe in iúl dá chéile gan comharthaí ar bith. Agus táim deimhneach de sin ar a shon gur dheacair dom féin i dtosach é a chreidiúint toisc go raibh sé, dar liom, in aghaidh an réasúin. B'fhéidir go gcuimhneodh foléitheoir gur scríobh mé roinnt aistí fórsúla i gcoinne theoiric na teileapaite.

Ní chaitheadh na Marsaigh aon éadaí. Faoi mar a bheadh súil ag duine, níorbh ionann na tuairimí a bhí acu den mhaisiú is den nósmaireacht is atá againne; agus ní hamháin gur lú a ghoilleadh athruithe atmaisféir orthu ach ní ghoilleadh meáchan an aeir puinn ar an tsláinte acu ach an oiread. Ach más rud é nach gcaithidís aon éadaí níorbh é neart a gcoirp a bhuaigh orainne ach na gléasanna saorga a bhí acu. Tá rothair is scátaí rollála againne, agus eitleáin, agus gunnaí agus mar sin de, is é sin le rá go bhfuilimid ag tosú anois, ag fíorthosach an bhóthair atá siúlta le fada an lá ag na Marsaigh. Níl iontu siúd faoi láthair ach inchinn agus gan de chorp acu ach an méid atá riachtanach dóibh go díreach mar a chaitheann an duine culaith éadaigh nó mar a thógann sé rothar má bhíonn deifir air, nó scáth báistí má bhíonn sé fliuch. Agus maidir leis na gléasanna, níl aon rud is mó a chuirfidh ionadh ar an duine a bhfuil eolas aige ar chúrsaí meaisín ná seo: nach raibh aon rothaí ag na Marsaigh. I measc na rudaí go léir thug siad leo anuas ar an talamh níl aon rud a thabharfadh le tuiscint do dhuine gur bhain siad feidhm as rothaí. Bheadh súil ag duine leo chun na meaisíní a chur ar siúl. Agus ós ag trácht air sin atáimid is aisteach le rá é nár cheap an Nádúr roth riamh ar an

An Domhan faoi Smacht na Marsach

domhan seo féin, nó má cheap b'fhearr leis gléasanna nach é. Is deacair a chreidiúint nach raibh eolas ag na Marsaigh ar an roth. Má bhí níor bhain siad aon úsáid as. Ach ina gcuid gléasanna is fíorbheag ar fad an méid feidhme a bhaintear as an maighdeog shocraithe, nó as an maighdeog leathshocraithe, ar a ngluaiseann na hinnill ar an bpláinéad seo. Is amhlaidh a bhí géaga uile a gcuid inneall socraithe i dtreo go sleamhnaídís isteach ina chéile ar ghráin iompair bheaga chomhchruinne. Agus ó tharla dom a bheith ag tabhairt mionfhaisnéise mar seo, is iontach an scéal é gurb éard a chuireann géaga fada a gcuid inneall ag obair cineál féitheacha bréige a bhíonn istigh i gcumhdach leaisteach; éiríonn na féitheacha sin polaraithe agus tarraingítear isteach chun a chéile go dlúth is go teann iad nuair a ghabhann sruth leictreachais tríothu. Bhí cuimse de na féitheacha bréige sin sa Mheaisín Láimhseála úd ar dhéanamh an phortáin a d'fhair mé le linn é a bheith ag díphácáil an tsorcóra. Ba bheoga, dar liom, go mór fada é ná na Marsaigh féin a bhí ina luí taobh thall de faoi sholas na gréine. Bhí siad sin lagbhríoch go leor tar éis a dturais fhada tríd an aer. Bhí saothar orthu agus is ar éigean a bhí siad in ann cor a chur astu.

A fhad agus a bhí mé ag grinndearcadh imeachtaí na Marsach agus ag déanamh fiosrúcháin ar gach ball dá bhaill bheatha, chuir an séiplíneach i gcéill dom go raibh sé i m'áice. Is é an chaoi ar tharraing sé ar m'uillinn go láidir. Chas mé chuige agus pus orm. Theastaigh uaidh an poll a bheith aige agus tráth is nach raibh slí ach do dhuine amháin ann b'éigean dom géilleadh dó.

Nuair a dhearc mé arís, bhí cúpla píosa den ghléas curtha le chéile ag an Meaisín Láimhseála ón méid a bhí tógtha aige as an sorcóir agus b'iontach an dealramh a bhí ag na píosaí seo nuair a bhí siad fite ina chéile leis an Meaisín Láimhseála féin. Ar an taobh clé bhí inneall beag rómhair le feiceáil anois agus bhí sé ag cartadh na créafóige aníos is ag déanamh port de go rialta deaslámhach. Bhí píireanna de ghal ghlas á gcur san aer ag an inneall seo le linn dó a bheith ag obair agus an fothram rialta as a chualamar cheana. Bhí píópáil agus feadaíl ag teacht as agus é ag obair. Chomh fada is ab fhéidir liom a dhéanamh amach ní raibh Marsach ar bith ag oibriú an innill seo.

CAIBIDIL 3

SEAL I nGÉIBHEANN

Nuair a tháinig an dara Meaisín Troda b'éigean dúinn imeacht ón bpoll faire siar sa chúlchistin mar b'eagal linn go bhféadfadh an Marsach, toisc a airde a bhí sé, sinn a fheiceáil i bhfolach ar chúl na baracáide a bhí againn. Lá ab fhaide anonn ná an lá sin ba lú linn an chontúirt mar thuigeamar nach bhféadfadh an tsúil ba ghéire faoin ngrian aon ní ach dorchadas a fheiceáil sa dídean a bhí againn. Ach ar dtús, ní túisce a chloisimis ag teacht iad ná a ghlanaimis isteach sa chúlchistin agus ár gcroí inár mbéal. Ach dá mhéad contúirte ina rabhamar níor fhéadamar gan súil a chur leis an bpoll. Agus is ábhar iontais dom anois nuair a chuimhním air cé mar a bhímis i gcónaí ag baint na sál dá chéile ag iarraidh tús áite ag an bpoll i lom-deargainneoin an bháis a bhí romhainn, .i. bás ón ocras nó bás ab uafásaí ná sin féin. Rithimis trasna na cistine agus luas iontach fúinn, fonn orainn féachaint amach agus faitíos orainn fothram a dhéanamh. Bhualimis a chéile, thugaimis fogha faoi chéile agus tharraingimis ciceanna ar a chéile agus gan eadrainn agus an t-éag ach cúpla orlach.

Le scéal gairid a dhéanamh de níor mhar a chéile ar aon saghas cuma sinn. Níorbh ionann meon ná smaointe ná gníomhartha dúinn agus níor lúide an neamhionannas sin an bheirt againn a bheith i mbaol agus i ngéibheann le hais a chéile. I Halliford féin bhí fuath agam don chleas úd a bhí aige, .i. caint éadóchasach a stealladh uaidh agus ba ghráin liom an stuacacht a bhí ann. Gach uair a dhéanainn iarracht ar phlean a cheapadh chuireadh a chuid bailbhe deireadh leis. Is beag nár thiomáin sé as mo mheabhair mé uaireanta. Ní mó an smacht a bhí aige air féin ná mar a bheadh ag

An Domhan faoi Smacht na Marsach

bean sheafóideach. Uaireanta dhéanadh sé gol ar feadh i bhfad agus is é mo thuairim láidir gur mheas sé go deireadh a ré go raibh feidhm agus brí lena dheora. Agus bhínnse i mo shuí sa dorchadas agus gan ar mo chumas ach a bheith ag smaoineamh air agus an bhaois a chleachtadh sé. D'itheadh sé níos mó ná mar d'ithinn féin, agus bhí sé fuar agam a bheith ag cur i gcéill dó nach raibh aon chaoi againn ar mhaireachtáil beo ach fanacht sa teach nó go mbeadh deireadh déanta ag na Marsaigh den logán, agus go mb'fhéidir, ar ball, go mbeadh uireasa bia orainn. D'itheadh sé is d'óladh sé béilí móra nuair a bhuaileadh an fonn é agus tamall fada idir gach dhá bhéile aige. Is beag a chodlaíodh sé.

Leis an aimsir, mhéadaigh a fhaillí ar ár gcontúirt is ar ár bpráinn go mór, i dtreo, dá mhéad ba leasc liom é, gurbh éigean dom bagairt a dhéanamh air agus i ndeireadh na dála é a bhualadh. Thug sin a chiall dó go ceann tamaill. Ach ba dhuine meata glic é—duine den sórt nach dtabharfadh aghaidh ar Dhia ná ar dhuine, nach dtabharfadh aghaidh air féin, fiú amháin, gan uabhar ná mórail ann, gan fuil ina chroí, is fuath is eagla ina anam.

Ní maith liom na rudaí sin a thabhairt chun cruinnis is a bhreacadh síos, ach tugaim tuairisc orthu daoibh i dtreo nach mbeidh aon easpa ar an scéal. Éinne nár chleacht duairceas is uafás an tsaoil is furasta dó sin mé a lochtú mar gheall ar mo chruachroíocht agus ar an splanc buile a bhuaill mé i ndeireadh an truascéil thiar; mar is tuigte dó chomh maith le cách céard é éagóir, ach ní tuigte dó céard is féidir le fir chráite a dhéanamh. Ach éinne a bhí riamh in éadóchas, éinne a chuir aithne ar an dúlra féin tuigfidh sé mo chás.

Agus a fhad a bhíomarna ag cur comhraic ar a chéile istigh sa dorchadas, ag cogarnach, ag sracadh bia agus dí ó chéile agus ag bualadh buillí, bhí na Marsaigh amuigh sa logán go fóill, an tseanobair ar siúl acu faoi theas neamhthrócaireach na gréine a tharla ann an Meitheamh uafar úd. Leanfaidh mé siar ar na nua-eachtraí seo a bhain dom. I gceann tamaill fhada leomh mé dul ar ais go dtí an poll agus thug mé faoi deara go raibh trí cinn eile de Mheaisíní Troda tagtha chuig an Logán. Bhí gléasanna nua tugtha leo ag an mbuíon ba dheireanaí a tháinig agus bhí siad sin ina luí in ord is in eagar thart timpeall an tsorcóra. Bhí an dara

Meaisín Láimhseála ullamh um an dtaca sin, agus bhí saothar air ag láimhseáil ceann de na gléasanna nua a bhí tugtha leis ag an meaisín mór. Is é an tsamhail a thabharfainn ar an meaisín sin ná canna i gcomhair bainne agus tubán ar dhéanamh piorra ar bogadh os a chionn. Bhí sruth de phúdar bán ag rith anuas as an ngléas sin isteach i mbáisín cruinn a bhí thíos faoi.

Crúb amháin den Mheaisín Láimhseála a choinnigh an ghluaiseacht reatha seo faoin ngléas. Bhí an Meaisín Láimhseála ag rómhar meallta móra créafóige le dhá lámh spadalacha is á gcaitheamh isteach sa tobán thuas; idir an dá linn bhí doras á oscailt ag géag eile ó am go ham agus sméaróidí dubha meirgeacha á dtógáil aici as lár an mheaisín. Rinne crúb chruach eile an púdar ón mbáisín a stiúradh feadh claise iomairí síos go dtí gléas glactha a bhí i bhfolach orm ag carn de dheatach gorm. Ón ngléas glactha seo nach raibh radharc agam air bhí snáth beag de dheatach uaine ag éirí caol díreach san aer ciúin. Agus mé ag féachaint air, shín an Meaisín Láimhseála crúb amach mar a bheadh teileascóp ann agus níor stad den síneadh sin nó go ndeachaigh a dheireadh as léargas ar chúl an mhill chréafóige. Tháinig cnagadh lag ceolmhar as an Meaisín de réir mar bhí an chrúb ag dul i bhfaide agus maidir leis an gcrúb féin shíolraigh sí as áit nach raibh ann roimhe sin ach gob beag garbh. I gceann meandair bhí barra d'alúmanam bán ardaithe i m'fhianaise ag an gcrúb; gan máchail air go fóill is é ag lonrú chomh geal sin is go ndallfadh sé an té a bhreathnódh air. Leag sé an barra síos i measc staca barraí a bhí ag dul i méid le himeacht aimsire agus a bhí ina seasamh le taobh an logáin. Idir éirí gréine agus teacht na réaltaí ní foláir nó go ndearna an meaisín deaslámhach sin breis is céad barra den sórt sin as an gcréafóg gharbh, agus mhéadaigh an carn de dheatach gorm go tapa nó go raibh sé os cionn thaobh an logáin.


Bhí a leithéid sin d'éagsúlacht idir na gléasanna meara dothuigte seo agus leisce is liopastacht lucht a stiúrtha gur dheacair dom a chreidiúint gurbh iad na rudaí spadánta a bhí ina mbeatha.

Is ag an séiplíneach a bhí seilbh an phoill nuair a tugadh an chéad scata fear go dtí an logán. Bhí mé i mo shuí ar mo ghogaide agus cluas le héisteacht orm. Thug sé coiscéim chomh tobann sin

An Domhan faoi Smacht na Marsach

ar gcúl gur cheap mé ar an toirt go rabhthas tar éis é a fheiceáil. Chrom mé agus racht uafáis orm. Tháinig sé anuas tríd an dorchadas agus bhuaile faoi i m'áice, gan focal aige, a lámha á mbeartú aige, agus ar feadh scaithimhín níor mhó an t-uamhan a bhí air féin ná a bhí ormsa. Mheas mé ó na geáitsí a bhí ar siúl aige nach rachadh sé ar ais go dtí an poll, agus i gceann tamaillín sháraigh an fhiosracht orm is d'éirigh mé. Shiúil mé thairis agus dhreap mé suas chuig an bpoll. I dtosach báire níor fhéad mé aon chúis lena chuid faitís a dhéanamh amach. Bhí sé ina ardtráthnóna. Bhí na réaltáin beag agus gan mórán solais iontu go fóill, ach bhí an logán lasta ón tine spréacharnach uaine a bhí ag teacht ón áit a raibh an t-alúmanam á dhéanamh. Lonracha uaine agus scáileanna dubha meirgeacha ag dul isteach is amach tríothu, b'shin é an radharc a bhí os comhair mo shúl agus ba dheacair do dhuine féachaint air. Os a chionn go léir in airde nó ag eitilt tríd bhí na sciatháin leathair is gan aon aird acu air. Ní raibh na Marsaigh fuadracha le feiceáil a thuilleadh—bhí an carn de phúdar gormuaine méadaithe chomh mór sin go raibh siad i bhfolach taobh thiar de—agus bhí Meaisín Troda i gcúinne an logáin, a chosa tarraingthe isteach, iad lúbtha isteach athuair. Agus ansin, i measc ghliogram mór na meaisíní, chuala mé siosarnach guth daonnaithe ach ní túisce a chuimhnigh mé gurbh fhéidir gur dhaonnaithe iad ná a chuir mé a leithéid sin de bhaoth-smaoineamh as mo cheann.

Chrom mé ach níor thóg mé mo shúil den Mheaisín Troda mar theastaigh uaim a bheith cinnte dearfa go raibh Marsach istigh sa húda gan bréag ar bith. De réir mar a d'éirigh na lasracha uaine b'fhéidir liom loinnir íliúil a chraicinn a fheiceáil agus gile a dhá shúl. Agus chuala mé de thurraic ansin béic á ligean; agus chonaic mé crúb fhada á síneadh amach thar ghualainn an mheaisín chuig an gcás beag a bhí ina dhronn ar a dhroim. Ansin ardaíodh rud éigin suas i gcoinne na spéire—rud éigin a bhí ag streachailt go tréan. Paiste dubh gan chruth gan dealbh a bhí ann faoi sholas na réaltaí ach nuair tháinig sé anuas arís chonaic mé sa solas uaine gur fear a bhí ann. Ba léir dom ar fad é ar feadh nóiméidín na huaire. Fear ramhar dearg scothaosta dea-ghléasta a bhí ann; trí lá roimhe sin bhí sé ina fhear tábhachtach is cosúil. D'fhéad mé a



An Domhan faoi Smacht na Marsach

scéinsúile a fheiceáil agus an solas ag spréacharnach ar a chuid cnaipí is ar shlabhra a uaireadóra. D'imigh sé as radharc ar chúl an chairn agus bhí chuile shórt ina thost ar feadh scaithimhín. Agus ansin tháinig scréacha i ndiaidh a chéile agus búireach fada gliondrach ó na Marsaigh....

Chuaigh mé ag sleamhnú síos, d'éirigh mé i mo sheasamh, bhuail mo lámha suas ar mo chluasa, agus theith i mbarr m'anama isteach sa chúlchistin. Bhí an séiplíneach go nuige sin ar a chromada go ciúin, a dhá lámh os a chionn in airde agus nuair a ghabh mé thairis d'fhéach sé suas agus ghlaigh amach go hard go raibh mé á thréigean. Ansin tháinig sé ag rith i mo dhiaidh....

An oíche sin ar ár gcaomhnú ansin dúinn agus gan a fhios agam cé acu rud ba mheasa an t-uafás a bhí orainn nó an dúil chráite a bhí againn bheith ag glinniúint amach tríd an bpoll, mhothaigh mé go gcaithfimis gníomh éigin a dhéanamh go luath. Ach chuaigh sé de mo dhícheall aon phlean éalaithe a cheapadh. Ach i gcaitheamh an dara lá bhí ar mo chumas an cruachás ina rabhamar a bhreithniú ní ba ghrinne. Níorbh fhéidir don séiplíneach aon chur síos a dhéanamh ar an scéal. B'eol dom an méid sin. Duine preabach fiáin a bhí ann de dheasca na n-uafás go léir, gan ciall ná cumas machnaimh aige. Is beag nach ndéarfainn nach raibh ann ach ainmhí. Ach rug mé greim orm féin le mo dhá lámh, mar a deirtear. Buailleadh isteach i mo aigne nach mbeadh call ar bith leis an dubh-éadóchas dá dhonacht an gábh ina rabhamar a fhad a bheinnse in ann breathnú ar an gcás go cóir is go cuí. Dá mba nach gcuirfeadh na Marsaigh fúthu sa logán ach go sealadach bheadh ardseans againn ar éalú. Nó dá bhfanadís ann go buan féin b'fhéidir nárbh fhiú leo a bheith ag faire i gcónaí agus dá dtiteadh sin amach bheadh linn, b'fhéidir. Mheas mé go cruinn cleas eile, .i. bealach a rómhar amach tríd an talamh ar an treo ab fhaide ón logán, ach chonacthas dom gur ríibheag an seans a bheadh againn teacht in uachtar in áit nach mbeadh Meaisín Troda éigin san airdeall ann. Chomh maith leis sin, bheadh ormsa an rómhar ar fad a dhéanamh mé féin. Is cinnte go loicfeadh an séiplíneach orm.

Ar an tríú lá, más buan é mo chuimhne, is ea a chonaic mé an t-ógánach á mharú. Ba é an t-aon ócáid amháin é a chonaic mé na

Marsaigh á mbeathú féin. Agus luigh an radharc sin ar m'aighe chomh cásmhar sin gur shéan mé an poll sa bhalla ar feadh an chuid ba mhó den lá. Chuaigh mé isteach sa chúlchistin, tharraing an doras amach, agus chaith seal fada ag rómhar le mo thua chomh socair is ab fhéidir liom; ach nuair a bhí poll a bhí cúpla troigh domhain déanta agam thit an chréafóg bhog anuas ann go fothramach, agus ní ligfeadh an eagla dom leanúint de. Tháinig lagmhisneach orm agus shín mé mé féin ar an urlár ar feadh tamaill fhada, gan de chroí ionam cor a dhéanamh. Agus ina dhiaidh sin chuir mé uaim go deo go bhféadfainn éalú amach faoin talamh.

Is maith an teist ar an gcuma a raibh m'aighe faoi smacht ag cumhacht na Marsach nár rith sé chugam riamh go bhféadfadh an cine daonna iad a chloí. Ach an ceathrú hoíche agus an oíche ina dhiaidh sin chuala mé fothram a bhí cosúil le fuaim na ngunnaí móra.

Bhí sé an-deireanach san oíche agus an ghealach ag lonrú go geal. Bhí an Meaisín Rómhair tugtha chun siúil ag na Marsaigh, agus, cé is moite de Mheaisín Troda a bhí ina sheasamh ar an mbruach den logán ab fhaide uainn, agus Meaisín Láimhseála a raibh gnó éigin ar siúl aige i gcúinne den logán a bhí díreach taobh thíos den pholl faire sin agamsa—cé is moite díobh sin bhí an áit tréigthe. Bhí an log go léir faoi dhorchadas ach ab é an loinnir liathbhán ón Meaisín Láimhseála, agus stráicí is paistí solais ón ngealach. Bhí an áit ciúin freisin cé is moite den chliotram a bhí an Meaisín Láimhseála a dhéanamh. Bhí an oíche go hálainn suaimhneach, agus mura mbeadh pláinéad amháin, bheadh an ghealach agus an spéir fúithi féin aice. Chuala mé madra ag caoineadh agus ba é an glór sin ab aithnid dom a chuir ag éisteacht mé. Chuala mé go gléineach ansin torann tréan a bhí díreach cosúil le torann gunnaí móra. Sé urchar a chomhair mé i ndiaidh a chéile, agus i gceann scaithimh fhada ina dhiaidh sin chomhair mé sé cinn eile. Agus b'shin an t-iomlán.

CAIBIDIL 4

BÁS AN TSÉIPLÍNIGH

Ar an séú lá dúinn faoi ghlas is ea a chuir mé mo shúil leis an bpoll don uair dheiridh, agus nuair a chas mé uaidh bhí mé i m'aonar. In áit fanacht gar isteach dom ag iarraidh cead radhairc a bhaint díom is amhlaidh a d'imigh an séiplíneach siar sa chúlchistin. Bhuaile smaoinemh tobann mé. Chuaigh mé ina dhiaidh go mear agus go ciúin. Sa dorchadas chuala mé é ag ól. Rad mé mo lámh amach sa dorchadas agus rug mé greim ar bhuidéal d'fhíon burgúine.

Bhí bruíon ann ar feadh roinnt nóiméad. Thit an buidéal gur briseadh ar an urlár é. D'éirigh mé as an gcomhrac agus d'éirigh mé i mo sheasamh. Bhíomar ansiúd os comhair a chéile tamall ag bagairt ar a chéile. Ar deireadh thiar sheas mé idir é agus an bia agus dúirt mé leis go raibh rún daingean agam smacht a chur air. Roinn mé a raibh de bhia sa landair ina dheich gcuid ionas go mairfeadh sé deich lá againn. Ní ligfinn dó a thuilleadh a ithe an lá sin. Sa tráthnóna thug sé lagiarracht teacht ar an mbia. Is amhlaidh a bhí mé ag míogarnach san am ach ba ghearr gur dhúisigh mé. Ar feadh an lae go léir agus go breacadh an lae arna mhárach bhíomar inár suí ansin ar aghaidh a chéile, mise tuirseach ach lándáiríre, agus eisean ag éagaoineadh is ag casaoid i ngeall ar an ocras mór a bhí air. Tá a fhios agam gur lá agus oíche a chaitheamar mar sin ach chonacthas dom ansin—agus feictear dom anois féin—gurbh fhaide de théarma é ná an tsíoraíocht.

Is mar sin a mhéadaigh an t-easaontas eadrainn go raibh ina dheargchogadh. Ar feadh dhá lá fhada d'ídíomar a chéile le heascainí is le babhtáí coraíochta. Uaireanta bhuailinn nó ghabhainn de chosa ann gan taise gan trócaire. Uaireanta eile


dhéanainn é a mhealladh is é bhréagadh le briathra binne, agus uair amháin d'fhéach mé lena bhreabadh leis an mbuidéal deiridh den fhíon burgúine óir bhí pumpa uisce fearthainne ann a bhféadfainn uisce a fháil as dom féin. Ach níorbh fhiú bheith leis; bhí sé as a mheabhair gan aon amhras. Ní thabharfadh sé suas de bheith ag tabhairt ruathair faoin mbia ná ní choinneodh sé a chuid cabaireachta aige féin. Ní choinneodh sé na rialacha simplí a bhí ceaptha d'fhonn is go bhféadfaimis an phríosúnacht a fhulaingt. Diaidh ar ndiaidh thosaigh mé á thuiscint go raibh a mheabhair imithe uaidh agus nach raibh sa duine aonraic úd a bhí mar chompánach agam sa dorchadas dúr bréan sin ach gealt.

Ritheann sé i mo chuimhne anois is arís—cé nach róchrúinn é—go dtagadh mearbhall orm féin uaireanta. Bhíodh brionglóidí aisteacha uafásacha agam pé uair a thiteadh mo chodladh orm. B'ait leat mar scéal é ach sílim go ndearna laige agus gealtacht an tséiplínigh rabhadh a thabhairt dom, gur spreag sé mé, is gur choinnigh an chiall agam.

Ar an ochtú lá thosaigh sé ag caint os ard in áit a bheith ag cogarnach, agus dá fheabhas mo dhíchill níor fhéad mé a thabhairt air a ghlór a ísiú.

"Is cóir é, a Dhia!" deireadh sé arís agus arís eile. "Is cóir é. Ormsa is ar mo mhuintir bíodh do phionós. Tá peacaí déanta againn, níor chomhlíonamar Do dhlí. Bhí an bhochtaineacht ann is an dobrón; satlaíodh ar na boicht agus gabhadh de chosa iontu, agus focal ní dúirt mé. Mhúin mé soiscéal dóibh a thaitneodh leo—a Dhia, a leithéid de shoiscéal!—nuair ba chóra dom éirí amach, bíodh go mbeadh mo bhás air, agus glaoch orthu aithrí a dhéanamh—aithrí! ... Tíoránaigh na mbocht is na lag. Cantaoir Dé!"

Ansinn chuimhníodh sé arís ar an mbia a bhí á choinneáil agam uaidh agus thosaíodh sé ag impí is ag achainí orm is é ag caoineadh is ag bagairt orm. Thosaigh sé ag labhairt os ard—d'impigh mé air gan é dhéanamh; chonaic sé gur mhaith an plan é sin—is d'fhógair sé go dtosódh sé ag béiceadh is go dtarraingeodh sé na Marsaigh orainn. Chuir sin imeagla orm ar feadh tamaill; ach dá ngéillinn dó laghdódh sin go mór an seans a bhí againn ar éalú. Thug mé a dhúshlán, bíodh nach raibh aon deimhne agam nach ndéanfadh sé an rud. Ach ní dhearna sé an lá sin é ar aon nós. Labhair sé agus a ghuth ag dul in airde go mall ar



feadh an chuid ba mhó den ochtú is den naoú lá—ag bagairt, ag impí agus a leithéid sin de dhoilíos díchéillí air faoi fhaillí a dhéanamh i seirbhís Dé go raibh trua agam dó. Ansin chodail sé ar feadh tamaill, agus thosaigh arís ag caint chomh hard sin gurbh éigean dom iallach a chur air éirí aisti.

“Bí ciúin!” arsa mise go himpíoch.

D’éirigh sé ar a ghlúine mar is amhlaidh a bhí sé ina shuí le hais na n-acraí cistine.

“Rófhada a bhí mé ciúin.” ar seisean de ghlór a chualathas sa logán, ní foláir, “agus anois caithfidh mé fianaise a dhéanamh. Is mairg don chathair neamhdhílis seo! Is mairg sin agus is rómhaire! Is mairg go deo is go dubh! Is mairg do mhuintir eile an domhain toisc ghlórtha eile an stoic—”

“Dún do bhéal!” arsa mise, ag éirí i mo sheasamh, agus scanradh orm ar eagla go gcloisfeadh na Marsaigh sinn. “Ar son Dé—”

“Ní dhéanfaidh,” arsa an séiplíneach in ard a chinn is a ghutha, é ina sheasamh freisin agus a dhá lámh sínte amach uaidh. “Labhair! Tá briathra an Tiarna i mo bhéal.”

Trí abhóg agus bhí sé ag doras na cistine.

“Ní mór dom fianaise a dhéanamh. Imeoidh mé liom. Rómhór an mhoill a cuireadh orm cheana féin.”

Sháigh mo lámh amach gur aimsigh mé tua na feola a bhí ar crochadh leis an mballa. Léim mé ina dhiaidh. Bhí mé fíochmhar chuige le teann eagla. Sula raibh sé leath bealaigh trasna na cistine bhí mé lena shála. Bhí sé de dhaonnacht ionam faobhar na tua a chasadh droim ar ais agus é bhualadh leis an gcois. Thit sé amach i ndiaidh a chinn ar an urlár agus d’fhan sé sínte ann. Shiúil mé thairis agus sheas mé ag féachaint air agus anfa orm. Cor ní raibh as.

Ar an toirt sin chuala mé fuaime taobh amuigh, fuaime moirtéil ag rith is ag sleamhnú, agus dorchaíodh an poll triantánach sa bhalla. D’fhéach mé suas agus chonaic an chuid íochtair de Mheaisín Láimhseála ag teacht go mall trasna an phoill. Bhí ceann dá ghéaga teanna á lúbadh féin i measc an smionagair; láithrigh géag eile agus é ag smúrthacht roimhe thar na fraitheacha a bhí tite le fada ar an talamh. Sheas mé ansin gan mhothú gan arann, mo shúile agam á gcur tríd. Ansin trí chineál de phláta gloine a bhí in aice imeall an choirp chonaic mé an aghaidh—más féidir aghaidh a thabhairt air—agus súile móra dubha Marsaigh ag glinniúint

An Domhan faoi Smacht na Marsach

isteach, agus ansin tháinig crúb fhada mhiotalach, mar a bheadh nathair nimhe, isteach tríd an bpoll go mall agus í ag piardáil roimpi. Thug mé mo chúl air de gheit, bhain an séiplíneach tuisle asam, agus shroich mé doras na cúlchistine.

Bhí an chrúb um an dtaca seo achar maith istigh sa seomra—dhá shlat nó breis—agus í á sníomh is á lúbadh mar seo is mar siúd go haisteach. Ar feadh tamaill níor fhéad mé corraí bhí mé chomh mór sin faoi dhraíocht ag an ngluaiseacht mhall mhírialta a bhí faoin gcrúb. Ach de phreab tháinig mo mheabhair chinn ar ais, lig mé glao lag slóchtach asam agus bhrúigh mé liom trasna na cúlchistine. Bhí gach ball liom ag crith; ar éigean a bhí ar mo chumas seasamh go díreach. D'oscail mé doras theach an ghuail, agus sheas mé ansin sa dorchadas, ag stánadh ar chomhla lagsholasmhar na cistine, agus ag éisteacht. An amhlaidh a chonaic an Marsach mé? Céard a bhí sé a dhéanamh anois?

Bhí rud éigin ag bogadh thart anonn is anall go han-chíuín. Gach re tamall bhuaileadh sé go héadrom in aghaidh an bhalla, nó thagadh cling bheag mhiotalach uaidh ar nós a dhéanfadh eochracha ar fháinne. Ansin tarraingíodh corp trom—rómhaithe a thuig mé cérbh é é sin—trasna na cistine chun na scoilte. Níor fhéad mé gan dul go dtí an doras ar mo bharraicíní agus glinniúint amach sa chistin. I dtriantán de sholas geal gréine chonaic mé an Marsach istigh ina Bhriareus de Mheaisín Láimhseála ag mion-scrúdú chloigeann an tséiplínigh. Mheas mé ar an bpointe go mbeadh a fhios aige ó rian an bhuille go raibh mo leithéidse i láthair.

D'éalaigh mé liom ar gcúl go dtí teach an ghuail, dhún an doras, agus gan mórán gleo a dhéanamh thosaigh do m'fholú féin, chomh maith is ab fhéidir liom, faoin mbrosna is an gual a bhí i dtaisce ann. Gach re tamall stadainn caol díreach ag éisteacht ar eagla go mbeadh a chrúb curtha tríd an mbearna ag an Marsach athuair.

Ansin tháinig an gliogram éadrom miotalach ar ais arís. D'éist mé leis ag smúrthacht roimhe go mall ar fud na cistine. Ar ball beag chuala mé ní ba ghaire dom é sa cúlchistin, amhail a mheas mé. Cheap mé nach mbeadh an chrúb sách fada le breith suas liom. Ghuigh mé go tréan. D'imigh an rud thart agus é ag scríobadh leis go héadrom trasna dhoras an tsiléir. Ní raibh gog i mo chroí. D'imigh achar fada thart gan fuaime uaidh agus bhí scéin

orm dá réir agus ansin chuala mé é ag láimhseáil an laiste go ciotach. Bhí an doras aimsithe aige! Thuig an Marsach doirse!

Bhí sé ag gabháil don laiste ar feadh nóiméid, b'fhéidir, agus ansin osclaíodh an doras.

Ní raibh ann ach gur fhéad mé an rud a fheiceáil sa dorchadas—ba mhó é a chosúlacht le trunc eilifinte ná lena dhath ar bith eile—é á shníomh féin chugam, ag teagmháil den bhalla, is ag scrúdú an ghuail, an adhmaid is an tsíleáil. Bhí dealramh aige le péist dhubh ag croitheadh a chinn anonn is anall gan treo gan aird.

Uair amháin theagmhaigh sé le sál mo bhróige. Ba dhóbaire dom scread a chur asam; bhain mé greim as mo lámh. Bhí ciúnas san áit ansin ar feadh tamaill. Samhlaíodh dom gur tarraingíodh ar gcúl é. Ach gan mórán achair rug sé ar rud éigin de chlic tobann—cheap mé gur mé féin a bhí teanntaithe aige!—agus chuaigh sé amach as an siléar de réir dealraimh. Ní raibh mé róchinnte ar feadh nóiméidín na huaire. Is cosúil gur píosa guail a thóg sé leis lena scrúdú.

Bhí faill ansin agam ar mo ghéaga a shíneadh agus níor lig mé ar cairde é. Bhí mé ag éisteacht i gcónaí, ámh, is ag guí Dé mé a thabhairt slán.

Ansin chuala mé an fhuaim mhall thomhaiste ag teannadh liom arís. Go mall is go mall dhruid sé i mo chónagar, ag scríobadh na mballaí is ag baint ceoil as an troscán.

Le linn an t-amhras a bheith orm fós bhuail sé go pras i gcoinne dhoras an tsiléir gur dhruid ina dhiaidh é. D'airigh mé ag dul isteach sa landair é, agus d'airigh mé ina dhiaidh sin cannaí brioscaí á gcroitheadh is buidéal á bhriseadh, agus ansin bualadh láidir i gcoinne dhoras an tsiléir. Bhí ciúnas ann ina dhiaidh sin—ciúnas ar lean an imní is an bhuairt de go ceann i bhfad i bhfad aimsire.

An imithe a bhí sé?

Faoi dheireadh bhí mé deimhneach gurbh ea.

Níor tháinig sé isteach sa chúlchistin ní bá mhó; ach bhí mé i mo luí ansiúd sa dorchadas, ar feadh an deichiú lá go léir—mé i bhfolach i measc an ghuail is an bhrosna agus gan de mhisneach agam dul amach ar mo ghlúine ag iarraidh na dí a raibh géarphráinn agam léi. Ní ligfeadh an eagla dom bogadh as an bpoll gur tháinig an t-aonú lá déag.

CAIBIDIL 5

An Ciúnas

Is é an chéad rud dá ndearna mé, roimh dhul isteach sa landair, an glas a chur ar an doras idir an chistin agus an chúlchistin. Ach bhí an landair folamh; bhí an uile bhlúire bia imithe. Is cosúil gur thóg an Marsach é go léir leis an lá roimhe sin. Nuair a fuair mé an méid sin amach, ghlac mé éadóchas den chéad uair. Níor ith mé aon bhia ná níor ól mé aon deoch ar an aonú lá déag ná an lá dár gcionn.

Ar dtús bhí mo bhéal is mo scornach caltha, agus mhothaigh mé mo neart ag trá. Shuigh mé sa chúlchistin dhorcha is mé go fíorchráite. Ar bhia a bhí mé ag smaoineamh i gcónaí. Mheas mé go raibh bodhaire tagtha orm mar níor chuala mé ar chor ar bith an fothram ba ghnách liom a chloisteáil ón logán. Ní raibh de láidreacht ionam éalú liom go ciúin go dtí an poll faire nó is fadó a dhéanfainn amhlaidh.

Ar an dara lá déag bhí a leithéid sin de phianta i mo scornach gur chuma liom cé acu a chloisfeadh na Marsaigh mé nó nach gcloisfeadh—thug mé faoi phumpa díoscánach uisce na fearthainne a bhí le hais an umair a oibriú agus d'éirigh liom cúpla gloine d'uisce dubh truaillithe fearthainne a bhaint amach. Ba mhór an faoiseamh dom an t-uisce sin agus d'éirigh mo chroí i mo chliabh nuair nár tháinig aon chrúb fhiosrach i mo choinne féachaint céard ba chúis leis an bhfothram.

Rinne mé machnamh fada le linn na haimsire sin ar an séiplín-each agus ar an gcuma a bhfuair sé bás ach is minic a théadh na smaointe ar fuaidreamh orm i slí nach mbíodh aon toradh orthu.

Ar an tríú lá déag d'ól mé tuilleadh uisce. Thosaigh mé ag míogarnach agus ag brionglóideach ar chúrsaí bia agus ar gach slí ab áifeisí ná a chéile a n-éalóinn as an ngábh ina raibh mé. Pé uair



An Domhan faoi Smacht na Marsach

a thiteadh mo chodladh orm thaibhrítí dom go bhfeicinn taibhsí uafásacha—an séiplíneach ag fáil bháis, nó dinnéir bhreátha; ach pé acu i mo chodladh nó i mo dhúiseacht dom mhothaínn pian ghéar a spreagadh mé chun dul ag ól arís is arís eile. An solas a tháinig isteach sa chúlchistin ní glas a bhí sé a thuilleadh ach dearg. Bhí an tsamhlaíocht chomh fiáin sin agam gur mheas mé é bheith ar dhath na fola.

Ar an gceathrú lá déag chuaigh mé isteach sa chistin agus b'ionadh liom a thabhairt faoi deara go raibh an Lus Dearg tar éis fás trasna an phoill sa bhalla agus go raibh dorchadas dearg anois san áit i leaba an leathsholais a bhíodh ann.

Go moch an cúigiú lá déag chuala mé fuaimeanna ba ró-aithnid dom á ndéanamh i ndiaidh a chéile sa chistin. D'éist mé leis agus d'aithin mé gurbh é a bhí ann madra ag smúradh is ag scríobadh leis. Nuair a tháinig mé isteach sa chistin chonaic mé smut madra leis an áit a raibh scoilt sa Lus Dearg. Chuir sin iontas mór orm. Nuair a fuair sé mo bholadh rinne sé tafann beag gearr.

Mheas mé dá bhféadainn é a mhealladh isteach san áit go ciúin go n-éireodh liom é mharú is a ithe, agus ar chaoi ar bith ba mhaith an chomhairle é a mharú ar eagla go dtarraingeodh an tafann na Marsaigh anuas sa mhullach orm.

Dhruid mé anonn agus gach "togha madra!" uaim go híseal; ach tharraing sé a cheann uaim go tobann gur imigh as radharc.

D'éist mé—ní raibh mé bodhar—ach bhí an log ciúin gan aon bhréag. Chuala mé fuaim mar a bheadh bualadh sciathán éin agus ansin cágaíl gharbh, ach b'shin é an méid.

Ar feadh i bhfad aimsire luigh mé ansiúd le hais an phoill, ach gan de dhánacht ionam an Lus Dearg a bhí á chlúdach a bhrú ar leataobh. Uair nó dhó chuala mé mar a bheadh an madra ag imeacht anonn is anall ar an ngaineamh achar maith thíos fúm, agus chuala mé ina theannta fuaimeanna eile amhail a dhéanfadh éin. Ar deireadh thiar thall tháinig an misneach chugam de bharr an chiúnais agus dhearc mé amach.

Cé is moite den chúinne mar a raibh slua mór préachán ag léimneach anonn is anall agus ag cur comhraic ar a chéile mar gheall ar chnámharlach na ndaoine a bhí ite ag na Marsaigh, cé is moite de sin, ní raibh rud beo sa logán.

D'fhéach mé fúm is tharam agus gan ionam radharc na súl a chreidiúint. Bhí na meaisíní go léir imithe. Mura mbeadh carn

mór de phúdar glasghorm i gcúinne, agus barraí alúmanaim i gcúinne eile, agus cnámharlach na marbh, ní raibh san áit ach log folamh ciorclach sa ghaineamh.

Diaidh ar ndiaidh sháigh mé mo chorp amach tríd an Lus Dearg agus d'éirigh mé i mo sheasamh ar an gcarn cloch. Bhí radharc agam ar gach aird ach ar an taobh ó thuaidh a bhí i leith mo chúil agus tasc ná tuairisc ní raibh le fáil ar Mharsach in aon aird acu. Bhí taobh an loga ag dul síos díreach ón áit a raibh mé i mo sheasamh ach tamaillín slí ar leataobh uaim, bhí bealach suas tríd an mbruscarnach go dtí mullach na bhfothrach. Bhí caoi éalaithe agam ar deireadh. Thosaigh mé ag ballchrith.

Bhain moill dom ar feadh tamaill agus ansin tháinig racht tobann teaspaigh orm agus dhreap mé suas, agus mo chroí i mo bhéal, go barr an chairn sin ar fada an téarma a thug mé i bhfolach faoi.

D'fhéach mé tharam arís. Ar an taobh ó thuaidh féin ní raibh Marsach ar bith le feiceáil.

An uair dheiridh dár leag mé mo shúil ar an gcuid seo de Sheen le solas an lae ghléigil is éard a bhí ann sráid lúbach de thithe deasa bána is dearga, agus flúirse crann craobhach anseo is ansiúd ar fud an bhaill eatarthu. Ach anois ba seo mé i mo sheasamh ar charn de bhrící briste, an Lus Dearg fite fuaite isteach is amach tríothu, é go glúine orm, gan neach beo ann a shéanfadh cead bealaigh is bóthair dó. Na crainn a bhí i m'áice bhí siad donn feoite agus gréasán de shnáth dearg ag snámh amach ar na craobhacha a bhí beo go fóill.

Bhí na tithe go léir sa limistéar sin creachta ach gan ceann ar bith acu loisthe; bhí na ballaí ina seasamh go fóill, chomh hard leis an dara hurlár ar uairibh, ach bhí na doirse is na fuinneoga briste iontu. Bhí an Lus Dearg ag fás thar cuimse sna seomraí nach raibh díon ar bith orthu. Bhí an log mór thíos fúm agus na préacháin in árach a chéile ag iarraidh dríodar na Marsach a fháil. Bhí roinnt éan eile ag imeacht thart ar chos bhacóide i measc na bhfothrach. Chonaic mé cat mór toirtiúil i bhfad uaim ag éalú go faiteach le balla, ach scéal ná scuan ar dhuine beo ní raibh ann.

Ba gheal thar insint scéil an lá i gcomórtas leis an áit dhuaiseach dhubh a raibh mé i ngéibheann cheana. Bhí loinnir ghorm sa spéir. Bhí leoithne éadrom gaoithe ann a choinnigh an Lus Dearg a bhí ina chlúdach ar gach troigh talún ag bogadh go ciúin. Agus a Dhia! Ba mhilis cumhra an t-aer!

CAIBIDIL 6

OBAIR CÚIG LÁ DHÉAG

Bhí mé i mo sheasamh go guagach ar an gcarn ar feadh tamaill agus gan cuimhneamh agam gur bhaol dom ansin, b'fhéidir. Istigh sa chluíd shalach úd a d'fhág mé i mo dhiaidh, ní bhíodh do mo chrá ach cé mar ab fhearr sinn araon a cheilt ar na Marsaigh. Níor thuig mé i gceart ansin istigh cén cor a bhí ar an saol taobh amuigh; ní raibh aon choinne agam go bhfeicfinn an radharc neamhchoitianta a bhí anois os comhair mo shúl, radharc a bhain geit asam. Bhí coinne agam go bhfeicfinn Sheen ina charn cloch, ach is éard a fuair mé romham dúiche aisteach éagsúil faoi mar ba phláinéad nua é.


Ar feadh an tamaillín sin luigh rud ar mo chroí nach mothaíonn an cine daonna de ghnáth; rud é is ró-eol do na beithígh bhochta atá faoi ansmacht againn, ámh. Mhorthaigh mé mar a bheadh coinín a d'fhillfeadh go dtí a pholl agus a d'fheicfeadh a lán oibrithe ag cur bunchloiche tí síos. Mhorthaigh mé rud ag teacht orm diaidh ar ndiaidh, rud nár léir dom ar fad i dtosach, ach rud a d'fhág lionn dubh ar mo chroí go ceann i bhfad. Mhorthaigh mé go rabhthas tar éis mé a dhíbirt ó mo ríocht, nach raibh mé i mo mháistir ní ba mhó. Is amhlaidh a bhí mé i m'ainmhí i measc ainmhithe—faoi chuing na Marsach. Is ionann an scéal a bheadh againne feasta agus atá acu sin, ag imeacht go hairdeallach ar an gcúlraid agus ag rith i bhfolach i gcónaí; bhí cumhacht an duine imithe go deo.

Ach ní túisce a thuig mé an rud aisteach sin i gceart ná mar a d'imigh an aistíl uaim, agus níor fhan agam do mo bhuaireamh ach an t-ocras i ndiaidh an troscaidh fhada a bhí déanta agam.

Amach ón log chonaic mé garraí beag ar an taobh thall de bhalla a bhí clúdaithe ag an Lus Dearg. Rith smaoinemh chugam. Chuaigh mé ag siúl tríd an lus i dtreo an gharraí. Bhí sé go dtí na glúine orm uaireanta agus chomh hard le mo mhuineál uaireanta eile. Bhí an lus chomh tiubh sin gur mhór an méadú ar mo mhisneach a cheapadh go raibh sé do m'fholú. Bhí an balla tuairim is sé troithe ar airde agus nuair a thug mé faoi fuair mé amach nach raibh mé in ann mo chosa a tharraingt i mo dhiaidh aníos go dtí an barr. Mar sin lean mé orm timpeall lena thaobh nó gur tháinig mé go dtí coirnéal agus carn cloch. D'éirigh liom ansin barr an bhalla a bhaint amach agus titim isteach sa gharraí sin ar an taobh thall a raibh nimh mo dhá shúl agam ann. Fuair mé roinnt oinniún óg sa gharraí, cúpla bleib glaidiólais, agus cuimse de mheacain dhearga nach raibh aibí go fóill. Thug mé liom iad go léir agus tar éis dom balla briste a dhreapadh bhuail mé an bóthar trí chrainn chraoraga is dhearga i dtreo Kew. Bhí a leithéid sin de dhath ar na crainn gur chosúil le siúl ar bhóthar de bhraonta móra millteacha fola é. Ní raibh i mo cheann ach dhá smaoinemh—tuilleadh bia a fháil ar an gcéad dul síos agus mo chosa a tharraingt i mo dhiaidh, chomh fada is a mhairfeadh an neart agam, as ceantar mallaithe neamhshaolta úd an logáin.

Tamaillín chun tosaigh bhí scata muisiriún in áit fhéarmhar agus d'ith mé iad go léir. Ansin, in áit a mbíodh bánta, ráinigh mé sruth tanaí uisce a bhí chomh mín le clár. Ach ní dhearna an bia is an deoch sin ach an t-ocras a mhéadú. B'ionadh liom ar dtús an tuile ansin i lár an tsamhraidh thirim the, ach scaitheimh ina dhiaidh sin fuair mé amach gurbh é fairsinge is flúirse an Lusa Dheirg ba chionsiocair leis. Ní túisce díreach a bhuaileadh an lus an t-uisce ná mar a d'fhásadh sé as éadan. Doirteadh na síolta síos amach in uisce na Wey agus na Tamaise, agus ba ghearr an mhoill gur fhás sé chomh mear is chomh mór sin nár fhág sé sruth ar bith díobh araon gan tachtadh.

Ag Putney, faoi mar a chonaic mé féin níos deireanaí, bhí an droichead nach mór múchta ar fad faoin lus seo, agus ag Richmond, freisin, bhí an Tamais ina sruth leathan tanaí trasna bhánta Hampton is Twickenham. De réir mar a leathadh an t-uisce leanadh an lus é, nó gur múchadh na tithe scriosta i



nGleann na Tamaise ar feadh scaithimh sa sruth rua sin. Chuaigh mé thart lena imeall agus chonaic mé go raibh a lán den scrios a bhí déanta ag na Marsaigh folaithe faoi.

I ndeireadh na dála d'éag an Lus Dearg beagnach chomh tapa is a leath sé. Chuaigh galar éigean i ngreim ann, galar a tháinig, deirtear, de dhroim baictéir áirithe a bheith ag gabháil dó. Mar is eol duit, de bharr an roghnaithe nádúrtha tá de chumhacht i ngach planda domhanda galair bhaictéaracha a choimhlint—ní bheirtear bua orthu gan comhrac géar; ach lobh an Lus Dearg mar a bheadh rud a bhí marbh cheana féin. Bhánaigh na bileoga gur fheoigh is gur thit siad an túsce a leagfá lámh orthu, agus an t-uisce a thug brí is fuinneamh dóibh i dtús báire, scuab sé ar fhan díobh amach san fharraige.

Is é an chéad ghníomh a rinne mé, ar ndóigh, ar theacht go dtí an t-uisce seo dom, mo thart a mhaolú. D'ól mé a lán den uisce, agus pé ní a chuir i mo cheann é, chogain mé cuid de bhileoga an Lusa Dheirg; ach bhí siad uisciúil, agus blas leamh miotalach orthu. Fuair mé go raibh an t-uisce chomh tanaí sin go bhféadfainn siúl tríd gan baol, ar a shon go mbíodh an Lus Dearg ag cur moille orm beagán; ach ag teacht chun na habhann di chuaigh an tuile i ndoimhneacht, chonacthas dom, agus dá bhrí sin thug mé m'aghaidh ar ais ar Mhortlake. D'éirigh liom an bóthar a dhéanamh amach ar fhothrach a chuid tithe agus ar na sconsaí agus na lampaí sráide, agus ar an mbealach sin thug mé na cosa liom ón gcosair chró sin. Lean mé orm i gcoinne an chnoic i dtreo Roehampton, agus tháinig amach ar Bhán Phutney.

Bhí malairt chrutha ar an áit seo. I leaba an radhairc aistigh neamhchoitianta thart ar an logán bhí radharc anois agam ar an millteanas ba ghnách liom. Paistí talún abhus faoi mar a d'fhágfadh cuaranfa iad agus cúpla scór slat chun cinn réimsí eile nár cuireadh as dóibh a bheag ná a mhór: tithe agus na dallóga tarraingthe anuas go deas córach agus na doirse dúnta, amhail is dá mbeadh a muintir amuigh ar feadh an lae, nó ina gcodladh taobh istigh. Ní raibh an Lus Dearg chomh flúirseach anseo; ní raibh pioc de ar na crainn arda feadh an bhóithrín síos. Chuardaigh mé i measc na gcrann féachaint an bhfaighinn aon bhia, ach ní raibh dada dá bharr agam. Thug mé faoi chuid de na

An Domhan faoi Smacht na Marsach

tithe, freisin, ach bhíothas tar éis briseadh isteach iontu cheana féin agus a raibh de bhia iontu a thabhairt chun siúil. Lig mé mo scíth i measc na dtor, go deireadh an lae arae ní raibh de neart ná de láidreacht ionam leanúint orm.

Ar feadh na haimsire sin go léir ní fhaca mé duine ná deoraí ní lú ná mar a fuair mé tasc ná tuairisc ar na Marsaigh. Casadh cúpla madra ocrach orm ach rop siad araon leo uaim nuair d'fhéach mé le hiad a bhréagadh chugam. Chonaic mé cnámharlaigh beirt daonnaithe in aice Roehampton—ní corpáin a bhí iontu, ach cnámharlaigh feannta—agus sa choill láimh liom tháinig mé ar chnámha brúite briste cat is coiníní agus blaosc caorach. Ach bíodh go ndearna mé cuid díobh seo a chogaint ní raibh aon bheathú le fáil iontu.

Nuair a bhí an ghrian faoi lean mé orm i dtreo Putney chomh maith agus ab fhéidir liom. Agus i ngarraí ar an taobh thall de Roehampton fuair mé roinnt prátaí. Ní ró-aibí a bhí siad ach rinne siad an gnó go maith. Ón ngarraí seo bhí radharc agam ar Phutney agus ar an abhainn. B'uaigneach an radharc é ansin sa bhreacsholas: crainn dhóite, fothracha dubha uaigneacha agus ag bun an chnoic tuilte na habhann ina gcláir agus loinnir dhearg iontu ón lus. Agus os a chionn go léir—an ciúnas. Líonadh mo chroí d'uamhan nach bhfuil léamh ná insint scéil faoi nuair a chuimhnigh mé ar chomh luath tapa a tháinig an t-athrú sin ar an mball.

Ar feadh tamaill chreid mé go raibh an cine daonna scuabtha den domhan, agus go raibh mé ansin i m'aonar, agus gan aon fhear eile beo. Buailte le mullach an chnoic tháinig mé ar chnámharlach eile, na lámha as alt agus iad cúpla slat amach ón gcuid eile den chorp. De réir mar a chuir mé díom is amhlaidh a daingníodh mo thuairim go raibh scrios an chine dhaonna déanta go hiomlán sa taobh sin den domhan cé is moite de chorrfhánaí de mo shórt féin. Bhí na Marsaigh imithe chun tosaigh, dar liom, ag tóraíocht bia in áiteanna eile. Um an dtaca sin féin bhí siad ag milleadh Bheirlín nó Pháras, b'fhéidir, nó níor dhóichí scéal ná sin go raibh a n-aghaidh tugtha acu ar an tuaisceart....

CAIBIDIL 7

AN FEAR AR AN GCNOC

Chaith mé an oíche sin i dteach tábhairne ar mhullach Putney Hill agus chodail mé i leaba chóirithe den chéad uair ó theith mé go Leatherhead. Ní chuirfidh mé am amú ag insint cén dua a fuair mé ag briseadh isteach sa teach sin—nuair a bhí sé déanta fuair mé go raibh an doras tosaigh ar laiste—ná ní inseoidh mé cé mar a chuardaigh mé chuile pholl agus póirse ar thóir bia go dtí ar deireadh thiar thall, nuair a bhí an dóchas nach mór in éag, gur aimsigh mé screamhóg aráin a raibh rian fhiacra na bhfrancach ann agus dhá channa anann. Bhíothas tar éis an áit a chuardach go mion cheana féin agus gach a raibh ann a fhuadach. I seomra an óil fuair mé ní ba dheireanaí roinnt brioscaí agus ceapairí nár tugadh faoi deara cheana. Níor fhéad mé na ceapairí a ithe, ach ní hamháin gur dhíbir na brioscaí an t-ocras ach bhí mé in ann mo phócaí a líonadh lena bhfuílleach. Níor las mé lampa ar bith ar eagla go mbuailfeadh Marsach an bealach sin ag tóraíocht bia de shiúl oíche. Sular thug mé an leaba orm féin bhuail babhta corrthónachta mé, agus chuaigh mé ó fhuinneog go fuinneog, ag stánadh amach féachaint an bhfeicfinn ceann ar bith de na harrachtaí. Is beag a chodail mé. Nuair a bhí mé sa leaba thosaigh mé ag meabhrú dom féin go rialta, rud nár chuimhin liom a dhéanamh ón uair a bhí mé ag cur is ag cúiteamh leis an séiplíneach. Idir an dá linn bhí m'aigne trína chéile agus níor mhinice meon orm ná a chéile. Ach an oíche sin, de bharr an bhia a bhí ite agam, bhí mo mheabhair chinn go glan soiléir arís agus b'éigean dom machnamh a dhéanamh.

An Domhan faoi Smacht na Marsach


Bhí trí rud ag iarraidh teacht in uachtar i m'intinn; marú an tséiplínigh, an áit a raibh na Marsaigh, agus cén cor a bhí ar mo bhean. Níor mhiste dom smaoineamh ar an gcéad rud. Ní chuirfeadh a chuimhnese uafás ná aiféala orm. Thuig mé go raibh an marú déanta, níor dheas an chuimhne í gan dabht, ach ní raibh aon lionn dubh orm anois go raibh sé déanta. Chonaic mé mé féin san am sin, faoi mar a fheicim mé féin anois, do mo thiomáint diaidh ar ndiaidh go dtí an buille mear sin, gan neart agam ar na timpistí a tharla, ceann i ndiaidh a chéile, roimhe sin. Níor mhilleán liom an chaoi ar chruthaigh mé. Mar sin féin, níor fhéad mé cuimhne an mharaithe a dhíbirt. I gciúnas na hoíche, an t-am ciúin dorchá úd is mó a mhothaímid Dia in ár ngaire, a cuireadh triail orm, an t-aon triail amháin a cuireadh orm riamh, mar gheall ar an bhfearg agus an eagla a ghabh mé lá an ghnímh úd. Chuaigh mé siar ar an gcomhrá a bhí eadrainn ón nóiméad a fuair mé ar a chromada é le m'ais, gan aird aige ar an tart a bhí orm, agus é ag bagairt ar an tine agus an deatach a bhí ag éirí aníos as fothracha Weybridge. Níorbh fhéidir dúinn riamh oibriú as lámh a chéile—nuair a tugadh chun a chéile i dtosach sinn cinneadh gur mar sin a bheadh. Dá mbeadh aon tuiscint agam roimh ré cén sórt duine a bhí ann d'fhágfainn i mo dhiaidh i Halliford é. Ach níor thuig mé an bás roimh ré agus ní coir gníomh mura dtuigtear roimh ré cad a chiallaíonn an gníomh agus go ndéantar é dá ainneoin sin. Agus chuir mé an méid sin síos faoi mar a chuir mé an scéal seo go léir síos, díreach mar a tharla. Ní fhaca duine ar bith an gníomh á dhéanamh agus b'fhurasta dom na himeachtaí go léir a cheilt. Ach scríobh mé síos é agus tig leis an léitheoir a rogha breithiúnas a thabhairt air.

Agus nuair a d'éirigh liom pictiúr an choirp shínte sin a chur as m'aighe b'éigean dom aghaidh a thabhairt ar cheist na Marsach agus ar oidhe mo mhná céile. Maidir leis an gcéad rud, ní raibh aon eolas agam air; d'fhéadfainn na céadta rud a shamhlú dom féin, agus faraor géar, b'ionann an bás agam maidir le scéal mo mhná. Tháinig uamhan agus alltacht orm go tobann. D'éirigh mé aniar sa leaba agus d'fhéach mé tríd an dorchadas go grinn. Thosaigh mé ag guí Dé le súil gurb é a bhain di gur scuab an Teas-Gha chun báis gan phian í. Ón oíche a d'fhill mé ó Leatherhead ní dúirt mé paidir. Bhí focail na bpaidreacha ar mo bheola go mion minic ach

ní raibh iontu ach mar a bheadh na horthaí a déarfadh na págánaigh allta. Ach anois ghuigh mé chun Dé go ciallmhar diongbháilte nuair a bhí mé ina fhianaise ansiúd sa dorchadas. B'aisteach an oíche í—is é an aistíl is mó a bhain léi gur éalaigh mé ón teach sin inar labhair mé le Dia, mar a d'éalódh francach amach as a pholl, an túisce a tháinig breacadh an lae. Agus ba mhór an chosúlacht a bhí idir mé agus an francach. Ar éigean a bhí mé ní ba mhó ná é; ainmhí uiríseal a bhí ionam, rud a bhí cead ag ár máistrí a fhiach agus a bhású dá mbuaileadh an fonn sin iad. B'fhéidir go nguíonn siad féin chun Dé go dúthrachtach freisin. Ar ndóigh, mura bhfuil a mhalairt foghlamtha againn, tá an cogadh seo tar éis suáilce na truamhéala a mhúineadh dúinn—trua do na hanamacha sin gan chéill atá faoinár smacht.

Bhí an mhaidin go breá geal, bhí loinnir dhearg sa spéir thoir, agus iarsholas órdhatha inti. Ar an mbóthar atá ag dul ó mhullach Putney Hill go dtí Wimbledon bhí mórán comharthaí ar an ruaig bhuile a cuireadh ar mhuintir na dúiche an oíche Dhomhnaigh sin tar éis thús na troda. Bhí trucail bheag dhá roth ann a raibh “Thomas Lobb, Díoltóir Glasraí, New Malden” scríofa uirthi. Bhí roth briste agus bosca stáin caite amach ar an mbóthar; bhí hata tuí satailte isteach sa lathach chrúa agus ag mullach West Hill bhí a lán de phoitreacha gloine thart ar umar uisce agus rian na fola orthu. Bhí siúl mall fúm agus ní raibh aon phlean i m'aigne. Bhí rún agam dul go Leatherhead, bíodh nach raibh aon dóchas mór agam go bhfaighinn mo bhean chéile ansin romham. Murar leag an bás lámh uirthi cheana féin, is cinnte go mbeadh sí féin agus mo chol ceathrair tar éis imeacht as an áit cheana féin; ach chonacthas dom go bhféadfainn a fháil amach ansin cén treo a ndeachaigh muintir Surrey nuair a tháinig an ruaig orthu. Bhí a fhios agam gur theastaigh uaim mo bhean a fháil, bhí mé ag tnúth léi i mo chroí agus leis an gcine daonna go huile, ach ní raibh aon tuairim chruinn agam cén chaoi a dtiocfainn suas léi. Bhí tuiscint iomlán agam um an dtaca seo ar m'uaigneas féin. Ón gcoirnéal d'imigh mé liom, faoi scáth na gcrann is na dtor go dtí imeall Bhán Wimbledon, a bhí á shíneadh féin go fada leathan ar gach taobh.

Bhí an limistéar dubh sin lasta le paistí d'aiteann buí; ní raibh aon Lus Dearg le feiceáil ann, agus le linn dom a bheith ag imeacht



liom go stadach ar an gcúlraíd d'éirigh an ghrian agus líonadh an ball le solas agus fuinneamh. Tháinig mé ar scata froganna i measc na gcrann agus saothar orthu. Agus ar ball, nuair a chas mé go tobann—mhothaigh mé go rabhthas ag faire orm—thug mé faoi deara rud éigin ar a chromada i measc na dtor. D'fhair mé é. Thug mé coiscéim chuige, agus d'éirigh sé amach chugam. Is é a bhí ann fear agus miodóg ina lámh aige. Dhruid mé chuige go mall. Sheas sé gan cor as agus é ag breathnú orm. Focal níor labhair sé.

De réir mar a bhí mé ag teannadh leis chonaic mé go raibh éadaí air a bhí chomh salach le mo chuid féin; ba dhóigh le duine le féachaint air gurbh amhlaidh a tarraingíodh é tríd an lathach. Thug mé faoi deara puiteach glas na ndíog á mheascadh le dath liathbhán na créafóige crua agus le paistí lonracha dubha. Bhí a ghruaig dhubh anuas thar a shúile, agus bhí a aghaidh dubh salach caite, sa chaoi is nár aithin mé ar dtús é. Bhí gearradh dearg trasna íochtar a aghaidhe.

"Stop!" ar seisean, nuair a bhí mé i bhfogas deich slat dó, agus stop mé. Bhí a ghlór go slóchtach. "Cérb as ar tháinig tú?" ar seisean.

Dhearc mé air agus mé ag smaoineamh.

"As Mortlake a tháinig mé," arsa mise. "Cuireadh faoi thalamh mé in aice an logáin a rinne na Marsaigh thart timpeall ar an sorcóir. Rinne mé bealach amach agus d'éirigh liom na cosa a thabhairt liom."

"Níl aon bhia le fáil thart anseo," ar seisean. "Liomsa an dúiche seo, le fána an chnoic seo síos chomh fada leis an abhainn, siar ar ais go Clapham, agus suas go himeall an Bháin. Níl ach bia le haghaidh duine amháin ann. Cén bealach atá tú ag dul?"

D'fhreagair mé go mall é.

"Níl a fhios sin agam," arsa mise. "Bhí mé i ngéibheann faoi fhothrach tí ar feadh trí lá dhéag. Ní fios dom i gceart céard a tharla idir an dá linn."

D'fhéach sé orm go hamhrasach, ansin gheit sé, gur dhearc sé orm agus féachaint ait ina shúile.

"Níl aon fhonn orm fanacht thart anseo," arsa mise. "Sílim go rachaidh mé go Leatherhead arae is ann atá mo bhean."

Dhíriigh sé a mhéar orm go tobann.

An Domhan faoi Smacht na Marsach

"Is tusa atá ann," ar seisean. "An fear as Woking. Agus níor maraíodh thú ag Weybridge tar éis an tsaoil?"

D'aithin mé é ar an bpointe céanna.

"Tusa an fear airtléire a tháinig isteach i mo ghairdín chugam?"

"Dar fia!" ar seisean. "Ach nach orainn a bhí an t-ádh! Cé a cheapadh go gcasfaí tusa orm arís murab ionann is duine ar bith eile." Chuir sé a lámh amach agus rug mé uirthi. "D'éalaigh mé suas draein uathu," ar seisean. "Ach níor mharaigh siad gach éinne. Agus tar éis dóibh imeacht rop mé liom trasna na bpáirceanna i dtreo Walton. Ach—níl sé lá dhéag ann ó thosaigh na heachtraí—agus féach go bhfuil do chuid gruaige liath cheana féin." D'fhéach sé thar a ghualainn go tapa. "Ní raibh ann ach préachán," ar seisean. "Foghlaímíonn duine na laethanta seo go mbíonn scáileanna ag na héin féin. Nach dóigh leat go bhfuil an áit seo beagáinín oscailte? Téimis isteach faoi na toim seo go ndéanfaimid dreas cainte."

"An bhfaca tú Marsach ar bith?" arsa mise. "Ón uair a d'éalaigh mé liom—"

"Tá siad imithe leo trasna London," ar seisean. "Tá mé ag ceapadh gur mó an campa atá ansin acu. Istoíche, bíonn an spéir lán dá soilse thart ansin go léir, bealach Hampstead. Is cosúil le cathair mhór é, agus sa loinnir tig leat iad a fheiceáil ag bogadh thart. Ach le solas an lae ní thig leat iad a fheiceáil. Ach ní fhaca mé iad ní ba ghaire ná sin dom"—chomhair sé ar a mhéara—"le cúig lá. Ansin chonaic mé péire acu thall ansin ag Hammersmith agus rud mór éigin á iompar acu. Agus arú aréir"—stad sé agus thosaigh ag labhairt go smaointeach—"ní raibh ann ach soilse, ach bhí rud éigin thuas san aer acu. Creidim go bhfuil siad tar éis meaisín eitle a chur le chéile, agus go bhfuil siad ag foghlaim na heitilte."

Stad mé, ar mo lámha is ar mo ghlúine arae bhíomar tagtha go dtí na toim.

"Meaisín eitle!"

"Sea," ar seisean, "eitilte."

Chuaigh mé isteach i ngaorthadh beag gur bhuail mé fúm.

"Tá deireadh leis an gcine daonna," arsa mise. "Má thig leo sin a dhéanamh is furasta dóibh turas an domhain a thabhairt..."

D'aontaigh sé liom.

“Sin é a dhéanfaidh siad. Ach—béarfaidh sin faoilte bheag don taobh seo domhain. Agus ina theannta sin—” Dhearc sé orm. “Nach bhfuil tú cinnte go bhfuil deireadh leis an gcine daonna? Táimse. Táimid ar lár; tá buaite orainn.”

Dhearc mé air go géar. Dá aistí le rá é, ní raibh mé tagtha go dtí an pointe sin go fóill—pointe ba róléir dom an túsce a labhair sé. Bhí sórt dóchais ionam fós; ba chóra a rá nár lig mé uaim rud ba bhéas liom ó thosach mo shaoil. Dúirt sé na focail sin arís, “Tá buaite orainn.” Níorbh fhéidir gan géilleadh don fhírinne iomlán a bhí sna focail sin.

“Tá deireadh leis an gcluiche,” ar seisean. “Ceann amháin a chaill siad—agus níor chaill siad ach sin. Leag siad cos anseo agus níorbh fhéidir iad a chorraí. Tá an tír is láidre ar domhan basctha acu. Is amhlaidh a shíúil siad tharainn. Trí thimpiste a maraíodh an ceann sin ag Weybridge. Agus níl iontu seo go léir ach na fondúirí. Tá siad ag teacht i gcónaí. Na réaltáin uaine sin—ní fhaca mé aon chuid díobh le cúig nó sé de laethanta, ach níl aon amhras orm ach go bhfuil siad ag titim chuile oíche in áit éigin. Ní féidir rud ar bith a dhéanamh. Táimid sínte! Tá buaite orainn!”

Níor thug mé aon fhreagra air. Bhí mé i mo shuí ansiúd ag breathnú romham amach, ag iarraidh smaoineamh ar rud éigin a sháródh é.

“Ní cogadh é seo,” arsa fear na hairtléire. “Ní cogadh a bhí ann ó thús, ach an oiread agus a bhíonn cogadh idir an duine is na seangáin.”

Chuimhnigh mé go tobann ar an oíche úd sa réadlann.

“Tar éis an deichiú hurchar níor chaith siad a thuilleadh—ar aon chuma, go dtí gur tháinig an chéad sorcóir.”

“Cén chaoi a bhfuil a fhios agat?” arsa fear na hairtléire. Mhínigh mé dó é. Rinne sé a mhachnamh. Bhí rud éigin ar cearr leis an ngunna,” ar seisean. “Ach má tá féin, cén mhaith sin? Cuirfidh siad deis air arís. Agus má chuirtear moill féin orthu, nach é an deireadh céanna a bheidh leis an scéal in ainneoin an tsaoil? Níl ann ach dála na bhfear is na seangán. Déanann na seangáin a gcuid cathracha féin a thógáil, cónaíonn siad iontu, bíonn cogái eatarthu, éiríonn siad amach in aghaidh a chéile, go dtí gurb áil leis an duine iad a chur dá gcosa agus féach! cuirtear dá gcosa iad.

An Domhan faoi Smacht na Marsach

Agus is é sin a fhearacht againne faoi láthair—níl ionainn ach seangáin. Níl de dhifríocht ann—

“Sea,” arsa mise.

“Ach gur seangáin inite sinne.”

Shuíomar ansin ag féachaint ar a chéile.

“Agus céard a dhéanfaidh siad linn?” arsa mise.

“Is air sin a bhí mé ag smaoineamh,” ar seisean—“air sin a bhí mé ag smaoineamh. Nuair a d’fhág mé Weybridge chuaigh mé ó dheas—is mé ag smaoineamh i gcónaí. Chonaic mé céard a bhí ar bun. Bhí formhór na ndaoine ag casaoid go géar, agus á mbuaireamh féin. Ach níl aon rómheas agamsa ar an gcasaoid. Bhí mé i mbaol báis uair nó dhó; ní saighdiúir paráide atá ionam, agus dá fheabhas é nó dhá dhonacht é an bás níl ann—ach an bás. Agus is é an fear a leanann air ag smaoineamh a thagann slán. Chonaic mé go raibh chuile dhuine ag baint as ó dheas. Arsa mise liom féin, “Ní mhairfidh an bia sa treo sin,” agus chas mé díreach thart timpeall ar ais. Thug mé m’aghaidh ar na Marsaigh amhail a thugann an spideog aghaidh ar an duine. Ar gach taobh,”—bhagair sé a lámh ar an dúiche a bhí amach os a chomhair—“tá siad ag fáil bháis ina gcairn, ag teitheadh leo, is ag baint na sál dá chéile....”

Chonaic sé m’aghaidh agus tháinig stad ina ghlór.

“Is dóigh gur imigh lucht an airgid leo go dtí an Fhrainc,” ar seisean. Stad sé, chonacthas dom, agus gan a fhios aige cé acu ba cheart dó pardún a ghlacadh liom nó nár cheart, bhreathnaíomar ar a chéile agus lean seisean air: “Tá dalladh bia le fáil thart anseo. Rudaí leasaithe sna siopaí; fíonta, biotáille, uiscí mianra; agus tá bealaí is draenacha an uisce folamh. Bhuel, bhí mé á insint duit céard a bhí i m’aigne. ‘Seo rudaí meabhracha,’ arsa mise, ‘agus, feictear dom go dteastaíonn muidne mar bhia uathu. Ar an gcéad dul amach, déanfaidh siad ár agus slad orainn—idir loingeas, mheaisíní, ghunnaí, chathracha, agus eagar is reacht an stáit. Imeoidh sin go léir. Dá mbeimis chomh beag leis na seangáin b’fhéidir go n-éireodh linn an slad sin go léir a shárú. Ach nílimid. Tá an gnó seo go léir róthoirtiúil chun é stopadh. Is é sin an chéad rud atá cinnte.’ É?”

D’aontaigh mé leis.

“Is é; tá machnamh déanta ar an scéal go léir agam. Tá go maith. Anois, an dara ní: i láthair na huairé tig leo breith orainn nuair is mian leo. Níl le cur de ag Marsach ach cúpla míle chun teacht suas le slua daoine ag teitheadh. Agus chonaic mé ceann acu lá in aice Wandsworth, ag piocadh tithe ó chéile agus ag cuardach i measc an bhruscair. Ach ní leanfaidh siad orthu á dhéanamh sin. Chomh luath is a bheidh ár ngunnaí is ár loingeas basctha acu, na bóithre iarainn millte orainn, agus gach aon rud atá ar siúl acu thall ansin déanta, tosóidh siad ag breith orainn go rialta, toghfaidh siad an chuid is fearr dinn agus cuirfidh siad i gcásanna agus i rudaí den sórt sin sinn. Sin é a thosóidh siad a dhéanamh i gceann tamaill. Mhuise, níl tosaithe acu orainn go fóill. Nach dtuigeann tú an méid sin?”

“Níl tosaithe acu!” arsa mise agus ionadh orm.

“Níl. Gach ar tharla go dtí seo, is éard a bhí ann ach an easpa céille a bhí orainn ag cur as dóibh le gunnaí is le baois den sórt sin. An mheabhair ag imeacht uainn, sinn ag rith linn inár sluaite go dtí áiteanna ba mheasa contúirt ná na háiteanna a d’fhágamar inár ndiaidh. Ní háil leo baint linn go fóill. Tá a gcuid uirlisí á ndéanamh acu—na huirlisí nár fhéad siad a bhreith leo, tá siad ag cur i gcóir don chuid eile dá muintir a bheidh ag teacht ar ball. Is é sin an chúis, is dócha, ar stop na sorcóirí de theacht, ar eagla go mbuailfidís na cinn a bhí anseo cheana. I leaba a bheith ag imeacht linn de rith gan aird, ag síorchasaoí, nó ag soláthar dinimíte chun iad a mhadhmadh, tá orainn géilleadh don eagar nua atá ar an saol. Sin é mar atá an scéal, dar liom. Admhaím duit nach bhfuil an bharúil sin de réir dhúchas an duine, ach sa chuma a bhfuil cúrsaí na tíre faoi láthair is fíor é. Agus is é sin an prionsabal a lean mé féin. Tá deireadh le cathracha, le náisiúin, le sibhialtacht, le dul chun cinn. Tá deireadh leo sin go léir. Tá an cluiche sin imeartha. Tá buaite orainn.”

“Ach más mar sin atá an scéal, cén mhaith do dhuine bheith ina bheatha?”

Dhearc fear na hairtléire orm ar feadh scaithimh.

“Ní bheidh aon choirm cheoil a thuilleadh ann go ceann milliún bliain nó mar sin; ní bheidh aon Acadamh Ríoga na nEalaíon ann, ná aon bhéilí deasa i mbialanna. Más ag tóraíocht siamsa is spóirt atá tú, is eagal liom nach anseo a gheobhaidh tú é. Má tá aon

An Domhan faoi Smacht na Marsach

bhéasa ardnósacha agat, nó más olc leat piseanna a ithe le barr sceana, nó mífhuaimniú focal, b'fhearr duit na béasa sin a chaith-eamh uait. Níl aon mhaith iontu níos mó."

"Céard is ciall leis—"

"Is éard is ciall leis go leanfaidh mo leithéidse beo ar mhaithe leis an sliocht. Deirim leat go bhfuilim láncheaptha maireachtáil beo. Agus mura bhfuil breall orm, taispeánfaidh tú féin cén mianach atá ionat sula i bhfad. Ní dhéanfar sinn a dhíthiú. Agus ní mian liom ligean dóibh breith orm, ach an oiread, chun mé a smachtú is mé a ramhrú mar a dhéanfaí le damh breá. Uch! Cuimhnigh ar na crúba donna sin!"

"Ní hamhlaidh a mheasfá a rá—"

"Sin é a deirim leat go dána. Is mian liom an bheatha. Faoi chosa na Marsach. Tá sé ar fad beartaithe agam; tá machnamh déanta agam air ó thús deireadh. Táimidne buailte mar fheara. Níl ar ndóthain eolais againn. Caithfimid a thuilleadh a fhoghlaim sula mbeidh caoi againn. Agus caithfimid maireachtáil beo, agus a bheith neamhspleách a fhad a bheimid ag foghlaim. 'Dtuigeann tú leat mé? Sin é a chaithfear a dhéanamh."

Dhearc mé go grinn air, iontas orm, ach luigh rún an fhir orm go láidir.

"A Dhia na bhFeart!" arsa mise. "Is tú togha agus rogha na bhfear gan aon agó!" Agus rug mé ar a lámh go tobann.

"É?" ar seisean agus bhí loinnir ina shúile. "Tá an scéal go léir meáite agus tomhaiste agam, é?"

"Lean ort," arsa mise.

"Tá go maith. Éinne ar mian leis éalú uathu caithfidh sé bheith réidh. Táimse ag cur faoi réir. Bíodh a fhios agat nár cruthaíodh gach éinne le bheith ina ainmhí allta; agus sin mar a chaithfimid a bheith má bheirtear greim orainn. Is é sin an fáth ar fhair mé tusa. Bhí amhras orm. Tá tú caol seang. Ní raibh a fhios agam gur tusa a bhí ann, an dtuigeann tú, ná níor thuig mé gur adhlacadh tú faoi smionagar. An dream sin go léir—an sórt a bhí ina gcónaí sna tithe sin, agus na cléirigh bheaga dhamanta a bhí ina gcónaí thíos an bealach sin—ní bheadh aon mhaith iontusan. Níl aon sprid iontu—ní bhíonn aon bhrionglóidí uaibhreacha ná aon ardaidhm-eanna acu; agus an té nach bhfuil sin aige—a Thiarna: céard atá

ann ach meatachán agus stiocaire. Ní dhéanaidís ach greadadh leo chun a gcuid oibre—is minic a chonaic mé na céadta acu, blúire bricfeasta ina lámha acu, aghaidheanna breátha sciomartha orthu, agus iad ag rith go tréan chun breith ar an traein a raibh ticéid séasúir ceannaithe acu ina comhair, ar eagla go dtabharfaí bata is bóthar dóibh dá dtagaidís go dtí an oifig deireanach; gnóthaí ar siúl acu ar leasc leo iad a thuiscint; iad ag greadadh leo ar ais ar eagla nach mbeidís in am don dinnéar; iad ag caitheamh na dtráthnónta istigh ar eagla na gcúlscráideanna de shiúl oíche; iad ag déanamh codlata lena gcuid ban, ní le grá dóibh, ach toisc cúbóg bheag airgid a bheith acu a bheadh áisiúil dóibh agus an greadadh beag sin á dhéanamh acu tríd an saol. A mbeatha faoi urrús agus beagán airgid sa bhanc acu le haghaidh “lá na gaoithe”. Agus Dé Domhnaigh—faitíos orthu roimh an saol eile. Mar dhóigh is gur le haghaidh coiníní a ceapadh Ifreann! Bhuel, bronntanas ó Dhia dóibh sin na Marsaigh. Cásanna breátha fairsinge, bia breá beathaithe, síolrach cúramach, agus gan imní ar dhuine ar bith. Tar éis seachtaine nó mar sin dóibh ag rith timpeall na bpáirceanna, tiocfaidh siad agus ligfidh siad do na Marsaigh breith orthu. Beidh áthas orthu i gceann tamaill. Beidh siad ag déanamh ionaidh den chuma ar chaith siad a saol sular tháinig na Marsaigh chun aire a thabhairt dóibh. Agus maidir le fámairí na dtithe tábhairne, na boic mhóra, is na hamhránaithe—is maith is eol dom cén cor a bhéarfaidh orthu. Is maith sin,” ar seisean, agus cineál d’áthas dúr air. “Beidh anchuid truamhéala is creidimh ar bun acu. Tá na céadta rud ann a chonaic mé le súile mo chinn, rudaí nach bhfaca mé go soiléir go dtí le fíordhéanaí. Tá a lán acu, plíomaí ramhra amadánta, a ghlacfaidh leis an saol mar atá; agus beidh a lán eile acu á cheapadh go bhfuil gach rud mícheart, agus gur chóir dóibh rud éigin a dhéanamh. Anois, nuair a bhíonn an scéal mar sin, a lán daoine á cheapadh gur chóir dóibh rud éigin a dhéanamh, déanann lucht na laige, agus an mhuintir a dtagann laige orthu de dheasca a bheith ag cuimhneamh ar cheisteanna aimhréidhe, déanann an dream sin creideamh an-uasal, an-deabhóideach agus cuireann lucht an chreidimh sin ar a dheisceabal géilleadh don ghéarleanúint is do thoil Dé. Is dócha gur thug tú féin an rud céanna faoi deara. Níl ann ach fuinneamh i

An Domhan faoi Smacht na Marsach

lár na stoirme, fuinneamh á chur i neamhbhrí. Beidh na cásanna sin lán de shailm, d'amhráin dhiaga is de chráifeacht. Agus an mhuintir is lú simplíocht ná iad sin leanfaidh siad d'ainmhianta éagsúla."

Stad sé.

"B'fhéidir go ndéanadh na Marsaigh seo peataí de chuid acu; múinfidh siad dóibh cleasa a dhéanamh—cá bhfios dúinn?—caoinfidh siad an buachaill a bhí ina pheata acu ach a d'fhás suas nó gurbh éigean é a mharú. Agus, b'fhéidir go múinfidís do chuid eile acu dul sa tóir inár ndiaidhne."

"Ní dhéanfaidh," arsa mise, "ní fhéadfaidís é! Ní fhéadfadh aon daonnaí—"

"Cén mhaith dúinn na bréaga a insint?" arsa fear na hairtléire. "Tá fir ann a dhéanadh é. Nach mór an díth céille dúinn a mheas nach bhfuil!"

Ghéill mé dó sa mhéid sin.

"Má thagann siad i mo dhiaidhse," ar seisean—"A Thiarna! má thagann siad i mo dhiaidhse!" agus thit sé dá thost go smaointeach.

Rinne mé féin amhlaidh freisin. Níor fhéad mé aon argóint a dhéanamh a sháródh ar réasún an duine sin. Roimh an ionradh ní déarfadh éinne gurbh fhearr eisean ná mise i gcúrsaí intleachta—bhí mé i mo scríbhneoir cáiliúil ar cheisteanna fealsúnachta, agus ní raibh ann sin ach saighdiúir comónta—ach bíodh sin mar a bhí, bhí tuiscint aige cheana féin ar an gcás nár smaoinigh mise air ar aon chor.

"Céard atá ar siúl agat?" arsa mise ar ball. "Cé na pleananna atá ceaptha agat?"

Bhain tost dó.

"Bhuel, is mar seo atá," ar seisean. "Céard atá le déanamh againn? Tá orainn sórt saoil a cheapadh a mbeidh ar chumas an duine agus ar chumas a shliochta maireachtáil ann, agus an áit sin a bheith sách sábháilte le haghaidh na bpáistí a thógáil ann. Ach—fan ort go fóill, agus cuirfidh mé in iúl duit níos soiléire céard ba cheart a dhéanamh, dar liom. Imeoidh na daoine neamhspridiúla mar a imíonn na hainmhithe neamhspridiúla go léir; i gceann tamaill aimsire beidh siad go mór, álainn, fuil mhaith iontu, dallintinneach—gan iontu ach trachlais! Is é an baol atá ann go rachaidh an méid againn a fhanfaidh fiáin chun alltachta—go rachaimid ar gcúl go

dtí nach mbeidh ionainn ach cineál de fhrancaigh mhóra allta.... An dtuigeann tú, is mian liomsa maireachtáil faoin talamh. Tá machnamh déanta agam ar na draenacha. Éinne nach bhfuil aon eolas aige orthu ceapann sé, gan dabht, gur rudaí uafásacha na draenacha—ach faoi chathair seo Londan tá na mílte is na mílte—na céadta míle—acu ann agus tar éis cúpla lá báistí agus gan éinne ina chónaí i Londain beidh siad go glan cumhra. Tá na príomh-dhraenacha sách mór agus folláin ag duine ar bith. Ansin tá siléir, boghtaí agus tithe ar féidir pasáistí a dhéanamh síos go dtí na draenacha uathu. Agus níor áirigh mé tolláin na mbóithre iarainn ná na fobhealaí. É? Anois tá tú ag tosú ar mé a thuiscint? Bail-eoimid chugainn meitheal—meitheal d'fhir láidre ghlanintinneacha. Ní bheidh glacadh againn le chuile phleithce a bhuaillfidh isteach chugainn. Cuirfear na bogáin chun siúil arís.”

“Faoi mar a bhí ar intinn agat mise a chur chun siúil ó chianaibh?”

“Bhuel—ní dúirt mé aon ní leat gan tú a thástáil ar dtús.”

“Ní thitfidimid amach le chéile mar gheall air sin. Lean ort.”

“An méid a fhanfaidh, caithfidh siad na horduithe a chomhlíonadh. Beidh gnó againn freisin de mhná láidre glanintinneacha a bheidh ina máithreacha is ina múinteoirí. Ní ghlacfar leis an mbé leisciúil ná le hainnir na nglasóg. Ní féidir géilleadh don duine lag ná don duine gan chéill. Tá an bheatha ar bunús ceart arís agus ní foláir daoine liopasta gan mhaith gan mheas a chur chun báis. Tar éis an tsaoil, nach cineál mídhílseachta é maireachtáil chun an cine a lagú. Is iomaí rud is measa ná an bás—is í an eagla a dhéanann deacair é. Agus cruinneoimid chun a chéile sna háiteanna sin go léir. Londain an ceantar a bheidh fúinn. Agus b'fhéidir go mbeadh ar ár gcumas faire a dhéanamh ar na Marsaigh, agus bheith ag rith timpeall ar uachtar nuair a bheidís as baile. Agus cluichí a imirt, b'fhéidir. Mar sin a tharrthálfaimid an cine. É? Nach dóigh leat gur féidir a dhéanamh? Ach ní fiú biorán ann féin tarrtháil an chine. Faoi mar a dúirt mé, níl ansin ach a bheith mar na francaigh. Is é an rud is mó tábhacht ár gcuid eolais a tharrtháil agus cur leis. Is ansin a bheidh gnó le do leithéidse. Tá leabhair ann, tá múnlaí ann. Caithfidimid áiteanna móra sábháilte a dhéanamh i bhfad thíos faoin talamh, agus an oiread leabhar agus

An Domhan faoi Smacht na Marsach

is féidir linn a fháil a thabhairt síos ann; ní bhacfaimid le húrscéalta ná le filíocht, ach leabhair ina mbeidh smaointe agus trácht ar chúrsaí eolaíochta. Is i gcomhair na hoibre sin a bheidh do leithéidse ag teastáil. Caithfimid dul go Músaem na Breataine agus na leabhair sin go léir a thabhairt linn. Ní foláir an t-eolas atá againn ar chúrsaí eolaíochta go mór mór a choinneáil agus cur leis. Ní foláir dúinn faire a dhéanamh ar na Marsaigh seo. Nuair a bheidh gach aon ní ar fothú, b'fhéidir go rachainn féin dá bhfaire. Ligean dóibh breith orm. Agus is é an rud is tábhachtaí go gcaithfimid gan baint leis na Marsaigh. Caithfimid gan goid uathu fiú amháin. Má thagaimid sa bhealach orthu, caithfimid glanadh as. Caithfimid a chur ar a súile dóibh nach bhfuil ar intinn againn aon dochar a dhéanamh dóibh. Sea, tá a fhios agam. Ach rudaí meabhracha is ea iad, agus ní rachaidh siad dár dtóraíocht má bhíonn fuílleach acu. Ceapfaidh siad nach bhfuil ionainn ach míoltóga gan brí gan éifeacht."

Bhain stad d'fhear na hairtléire agus leag sé lámh chrón orm.

"Tar éis an tsaoil, b'fhéidir nach mórán a chaithfimis a fhoghlaim sula mbeadh ar ár gcumas—cuirim i gcás seo: a ceathair nó a cúig dá Meaisíní Troda ag imeacht go tobann—Teas-Gha deiseal is tuathal, agus gan Marsach ar bith iontu. Gan Marsach ar bith iontu, ach fir—fir a bhí tar éis an chaoi lena n-oibriú a fhoghlaim. B'fhéidir gur le mo linn féin a tharlódh sin. Nár bhreá an rud é ceann de na meaisíní sin bheith agat—agus an Teas-Gha faoi do smacht! Nár chuma dá ndéantaí mionrabh díot ag deireadh an aistir dá bhféadfá a leithéid sin de sciúird a thabhairt fúthu? Deirimse leat go leathfaidh na súile ar na Marsaigh seo lá breá éigin. Nach dtig leat iad a shamhlú duit féin, a dhuine? Nach dtig leat iad a fheiceáil ag deifriú is ag deifriú—saothar orthu is giorra anála is iad ag cur scéala amach go dtí na meaisíní eile sin atá acu? Agus gléas éigin as alt i ngach meaisín díobh sin. Agus de phlimp! seo chucu an Teas-Gha agus iad ag iarraidh é a dheasú, agus, féach! tá an duine in uachtar arís."

Bhí m'aigne faoi lánghéillsine ar feadh tamaill ag íomháineacht dhána fhear na hairtléire agus an chinnteacht is an misneach a bhí ina ghlór. Chreid mé go daingean san fháistine a bhí déanta aige don chine daonna agus go bhféadfaí an scéim áiféiseach a bhí

ceaptha aige a chur i ngníomh. Má mheasann an léitheoir gurbh fhurasta mé a mhealladh, nach raibh ionam ach amadán, cuimhníodh sé ar an gcás ina raibh mé. Tá an léitheoir ag léamh leis go cúramach. Níl á bhuaireamh ach ábhar an leabhair atá ina ghlac. Ach ó mo thaobhsa de, féach orm ag cromadh go heaglach faoi scáth na dtor, cluas le héisteacht orm, agus leathstraidhn orm le barr inní. Labhraíomar mar sin ar feadh na maidine, agus ansin d'éalaíomar amach as na toir, agus tar éis an spéir a bhreathnú go hairdeallach, dheifríomar linn go dtí an teach ar Phutney Hill mar a raibh a phluais aige. Siléar guail an tí a bhí ann agus nuair a chonaic mé an obair a bhí déanta aige le seachtain—iomaire nach raibh deich slat ar fad agus é á cheapadh go bhféadfadh sé an phríomhdhraein a shroicheadh ar an mbealach sin—nuair a chonaic mé é sin tuigeadh dom den chéad uair cén bhearna mhór a bhí idir a bhrionglóid agus a chumhacht. D'fhéadfainn féin a leithéid sin de pholl a rómhar in aon lá amháin. Ach bhí oiread sin creidimh agam ann gur thug mé leath den lá ag rómhar ina theannta. Bhí bara rotha againn, agus an chréafóg a bhainimis chaithfimis suas in éadan shorn na cistine í. D'ólamar roinnt anraith agus fuairamar fíon i landair an tí. B'aisteach an faoiseamh a thug an obair leanúnach sin dom i ndiaidh chumha is ghéarleanúint an tsaoil. De réir mar a bhíomar ag obair bhí a phlean á scagadh agam i m'intinn, agus bhí an-amhras ag teacht orm de réir a chéile; ach d'oibrigh mé liom ar feadh na maidine go léir, agus áthas orm go raibh gnó éigin le déanamh agam arís. Tar éis uair an chloig a chaitheamh le hobair, thosaigh mé ag machnamh ar an méid slí a chaithfimis a dhul sula mbainfí an camra amach—b'fhéidir go dteipfeadh glan orainn é a shroicheadh. An rud is mó a bhí ag cur as dom cén fáth a gcaithfimis an chlais fhada seo a rómhar nuair ab fhéidir dul isteach sa draein lom láithreach trí cheann de na comhlaí agus oibriú as sin ar ais go dtí an teach. Chonacthas dom freisin, nach maith mar a toghadh an teach, agus gur rófhada an chlais a chaithfí a dhéanamh lena aghaidh. Ach go díreach nuair a bhí mé ag dul in achrann sna ceisteanna seo, stad fear na hairtléire de bheith ag rómhar, gur dhearc sé orm.

An Domhan faoi Smacht na Marsach

“Táimid ag obair go maith,” ar seisean. Leag sé a láí uaidh. “Éirimis as ar feadh scaithimh,” ar seisean. “Sílim go bhfuil sé in am againn dul ag spaireacht ó bharr an tí.”

B’fhearr liom féin go leanfaimis den obair agus tar éis tamaill rug sé ar a láí arís; agus díreach ansin bhuaill smaoineamh mé. Stad mé agus rinne seisean amhlaidh ar an toirt.

“Cén fáth a raibh tú ag siúl thart ar an mBán,” arsa mise, “in áit a bheith anseo?”

“Ag déanamh aeir dom féin,” ar seisean. “Bhí mé ag teacht ar ais. Is sábháilte é san oíche.”

“Ach céard mar gheall ar an obair?”

“Uch, ní thig le duine a bheith ag obair i gcónaí,” ar seisean, agus thuig mé mo dhuine go cruinn ar an bpointe. Stad sé, an láí ina lámh i gcónaí. “B’fhearr dúinn an spaireacht a dhéanamh anois,” ar seisean, “arae má thagann éinne acu thart cloisfidh siad na lánta agus tiocfaidh siad anuas orainn i ngan fhios.”

Ní raibh aon fhonn orm cur ina éadan níos mó. Chuamar le chéile suas ar an díon agus sheasamar ar dhréimire ag glinniúint amach trí dhoras an dín. Ní raibh Marsach ar bith le feiceáil, agus ghabhamar amach ar na brící, agus shleamhnaíomar síos faoi scáth an fhorbhall.

Ón áit seo bhí an chuid ba mhó de Phutney folaithe orainn ag duilliúr na gcrann, ach bhí radharc againn ar an abhainn thíos fúinn, ar mheall chruinn den Lus Dearg agus ar dhúiche íseal Lambeth faoi uisce agus deargdhath air. Bhí an Lus Dearg ag éirí suas ar na crainn timpeall an tseanpháláis, agus bhí a ggraobhacha ag síneadh amach go gléineach ach go marbh. Bhí duilleoga feoite anseo is ansiúd ar a bhfuaid. B’aisteach an chaoi a raibh an dá rud sin ag brath ar uisce srutha le síolchur a dhéanamh. Ní raibh greim faighte ag ceachtar acu ar an mball ina rabhamarna; bhí labarnaim ann, lus na gile, róis ollannacha, agus gasa den *arbor vitae* ag éirí suas chun solas na gréine i measc labhras, agus hiodrainsianna glasa lonracha. Bhí deatach ag éirí ina phúr mhór taobh thall de Kensington, agus idir an deatach agus ceo gorm bhí na cnoic ó thuaidh i bhfolach.

Thosaigh fear na hairtléire ag cur caoi dom ar an gcineál daoine a bhí i Londain go fóill.

"Óiche amháin an tseachtain seo caite," ar seisean, "d'éirigh le scata pleidhcí an solas aibhléise a chur ag obair, agus b'shiúd Sráid Regent agus an Circus ina lóchrann mór solais, agus an dá áit lán de mheisceoirí daite gioblacha, idir fhir is mhná, agus bhí siad ag béiceadh is ag rince gur gheal an lá. Fear a bhí ann a d'inis dom é. Agus de réir mar a tháinig solas an lae chonaic siad Meaisín Troda ina sheasamh in aice Langham, ag breathnú síos orthu. Ag Dia amháin atá a fhios cá fhad a bhí sé ag breathnú orthu mar sin. Shiúil sé anuas an bóthar chucu, agus rug chuige nach mór céad acu a bhí ródhallta nó rófhaitheach le rith uaidh."

Ní thráchtfaidh stair ar bith ar an ngiota sin de scéal na linne.

Uaidh sin amach thosaigh air arís ag cur síos ar a phleananna móra nuair a cheistigh mé é. D'éirigh sé an-dúthrachtach an-mhóralach astu. Labhair sé chomh hardaidhmeannach sin i dtaobh a fhusa a bheadh sé Meaisín Troda a ghabháil, gur bheag nár chreid mé ar fad arís é. Ach ón uair a bhí mé ag dul amach ar bheagán dá cháilíocht a thuiscint, thuig mé a mhéid a bhí sé in aghaidh rud ar bith a dhéanamh go tobann. Agus thug mé faoi deara freisin nach ndúirt sé athuair go ndéanfadh sé féin aon cheo le comhrac a chur ar an meaisín mór agus é a ghabháil.

I gceann tamaill chuamar síos go dtí an siléar. Is beag dá fhonn a bhí ar cheachtar againn tosú arís ag rómhar, agus nuair a mhol sé béile a bheith againn, níor leasc liom é go deimhin. D'éirigh sé an-fhlaithiúil de phreab, agus nuair a bhí ite againn d'imigh sé leis gur thug ar ais roinnt todóg a bhí ar fheabhas. Dheargamar iad, agus dá dhóchasáí dá raibh sé cheana ba sheacht ndóchasáí a bhí sé as sin amach. Bhí sé á mheas gur mhór an ócáid é mise a theacht ar cuairt chuige.

"Tá roinnt seaimpéin sa siléar," ar seisean.

"Is fearr a dhéanfaimid rómhar ar an bhfíon seo," arsa mise.

"Ní dhéanfaidh sin an gnó inniu," ar seisean; "is mise an t-óstach inniu. Seaimpéin! A Dhia na Glóire! an obair seo atá romhainn beidh sí an-trom! Nárbh fhearr dúinn ár scíth a ligean, agus ár neart a chnuasach ó tharla an deis againn. Féach ar na cloig seo ar mo lámha!"

Agus chun go gcuirfeadh sé i gcrích i gceart an rún a bhí aige lá saoire a dhéanamh de, thug sé orm cártaí a imirt nuair a bhí an

An Domhan faoi Smacht na Marsach

béile ite. Mhúin sé *euchre* dom, agus tar éis Londain a roinnt eadrainn, mise ag glacadh na dúiche ó thuaidh, agus eisean an taobh theas, d'imríomar in aghaidh a chéile, paróiste fiacha gach cluiche. Dá áiféisí is dá amadánta é sin, dar leis an léitheoir stuama, is fíor ar fad é ina dhiaidh sin, agus rud is iontaí ná sin fós, bhain mé an-phléisiúr as an gcluiche sin agus as cluichí cártaí eile a d'imríomar.

Nach aisteach é intinn an duine! Nach aisteach gurbh fhéidir linn suí timpeall an chláir dhaite sin agus ardaoibhneas a bhaint as imirt an mháimh bíodh go raibh an cine á sceanadh is á uiríslíú lena linn sin go díreach agus gan romhainn féin ach an bás. Mhúin sé pócar dom ina dhiaidh sin agus rug mé trí dhiancluiche fichille air. Nuair a tháinig an dorchadas bhí an oiread sin suime againn sna cluichí gur bheartaíomar dul sa seans agus an solas a lasadh.

Tar éis cluichí dochuimsithe a imirt d'itheamar an suipéar agus d'ól fear na hairtléire a raibh fágtha den seaimpéin. Leanamar orainn ag caitheamh na dtodóg. Níorbh é múscailteoir bíogúil an tsleachta ní ba shia é, an duine ardaidhmeannach a casadh orm ar maidin. Bhí sé dóchasach fós, ach má bhí féin níorbh é an sórt dóchais é a ghealfadh do chroí. Is cuimhin liom gur ól sé mo shláinte mar bhuille scoir, agus thug óráid uaidh go stadach nach raibh mórán fiúntais ann. Ghlac mé todóg uaidh, agus chuaigh mé suas an staighre le breathnú ar na soilse ar thrácht sé orthu, na soilse a bhí ag lasadh chnoic Highgate go léir chomh glas sin.

Ar dtús bhreathnaigh mé trasna ghleann London gan rud ar bith a aithint. Bhí na cnoic sa tuaisceart faoi bhrat dorchadais; bhí na tinte in aice Kensington ar dearglasadh, agus gach re tamall phreabadh teanga bhuí dhearg ina lasair suas agus théadh as léargas san oíche ghorm. Bhí an chuid eile ar fad de Londain go dubh. Ansin, ní ba ghaire dom, thug mé solas neamhchoitianta faoi deara, loinnir lag ruaghorm, is é á luascadh le leoithne na hoíche. Níor fhéad mé é a thuiscint ar feadh tamaill agus ansin thuig mé gur ón Lus Dearg a bhí an soilsiú beag seo ag teacht. Nuair a thuig mé an méid sin, bhíog an t-ionadh agus tuiscint ar mo chás ionam. Dhearc mé ón radharc sin ar Mhars, a bhí go dearg is go soiléir, é ag lonrú go hard san iarthar, agus d'iompaigh

mé ina dhiaidh sin chun féachaint go dian ar feadh i bhfad ar Hampstead is Highgate.

Is fada fada an t-achar a chaith mé ar an díon, agus mé ag déanamh ionaidh den iomad athrú áiféiseach a rinneadh i gcaitheamh an lae. Chuimhnigh mé arís ar na smaointe a bhí i m'intinn, ón bpaidir a dúirt mé ar an meán oíche anuas go himirt dhíchéillí na gcártaí. Tháinig mórathrú meoin agus mothaithe orm. Is cuimhin liom gur theilg mé an todóg uaim ar shlí a chuir i gcéill go raibh mé bréan díom féin. Thuig mé i gceart méid mo bhaoise. Samhlaíodh dom go raibh feall imeartha agam ar mo bhean agus ar mo dhaoine muinteartha; líonadh m'anam le dobrón is le héadóchas. Bheartaigh mé ar an bhfear sin gan smacht, fear sin na n-aislingí, a fhágáil ag ól is ag ithe, agus imeacht liom féin go Londain. Bheadh caoi agam ansin, chonacthas dom, a fháil amach céard a bhí na Marsaigh is mo chomhdhaonnaithe a dhéanamh. Bhí mé ar an díon fós nuair a d'éirigh an ghealach go mall.

CAIBIDIL 8


LONDAIN MARBH

Tar éis dom scaradh le fear na hairtléire chuaigh mé le fána an chnoic agus tríd an tsráid trasna an droichid go Lambeth. Bhí an Lus Dearg ina fhásach san am sin, agus is beag nach raibh bóthar an droichid tachta aige, ach bhí paistí bána ar na duilleoga ag an ngalar a bhí ag leathadh amach air—galar a chuir i ndísc ar fad é gan mórán moille.

Fuair mé fear ina luí ag coirnéal an bhóithrín úd atá ag dul síos go Droichead Putney. Bhí sé chomh dubh le fear na scuab ag an deannach dubh. Ní marbh a bhí sé ach ar deargmheisce. Níor fhéad mé a mhealladh uaidh ach eascainí agus iarrachtaí ar mé a bhualadh sa cheann. Sílim nach n-imeoinn uaidh murach an aghaidh bharbartha a bhí air.

Bhí deannach dubh ar an mbóthar ón droichead siar, agus ba thibhe a bhí sé ag teannadh chuig Fulham dom. Bhí na sráideanna go huafásach ciúin. Fuair mé bia i siopa báicéara ansin—bhí sé searbh, crua agus faoi choincleach, ach b'fhéidir é ithe. Tamall slí ar aghaidh i dtreo Walham Green ní raibh aon phioc den deannach ar na sráideanna, agus ghabh mé thar shraith tithe a bhí trí lasadh; ba cheol liom fuaim an dóiteáin. Thiar in aice Brompton, bhí na sráideanna ciúin arís.

Ráinigh orm arís ansin an púdar dubh agus corpáin ar na sráideanna. Chonaic mé san iomlán tuairim is dhá réag acu ar Bhóthar Fulham. Bhí siad marbh le roinnt laethanta, agus dá bhrí sin dheifriugh mé tharstu go tapa. Bhí siad go léir clúdaithe leis an bpúdar dubh, ach ba mhíne a bhí imlíne a gcorp dá bharr. Bhí na madraí tar éis ceann nó dhó acu a chorraí.



An Domhan faoi Smacht na Marsach

Áit ar bith nach raibh aon phúdar dubh ann is aisteach an chosúlacht a bhí aige leis an gCathair Dé Domhnaigh. Na siopaí dúnta, na tithe faoi ghlas, na dallóga anuas ar na fuinneoga, an ciúnas. In áiteanna bhí na gadaithe tar éis a bheith ag obair, ach is ar shiopaí bia is fíona is mó a thug siad a n-aghaidh. Bhí fuinneog siopa seodóra briste in áit amháin, ach scanraíodh an gadaí, de réir dealraimh, sula raibh a ghnó déanta aige arae bhí slabhraí óir agus uaireadóirí scaipthe ar fud an chosáin. Níor chuir mé de stró orm féin baint leo. Tamaillín ar aghaidh bhí bean ghioblach caite ar leac dorais; an lámh ar crochadh síos thar a glúin agus í gonta gearrtha agus an fhuil ag rith síos ar a gúna donn. Bhí buidéal mór seaimpéin briste agus an fíon ina lochán bheag ar an gcósán. Cheapfá gur ina codladh a bhí sí, ach níorbh ea ach í marbh.

Dá shia dá ndeachaigh mé isteach i Londain is ea ba dhoimhne a bhí an ciúnas, ach níorbh é ciúnas an bháis ba mheasa ach ciúnas na himní, ciúnas an éadóchais. Nóiméad ar bith feasta chreachfaí, b'fhéidir, na tithe seo agus dhéanfaí fothracha díobh amhail a tharla cheana ar an taobh thiar thuaidh den chathair agus in Ealing is Kilburn. Cathair dhamnaithe a bhí ann gan deoraí ina chónaí inti....

Ní raibh duine marbh ná púdar dubh ar bith le feiceáil ar na sráideanna i Kensington Theas. San áit sin is ea a chuala mé an uallfairt. Ar éigean a bhraith mé go raibh mé ag éisteacht leis ar dtús. Caoineadh a bhí á dhéanamh: “ulla, ulla, ulla, ulla,” á shíor-rá ag an nguth. Nuair a chuaigh mé thar shráideanna a thabharfadh duine amach ar an taobh thuaidh, chuaigh an uallfairt in airde glóir, agus dhéanadh na tithe is na hárais mhóra an fhuaim a laghdú de réir cosúlachta. Bhí an glór chomh hard is a d'fhéadfadh sé bheith nuair a shroich mé Exhibition Road. Bhain stad dom, agus mé ag féachaint go grinn i dtreo Kensington Gardens, agus ionadh orm faoin uallfairt aisteach sin. Bhí mar a bheadh glór ag an bhfásach ollmhór tithe seo agus é ag caoineadh an chiúnais agus na haonaránachta.

“Ulla, ulla, ulla, ulla,” arsa an guth mídhaonna—tonnta móra fothraim ag scuabadh síos an bóthar leathan griannmhar sin, idir na foirgnimh arda ar gach aon taobh. D'iompaign mé ó thuaidh, agus iontas orm, i dtreo gheataí iarainn Hyde Park. Is beag a thabharfadh orm briseadh isteach i Músaem Stair an Dúlra agus mo

bhealach a dhéanamh suas go mullach na dtúr chun go mbeadh radharc agam amach ar an bpáirc. Ach bheartaigh mé cloí leis an talamh, áit arbh fhusa dul i bhfolach go mear, agus ar an ábhar sin lean mé orm suas Exhibition Road. Bhí na foirgnimh mhóra ar gach taobh den bhóthar go ciúin folamh, agus macalla mo choiscéimeanna ag éirí suas in aghaidh shleasa na dtithe. Ag ceann an bhóthair, in aice gheata na páirce, luigh mo shúile ar rud a chuir ionadh orm—bus ar a thaobh, agus cnámharlach capaill gan feoil ar bith ar na cnámha. Rinne mé machnamh ar an radharc sin ar feadh tamaill agus ansin bhog mé liom chuig an droichead atá ag dul thar an Serpentine. Chuaigh an Glór i láidreachta i ndiaidh a chéile, cé nach bhféadfainn aon ní a fheiceáil thar bharra na dtithe ar an taobh thuaidh den pháirc seachas ceo deataigh san aird thiar thuaidh.

“Ulla, ulla, ulla, ulla,” arsa an Glór, agus é ag teacht chugam, dar liom, ón gceantar máguaird Regent’s Park. Luigh an glao uaigneach ar m’intinn. An meon a choinnigh an croí ionam go nuige sin chuaigh sé ar ceal ionam. Bhí greim ag an uallfairs anois orm. Mhóthaigh mé an tuirse, an bonnbhualadh ar mo chosa, agus an t-ocras is an tart.


Bhí sé tar éis a dó dhéag cheana féin. Tuige a raibh mé ar fán i m’aonar tríd an gcathair seo na marbh? Tuige a raibh mé i m’aonar nuair a bhí Londain faoi chlár agus brat dubh ina timpeall? Níor fhéad mé an t-uaigneas a fhulaingt. Rith m’intinn liom agus chuimhnigh mé ar sheanchairde a bhí ar dearmad uaim leis na blianta. Chuimhnigh mé ar an nimh i siopaí na ndrugaóirí, ar na licéir a bhí i dtaisce ag na fíoncheannaithe; ar an mbeirt mheisceoirí éadóchasacha úd a bhí ag roinnt na cathrach liom féin chomh fada agus ab eol dom....

Tháinig mé isteach i Sráid Oxford tríd an Marble Arch, agus casadh orm arís ansin an púdar dubh is roinnt corpán, agus boladh bréan uafar a bhí ag teacht aníos tríd na siléir ó chuid de na tithe. Tháinig tart mór orm de bharr an tsiúil fhada a bhí déanta agam. Cé nach gan a lán dá dhua a fháil a rinne mé é, d’éirigh liom briseadh isteach i dteach tábhairne agus fuair mé bia is deoch ansin. Bhí tuirse orm i ndiaidh an bhéile agus chuaigh mé isteach sa pharlús agus thit mo chodladh orm ar tholg dubh d’éadach róin a bhí ansin.

Dhúisigh mé agus bhí an uallfairs bhrónach sin i mo chluasa go fóill. “Ulla, ulla, ulla, ulla.” Bhí sé ina ardráthnóna um an dtaca seo, agus tar éis dom roinnt briosaí is cáise a aimsiú—bhí taisceadán feola ann ach ní raibh istigh ann ach cruimheanna—lean mé orm gan aird, trí na sráideanna cónaithe chomh fada le Sráid Baker—ní thig liom sráid ar bith acu a ainmniú seachas Portman Square—agus i ndeireadh an aistir tháinig mé amach ar Regent’s Park. Agus ag teacht amach as Sráid Baker dom chonaic mé i bhfad uaim os cionn na gcrann i ngile na gréine a bhí ag dul faoi, chonaic mé húda an fhathaigh Mharsaigh óna raibh an uallfairs seo ag teacht. Ní raibh aon scanradh orm. Tháinig mé air agus níorbh ionadh liom é a fheiceáil. D’fhair mé é ar feadh tamaill ach cor ní dhearna sé. Dhealraigh sé a bheith ina sheasamh ansin ag béiceadh agus gan aon chúis aige leis an mbéicíl chomh fada agus a d’fhéadfainnse a dhéanamh amach.

D’fhéach mé le plean oibre a cheapadh. Bhí m’aighe trína chéile ag an “ulla, ulla, ulla, ulla,” síoraí sin. B’fhéidir gur mhóide mo dhánacht an tuirse a bhí orm. Ar aon chuma, bhí mé fiosrach. Theastaigh uaim a fháil amach céard ba shiocair leis an nglaoch síoraí. Chas mé aniar ón bpáirc, bhuail mé suas Park Road, agus rún agam imeacht thart le ciumhais na páirce faoi scáth na dtithe le súil go bhfaighinn radharc ar an Marsach seasta caointeach seo ó St John’s Wood. Cúpla céad slat a bhí mé ó Shráid Baker nuair a chuala mé scata madraí ag amhastrach, agus chonaic mé gadhar is spóilín de fheoil dhearg lofa ina chraos ag teacht lena anam i mo threo agus slua de mhaidríní lathaí ina dhiaidh agus airc orthu. Thug sé leathscód chun mé a sheachaint amhail is go raibh eagla air go mbeinn ag iarraidh cuid den fheoil dom féin. De réir mar a d’imigh an amhastrach i ndisc i gcéin neartaigh ar an “ulla, ulla, ulla, ulla,” caointeach sin arís.

Tháinig mé ar an Meaisín Láimhseála réabtha leath bealaigh go dtí stáisiún St John’s Wood. Cheap mé ar dtús gurb amhlaidh a bhí teach tar éis titim trasna an bhóthair. Ach nuair a chuaigh mé ag dreapadh i measc an fhothraigh baineadh geit asam nuair a chonaic mé an Samsón meicniúil ina luí i measc na trachlaise a bhí déanta aige, agus na crúba casta agus briste air. Bhí an chuid tosaigh de millte thar fóir. Dhealraigh sé dom gur thiomáin sé leis gan treo gan aird i gcoinne an tí agus gur leagadh é féin sa ruathar.



An Domhan faoi Smacht na Marsach

Mheas mé go bhféadfadh sin titim amach dá n-imíodh an Meaisín Láimhseála ó smacht ar an Marsach a bhí i gceannas air. Níor fhéad mé mo bhealach a dhéanamh tríd an bhfothrach chun é fheiceáil, agus ó bhí an oíche ann beagnach níor fhéad mé an fhuil ar an suíochán ná feoil stróicthe an Mharsaigh a d'fhág na madraí ina ndiaidh a fheiceáil.

Bhuail mé ar aghaidh i dtreo Primrose Hill agus breis iontais orm de bharr a raibh feicthe agam. I bhfad uaim, trí scoilt sna crainn, chonaic mé Marsach eile, gan cor ná car as amhail an chéad Mharsach. Bhí sé ina sheasamh go ciúin sa pháirc in aice Ghairdín na nAinmhithe. Tamaillín slí taobh thuas den fhothrach a bhí thart ar an Meaisín Láimhseála briste casadh an Lus Dearg orm arís, agus fuair mé amach go raibh Regent's Canal clúdaithe leis an bhfásach dúdhearg sin.

Ar dhul thar an droichead dom, stop an “ulla, ulla, ulla,” go tobann. Stop sé mar a dhéanfaí gearradh glan air. Ba gheall le plimp toirní an ciúnas tobann.

Ba dhoiléir na tithe arda i mo thimpeall; bhí na crainn sa pháirc ag dul i nduibhe. Bhí an Lus Dearg ag fás go tiubh is go hard ar an bhfothrach thart timpeall orm ar gach taobh, agus é ag iarraidh teacht lastuas díom sa bhreacsholas. Bhí an oíche, Máthair na hEagla is na Rúndiamhaire, ag teannadh chugam. Ach a fhad a bhí glór úd an mheaisín le cloisteáil b'fhéidir foighneamh le huaigneas is le haonaránacht na cathrach. Le linn dó a bheith ann chonacthas dom go raibh Londain ina bheatha go fóill, agus d'fhan an misneach i mo chroí toisc go raibh an bharúil nó an mothú sin agam. Ach tháinig an t-athrú go tobann, d'imigh rud éigin uaim—ní raibh a fhios agam cérbh é é—agus tháinig ciúnas ann a d'fhéadfainn a mhothú. Ní raibh i mo ghaire ach an mharbhántacht uafar.

D'fhéach Londain orm mar a dhéanfadh taibhse. Ba chosúil na fuinneoga sna tithe bána le loig súile blaoscanna. Mheas mé go raibh míle namhaid ag gluaiseacht gan fuaim gan glór i mo thimpeall. Rug an scéin orm, tháinig uafás orm nuair a chuimhnigh mé nach bhféadfainn iad a chloí. Bhí an bóthar romham chomh dubh le pic faoi is dá mbeifí tar éis tarra a chur air, agus chonaic mé cruth mídhealraitheach ina luí trasna an chosáin. Ní raibh de chroí ná de mhisneach ionam leanúint orm ar aghaidh. Chas mé

síos bóthar St John's Wood, agus rith mé i dtreo Kilburn ón gciúnas dofhulaingthe sin. Chuaigh mé i bhfolach ón oíche is ón gciúnas i gcábán tiománaí cab ar Harrow Road. Ach tháinig mo mhisneach ar ais chugam roimh fháinne an lae, agus a fhad a bhí na réaltáin sna spéartha go fóill chas mé arís i dtreo Regent's Park. Chuaigh mé amú sna sráideanna, agus chonaic mé ar ball le leathsholas na maidine, i bhfad síos uaim ag bun bóithrín, ciumhais Primrose Hill. Ar a mhullach sin, agus é chomh hard leis na réaltáin a bhí ag dul i ndísc, bhí an tríú Marsach, é ina sheasamh caol díreach, ach gan cor as ar nós an dá cheann eile.

Tháinig racht buile orm. Rachainn chun báis agus chuirfinn deireadh leis an scéal ar fad. Agus ní chuirfinn de stró orm mé féin a mharú. Shiúil mé ar aghaidh go neamheaglach i dtreo an fhathaigh. Ach de réir mar a dhruid mé ina araicis agus de réir mar a mhéadaigh ar an solas chonaic mé go raibh slua mór d'éin dhubha ag eitilt mórthimpeall an húda agus ina seasamh air. Leis sin léim mo chroí agus chuir mé chun reatha síos an bóthar.

Dheifrigh mé liom tríd an Lus Dearg a bhí ag tachtadh St Edmund's Terrace (shiúil mé trí uisce a bhí go cliabh orm agus é ag teacht ina shlaodanna amach as na hoibreacha uisce), agus tháinig mé amach ar an bhféar roimh éirí na gréine. Bhí dún ábhalmhór déanta de chairn mhóra créafóige ansin ar imeall an chnoic—ba é an áit deiridh agus an áit ba mhó dá ndearna na Marsaigh é—agus ó chúl na gcarn seo bhí deatach tanaí ag éirí suas sa spéir. I gcoinne imeall na spéire chonaic mé madra santach ag rith leis. D'fhair mé é go ndeachaigh sé as radharc. Mhéadaigh an smaoineamh a tháinig ó chianaibh isteach i m'intinn. Thosaigh mé ar é a chreidiúint. Eagla níor mhothaigh mé a bheag ná a mhór, ach bhí mé ag crith le gliondar is le lúcháir fhiáin a fhad a bhí mé ag cur an chnoic suas díom de rith reatha, i dtreo an arrachta sin nach raibh brí ná luail ann. Bhí spólaí fada donna feola ar crochadh amach as an húda agus na héin amplacha á bpiocadh is á sracadh.

Ní raibh mé dhá mheandar gur dhreap mé suas go barr na créafóige gur sheas mé ar a taobh agus go raibh an taobh istigh den dún a bhí fúm ar amharc agam. Ba mhór go deo an áit é, meaisíní lán-neartmhara abhus is thall ar a fud, agus cairn d'ábhar cogaidh is ionaid aisteacha le haghaidh foscaidh ann freisin. Agus,

An Domhan faoi Smacht na Marsach

scaipthe ar fud an bhaill, cuid acu ina meaisíní cogaidh, cuid acu ina Meaisíní Láimhseála a bhí anois gan bheocht, agus dosaen acu ina luí fuar tostach le hais a chéile, is ea a bhí na Marsaigh—iad marbh!—ag na baictéir ghalracha sin nach raibh aon choinne acu leo. Bhí siad marbh amhail a bhí an Lus Dearg marbh; marbh, d'ainneoin gur theip ar gach gléas dár cheap an duine, agus ba é an rud is uiríse agus is suaraí, dar chuir Dia, moladh go deo Leis, ar an saol, ba é an rud sin a mharaigh iad.

Mar sin a tharla, agus murach an scéin agus an tubaiste a dhall sinn, b'fhéidir liom féin is le fir nach mé a thuiscint roimh ré gur mar sin a bheadh. Tá na baictéir ghalracha sin dár ndísciú ó thús ré is aimsire—rinne siad slad ar ár sinsir réamhdhaonnaithe ó tháinig an bheatha ar an saol—ach de bharr an roghnaithe nádúrtha is féidir linn cur ina gcoinne anois; tá cuid acu ann—iad siúd is cúis leis an trochlú cuir i gcás—agus táimid lán-imdhíonach orthu. Ach níl aon bhaictéir ar Mhars, agus an túsce a tháinig na hionróirí seo, an túsce a chaith siad bia is a d'ól siad deoch, thosaigh ár gcairde beaga ag obair chun iad a chloí. Le linn dom a bheith ag féachaint orthu cheana bhí an bás i ndán dóibh—bhí siad ag fáil bháis agus ag lobhadh agus iad ag imeacht anseo is ansiúd. Ní raibh aon dul uaidh acu. Thuill an duine a oidhreacht ar an domhan seo de bharr na mbilliún a cailleadh roimh a linn, agus is leis an duine an domhan is cuma cé eile a éileoidh é; ba leis é dá mbeadh na Marsaigh deich n-uaire ní ba chumhachtaí ná mar atá siad. Arae ní in aisce a mhaireann ná a éagann an duine.

Bhí beagnach leathchéad acu scaipthe anseo is ansiúd, san iomaire mór sin a rinne siad féin, agus bás tar éis a bhreith suas leo a bhí chomh dothuigthe agus is féidir le bás ar bith a bheith. Níor thuig mé féin san am an bás sin. Ní raibh ar eolas agam ach go raibh deireadh leis na rudaí sin a bhí ina mbeatha tráth agus nach raibh aon teorainn leis an uafás a rinne siad in aghaidh an chine dhaonna. Ar feadh nóiméid chreid mé go raibh milleadh Shanaichéirib athdhéanta, gur tháinig aithrí ar Dhia, is gur leag Aingeal an Bháis ar lár iad de shiúl oíche.

D'fhan mé i mo sheasamh ansin ag faire ar an logán agus mhéadaigh ar an áthas i mo chroí de réir mar a scaip an ghrian a gathanna soilseacha amach ar an domhan i mo thimpeall. Bhí an

logán sa dorchadas go fóill; bhí na hinnill chumhachtacha go hait is go háiféiseach is go doiléir de réir mar a chaith an solas scáileanna orthu. D'fhéadfainn mórshlua madraí a chloisteáil ag bruíon le chéile os cionn na gcorpán a bhí sínte go dubh i ndoimhneacht an logáin thíos fúm. Ar an imeall thall bhí an meisín eitle a bhí siad a thriail ar an atmaisféar tiubh againne nuair a chuir an lobhadh is an bás deireadh leis an obair. Níor tháinig an bás lá róluath. Nuair a chuala mé cágaíl os mo chionn d'fhéach mé suas ar an Meaisín Troda toirtiúil úd nach ndéanfadh troid ní ba mhó agus ar na spólaí dearga sractha feola a bhí ag titim anuas ar na suíocháin úd a bhí ar a mbéal fúthu ar mhullach Primrose Hill.

Chas mé agus dhearc síos cliathán an chnoic i dtreo na háite mar a bhfaca mé an dá Mharsach eile an oíche roimhe sin sular rug an bás orthu. Bhí na héin ina scataí timpeall na háite sin. Cailleadh ceann acu agus é ag glaoch ar a chompánaigh teacht de chabhair chuige; b'fhéidir gurbh é an ceann ba dheireanaí dár éag é, agus gur lean a ghlór den ghlaoch nó gur caitheadh cumhacht an mheaisín. Bhí siad ina dtúir thríchosacha de mhiotal shoilseach anois faoi ghile na gréine ach gan cumas ná cumhacht iontu a thuilleadh.

Ar gach taobh den logán, chomh fada le mo radharc, bhí Máthair mhór na gCathracha uile, agus í tarrtháilte de mhiorúilt ar an millteanas síoraí. Éinne nach bhfaca Londain ach amháin nuair a bhí a bratacha ceo ina timpeall ní thuigfear dó choíche gile lom is áilleacht an fhásaigh seo de thithe ciúine.

Ar an taobh thoir, os cionn fhothraigh dhubha Albert Terrace, agus os cionn thúr briste na heaglaise, bhí an ghrian ag spalpadh go tréanlasta sa spéir gheal. Anseo is ansiúd i measc an fhásaigh díonta sin bheireadh paiste éigin ar an solas agus lonraíodh go gléigeal. Soilsíodh an áit chruinn úd láimh le stáisiún Chalk Farm mar a gcoinnítear na fíonta i dtaisce, soilsíodh machaí fairsinge na mbóithre iarainn, agus dá ghránna dá raibh an dá áit sin tráth, caitheadh mar a bheadh áilleacht rúndiamhair orthu.

Ar an taobh thuaidh bhí Kilburn is Hampstead, iad gorm agus lán de thithe; ar an taobh thiar bhí an chathair mhór faoi cheo; agus ar an taobh theas, taobh thall de na Marsaigh ba léir sraitheanna uaine Regent's Park, cruinneachán Albert Hall, Óstán an Langham, an Institiúid Ríoga, agus na hártais bhreátha ar Bhóthar Brompton

An Domhan faoi Smacht na Marsach

—ba léir iad sin go léir le héirí na gréine, agus ba léir freisin fothraigh Westminster ag gobadh aníos faoin gceo ar a gcúlshan. Bhí cnoic ghorma Surrey i bhfad uaim i gcéin, agus lonraigh túir an Pháláis Chríostail mar a bheadh dhá shlat airgid. Bhí cruinneachán St Paul's go dorchá in aghaidh na gréine, agus chonaic mé den chéad uair go raibh bearna mhór sa chuid thiar de.

D'fhéach mé ar an limistéar leathan sin de thithe is de mhonarchana is d'eaglaisí, iad ina dtost agus tréigthe; agus mé ag cuimhneamh ar an dóchas agus an obair gan áireamh, agus na sluaite fear gan chuimse a dithíodh d'fhonn an chathair sin a thógáil, agus ansin an milleadh mear neamhthrócaireach a bhí á bhagairt uirthi ar feadh scaithimh. Thuig mé go raibh an scáil sin imithe arís, go raibh cead ag an duine feasta na sráideanna a shiúl, go mairfeadh an chathair ábhalmhór mharbh sin ab ansa le mo chroí agus mhothaigh mé tocht i mo chliabh agus na deora ag teacht le mo shúile.

Bhí deireadh leis an gciapadh. Ón lá sin amach thosófaí ar na loit a leigheas. Muintir na cathrach a bhí scaipthe ar fud na tuaithe, gan treoraí, gan bia agus gan meas acu ar reacht ná dlí, iad mar a bheadh caoirigh gan aoire—thiocfaidís sin ar ais agus thiocfadh na mílte a theith thar sáile ar ais ina bhfara; thosódh cuisle na beatha agus í ag dul i láidreachta leis an aimsir, thosódh sí ag frithbhualadh arís sna sráideanna folmha sin agus dhoirtfeadh sí amach thar na cearnóga bána. Pé scrios a bhí déanta, bhí lámh an scriostóra gan bhrí feasta. Ba ghearr an mhoill go mbeadh creatlacha dubha na dtithe úd a bhí ag stánadh chomh dólásach sin ar an gcnoc glas féarmhar, ba ghearr an mhoill go mbeidís lán de chling na gcasúr is na lián ag baint macalla as na clocha iontu. Agus nuair a chuimhnigh mé ar an méid sin shín mé mo lámha amach chun na spéire agus ghabh mé buíochas le Dia. I gceann bliana, arsa mise liom féin—i gceann bliana....

Agus ansin tháinig racht bróin orm nuair a chuimhnigh mé orm féin, ar mo bhean, agus ar an seansaol séimh a chaitheamar bail a chéile—saol a bhí imithe go deo deo.

CAIBIDIL 9

RÉABADH REILIGE

Tá an chuid is aistí de mo scéal le hinsint anois agam. Ach, b'fhéidir ina dhiaidh sin, nach ró-aisteach ar fad é. Is cuimhin liom gach a ndearna mé an lá sin, chomh soiléir agus dá mba ar maidin inniu a tharla, anuas go dtí an t-am a sheas mé ar Phrimrose Hill ag gol is ag moladh Dé. Agus ansin chuaigh mo mheabhair chinn ar ceal uaim.

Pé rud a tharla i gcaitheamh na dtrí lá dá éis sin ní heol dom. Chuala mé ó shin i leith nach mise an chéad duine a thug faoi deara go raibh buaite ar na Marsaigh, go raibh an t-eolas seo cheana féin ag roinnt fánaithe de mo leithéid ón oíche roimhe sin. Chuaigh fear amháin—an chéad duine—go dtí St Martin's-le-Grand, agus, a fhad a bhí mé i bhfoscadh i gcábán an tiománaí cab, chuir seisean teachtaireacht go Páras ar chuma éigin. D'imigh an scéala áthasach as sin ar fud an domhain; míle cathair a raibh scéin agus uafás orthu roimh na Marsaigh, lasadh de gheit iad le soilse buile; bhí an nuacht acu i mBaile Átha Cliath, i nDún Éideann, i Manchain, agus i mBirmingham, ag an am a bhí mé i mo sheasamh ar imeall an logáin. Más fíor ar chuala mé, bhí fir ag gol le teann áthais, iad ag béiceadh agus ag stad dá gcuid oibre chun lámha a chroitheadh is chun gártha áthais a thógáil, le linn dóibh bheith ag riar traenacha, chomh fada ó thuaidh le Crewe, chun teacht go Londain. Cloig na dteampall a stad coicís roimhe sin tháinig an scéala chucu agus ba ghearr go raibh gach clog i Sasana á bhualadh. D'imigh fir ar rothair i mbarr na bhfáscaí feadh gach bóithrín tuaithe ag cur i gcéill go raibh uair a slánaithe le fáil ag an bpobal. Fir thanaí ocracha shalacha ab ea fir na rothar agus

An Domhan faoi Smacht na Marsach

ba chaol leath-dhícheillí le corp éadóchais an dream ar thug siad an dea-scéala dóibh. Agus maidir le bia! Trasna Mhuir nIocht, trasna Mhuir Éireann, trasna an Atlantaigh, bhí arbhar, arán agus feoil ag teacht ar an dá luas chugainn. Bhí gach a raibh de loingeas ar sheacht bhfarraigí an domhain ag tarraingt is ag triall ar Londain san aimsir úd de réir dealraimh. Ach ní cuimhin liom aon phioc de sin. Chuaigh mé ar fán—i mo dhuine gan chéill. Fuair mé mé féin in aontíos le daoine cneasta a fuair an tríú lá mé ag imeacht ar seachrán go caointeach trí shráideanna St John's Wood is mé ag rámhaille. Dúirt siad liom ó shin i leith go raibh véarsaí buile éigin á rá agam i dtaobh "An Fear Deiridh Beo! Hurá! An Fear Deiridh Beo!" Dá mhéad cúraim a bhí orthu lena ngnóthaí féin ghlac na daoine seo mé mar ualach orthu agus rinne siad mé a chosaint is mé a dhíon orm féin. Baineann sé le dealramh gur chuala siad cuid den scéal uaim le linn dom bheith ag rámhaille. Dá mhéad foinn atá orm, áfach, mo bhuíochas a ghabháil leo anseo níl cead agam uathu fiú a n-ainmneacha a lua.

Nuair a bhí mo mheabhair chinn agam arís chuir siad in iúl dom go mall is go ciúin cén chinniúint a ghabh Leatherhead. Dhá lá tar éis dom bheith faoi ghlas ann rinne Marsach an baile is a raibh ann de dhaoine a chreachadh. Is amhlaidh a scuab sé as radharc é, gan cúis ar bith, amhail a shatlódh gasúr ar nead seangán d'fhonn a chumhacht a nochtheadh.

Fear uaigneach ab ea mé, agus bhí siad an-chineálta liom. Fear uaigneach ab ea mé agus fear brónach agus d'fhulaing siad liom. D'fhan mé ceithre lá ina gcuibhreann tar éis dom teacht chugam féin. Ar feadh an achair sin bhí fonn orm dul ag féachaint ar ar fhan den saol beag sin a bhíodh chomh geal sonasach sin fadó le go mbainfinn sólás éigin as an éadóchas a bhí orm. D'iarr siad orm gan géilleadh don dúil sin. Rinne siad a seandícheall chun an mharbhántacht a bhí orm a chur ar ceal. Ach faoi dheireadh níor fhéad mé gan an dúil sin a shásamh agus scar mé leo. Gheall mé dóibh go bhfillfinn arís chucu ach ar a shon sin féin bhí na deora liom ag imeacht ó chairde sin na gceithre lá. Amach ar na sráideanna sin liom arís a bhí le deireanas chomh dorcha, chomh haisteach is chomh folamh sin.

Bhí siad go gnóthach cheana féin le daoine ag filleadh chun na cathrach; bhí na siopaí ar oscailt in áiteanna fiú amháin, agus chonaic mé fuarán agus an t-uisce ag doirteadh as.

Is cuimhin liom a ghile is a bhí an lá sin agus mé ag imeacht ar mo thuras brónach ar ais go dtí an teach beag i Woking; bhí an lá chomh geal sin go gceapfá gur mar mhagadh orm a bhí sé amhlaidh. Is cuimhin liom griothalán na sráideanna agus an saol mear ag gluaiseacht i mo thimpeall. A oiread sin daoine amuigh san uile áit, is na mílte cúram orthu, nárbh fhéidir a cheapadh gur maraíodh aon mhórchuid den phobal. Ach ansin thug mé faoi deara chomh buí agus bhí craiceann na ndaoine a casadh orm, chomh gioblach is a bhí gruaig na bhfear, chomh mór chomh soilseach is a bhí a súile, agus go raibh seancheirteacha ar gach re fear. Bhí ceachtar de dhá fhéachaint ar aghaidh an uile dhuine— an t-áthas is an teacht aniar ag léimneach ina súile, nó rún daingean diongbháilte éigin. Murach an fhéachaint sin a bhí sna haghaidheanna ba chosúil Londain le cathair lán de bhacaigh. Bhí na heaglaisí ag roinnt aráin ar shaibhir is ar dhaibhir. Rialtas na Fraince a chuir chucu é. Bhí easnacha na gcapall tríd an gcraiceann acu. Bhí constáblaí speisialta, aghaidh chaite orthu, agus comharthaí bána ar a gcótaí ina seasamh ag coirnéal gach sráide. Is beag a chonaic mé de rian na tubaiste a rinne na Marsaigh gur bhain mé Sráid Wellington amach, ach ansin chonaic mé an Lus Dearg ag síneadh anall thar chuairlí Dhroichead Waterloo.

Ba ag coirnéal an droichid sin, freisin, a chonaic mé ceann de na rudaí greannmhara a d'fheictí san am áiféiseach úd; bileog pháipéir greamaithe den bhalla le bata agus é go dána ar aghaidh an Lusa Dheirg a bhí go teann ar a chúl. Is é an rud a bhí ann póstaer den chéad nuachtán a athfhoilsíodh—an *Daily Mail*. Cheannaigh mé cóip ar scilling dhóite a fuair mé i mo phóca. Bhí an chuid is mó den pháipéar bán ach an cló-eagraí aonraic a chuir le chéile é bhain sé greann amach dó féin le córas áiféiseach fógraíochta ar an gcúl-leathanach. Ní raibh ach baois bhog sa mhéid a chlóbhuail sé; ní raibh na seirbhísí bailithe nuachta curtha ar bun arís go fóill. Níor léigh mé de nuacht ann ach amháin gurbh iontach an t-eolas a bhí faighte cheana féin taobh istigh de

Daily Mail

DÉ HAoine, 27 MEITHEAMH 1902

TÁ AN
COGADH
THART!

sheachtain de bharr meaisíní na Marsach a scrúdú. D'fhoghlaim mé san alt sin, leis, cé nár chreid mé é san am, go raibh "Rún na hEitilte" faighte amach ar deireadh. Ag Waterloo fuair mé traenacha romham a bhí ag tabhairt na ndaoine abhaile in aisce. Bhí deireadh leis an gcéad ruathar fúthu. Is beag duine a bhí sa traein agus ní raibh aon fhonn comhrá orm. Bhain mé carráiste amach dom féin, bhuail mé fúm agus mo ghéaga fillte ar a chéile, agus d'fhéach mé amach ar an gcreach a bhí ag sciorradh thar na fuinneoga i solas na gréine. Agus díreach taobh amuigh den stáisiún rith an traein go fothramach ar na ráillí sealadacha, agus ar gach taobh den bhóthar iarainn bhí na tithe ina bhfothracha dubha. Ar thaobh Ghabhal Clapham bhí aghaidh London go salach le púdar an Deataigh Dhuibh, in ainneoin an dá lá toirní is báistí, agus ag Gabhal Clapham féin bhí an bóthar iarainn briste arís; bhí na céadta cléireach is siopadóir ag obair le hais a chéile in éineacht le gnáthnáibhithe agus ghluais ár dtraein go preabach thar an líne a bhí leagtha síos faoi ghiodar acu.

Feadh an bhóthair síos bhí gné aisteach neamhchoitianta ar an tuath; ba mhór an céasadh a bhí fulaingthe ag Wimbledon go speisialta. Walton, de thairbhe na gcoillte giúise nár dódh, an áit ba lú díobháil de bhailte uile an bhóthair iarainn, dar liom. Bhí an Wandle, an Mole is gach sruthán eile i bhfolach faoin Lus Dearg, é cosúil le feoil búistéara nó le cabáiste picilte nó le rud éigin eatarthu sin. Taobh thall de Wimbledon, i raon radhairc an bhóthair, istigh i ngairdín áirithe bhí an chréafóg ina cairn mórthimpeall ar an séú sorcóir. Bhí deascán daoine ina seasamh ina thimpeall, agus bhí roinnt innealtóirí airm ag gabháil dó go saothrach. Os a chionn in airde bhí bratach na Breataine ar foluain go meidhreach le leoithne na maidine. Bhí an gairdín ar fad dearg leis an lus, agus scaileanna craoraga abhus is thall air. Ba dheacair féachaint ar an áit agus ba mhór an faoiseamh liom mo shúile a thógáil go buíoch beannachtach ó ghlaise scallta is ó dheirge dhúr na talún ar ár n-aghaidh agus breathnú ar na cnoic ghlasa thoir.

Bhíothas ag deisiú an bhóthair iarainn go fóill ar thaobh London de stáisiún Woking, agus uime sin thuirling mé ag stáisiún Byfleet agus bhuail mé an bóthar go Maybury. B'éigean dom dul thar an áit a ndearna mé féin is fear na hairtléire caint leis na husáir, agus

An Domhan faoi Smacht na Marsach

as sin thar an mball mar ar tháinig an Marsach i m'fhianaise le linn na toirní. Anseo dom d'iompaigh mé ar leataobh le corp fiosrachta agus fuair mé i measc na lusanna casta dearga, cairt bheag bhriste lúbtha agus cnámha bána an chapaill ar fud an bhaill agus rian na bhfiacra orthu. Ar feadh tamaill d'fhan mé i mo sheasamh ag féachaint ar na hiarsmaí sin....

Ghabh mé ar ais ansin tríd an gcoill ghiúise, an Lus Dearg go muineál orm, ach fuair mé go raibh tiarna an Spotted Dog curtha faoin bhfód cheana féin. Mar sin, tháinig mé abhaile thar an College Arms. Ghlaoigh fear a bhí ina sheasamh ag doras botháin as m'ainm orm le linn dom bheith ag dul thar bráid.

D'fhéach mé ar mo theach agus arraing mhear dóchais i mo chliabh a d'imigh i léig ar an toirt. Bhí de lorg ar an doras gur briseadh isteach le gairid é; ní raibh glas ná bolta anois air, agus bhí sé á oscailt go mall agus mé ag druidim leis.

Dhún sé uaidh féin de thurraing. Bhí na cuirtíní sa seomra staidéir ar foluain amach as an bhfuinneog oscailte ónar fhair mé féin is fear na hairtléire maidneachan an lae. Níor dhún duine ar bith an fhuinneog sin ó shin. Bhí na toim bhriste go díreach mar a d'fhág mé iad suas le ceithre seachtaine roimhe sin. Chuaigh mé go tuisleach isteach sa halla, ach bhí an teach folamh. Bhí brat an staighre corraithe agus é mídhaite áit a raibh mé ar mo chromada i mo líbín báite tar éis na stoirme, oíche na cinniúna. Na loirg láibe a d'fhág ár gcosa ar an staighre, chonaic mé go raibh siad ansin go fóill.

Lean mé suas go dtí mo sheomra staidéir iad agus fuair ann an scríbhinn a d'fhág mé i mo dhiaidh an tráthnóna úd a osclaíodh an sorcóir. Bhí sí ina luí ar mo bhord scríbhneoireachta go fóill agus an tromán páipéir anuas uirthi. D'fhan mé i mo sheasamh ansin ar feadh scaithimh ag léamh na n-argóintí ab éigean dom a fhágáil i mo dhiaidh faoi ghiodar. Is éard a bhí ann aiste ar an gcuma a rachadh smaointe morálta chun feabhais de réir mar a thiocfadh bláth ar an tsibhialtacht; agus tosach tairngreachta a bhí san abairt deiridh: "I gceann dhá chéad bliain nó mar sin," a scríobh mé, "ní miste dúinn a bheith ag súil—" Bhí deireadh tobann leis an abairt. Chuimhnigh mé nár fhéad mé an mhaidin sin mo mheabhair a dhíriú ar an ábhar, agus cé mar a d'éirigh mé as an aiste chun mo

chóip den *Daily Chronicle* a fháil ó ghiolla na nuachtán. Chuimhnigh mé cé mar a chuaigh mé síos go dtí geata an ghairdín de réir mar a tháinig seisean chugam agus cé mar a d'éist mé leis an scéal aisteach a bhí aige i dtaobh “na bhfear ó Mhars”.

Tháinig mé anuas agus chuaigh isteach i seomra an bhia. B'shiúd iad an chaoireoil agus an t-arán, siúd is go raibh siad lofa go mór, agus buidéal beorach ina luí ar a thaobh, go díreach mar a d'fhág mé féin agus fear na hairtléire iad. Bhí an teach ina fhásach. Tuigeadh dom gur mhór an díth céille dom an smaoineamh sin a bhí i mo chroí le fada an lá. Agus ansin tharla rud aisteach. “Ní haon mhaith é,” arsa an guth. “Tá an teach gan duine gan deoraí ann. Ní raibh éinne anseo le deich lá. Ná fan anseo do do chiapadh féin. Níor tháinig éinne slán cé is moite díot féin.”

Baineadh geit asam. An mise féin a labhair os ard? D'iompaigh mé, agus bhí an fhuinneog Fhrancach ar oscailt taobh thiar díom. Thug mé coiscéim chuige agus dhearc amach.

Agus siúd os comhair mo shúl, iontas agus eagla orthu, faoi mar a bhí iontas agus eagla orm féin, bhí mo chol ceathrair is mo bhean chéile—mo bhean go liathbhán ach gan deor ar a grua. Lig sí glao beag lag aisti.

“Tháinig mé,” ar sise. “Bhí a fhios agam—bhí a fhios—”

Chuir sí a lámh suas chun a muiníl agus tháinig laige uirthi. Thug mé coiscéim ina treo agus rug mé uirthi i mo bhaclainn.

CAIBIDIL 10

BUILLE SCOIR

Is mór é m'aiféala, anois ó tá deireadh á chur agam ar mo scéal, a laghad a thig liom cuidiú leis an díospóireacht atá á dhéanamh faoi go leor ceisteanna achrannacha atá fós gan réiteach. Ar bhealach amháin is cinnte go dtarraingeoidh mé achrann orm féin. Fealsúnacht theoiriciúil mo ghnósa. Níl d'eolas agam ar an bhfiseolaíocht chomparáideach ach an méid a bhain mé as leabhar nó dhó a léigh mé faoin ábhar sin, ach feictear dom go bhfuil oiread sin réasúin sna tuairimí a thug Carver uaidh i dtaobh na cúise a bhfuair na Marsaigh bás chomh tapa sin go bhféadfaí a rá go bhfuil na tuairimí sin cruthaithe amach is amach. Tá talamh slán déanta agam den mhéid sin i mo scéal.

Ar chuma ar bith ní bhfuarthas baictéir i gcorpán na Marsach go léir a scrúdaíodh tar éis an chogaidh de bhreis ar na cinn a bhí ar eolas cheana féin ag dochtúirí an domhain seo. Ach ós rud é nár chuir siad a mairbh, agus nach raibh teorainn ar bith leis an slad a rinne siad is léir nach raibh aon tuiscint acu ar lobhadh. Ach dá dhealraithí sin mar scéal ní hionann sin is a rá gur promhadh iomlán é.

Chomh maith leis sin ní heol céard as a ndearnadh an Deatach Dubh úd a d'úsáid na Marsaigh chomh héifeachtach sin, agus maidir le gléas giniúna an Teas-Gha, tá mearbhall ar na heolaithe ina thaobh. Níl aon fhonn ar lucht an eolais leanúint den gha a scrúdú toisc na timpistí uafásacha a bhain dóibh cheana i saotharlanna Ealing agus Kensington Theas de dheasca na tástála sin. Léiríonn speictream-anailísí ar an bpúdar dubh go bhfuil ábhar anaithnid ann agus comhcheangal cumasach de thrí líne san


uaine ann, agus is féidir go ndlúthaíonn an t-ábhar sin le hargón chun meascán dlúite a dhéanamh a oibríonn go marfach ar údar éigean san fhuil an tuisce riamh a bhuaileann sé é. Ach is ar éigean a chuirfidh an gnáthléitheoir aon suim i mbarúlacha neamhchinnte den sórt sin agus is le haghaidh an ghnáthléitheora a ceapadh an scéal seo. Níor scrúdaíodh aon chuid den screamh a tháinig anuas le sruth na Tamaise nuair a scriosadh Shepperton agus níl aon chuid de le fáil anois.

De bharr scrúdú a dhéanamh ar chorpáin na Marsach, nó ar an méid díobh a d'fhág na madraí ocracha ina ndiaidh, fuarthas eolas áirithe agus tá an t-eolas sin inste agam daoibh cheana féin. Tá aithne ag gach éinne ar an eiseamláir bhreá, atá nach mór iomlán, agus atá taiscthe i mbiotáille i Músaem Stair an Dúlra, agus ar na líníochtaí as cuimse a rinneadh de; ach lasmuigh de sin níl suim ar bith i ndéanamh ná i gconablaigh na Marsach ag éinne seachas na heolaithe.

Ach ceist is tábhachtaí ná sin ina gcuireann an saol mór spéis is ea cé acu a thabharfaidh na Marsaigh imruathar eile orainn nó nach dtabharfaidh. Ní dóigh liom go bhfuil an oiread aire á thabhairt don taobh sin den scéal is ba chóir. Faoi láthair tá an pláinéad Mars i gcónasc leis an domhan agus gach uair a bhíonn sé in urchomhaireacht athuair bíonn coinne agamsa ar aon chaoi go dtabharfaidh siad fúinn arís. Pé scéal é, ba cheart dúinn a bheith faoi réir. Feictear dom go bhféadfaí ionad an ghunna a aimsiú ónar scaoileadh na hurchair agus go bhféadfaí bheith san airdeall i gcónaí ar an gcuid sin den phláinéad, i dtreo go mbeimis ullamh nuair a thiocfadh an chéad ionsaí eile.

Dá ndéantaí sin, b'fhéidir an sorcóir a scriosadh le dinimít nó le hairtléire sula mbeadh sé sách fuar leis na Marsaigh a ligean amach, nó d'fhéadfaí iad a mhionmharú le gunnaí an tuisce a d'osclofaí clúdach an tsorcóra. Feictear dom gur chaill siad buntáiste mór nuair a chinn a gcéad iarracht orthu. B'fhéidir go dtuigeann siad féin an méid sin freisin.

Bhí cúis an-bhreá ag Lessing agus a cheapadh gur éirigh leis na Marsaigh dul i dtír ar an bpláinéad Véineas. Seacht mí ón taca seo, bhí Véineas agus Mars ar aon líne leis an ngrian, is é sin le rá go raibh Mars idir an ghrian agus duine a bheadh ag breathnú uirthi



ó Véineas. Ar ball láithrigh stráice lonrach fada ar leath dorchá Véineas, agus san am céanna díreach nach mór, chonacthas stráice den chineál céanna ar ghrianghraf d'ímlíne Mharsa. Caithfidh duine pictiúir an dá chruth a fheiceáil le tuiscint iomlán a fháil ar an gcosúlacht iontach a bhí acu le chéile.

Ar aon chuma, pé acu atá coinne againn le hionsaí eile nó nach bhfuil, ní foláir nó tiocfaidh athrú mór ar ár dtuairimí i dtaobh stair an domhain san am atá le teacht de bharr an chogaidh dheireanaigh seo. Tuigtear dúinn anois nach pláinéad é seo ar a bhfuilimid suite a bhfuil sconsaí ina thimpeall agus nach baol dó eachtrannaigh; ní fios dúinn cén uair a thiocfaidh an mhaith nó an t-olc chugainn amach as na spéartha. B'fhéidir gur fearrde an domhan an t-imruathar seo Mharsa, b'fhéidir go mbeidh an chine buíoch de amach anseo; ní heagal linn feasta an suaimhneas muiníneach úd is tuar báis don chine, níl áireamh ar an maitheas do chúrsaí eolaíochta a lean de, agus is mór an lán atá déanta de chun a thaispeáint an méid atáimid ag brath ar a chéile. B'fhéidir go ndearna na Marsaigh faire trasna na spéartha ar an gcinniúint a tharla dá dtiargálaithe agus gur fhoghlaím siad ceacht dá bharr, agus gur socra an t-ionad atá faighte acu ar an bpláinéad Véineas. Pé ar bith scéal é, is cinnte nach rachaidh lagú go ceann na mblianta fada ar an bhfaireachán atá á dhéanamh ar Mhars, agus gach uair a thitfidh na gathanna lasta sin, nó na réaltáin fhánacha sin tríd an spéir beidh critheagla ar mhuintir an domhain agus gan neart acu air.

Ní féidir áibhéil a chur ar an gcuma ar leathnaigh smaointe an chine dá bharr. Sular thit an sorcóir chreid an uile dhuine nach raibh beatha ar bith taobh amuigh de mhionmhullach ár ndomhain bhig féin. Tá malairt tuairime anois againn. Má thig leis na Marsaigh Véineas a shroicheadh, níl aon chúis nach bhféadfadh daonnaithe é a dhéanamh chomh maith. Nuair nach mbeidh ar chumas an duine maireachtáil ar an domhan seo de dheasca an ghrian a dhul i bhfuaire diaidh ar ndiaidh, b'fhéidir um an dtaca sin go mbeidh an daonnacht tar éis greim a fháil ar an bpláinéad seo inár n-aice. Ar chóir dúinn an pláinéad sin a thabhairt faoi ghéillsine?

An Domhan faoi Smacht na Marsach

Is iontach an aisling atá i m'aighe dá dhoiléire í: an domhan beag seo ag síolrú na beatha uaidh agus á cur i gcumhacht sna pláinéid mharbha pé áit a bhfuil siad. Ach níl ann ach brionglóid. B'fhéidir nach bhfuil ann ach sos beag ón uair a maraíodh na Marsaigh agus gur dóibh sin atá sé i ndán, agus nach dúinne, an bua a bhreith.

Caithfidh mé a admháil go bhfuil amhras agus míshocracht i m'intinn de dheasca ghéarleanúint agus chontúirt na linne sin. Bíim ag scríobh i mo sheomra le solas an lampa, agus gan coinne ar bith leis feicim an gleann thíos fúm trí lasracha lúbacha, agus mothaím an teach fúm is tharam fuar folamh. Téim ag siúl amach ar Bhóthar Byfleet agus scoitheann trucailí tharam, giolla búistéara i gcairt, cab lán de lucht cuartaíochta, oibrí ar rothar, páistí ag dul chun na scoile, agus go tobann ní bhíonn iontu dar liom ach taibhsí gan bheocht, agus siúd chun siúil liom arís in éindí le fear na hairtléire tríd an gciúnas dúrúnda. Feicim istoíche an púdar dubh á leathadh ar na sráideanna ciúine, agus na corpáin ina gcairn; éiríonn siad aníos chugam ina ngioblacháin agus iad gadhar-ite. Siúd iad ag síodráil agus ag dul i bhfíochmhaire, ag dul i mbáine, agus i ngráiniúlacht go dtí nach bhfanann aon rian den daonnacht iontu agus iar sin dúisim is mé go fuar cráite i ndorchadas na hoíche.

Téim go Londain agus feicim na sluaite griothalánacha i Fleet Street agus ar an Strand agus ritheann sé isteach i mo chuimhne nach bhfuil iontu ach taisí na ndaoine atá imithe ar shlí na bhfíréan. Taisí atá ag siúl arís na sráideanna úd a chonaic mé folamh fuar tráth. Iad ag imeacht anonn is anall, spioraid mharbha cathrach ag magadh faoin mbeatha atá ina gcorpáin. Agus is aisteach an rud é, freisin, bheith i mo sheasamh ar Phrimrose Hill, faoi mar a bhí mé an lá sular scríobh mé an chaibidil deiridh seo, agus na tithe breátha sin a fheiceáil. Iad go doiléir gorm faoin gceo is faoin deatach le fad do sheanradhairc nó go dtéann siad as léargas ar imeall na spéire. Aisteach na fámairí a fheiceáil ag breathnú ar an meaisín Marsach atá suite ansin go fóill, agus éisteach le glórtha na bpáistí ag súgradh ar an bhfaiche: aisteach liom sin go léir agus mé á chuimhneamh cé mar a chonaic mé an áit sin go geal soiléir, faoi chiúnas, le maidneachan an lae mhóir dheiridh úd....

Agus is mó is aistí ná sin é breith ar lámh ar mo bhean agus a mheas go raibh sise cinnte tráth go raibh mé i measc na marbh agus gur mheas mé féin gurbh amhlaidh di sin.

Eachtra Eibhlíse i dTír na nÍontas

(Lewis Carroll, aist. Pádraig Ó Cadhla, 2015)

An Fhondúireacht (Isaac Asimov, aist. Panu Petteri Höglund, 2014)

Cás Aduain an Dr Jekyll agus Mhr Hyde

(Robert Louis Stevenson, aist. Conall Ceárnach, 2014)

An Leabhar Nimhe

(Panu Petteri Höglund agus S. Albert Kivinen, 2014)

An tSlaivéin (Panu Petteri Höglund, 2013)

An Leabhar Craicinn (Panu Petteri Höglund, 2013)

Cú na mBaskerville

(Arthur Conan Doyle, aist. Nioclás Tóibín, 2012)

An Hobad, nó Anonn agus Ar Ais Árís

(J. R. R. Tolkien, aist. Nicholas Williams, 2012)

Sciortfhocail (Panu Petteri Höglund, 2009)

Lastall den Scáthán agus a bhFuair Eilís Ann Roimpi

(Lewis Carroll, aist. Nicholas Williams, 2009)

Cuairt na Cruinne in Ochtó Lá

(Jules Verne, aist. Torna (Tadhg Ua Donnchadha), 2009)

Eachtraí Eilíse i dTír na nÍontas

(Lewis Carroll, aist. Nicholas Williams, 2007)

Lightning Source UK Ltd.
Milton Keynes UK
UKOW04f2355201115

263169UK00001B/19/P



"Ní chreidfeadh duine ar bith i mblianta deiridh an naoú céad déag go raibh súil ghéar ghrinn ar imeachtaí an domhain seo ag neacha ar mhó a n-intleacht ná intleacht an duine, ach dá ainneoin sin, a bhí chomh básmhar linn féin... Ach, thar dhuibheagán an spáis, bhí ag breathnú anuas orainn go santach créatúir a raibh an oiread difríochta idir a meabhair agus ár meabhairne agus atá idir meabhair an duine agus meabhair an ainmhithe, créatúir a raibh intleacht ábhalmhór fhuar chrua acu, agus bhí siad ag beartú seifteanna go mall lenár mbascadh."

Foilsíodh *Cogadh na Reann* den chéad uair in 1898 agus meastar gurb é an chéad úrscéal riamh é faoi ionradh eachtrán ar an domhan agus tá sé ar cheann de na húrscéalta ficsean eolaíochta is tábhachtaí dár ceapadh. Athchóiríodh é don raidió, don téatar, agus don chineama, agus is iomaí sin saothar ficsin, de gach saghas, a raibh sé ina inspioráid acu. Mar aon le *The Time Machine*, *The Island of Dr Moreau* agus *An Chéad-Chuairt ar an nGealaigh*, áirítear *Cogadh na Reann* ar mhórshaothair ficsean eolaíochta H. G. Wells (1866–1946).

Foilsíodh in 1934 an t-aistriúchán seo Gaeilge a rinne Leon Ó Broin. Is éard atá san eagrán nua seo leagan caighdeánaithe den aistriúchán sin, arna chur in eagar ag Aibhistín Ó Duibh.



ISBN 978-1-78201-099-9



90000

9 781782 010999